SIFP

Strategic Integrated Framework Plan
for the Shannon Estuary
2013-2020

Creatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne

Creat idirdhlínsiúil bunaithe ar thalamh agus ar mhuirí chun forbairt agus bainistiú Inbhear na Sionainne amach anseo a threorú

IMLEABHAR 1: RÁITEAS SCRÍOFA

AN CLÁR ÁBHAR

1.0 RÉAMHRÁ LEIS AN BPLEAN 1

2.0 AN COMHTHÉACS 15

3.0 AN FHÍS AGUS AN STRAITÉIS FHORIOMLÁN 29

4.0 AN STRAITÉIS 37

5.0 PLEAN SPÁSÚIL TÉAMACH 41

CUID 5.1 RÉAMHRÁ 43
CUID 5.2 CUR CHUIGE FIANAISE-BHUNAITHE 47
CUID 5.3 SUÍOMHANNA FORBARTHA STRAITÉISÍ 49
CUID 5.4 TIONSCAL A BHAINEANN LE CÚRSAÍ MUIRÍ 51
CUID 5.5 LOINGEAS AGUS LOINGSEOIREACHT 79
CUID 5.6 FUINNEAMH 87
CUID 5.7 TURASÓIREACHT, FÓILLÍOCHT AGUS CAITHEAMH AIMSIRE MUIRÍ 105
CUID 5.8 EITLÍOCHT 119
CUID 5.9 IASCAIREACHT TRÁCHTÁLA AGUS DOBHARSHAOTHRÚ 123
CUID 5.10 AN COMHSHAOL 135

6.0 SEA AGUS HDA 155

7.0 ATHBHREITHNIÚ AGUS MONATÓIREACHT 163

GLUAIS TÉARMAÍ 167

Tá léarscáiliú agus íomhánna faoi chóipcheart agus á gcur ar fáil de bhuíochas Cheadúnas Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann Uimh. 0029306(c) Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus Rialtas na hÉireann, Comhairle Contae an Chláir, Comhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Chiarraí, Oifig na nOibreacha Poiblí, Forbairt na Sionainne, Cuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge, Fondúireacht Deilfeanna agus Fiadhúlra na Sionna, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, agus RPS. Chuir baill an phobail roinnt de na híomhánna in Imleabhair SIFP agus sna cáipéisí tacaíochta ar fáil trí chomórtas grianghrafadóireachta SIFP. Tugtar creidiúint as na híomhánna seo do Simon Berrows, Mike McCarthy, Rob Allen, agus Isabel Baker.

*TÁ GACH LÉARSCÁIL AGUS FÍOR DÁ DTAGRAÍTEAR SA CHÁIPÉIS SEO LE FÁIL IN IMLEABHAR 3

Is é atá i nGrúpa Stiúrtha SIFP

- Comhairle Contae an Chláir (Údarás Ceannais, agus an tUasal Tom Coughlan mar Chathaoirleach)
- Comhairle Contae Chiarraí
- Comhairle Contae Luimnigh
- Comhairle Cathrach Luimnigh
- Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- Forbairt Shionainne
- Cuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- Foras na Mara
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- An tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta
- Gníomhaireacht Fuinnimh Luimnigh agus an Chláir
- Iascaigh Intíre na hÉireann
- EirGrid
- Údarás Aerfort na Sionainne
- Tionscadal Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionainne

1.0 Réamhrá leis an bPlean

Sócmhainn ríthábhachtach atá in Inbhear na Sionainne agus é ar cheann de na hacmhainní nádúrtha is luachmhaire in Éirinn...

...a chlúdaíonn 500 km² d'uiscí inseolta a shíníonn 100 km ó Chathair Luimnigh go Ceann Léime, Contae an Chláir agus Ceann Chiarraí, Contae Chiarraí.

Creatphlean idirdhlínsiúil bunaithe ar thalamh agus ar mhuirí chun forbairt agus bainistiú amach anseo ar Inbhear na Sionainne a threorú é Creatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne (SIFP). Choimisiúnaigh Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh, Forbairt Shionainne agus Cuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge é. Táantionscadal seo á mhaoirsiúaggrúpastiúrthailghníomhaireachtaabhfuil na páirtithe leasmhara thuas agus páirtithe leasmhara eile a bhfuil suim acu san Inbhear páirteach ann.

1.1 RÉAMHRÁ

Sócmhainn fíorthábhachtach atáin Inbhear na Sionainne atáarcheanndenahacmhainní nádúrthaisluachmhaire in Éirinn agus i Réigiún an Iarthair Láir go háirithe – cuireann na tailte imeallacha agus an ceantar muiríspás agus láthair arfáiligcomhairforbartha, gníomhaíochtaí agus deiseanna chun fás geilleagair, sóisialta agus comhshaoil achur chun cinn ar fud an Réigiúin. Ach, mura dtéitear ar aghaidh leis seo ar bhealach inbhuanaithe, comhtháite agus ar bhealach atá pleanáilte go cúramach, caillfear deiseanna chun na hairíonna a chothóidh an acmhainn nádúrtha seo a chaomhnú agus a bhreisiú. Teastaíonn creatuileghabhálach, comhtháite le dul chun cinn, le cuidiú le pleanáil agus forbairt inbhuanaithe an réigiúin eisceachtúil seo.

Dobharlach de thart ar 31,500 ha atá san Inbhear, arb é an t-inbhear is mó in Éirinn é, a chuimsíonn timpeall 100 km ó Chathair Luimnigh go Ceann Léime. Tá stair fadbhunaithe ann de thionscail mhóra a éascú, lena n-áirítear Calafoirt na Sionainne Fhainge ag Dugaí Fhainge agus Luimnigh. D'fhás an Calafort agus tá sé anois ar an dara calafort is mó atá ag feidhmiú in Éirinn agus láimhseálann sé nasoithighis mó athagannisteach in uiscí na hÉireann, suas le 200,000 dwt. Tá fás tagtha chomh maith ar Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne, BSL Ghob na Muine, Monarcha Cumhachta Thairbhirt, Stóras Breosla NORA agus Aughinish Alumina agus tá siad ina moil mhóra tionsclaíochta agus fostaíochta san Inbhear, agfeidhmiúgohéifeachtachagusgohíogairsa chomhshaol inbhearach.

Tá domhainmhara, cúltír fhlaithiúil, pobal oilte agus suíomh ag bealach isteach chuig Tairseach Chathair Luimnigh atá ag an Inbhear mar bhunús mealltach do na tionscail éagsúla seo. Cuireann sé go mór leis an margadh sol áthair fuinnimh. Tá leictreachas á ghiniúint ag BSL Ghob na Muine le timpeall 25 bliain, tá toilleas

915 MW aige agus tá sé in ann freastal ar thart ar 25% d'éileamh na hÉireann ar leictreachas. Mar aon le Monarcha Cumhachta Thairbhirt (Grianghraf 1), chruthaigh sé mol fuinnimh straitéiseach laistigh d'Inbhear na Sionainne, ad'éascaigh fásan bhonneagair greille straitéisigh agus tionscail shineirgisteacha eile cosúil le fuinneamh in-athnuaite agus teas agus cumhacht in éineacht.

Bhí an cósta agus an cladach ina shuíomh tábhachtach i gcónaí i gcomhair gníomhaíochtaí geilleagrach agus sóisialta agus tá an meascán de thírdhreacha nádúrtha agus stairiúla laistigh den Inbhear ina sócmhainní luachmhara turasóireachta agus áineasa. Chruthaigh gníomhaíochtaí traidisiúnta cosúil le hiascaireacht tráchtála agus áineasa agus dobharshaothrú, bunaithear chroíshócmhainní an Inbhir fostaíocht agus caighdeán maith maireachtála don daonra cósta.

Grianghraf 1 – Tairbeart ón N69

Tá méadú tagtha ar ghníomhaíochtaí daonna ar muir agus ar talamh, agus úsáid á baint as acmhainní an Inbhir, agus achumasa úsáid, ní amháin i gcomhair loingseoireachta agus iascaireachta, ach de bharr deiseanna nua i réimsí an fhuinnimh mhara in-athnuaite, turasóireacht mhuiríagus longa áineasa/aistir mhara. Is limistéar ilfheidhmeach é Inbhear na Sionainne, agus na huiscí agus na tailte in aice leis ag tacú le raon feidhmeanna, úsáidí, pobal, gníomhaíochtaí, agus acmhainní/sócmhainní comhshaoil trína dtugtar carachtar, rathúnas agus beocht chuigan gceantar. Táimlíne den Inbhear agus de na lonnaíochtaí i gcóngaracht de i bhfíoracha 1.2 – 1.3 in Imleabhar III.

I measc na bhfeidhmeanna is suntasaí tá:

- Feidhmeanna Loingis/Calafoirt
- Tionscal Muirí
- Iascaireacht/Dobharshaothrú
- Turasóireacht, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire Muirí
- Giniúint Fuinnimh
- Stóras Breosla
- Eitlíocht
- Oidhreacht agus Tírdhreach
- Gnáthóga agus Speicis Luachmhara

Cuireann an tInbhear réimse leathan gnáthóg ar fáil, lena n-áirítear réileáin láibe, cladaí carraige, riasca goirt, tránna agus dumhcha i measc nithe eile. Tá sé sainithe mar Limistéar Caomhantais Speisialta (SAC) mar chuid de ghréasán suíomhanna ar fud na hEorpa faoin Treoir maidir le Gnáthóga, ar a dtugtar SAC na Sionainne Íochtaraí. Tá an tInbhear ar fad chomhfada siar le Faing sainithe mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) ar a dtugtar SPA Abhainn na Sionainne agus an Fhorghais mar chuid de ghréasán suíomhanna san Eoraip, faoin Treoir maidir le hÉin, agus tá síneadh mór beartaithe chun an chuid eile den Inbhear a chlúdach (Fíor 2.7 Imleabhar III).

Cuireann an dé-ainmniúchán le haghaidh Natura 2000 laistigh d'Inbhear na Sionainne béim ar uathúlacht a chomhshaoil agus acmhainní nádúrtha, agus cuireann sé freagrachtaí móra orthu siúd ar mian leo aon tograí a chur chun cinn in aon áit sa réigiún, lena chinntiú go gcothabháiltear agus go gcosnaítear an uathúlacht seo. Beidh riachtanais na dTreoracha maidir le Gnáthóga agus maidir le Éin ina bpríomhchinntithigh i bhforbairt amach anseo ar an Inbhear foriomlán.

Tá roinnt Limistéar Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe sa limistéar staidéir, a chosnaíonn gnáthóga tábhachtacha nó speicis phlandaí agus ainmhithe atá faoi bhagairt. Tá caomhnú agus breisiúbhithéagsúlachtsha ibhir an Inbhir ríthábhachtach, lena chinntiú go gcaomhnaítear sláine a chomhshaoil nádúrtha. Cé go bhfuil caomhnú agus saibhriúan chomhshaoil inbhear aighseoríthábhachtach, níor chuir sé cosc ar éabhlóid agus ar fhás go leor de na mórthionscail agus gnólachtaí ar chladaí an Inbhir, a thugann folláine gheilleagrach agus shóisialta do go leor lonnaíochtaí cósta agus níos faide ó bhaile.

Díreofar as seo amach ar dheiseanna chun forbairt gheilleagrach agus shóisialta an Inbhir a uasmhéadú chun fostaíocht áitiúil a chur ar fáil, pobail chósta a chothú agus caighdeán maireachtála a fheabhsú do gach duine, ag cur leis na sócmhainní agus na hacmhainní atá ar fáil cheana, cosúil le Limistéar Neamhchustaim na Sionainne (Grianghraf 2).

Tá béim níos mó ar an bhféidearthacht a bhaineann le hacmhainní agus sócmhainní nádúrtha an cheantair, agus iarrachtádéanamh chun forbairt agus infheistíocht gheilleagrach a spreagadh san Iartharlár. Cruthaíonn an tInbhear féin, adhomhainmhar anádúrtha, cúltírmhór, cóngaracht do Thairseach Luimnigh / na Sionainne, rochtain ar bhord farraige an iarthair, naisc mhaithe iompair agus an cumas d'fheabhsúcháin ilmhodha le naisc aeir, farraige agus iarnróid, agus fórsa saothair oiltecoinníollacha bonnlíne barrfheabhais i gcomhair infheistíochta, tionscail, trádála agus fostaíochta, má spreagtar, má chuirtear chun cinn agus má éascaítear iad ar bhealach cuí, inbhuanaithe agus stuama.

Grianghraf 2 – An Pháirc Thoir, Limistéar Neamhchustaim na Sionainne

Teastaíonn breithniúchán cúramach lena chinntiú nach gcuireann tapúdeiseanna fáis gheilleagraigh agus deiseanna forbartha san Inbhear srian, brú nátionchar gan údar ar roinnt de na hacmhainní is luachmhaire sa cheantar. Áirítear anseo acmhainní comhshaoil abhíonn mar bhonn le tionscail thraidisiúnta lena n-áirítear iasc, sliogéisc, gnéithe tírdhreacha luachmhara, agus séadchomharthaí taifeadta, a chruthaíonn nationscail turasóireachta agus fóillíochta. Tarlaíonn coimhlintí dúshlánacha indáilleisantioncharféidearthaa bhíonn ag gníomhaíocht nó úsáid ar an gcomhshaol íogair, na gnáthógaagusspeicisluachmharaastruchtúraíonnagus a chónaíonn in éiceachóras an Inbhir go sainiúil.

Caithfear tapú na ndeiseanna féideartha i gcomhair riachtanais forbartha geilleagraí a fhorbairt ar bhealach comhtháite agus cothrom, ina lorgaítear na tairbhí geilleagair agus na hacmhainní a uasmhéadú, folláine shóisialta agus chomhshaoil a fheabhsú, mar aon le cosaint agus caomhnú an chomhshaoil nádúrtha mhara a chinntiú.

CÉN CHAOI AR FÉIDIR AN DÁ RUD A ÉABHLÓIDIÚ GO RATHÚIL?

Le blianta fada anuas, tá iliomad staidéar déanta ag gníomhaireachtaí agus comhairleachtaí éagsúla chunna deiseanna féidearthaa tás an Inbhear amheas. Láraíodh iad seo ar acmhainní nádúrtha an Inbhir i dtéarmaí a chumais turasóireachta, fóillíochta agus áineasa, lena n-áirítear na tuairiscí le Arthur Young (1989) agus le Brady Shipman Martin (1999). Rinneadh go leor staidéar chun scrúdú a dhéanamh ar réimse deiseanna geilleagair, gnóa agus tionscail i gcomhar cumas forbartha, lena n-áirítear staidéar le Ewbank Preece (1989), le PriceWaterhouseCooper (1998), agus tuairiscí éagsúla ó Chuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge.

Is é an dúshlán atá roimh gach úsáideoir agus roimh napríomhghníomhaireachtaí reachtúla, afheidhmíonn mar fheighlithe ar an Inbhear, ná teacht ar an gcaoi chun áit a chothú agus a shaothrú inar féidir leis na gníomhaíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus idirnáisiúnta a bhraitheann airfás agus fairsingiú chun a phobail áitiúla agus a gheilleagar a chothabháil, fad is a chosnaítear na cáilíochta comhshaoil atá mar bhonn agus taca lena stádas éiceolaíochta a bhfuil luach eisceachtúil agus idirnáisiúnta leis. Tá creat straitéiseach, comhtháite ríthábhachtach chun modh a chur ar fáil chun forbairt bhainistithe agus fás inbhuanaithe a sheachadadh go héifeachtúil trí dhul i ngleic leis na dúshláin seo, an chothromaíocht cheart a aimsiúi dirroghanna forbartha inbhuanaithe agus cosc a chur le drochthionchar ar an gcomhshaol.

Meicníochtaí tábhachtacha iad na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha agus na Pleananna Forbartha Contae chun an chothromaíocht seo a chruthú, idir saintréith leochaileach an Inbhir a chosaint, forbairt nua a spreagadh i gceantar uirbithe, agus an tírdhreach ar an gcósta oscailte a chaomhnú. Beidh sé i gcroílár aon chreatphlean go bhforfheidhmeofar straitéis forbartha comhsheasmhach leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha, Pleananna Forbartha Contae agus Pleananna Forbartha Straitéiseacha Contae agus an Treoir um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA). Uirlisí lárnacha iad Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Measúnú Cuí (AA) chun tionchar féideartha a mheas ar aon deiseanna amach anseo ar acmhainní inbhearacha íogaire, a chinntíonn go bhfuil breithnithe comhshaoil in agcuid lárnach de phleanáil inbhuanaithe san Inbhear. Cuideoidh sé seo leis an gcreat chun cothromaíocht chuí a bhaint amach, trí na croícheisteanna a fhiosrú agus an bealach chun é a bhunú go rathúil a bhreacrianú.

Tá breithniúchán cúramach déanta sa chreat seo ar an gcumaschundeiseannafáisgheilleagraighagusdeiseanna forbartha san Inbhear a thapú, ag leibhéal straitéiseach, laistigh de chomhthéacs de chinntiú nach gcuireann sé brú ná tionchar gan údar ar roinnt de a hacmhainní is luachmhaire sa cheantar. Ach, chun deiseanna amach anseo a chur ar aghaidh san Inbhear, beidh gach togra amach anseo faoi réir thoradh Measúnaithe Chuí, de bharr a suíomh laistigh de/gar do chuid den ghréasán sainithe Natura 2000.

Tá sé de chumas ag an bpróiseas measúnaithe seo, ag leibhéal tionscadail, Airteagal 6(3) a spreagadh agus más gá, Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga, mar chuid de Mheasúnú Cuí, nuair nach féidir a chruthú, tharamhras réasúnach, nach mbeidh drochthionchar ar ghnéithe den láithreán Natura 2000 de thoradh ar na tograí, má chuirtear i bhfeidhm iad. Sa chás sin, ba cheart go ndéanfadh an tÚdarás Inniúil breith ar an mbeidh an rioscaag baint leis an tionscadal i dtaobh drochthionchair ar an suíomh Natura 2000, agus mura mbeidh malairtí ann, caithfear Cúiseanna Dianriachtana cha Leasa Phoiblí Sháraithigh (IROPI) a chur san áireamh le go rachaidh an tionscadal araghaidh, agcéim luaths aphróiseas forbartha réamhiarratais, chun cosaint láidir agus phraiticiúil a bhunú don tionscadal. Beidh sé sin fíorthábhachtach i gcás go mbainfeadh togra mar sin le caillteanas buan gnáthóige, cur isteach ar speiceas nó caillteanas gnáthóg speicis a bhfuil cosaint aige faoin Treoir maidir le Gnáthóga.

Cé go seachadann réimis éagsúla pleanáil agus rialáil na ngnéithe talún agus muirí san Inbhear, tá dlúthcheangal idir na ceantair seo agus tá siad idirspleách, idir gheilleagar, shóisialta agus chomhshaol, go háirithe feadh an chósta. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach go nglacfar le cur chuige cothromaithe agus comhtháite le leas a bhaintas féidearthachtfáisgheilleagraigh an Inbhir, agus lena chinntiú go gcuirtear na hidirghaolmhaireachtaí san áireamh go cúramach agus go dtuigtear go hiomlán iad. Anuas air sin, tá sé chomh tábhachtach céanna an péire a chur san áireamh i gcomhthéacs éiceachóras an Inbhir, mar gombíonn tionchar a géifeachtaí gach saghas forbartha ar ghnáthóga agus speicis luachmhara cosúil le héin ar fud an Inbhir. Tá spás farraige an Inbhir in ann réimse mór gníomhaíochtaí a sheasamh in aon cheantar amháin. Féadann cineáil iltoiseachan do bharlaigh freastal ar go leor úsáidí i láthair amháin. Ach d'fhéadfadh sé seo claonadh níos mó do choimhlintí a éascú idir úsáidí agus idir úsáidí agus an comhshaol.

Tugadh an léargas is déanaí ar phríomhdheiseanna, spriocanna agus gníomhaíochta, mar aon le comhairle agus tacaíocht chun deiseanna geilleagair a bhaint amach d'fhás inbhuanaithe i gceantar na mara nuair a foilsíodh Plean Comhtháite Muirí an Rialtais d'Éirinn (Harnessing Our Ocean Wealth, Iúil 2012). Gan Plean Spásúil Mara agus creat foirmiúil i gcomhair Bainistiú Comhtháite Crios Cóstas an Inbhear, bhí an curchuige idtaobh pleanáil don todhchaí sa timpeallacht mhuirí sa ghasilroinnte, agus an bhéim ar rialáil agus ar thoiliú seachas ar threoir spásúil a shainiú don todhchaí. Tabharfaidh SIFP treoir spásúil do thograí agus gníomhaíochtaí forbartha, mar aon le creat ardleibhéil chun pleanáil chomhtháite a threorú agus a bhaint amach sa cheantar muirí.

Tá Creat uileghabhálach ina leagtar amach straitéis do churchuige comhtháite agus comhordaithe, laistigh de chomhthéacs na bPleananna Forbartha agus an Phlean Chomhtháite Mhuiríríthábhachtach le dul ingleicleisna deiseanna d'fhorbairt inbhuanaithe atá ar fáil anois agus a bheidh ar fáil amach anseo, agus chun bunchlochláidir a chur ar fáil le bogadh ar aghaidh.

Legend

- Study Area
- County Boundaries
- City
- Town

CLIENT
Clare County Council

PROJECT
Strategic Integrated Framework Plan for the Shannon Esturary

TITLE
Site Location

FIGURE
Figure 2.2

Drawing No. : IBE0638.01 Rev.01

Drawn By : D.Hogan
Checked By : A.McCabe
Approved By : S. Fay
Date : 01/08/13
Scale : 1:270,000 at A3

RPS
Elmwood House
74 Boucher Road
Belfast
BT12 6RZ
T: 028 9066 7914
F: 028 9066 8286
W: www.rpsgroup.com/Ireland
E: Ireland@rpsgroup.com

COPYRIGHT
©Ordnance Survey Ireland. All rights reserved.
License number 2012/04/CCMA/Clare County Council

Léarscáil 1: Limistéar Staidéir



Léarscáil 2: Príomhlonnaíochtaí agus Gréasán Bóithre



Léarscáil 3: Príomhainmniúcháin Chomhshaoil

1.2 AN CÚLRA LEIS AN BPLEAN

Cuimsíonn an réimse Creata ceantar muirí an Inbhir agus na tailte imeallacha. Príomhacmhainníiadan péire agus cuireann siad spás agus suíomh ar fáil i gcomhair cumas forbartha, ashíneannó Dhroichead na Sionainne i gCathair Luimnigh, chuig an gcéad droichead i nDroichead an Chláir, feadh chósta Luimnigh agus an Chláir, thar Fhaing agus Gob na Muine, i dtreo Cheann Léime sa Chlár agus Cheann Chiarraí i dTuaisceart Chiarraí.

Déantar iarracht san SIFP d'Inbhear na Sionainne cuspóirí na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha a chur chun cinn agus forbairt na n-acmhainní sóisialta agus geilleagrachasanInbhearaaithintagusaúsáid,aoireann dochuspóiríforbarthainbhuanaitheagusdochosaint anchomhshaoil.ChoimisiúnaighComhairleContaean Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh, Forbairt Shionainne agus Cuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge a réiteach. Tá sé á mhaoirsiú ag grúpa stiúrtha Allghníomhaireachta a bhfuil na páirtithe leasmhara thuas agus páirtithe leasmhara eile a bhfuil suim acu san Inbhear páirteach ann, agus Comhairle Contae an Chláir mar údarás ceannasach. Ar cheann de na príomhróil a bhí ag a nGrúpa Stiúrtha bhí sé le cinntiú gur scrúdaíodh agus go ndeachthas i ngleic go cuimsitheach le gach saincheist, dúshlán agus deis a leagadh amach i ngach Plean Forbartha. Ba é an sprioc nuair a tosaíodh ag réiteach SIFP athbhreithniú adhéanamh arfhaisnéis agus sonraí ábhartha reatha, taighde breise ríthábhachtach adhéanamh agus straitéis phleanála mhuiríagus talún a réiteach do limistéar staidéir an SIFP. Cuireadh tús le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus Measúnú Cuí (AA) chun an próiseas seo a threorú agus chun feidhmiú mar bhonn eolais dó.

Cuirfidh an SIFP creat straitéiseach ar fáil d'fhorbairt amach anseo an Inbhir agus timpeall air trí chroíphrionsabail agus cuspóirí forbartha a fhorbairt agus trí láithreacha lena mbaineann tábhacht straitéiseach i bhforbairt an Inbhir amach anseo a aithint. Glacfar le forálacha an SIFP sna Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach ábhartha trí athrú a ionchorpróidhprionsabail, beartais agus cuspóirían SIFP. Ceadóidh sé na Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach a thabhairt ar aghaidh le tuilleadh measúnaithe agus comhairliúcháin a dhéanamh orthu, chun sainmhíniú gach Údarás Áitiúil ar chriosú úsáide talún cuí a éascú, laistigh den timpeallacht talún. Meastar chomhmaithgo n-ionchorprófar an Plean i Máistirphlean Chuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge le cuidiú le treoir a thabhairt d'fhás agus d'fhorbairt an Chalafoirt amach anseo.

Is é príomhchuspóir an tionscadail seo taighde agus forbairt adhéanamh archurchuige comhtháite chun fás geilleagrach a éascú agus chun bainistíocht comhshaoil a chur chun cinn laistigh d'Inbhear na Sionainne agus i ngar dó.

Is limistéar ilfheidhmeach é an tInbhear agus a phurláin, agus na huiscí agus na tailte in aice leis ag tacú le raon feidhmeanna, úsáidí, pobal, gníomhaíochtaí, agus acmhainní/sócmhainní comhshaoil trína dtugtar carachtar, rathúnas agus beocht chuigan gceantar. Mar sin féin, teastaíonn cur chuige cuimsitheach nuair a bhíonn pleananna, beartais agus cuspóirí á bhforbairt le haghaidh na leasanna éagsúla sin d'fhonn éilimh iomaíocha a chothromú go stuama.

Leagtar amach na cuspóirí leathana den Phlean sna Téarmaí Tagartha, eadhon chun:

- Tacú le cineál ilfheidhmeach Inbhear na Sionainne, agus deiseanna forbartha inbhuanaithe chun an bonn geilleagrach reatha a shíneadh a aithint, lena n-áiríteartionscal abhaineann leis an gcalafort agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile;
- Éagsúlú an gheilleagair a éascú, ach fostaíocht tráchtála/thionsclaíoch (Grianghraf 3), dobharshaothrú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus tionscail mhuirí, fuinnimh, iompair, caitheamh aimsire agus turasóireacht a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe;
- An comhshaol nádúrtha cóstafeadhan Inbhir, lena n-áirítear a oidhreacht chultúrtha, nádúrtha agus thógtha a chosaint, a bhainistiú agus a chur chun feabhais.
- Acmhainní comhshaoil íogaire an Inbhir (Grianghraf 4) agus oidhreacht nádúrtha le suntas a chanáisiúnta, Eorpach agus Idirnáisiúnta a chosaint.
- Cur chuige bunaithe ar fhianaise a bhunú chun ceantair le forbairt amach anseo a aithint, lena chinntiú go n-oibreoidh tograí go sítheach le suíomhanna sainithe Natura 2000.

Grianghraf 3 – Is fostóir mór sa cheantar é Aughinish Alumina Tta

Seachadfar sa Phlean cur chuige comhoibríoch agus comhtháite idir na húdaráis reachtúla agus na gníomhaireachtaí atá páirteach agus na gníomhaireachtaí atá bainteach sa cheantar seo, laistigh dá sainchúram reachtúil, agus cuirfidh sé fís inbhuanaithe, chomhtháite agus réamhghníomhach ar fáil do thodhchaí Inbhear na Sionainne agus dá thimpeallachtaí. Cloífidh an Plean leis na croístraitéisí atá i ngach ceann de na Pleananna Forbartha Contae ábhartha agus beidh aird acu ar reachtaíocht agus ar cháipéisí reachtúla pleanála agus comhshaoil reatha.

Ar an iomlán, tá sé mar aidhm le cuspóirí agus tograí spásúla SIFP:

- Comhtháthú a éascú agus cinnteoireacht a uasmhéadú ar bhealach achinntíonn go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil, a nascann na húsáidí atá comhoiriúnach agus a chuireann sriantleosiúd nach bhfuil comhoiriúnach.
- Sineirgí a chur chun cinn go gníomhach agus comhúsáid a éascú idir castachta agus méidleasanna na ngeallsealbhóirí a thagann le chéile sa cria oscóstaseo.
- Cuidiú le réiteach coimhlinte straitéiseach ag leibhéal réigiúnach seachas ag leibhéal tionscadail.
- Leibhéal muiníní nfheisteoraa chruthú sa cheantar agus sa réigiúnníosleithne, agsainaithintláithreacha a d'fhéadfaí a fhorbairt, agus chun muinín a spreagadh sna próisisrialála agus chinnteoireachta.

Creat réamhghníomhach atá i réiteach an SIFP ag freagairt don ghá atá le forbairt inbhuanaithe a phleanáil don todhchaí agus le déileáil le tionchar neamh-mhianaithe. Dírítear ann ar aidhmeanna agus ar chuspóirí ó leasanna geallsealbhóirí éagsúla a chomhtháthú, freagraíonn sé do threochtaí agus éilimh amach anseo, agus cuireann sé creat ar fáil le freagairt dóibh sin/.

Grianghraf 4 – An Comhshaol Cósta ag Baile na Sionna

1.3 CUSPÓIR AGUS SCÓIP AN SIFP

Cinneann na hÚdaráis Áitiúla laistigh de Limistéar Staidéir SIFP an córas pleanála d'úsáid talún spásúil, agus rialaíonn siad éleis na cuspóirí a leagtar amach sna Pleananna Forbartha Contae/Cathrach, i gcoibhneas lena gceantairriaracháinachlúdaíonnCathairLuimnigh, Contae Luimnigh, Contae an Chláir agus Contae Chiarraí mar aon le Pleananna Baile agus Ceantair Áitiúil bainteacha. Cuirtear sanáireamh sna Pleananna seo, i gcomhar leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha ábhartha, agus treoraíonn siad tograí d'úsáidí talún éagsúla suas go dtí an Líne Bharr Láin, i gcomhthéacs an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú in 2010).

Cuimsíonn an Limistéar Staidéir don SIFP ceantair thalamh bhunaithe, atá mar theorainn leis an Inbhear, agus a bhfuil baint dhíreach acu leis i.e. na húsáidí agus na gníomhaíochtaí atá spleách go díreach ar bhealach éigin ar an Inbhear as a n-ioncam, aschur, radharc, oidhreacht agus comhshaol.

Tá na cáipéisí seo a leanas san SIFP:

- Imleabhar I: Ráiteas Scríofa
- Imleabhar II: Aguisíní
- Imleabhar III: Léarscáileanna agus Fíoracha

Úsáideadh Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura agus an Plean seo á réiteach, agus foilsítear iad leis an bPlean ar mhaithe le faisnéis a thabhairt.

1.3.1 FORFHEIDHMIÚ

Glacfar leis an SIFP tríéagsúlúnabPleananna Forbartha Contae agus Cathrach ábhartha, agus beidh sé ina bheartas pleanála laistigh den chóras pleanála d'úsáid talún spásúil. Dáréirsin, tabharfaidh na hÚdaráis áitiúla faoin bpríomhról maidir lena fhorfheidhmiú agus seachadadh a chumasú.

Nuair a ghlactar leis, tabharfaidh an SIFP treoir reachtúil phleanála do thograí forbartha i Limistéar Staidéir an SIFP, i gcomhair na n-úsáidí talún arna liostú thíos, eadhon:

- Tionscal Muirí agus tionscal mórscála eile bainteach leis an Inbhear, lena n-áirítear Calafoirt agus forbairt a bhaineann le calafoirt;
- Turasóireacht, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire Muirí;
- Giniúint Fuinnimh, lena n-áirítear stóras breosla;
- Eitlíocht agus tograí a bhaineann le hEitlíocht;
- Iascaireacht Tráchtála agus Dobharshaothrú.

Beidh tograí forbartha faoi réir na gcuspóirí comhshaoil san SIFP. I ndiaidh an SIFP a ghlacadh isteach sna Pleananna Contae ábhartha, samhlaítear go dtabharfar na Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach (SDL) ar aghaidh trídan bpróiseas foirmiúil le haghaidh pleananna forbartha, agus go léireofar gach SDL laistigh den Phlean Forbartha, mar chriosú úsáide talún. Déanfaidh gach Údarás Áitiúil tuilleadh anailíse agus comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara, d'fhonn sainmhíniú ar theorainn talún a aithint le haghaidh criosú cuí ar an talamh, i gcás nach bhfuil aon cheann ann cheana nó i gcás go bhfuil gá síneadh a chur le criosú atá ann cheana. Meastar go nglacfar leis an gcriosú talún seo, tríd an bpróiseas éagsúlaithe reachtúil, sa Phlean Forbartha Contae, mar bhunús do phleanáil forbartha amach anseo.

Táan SIFP teorantadonatéamaí/úsáidí talúnthuasluaite, agus níáirítearannforálachareachtúlaigcomhairúsáidí talún cónaithe nó miondíola. Ba cheart na beartais san SIFP a léamh i gcomhar leis na beartais reatha sna Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach ábhartha. Ní athraíonn beartais SIFP na tosaíochtaí forbartha a leagtar amach san NDP, NSS agus sna Threoirlínte Pleanála Réigiúnacha nó i gcroí straitéisí na bPleananna Forbartha Contae agus Cathrach ábhartha ar aon

bhealach.

Tá timpeallacht mhuirí an Inbhir laistigh de Limistéar Staidéir an SIFP chomh maith. Cuimsíonn sé seo na ceantair idirthaoideacha agus fothaoidmheara agus gníomhaíochtaíreathaagus/nóbeartaithesacheantar seo. Rialaíonn gníomhaireachtaí reachtúla éagsúla iad seo, lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Cuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge. Cé go dtéann teorainneacha Údarás Áitiúil tríd an gcrios seo le líne sách dírialta, tá a sainchúram as rialú agus pleanáil d'úsáidí agus gníomhaíochtaí teoranta, go háiritheigcomhthéacsspásúil. Táséigceist go n-úsáidfear an SIFP mar threoir neamhreachtúil i gcomhairúsáidíagusgníomhaíochtaísacheantarmuirí, le cuidiú le gníomhaireachtaí reachtúla ina bpróiseas cinnteoireachta.

Beidh comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha ina bpríomh-chomhpháirtitheleisnahÚdaráisÁitiúla, iróltacaíochta, agus ag cuidiú le cur chun cinn agus le seachadadh na gcuspóirí, thar thréimhse an Phlean. Bíonn ról tábhachtachacuchunanfhísachurchuncinn, chunan straitéisfhoriomlánafhorfheidhmiúaguschuncuspóirí forbarthaasheachadadhdonaréigiúin. Cénachmbeidh aonsainchúramreachtúilláithreachagandréachtSIFP inuiscímara, tásétábhachtachgogcinntíonnanGrúpa Stiúrthagon-úsáidteartorthaíaguscuspóiríandréacht-SIFPchunforbairtbeartasaguscuspóirí d'fhorbairtan cheantairmharaamachanseoathreorú. Tabharfaidhan SIFPtreoird'aonghníomhaíochtpleanálamharaspásúil amach anseo.

1.3.2 SEA & AA

Tugadh faoi phróisis an SEA agus AA ar aon dul le héabhlóid an dréacht-SIFP, mar a léirítear i Léaráid 1 thíos. Is léir sa Tuarascáil Chomhshaoil SEA agus sa TuarascáilaranTionchararNaturagoraibhbreithnithe comhshaoiligcroíláranphróisiscinnteoireachtaaggach céim. Bhí tionchar láidir treorach ag na measúnuithe ar fhorbairt an dréachtphlean, i dtéarmaí Cuspóirí Forbartha agus roghnú Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach araon. Aithníodh bearta maolaithe i dtorthaí na bpróiseas seo a laghdóidh an tionchar dóchúilsuntasacharchomhshaolíogair, agusdábhrísin tá siad ionchorpraithe sa dréachtphlean.

Is é is aidhm don Phlean gníomhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn agus a chosaint mar ghné lárnach den fhorbairt gheilleagrach i Réigiún an Mheán-Iarthair, comhsheasmhach le Harnessing Our Ocean Wealth (Grianghraf 5) laistigh d'Inbhear na Sionainne agus dá thailte imeallacha. Ar an mbunús seo, tá sé ríthábhachtach cur chuige iomlánach do na ceantair thalún agus mhuirí le chéile a chur san áireamh lena chinntiúgombíonnbaintdhíreachagnafeidhmeanna, úsáidí agus gníomhaíochtaí nua leis an Inbhear agus go mbíonn siad dírithe air, agus go bhfuil an tionchar comhshaoilagusnahidirghaolmhaireachtaíidirandá rudfaoiréirmeasúnúardleibhéilagangcéimluathseo, agus ag cruthú cur chuige comhtháite dá bharr.



Grianghraf 5 – Harnessing Our Oceans Wealth (Leas a Bhaint as Saibhreas ár bhFarraigí)

Chun cur chuige iomlánach a ghlacadh, caithfear acmhainní sonraí a shainscagadh cosúil le iWebs, léarscáiliú gnáthóg agus dá bhrí sin bunús maith do Phlean straitéiseach agus dearfach a chruthú



Léaráid 1: Comhtháthú SIFP, SEA agus AA

1.4 TEORAINN AN LIMISTÉIR STAIDÉIR

Síneann teorainn an SIFP idtreo an iarthaí ó Dhroichead na Sionainne i gCathair Luimnigh, ag glacadh an Inbhir ina iomláine, feadh a chomhéadan leis an Atlantach. Leagtar amach an teorainn i bhFíor 2.1, Imleabhar III.

I gcathair Luimnigh, téann an teorainn ón N69 go dtí Bóthar an Duga, trasnaíonn sí Droichead na Sionainne agus taistealaíonn sí siar fear Bhóthar Condell, Bóthar na hInse agus ceanglaíonn sí leis an N18. Dá réir sin, tá formhór de cheantar uirbeach Chathair Luimnigh taobh amuigh de theorainn an SIFP. Cuireadh tús le déanaí le réiteach Pleanum Fhorbairt Gheilleagair agus Forfheidhmiú Spásúil le haghaidh athbheochan Chathair Luimnigh, agus gabhfaran tograí don cheantar uirbeach, atá taobh amuigh de theorainn staidéir an SIFP.

Agus an réamhtheorainn SIFP á cur i dtoll a chéile, rinneadh sainchomhairliúcháin leis an Grúpa Stiúrtha agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile. Anuas air sin, rinneadh athbhreithniú ar thopagrafaíocht fhisiciúil an tírdhreacha, breithmheasamhairc, agus athbhreithniú ar shainithe pleanála agus comhshaoil san Inbhear agus na habhantraí lena mbaineann. Shíníghan réamhtheorainn (Limistéar Spéise) timpeall 1 km intíre ó chladach an Inbhir, ag glacadh achar 926 km2.

Rinneadh tuilleadh mionathruithe ar an teorainn tar éis tréimhse sainchomhairliúcháin. Ionchorpraíonn teorainn deiridh Limistéar Staidéir an SIFP, arna leagan amach i bhFíor 2.2 Imleabhar III, ceantar 31,500 ha. Athraíodh an teorainn, nuair ab fhéidir, chun teorainneacha inaitheanta, reatha a leanúint agus sainroghaí ordlathais a thabhairt do Bhóithre Náisiúnta, do Bhóithre Réigiúnacha agus do mhionbhóithre san ord sin. I gcás nach raibh na bóithre sin sách gar don Inbhear (ní shíneann teorainn an SIFP níos faide ná timpeall 3 km ó chladach an Inbhir ag an bpointe is faide uaidh), leanann an teorainn gnéithe inaitheanta cosúil le criosuithe arna leagan amach sna Pleananna Forbartha Contae ábhartha. Nuair a measadh é bheith cuí i gcomhthéacs na dtograí a tugadh ar aghaidh laistigh den Phlean, athraíodh an teorainn chomhmaith chun teorainneacha na lonnaíochtaí a áireamh, mar a shainmhínítear i bpleananna forbartha ábhartha.

Eisceacht shuntasach leis an méid thuas is ea méid na teorann SIFP laistigh de cheantar Stáisiún Cumhachta Ghob na Muine. Síneann teorainn an SIFP ó thuaidh ón ailíniú leis an N67 chun tailte forbartha amach anseo a sainaithníodh sa chomhairliúchán luath leis an Grúpa Stiúrtha a ionchorprú chun suntasacht Ghob na Muine mar an stáisiún ginte leictreachais is mó in Éirinn a léiriú.



2.0 An Comhthéacs

> “Ionchorpraíonn an limistéar staidéir an tInbhear ina iomláine ag síneadh thar cheithre theorainn riaracháin i gContae Luimnigh, i gContae an Chláir agus i gContae Chiarraí, mar aon le Cathair Luimnigh”

2.1 AN COMHTHÉACS SOCHEACNAMAÍOCH

2.1.1 DÉIMEAGRAFAIC

Síneann limistéar staidéir an SIFP i dtreo an iarthair ó Chathair Luimnigh, ag glacadh an Inbhir ina iomláine, lena phointe nasctha leis an Atlantach. Síneann an staidéar feadh theorainneacha riaracháin Contae agus Cathrach Chiarraí, Luimnigh, an Chláir agus Chathair Luimnigh a bhfuil cósta acu feadh an Inbhir.

Tá méadú ag teacht ar an daonra sna trí chontae, seachas i gCathair Luimnigh, ó 2006, agus léirigh réamhthorthaí an daonáirimh na príomhstaitisticí seo a leanas (CSO1, 2011):

- Cathair Luimnigh: thit an daonra ó 59,790 duine
- (2006) go 56,779 (2011)
- Contae Chiarraí: mhéadaigh an daonra ó 139,835
- (2006) go 1,454,048 (2011)
- Contae an Chláir: mhéadaigh an daonra ó 110,950
- (2006) go 116,885 (2011)
- Contae Luimnigh: mhéadaigh an daonra ó
- 124,265 (2006) go 134,527 (2011)
- Ceantar Údarás Réigiúnach an Mheán-Iarthair: Mhéadaigh an daonra go ginearálta ó 361,028 (2006) go 378,028 (2011)

Áirítear leis na príomhghnéithe den Straitéis Spáis Náisiúnta agus de na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach a raibh tionchar acu ar an struchtúr lonnaíochta i bpleananna forbartha contae na spriocanna daonra do cheantar an Phlean, an struchtúr spásúil a shainíonn Luimneach/Sionainn mar Thairseach, Inis mar Mhol, ról comhlántach bailte agus sráidbhailte eile agus an creat pleanála spásúil le tacú le lonnaíocht tuaithe inbhuanaithe.

Is í Cathair Luimnigh an lonnaíocht is mó agus is tábhachtaí sa Limistéar Staidéir, agus tá sí mar chuid de Thairseach Luimnigh/Shionainne arna sainaithint sa Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS). Shainaithin an NSS an Chathair mar phríomhlonnaíocht i dtéarmaí:

‘Seirbhísí sóisialta, geilleagracha, bonneagair agus tacaíochta ar bhonn náisiúnta’ [aistriúchán neamhoifigiúil] a chur ar fáil.
(NSS, 2002)

Mar an gcéanna aithnítear ról na Sionainne mar chuid de Thairseach Luimnigh/Shionainne i bPlean Forbartha Contae an Chláir:

'Tá sé ina chuspóir sa Phlean Forbartha – Cinntiú go gcuireann an tSionna, mar thairseach nasctha le Luimneach san NSS, rath sa chontae agus sa réigiún chun cinn trína suíomh agus trína rochtain straitéiseach ar Chonair an Atlantaigh, trína bonn fostaíochta, trína haerfort idirnáisiúnta agus trína buntáistí eile iomaíocha, a chothú.'

Tá roinnt lonnaíochtaí eile scaipthe ar fud an Limistéir Staidéir agus ina cheantar máguaird. Sainaithnítear Inis mar bhaile Moil san NSS, 25,360 (CSO, 2011) faoi seach, déanann na bailte an méid seo:

'tacú le ról náisiúnta agus idirnáisiúnta na dtairseach agus dá bhrí sin ag tabhairt fuinnimh do bhailte beaga agus ceantair thuaithe ina réimse tionchair' [aistriúchán neamhoifigiúil].
(NSS 2002-2020).

De na bailte níos lú, tá Cill Rois suntasach mar Bhaile Seirbhíse sainithe ina bhfuil cumas mór an ranníocaíocht leis an ngeilleagar réigiúnach agus le cúltír tuaithe an bhaile a mhéadú. Áirítear le lonnaíochtaí beaga tábhachtacha eile sa limistéar staidéir Baile an Bhuinneánaigh, Tairbeart agus Faing. Léirítear comhthéacs tíreolaíoch an limistéar staidéir agus dáileadh na lonnaíochtaí ann i bhFíor 2.3.

Éascaíonn Inbhear na Sionainne Íochtaraí agus a chúltír mórthimpeall gníomhaíochtaí tionsclaíocha mórscála agus náisiúnta, agus dá réir sin measann go leor daoine gur príomhspreagthóir geilleagrach atá ann don gheilleagar náisiúnta agus réigiúnach. Léiríonn an calafort domhainmhara ag Faing, stáisiún cumhachta BSL Ghob na Muine agus monarcha Aughinish Alumina an ról tábhachtach atá ag Inbhear na Sionainne, in éascú forbairt gheilleagrach sa chomhthéacs náisiúnta.

Tá na calafoirt farraige ag Faing agus Dugaí Luimnigh an-tábhachtach chun seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí a chur ar fáil, go háirithe de bharr go n-éascaítear 99% de thrádáil idirnáisiúnta na hÉireann trína calafoirt. Go sonrach, éascaíonn na calafoirt seo 35% den trácht builc ar fad agus is iad an áis um thrácht bhuilc is mó iad. Dá bhrí sin, tá ról lárnach ag Inbhear na Sionainne agus a chalafoirt i bhfreastail ar thrádáil idirnáisiúnta na hÉireann (Grianghraf 6) agus is acmhainní tábhachtacha straitéiseacha iad, go réigiúnach agus go náisiúnta.

Téann Inbhear na Sionainne agus a chúltír mórthimpeall chun tairbhe do shláinte dhaonna trí thimpeallacht áineasa síochánta a chur ar fáil do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon. Úsáideann turasóirí agus daoine áitiúla a chladaigh i gcomhair bádóireachta ar scála beag, scairdsciála, iascaireachta, canúála, rothaíochta agus siúil ar a fad. Tá tránna áille agus ardscéimhe agus bealaí siúlóide agus tiomána sainithe i gcodanna den Inbhear.

Grianghraf 6: Dobharshaothrú in Iarthar an Chláir

2.1.2 GNÍOMHAÍOCHT IASCAIREACHTA AGUS DOBHARSHAOTHRAITHE

Tarlaíonn réimse suntasach gníomhaíochtaí iascaireachta éagsúla in Inbhear na Sionainne, a chuireann fiontar tráchtála tábhachtach, foinse fostaíochta agus conláiste áineasa ar fáil do na pobail áitiúla san Inbhear. Áirítear sa ghníomhaíocht iascaireachta iascaireacht ronnaigh amach ó Cheann Léime, trálaeir iasc geal ón bhFianait, ón nDún Beag agus ó Ros an Mhíl agus scéim dheonach um V-eangaithe gliomach ag feidhmiú i dTuaisceart Chiarraí agus in Iarthar an Chláir. Tá ocht mbád cheadúnaithe áitiúla a fheidhmíonn ó chéanna agus sleamhnáin sa limistéar staidéir, ag oibriú go príomha le potaí (portán, gliomach agus séacla), agus eangaigh gheolbhaigh, eangaigh chaithreála. Glacann na heangaigh gheolbhaigh seo go príomha le mangach bán, cadóg, fíogach, mangach dubh, trosc agus langa cé go bhfeidhmíonn an t-iascach eangaigh chaithreála samhraidh ar anglait, turbard agus roc. Tá deich soitheach ag iascaireacht ó chalafoirt Charraig an Chabhaltaigh, Chill Bheathach, an Chasáin, Bhéal Átha Longfoirt agus Thairbirt. Tarlaíonn iascach séacla san Inbhear i rith na tréimhse ó dheireadh an tsamhraidh go dtí tús an earraigh. Mar fhiontar tráchtála, feidhmíonn go leor ceannaitheoirí éisc sa cheantar i méideanna éagsúla (an Casán, Ciarraí agus Carraig an Chabhaltaigh).

Aithnítear an tInbhear mar cheantar tábhachtach i gcomhair saothrú sliogéisc agus sainíodh roinnt áiteanna faoin Treoir um Uiscí Sliogéisc, rud a léiríonn suíomhanna dobharshaothraithe, suíomhanna um ghabháil sliogéisc fhiáin agus uiscí óna dteastaíonn cosaint nó feabhas. Tá roinnt ceadúnais ghníomhacha san Inbhear, i gcomhair saothrú oisrí – úsáideann a bhformhór modhanna feirmeoireachta tristéil, agus tá siad dírithe ar cheantair i/in aice le Rinn Bhile (Grianghraf 6), Carraig an Chabhaltaigh, Cuan Poll na nOisrí, Cuan Bhéal Átha Longfoirt, Cuan Bunnaclugga agus in aice le hEachinis.

Meallann iascaireacht farraige in Inbhear na Sionainne agus feadh chósta Chontae Chiarraí agus Chontae an Chláir líon suntasach iascairí baile agus Eorpacha, agus tá sé ag fás mar ghníomhaíocht turasóireachta thábhachtach, a chothaíonn ioncam suntasach do gheilleagar áitiúil na hÉireann. Measann Iascaigh Intíre na hÉireann go gcothaíonn iascaireacht áineasa timpeall ceathrú billiún euro go bliantúil don gheilleagar náisiúnta. Anuas air sin, meastar go dtacaíonn iascaireacht i bpobail tuaithe agus imeallacha le timpeall 5,000 post. Tá sé tábhacht go bhforbraítear an acmhainn turasóireachta seo a thuilleadh san Inbhear ar bhealach inbhuanaithe agus cothrom, mar ghníomhaíocht thábhachtach socheacnamaíochta don phobal.

2.1.3 AN GEILLEAGAR

Tá suntasacht straitéiseach ag baint le hInbhear na Sionainne don gheilleagar réigiúnach agus náisiúnta. Tá na sócmhainní geilleagair straitéiseacha seo a leanas ann faoi láthair:

- Príomhacmhainn domhainmhara na hÉireann. Tá sé phríomhshaoráid ann ina láimhsítear 1,000 long ar an iomlán in aghaidh na bliana, ag iompar níos mó ná 12 mhilliún tona lastais, líon atá coibhéiseach le 20% den tonnáiste earraí a láimhseáiltear ag calafoirt na tíre i gcomhthéacs 99% de thrádáil easpórtála na tíre a ghabhann trí chalafoirt náisiúnta.
- Aerfort na Sionainne a raibh tríchur paisinéara 1.4m paisinéirí ann in 2012 agus a chuireann 7,700 post ar fáil sna tailte tráchtála mórthimpeall air.
- Cuimsíonn Limistéar Neamhchustaim na Sionainne beagnach 250 ha de thailte tionsclaíocha, tá iliomad cuideachtaí móra ilnáisiúnta ann agus cuireann sé fostaíocht ar fáil do thimpeall 7,700 duine.
- Bonneagar fuinnimh straitéiseach lena n-áirítear stáisiúin chumhachta Ghob na Muine agus Thairbirt a bhfuil cumas acu eatarthu os cionn 1400 MW fuinnimh a chur ar fáil don soláthar cumhachta náisiúnta trí ghréasán tarchuir straitéiseach.
- Criosaíodh suíomh mór cheana féin i gCeathrú na Cloiche i bPlean Limistéir Áitiúil Bhaile na Sionna, le haghaidh forbairt mhórscála ghlas/fuinnimh in-athnuaite agus ba cheart go n-atreiseodh sé an cuspóir foriomlán don tSionainn mar chrios ísealcharbóin agus d'fhéadfadh sé tuilleadh infheistíochta a spreagadh sa cheantar.
- Tionscal suntasach iascaireachta agus dobharshaothraithe.
- Acmhainn turasóireachta suntasach a mheall 850,000 cuairteoir iasachta chuig an Réigiún in 2011 a thug ioncam turasóireachta €271m isteach, a bhfuil margadh Mheiriceá Thuaidh as féin freagrach as caiteachas €100m.

Léirítear cumas an réigiúin i dtuarascáil a foilsíodh le déanaí, 'An Economic Overview of Ireland's Shannon Region' (Forléargas Geilleagrach ar Réigiún na Sionainne in Éirinn) le Forbairt Shionainne i mí an Mheithimh

2012:

"Baineann Réigiún na Sionainne tairbhí ar leith as Aerfort na Sionainne, Inbhear na Sionainne, bonn láidir fiontair, institiúidí tríú leibhéil sármhaithe, treochtaí déimeagrafacha dearfacha, fórsa saothair le hoideachas agus oilte agus bonneagar maith bóithre. Léiríonn fianaise a fuarthas le déanaí go bhfuil borradh ag teacht arís faoi gheilleagar na Éireann i ndáil le táscairí geilleagair éagsúla lena n-áirítear easpórtálacha, turasóireacht chuairteoirí agus déimeagrafach aoise. Tá acmhainní fabhracha go leor ag Réigiún na Sionainne agus tá cumas suntasach nár baineadh úsáid as go fóill ann a bheidh inúsáidte nuair a dhéanann na geilleagair náisiúnta agus idirnáisiúnta aisghabháil arís" aistriúchán neamhoifigiúil].
(Forbairt Shionainne 2012)

Plean Muirí Comhtháite atá in 'Feidhm a bhaint as Saibhreas Ár nAigéin' (Iúil 2012) ina sainaithnítear an mhuir mar shócmhainn náisiúnta a thacaíonn le geilleagar muirí éagsúil le:

"cumas mór le húsáid a bhaint as margadh domhanda €1,200 le haghaidh bia mara, turasóireachta, ola agus gáis, fuinneamh in-athnuaite muirí agus feidhmeanna nua sláinte,
leighis agus teicneolaíochta" [aistriúchán neamhoifigiúil].
(Feidhm a bhaint as Saibhreas Ár nAigéin)

Féachtar ar an saibhreas muirí seo mar ghné lárnach in aisghabháil gheilleagrach agus fás inbhuanaithe na hÉireann. Leagann an Rialtas amach trí sprioc ardleibhéil chun an fhís seo a sheachadadh:

- Sprioc 1: geilleagar muirí faoi bhláth a úsáideann deiseanna margaidh chun aisghabháil gheilleagrach agus fás inbhuanaithe a bhaint amach;
- Sprioc 2: éiceachórais shláintiúla a chuireann earraí agus seirbhísí airgid agus neamhairgid ar fáil;
- Sprioc 3: rannpháirteachas leis an bhfarraige, ag tógáil ar oidhreacht mhuirí shaibhir, a láidríonn an t-aitheantas muirí agus a mhéadaíonn an fheasacht ar luach, deiseanna agus tairbhí sóisialta ón rannpháirteachas seo.

I mí Eanáir 2012, thug Oifig Forbartha Muirí na hÉireann faoi chomhairliúchán leis na húdaráis chalafoirt chun léargas a fháil ar na réimsí ina bhféadfadh Éire fás a bhaint amach sa ghearrthéarma go meántéarma chun tionscal fuinnimh in-athnuaite mhuirí a sheirbhísiú a fhorbairt a thuilleadh.

Déantar athbhreithniú fairsing ar eolas ar bhonneagar áiseanna agus pleananna bainistíochta calafoirt i ndáil le riachtanais um fhorbróirí fuinnimh in-athnuaite mhuirí a shásamh sa tuarascáil ar a dtugtar 'Irish Ports Offshore Renewable Energy Services Report' (Tuarascáil ar Sheirbhísí Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta de chuid Chalafoirt na hÉireann) nó IPORES. Tá acmhainní fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta na hÉireann i measc na n-acmhainní is mó ar domhan le cumas idir 63,000 agus 73,000 MW cumhachta ar fáil ó acmhainní gaoithe, toinne agus taoide (Grianghraf 7).

Grianghraf 7: Teastaíonn Bonneagar Calafoirt chun feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a sheirbhísiú

Cé go ndeimhníonn an tuarascáil IPORES go ndíreoidh formhór an ghnó san earnáil fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta sna deich mbliana amach romhainn ar shuiteáil, oibríochtaí, cothabháil agus seirbhísiú feirmeacha gaoithe amach ón gcósta i Muir Éireann, ina mbeidh infheistíocht £17 billiún ó rialtas na RA amháin, meastar go dtógfar agus go suiteálfar os cionn 11,000 tuirbín gaoithe nua amach ón gcósta sna fiche bliain amach romhainn in uiscí críche na RA agus na hÉireann ar chostas timpeall £100 billiún.

Rátáiltear sa tuarascáil calafoirt na hÉireann i dtéarmaí a gcumais chun na riachtanais a shásamh d'fhorbróirí fuinnimh in-athnuaite mhuirí. Tugtar rátáil 'A' do Chalafort na Sionainne agus Fhainge mar go léiríonn sé ardchumas le freastal ar riachtanais seirbhíse tríd an mbonneagar reatha agus go ríthábhachtach an cumas le tabhairt faoi fhairsingiú inbhuanaithe de réir mar a theastaíonn.

Tugann suíomh Inbhear na Sionainne ar an gcósta thiar theas tairseach idéalach ar ghníomhaíochtaí fuinnimh in-athnuaite mhuirí na hÉireann amach ó chóstaí an iarthair agus an iardheiscirt, an pointe san Eoraip is gaire do roinnt de na hacmhainní gaoithe, toinne agus taoide

is fearr ar domhan. Tuartar in IPORES go bhféadfadh fostaíocht sa tSionainn agus i bhFaing ardú 25-100 faoi 2016 agus go féideartha suas le 800 faoi 2026 trí phleanáil chun tosaigh chomhordaithe chun an tairbhe óna láthair straitéiseach a uasmhéadú.

Is dóchúil go mbainfidh an tInbhear tairbhe chomh maith as infheistíocht iasachta shuntasach eile timpeall €500 milliún trí fhorfheidhmiú faomhadh pleanála don chéad chríochfort LNG in Éirinn ag Cúlsoláthar Talún Thairbirt-Bhéal Átha Longfoirt in aice le Tairbeart. Beidh ceithre umar stórála inslithe 200,000 méadar ciúbacha agus áis athghásúcháin nasctha leis an gcóras tarchuir gáis reatha sa scéim. Is dóchúil go mbeidh infheistíochtaí suntasacha mar sin, go háirithe i mbonneagar fuinnimh ina gcatalaíoch do mhór-infheistíocht eachtrach eile sa réigiún.

2.1.4 ATHEAGRÚ AR RIALTAS ÁITIÚIL

Tugtar deis le hatheagrú an rialtais áitiúil i gContae Luimnigh le cur leis na deiseanna i gcomhair forbairt gheilleagrach a fhaightear óna stádas mar Chathair Tairsí, trí fhorbairt Plean Forfheidhmithe Forbartha Gheilleagraí agus Spásúla.

Is dócha go gcuimseofar nascadh Chomhairlí Contae Chathair agus Chontae Luimnigh bearta le leas a bhaint as na treochtaí nua i bhfuinneamh in-athnuaite, an t-éileamh ar tháirgí bia ardchaighdeáin, trí thionscal ardteicneolaíochta agus i seirbhísí trádáilte idirnáisiúnta, chun cumas an fháis gheilleagraigh a thuar Forfás maidir le haisghabháil a spreagfaidh easpórtálacha a uasmhéadú. Tá sócmhainní tábhachtach ag Luimneach ina acmhainní nádúrtha, ina bhonn scileanna agus ina institiúidí geilleagracha agus oideachais. De bharr feabhsúcháin sa ghréasán aeir, bóithre agus iarnróid le blianta fada anuas, chuidigh fás ar Chalafort Fhainge agus na Páirceanna Teicneolaíochta ag Plassey agus Ollscoil Luimnigh leis an gContae chun deiseanna forbartha geilleagracha a bhreisiú, agus chun scóip a chur ar fáil i gcomhair fás agus leathnú níos mó i gcomhar leis an Inbhear. Tacóidh Plean €250 billiún 'Limerick 2030 - An Economic and Spatial Plan for Limerick' (Luimneach 2030 – Plean Geilleagrach agus Spásúil do Luimneach) a seoladh i samhradh 2013 leis seo. Díríonn an plean ar fhostaíocht a sheachadadh, bonneagar a feabhsú agus infheistíocht tráchtála a mhealladh (Grianghraf 8).

Grianghraf 8: Tá Comhairle Cathrach Luimnigh ag cónascadh le Comhairle Contae Luimnigh

2.1.5 IOMPAR

Leagtar amach sa Straitéis Spáis Náisiúnta agus i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Mheán-Iarthair an ríthábhacht a bhaineann le conairí iompair don Mheán-Iarthair. Soláthraítear naisc bhóithre agus iompair phoiblí d'ardchaighdeán chuig an Meán-Iarthar i gconair straitéiseach ghathach Bhaile Átha Cliath/Luimnigh, lena n-áirítear rochtain ar Aerfort na Sionainne agus ar chalafoirt Inbhear na Sionainne agus ar sheirbhísí tacaíochta. Aithníonn an NSS Luimneach/Sionainn mar Thairseach thábhachtach, áit ar cheart tosaíocht a thabhairt do thuilleadh forbartha. Léirítear méid an ghréasáin bóithre reatha ar Fhíor 2.3 in Imleabhar 3.

Tá gréasán bunaithe de Bhóithre Náisiúnta Príomha agus den Dara Grád sa limistéar staidéir, agus an chuid is mó díobh ag síneadh chuig Cathair Luimnigh agus amach aisti. Áirítear leo seo na Conairí Iompair Náisiúnta (arna sainaithint san NSS), an N69 (siar ó dheas chuig Trá Lí), an N18 (Siar ó thuaidh chuig Gaillimh), an N20 (ó dheas go Corcaigh), agus an M7 (soir ó thuaidh i dtreo Bhaile Átha Cliath). Léirítear i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Mheán-Iarthair (MWRPG) agus Plean Straitéiseach an Mheán-Iarthair (MWASP) an tábhacht a bhaineann le conairí iompair d'ardchaighdeáin do gheilleagar an Mheán-Iarthair. Tá na Bóithre Náisiúnta den Dara Grád, an N69, an N67 agus an N68 laistigh de theorainn an staidéir. Bealach tábhachtach go háirithe is ea an N69, agus aithnítear é ina chonair iompair straitéiseach a thugann naisc thábhachtacha idir Ionnaíochtaí tábhachtacha, Calafort Fhainge, Tairseach Luimnigh/Shionainne agus an réigiún i gcoitinne. Thug an NRA treoir do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh dul ar aghaidh leis an Scéim um Mórfheabhsúchán Bóithre ó Fhaing go Luimneach. Dá bhrí sin d'fhógair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh scéim mór-uasghrádaithe le déanaí don N69 a nascann Calafort Fhainge leis an M7/N18 ag Luimneach. Tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh bóthar ardchaighdeáin rochtain fheabhsaithe ar an gCalafort a chur ar fáil agus tacaíocht a thabhairt do leathnú beartaithe a chumais agus a úsáide arna léiriú i mBeartas Náisiúnta na gCalafort 2013.

Tá suntasacht mhór ag baint le hAerfort na Sionainne don gheilleagar náisiúnta agus réigiúnach (Grianghraf 9). Tá an t-aerfort suite timpeall 16 km siar ó Chathair Luimnigh agus tá ról trasatlantach agus réigiúnach aige ar bhonn a láithreach straitéisí idir Luimneach agus Gaillimh le naisc níos leithne leis an RA agus mórthír na hEorpa.

Grianghraf 9: Aerfort na Sionainne

Tá an rúidbhealach is faide in Éirinn san Aerfort; tá sé 3,199 méadar ar fad, 45 méadar ar leithead agus bíonn sé i mbun feidhme 24 sa lá, 365 lá sa bhliain. Téann eitiltí sceidealaithe agus eitiltí cairte ón Aerfort go réimse mór cinn scríbe. Tá 24 láthair aerárthaigh ann leis. Sa bhliain 2000, osclaíodh an síneadh leis an bhFoirgneamh Eitiltí Amach nua.

Aithníonn MWRPG an tábhacht a bhaineann le heitlíocht, agus an ról ríthábhachtach atá aici i ngnó, trádáil, turasóireacht agus nascacht le láithreacha eile amach anseo. Léiríonn siad chomh maith an tábhacht a bhaineann le nascacht idir aerfoirt agus iompar poiblí, atá ina gné thábhachtach mar bhonn agus taca le ról an Aerfoirt. Tá sé ríthábhachtach naisc ilmhodúil chuig an Aerfort agus uaidh a chur chun cinn.

Tá dlínse reachtúil ag Cuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge (SFPC) ar an uile ghníomhaíocht mhuirí ar achar 500km² ar Inbhear na Sionainne, a shíneann ó Cheann Chiarraí/Cheann Léime go dtí Cathair Luimnigh. Tugann suíomh straitéiseach náisiúnta chríochfoirt SFPC rochtain ar gheilleagar beoga agus daonra ní amháin réigiún láithreach Luimnigh agus an Mheán-Iarthair, ach cuid mhór d'Éirinn chomh maith. Cuireann an chuideachta réimse seirbhísí ar fáil, ó loingseoireacht agus sábháilteacht mhuirí a rialú, go trádstórais, lóistíocht agus láimhseáil lastais. Láimhseálann SPFC na soithí is mó a thagann isteach in uiscí na hÉireann, suas chuig 200,000 dwt agus tá an t-uisce is doimhne ar fáil ansin i measc chalafoirt na tíre.

Conair iompair straitéiseach náisiúnta is ea an tInbhear agus acmhainn domhainmhara nádúrtha ina mbíonn na soithí is mó in uiscí na hÉireann go minic (Grianghraf 10). Tá áiseanna aige a fhreastalaíonn ar an ngeilleagar

réigiúnach agus náisiúnta, mar aon leis na hacmhainní muirí agus coimhdeacha riachtanacha a chur ar fáil chun gníomhaíochtaí le luach breise a fhreastalaíonn ar mhargaí náisiúnta, Eorpacha agus domhanda a éascú. Aimsíodh i dtaighde a rinneadh le déanaí go bhfuil acmhainn domhainmhara nádúrtha, infhaighteacht chúltíre agus láthair phríomha mhuirí an Inbhir ag cruthú cumas mealltach infheistíochta chun gabhdáin agus bulclasta a iompar, go háirithe ar shoithí móra athlastála. Tá treocht ag teacht chun cinn le mianaidhm de lánaí loingis gnóthacha a sheachaint i Muir nIocht agus sna bealaí Atlantaigh, agus éifeachtúlachtaí trádála agus iompair a mhéadú ar fud mhargaí na hEorpa agus go hidirnáisiúnta.

Tugann bád farantóireachta idir Cill Íomaí, Contae an Chláir agus Tairbeart, Contae Chiarraí bealach iompair mhara fíorthábhachtach trasna Inbhear na Sionainne, agus cruthaíonn sé conláiste turasóireachta agus acmhainn ríthábhachtach don phobal áitiúil.

Grianghraf 10: Tancaer mór ag dul tríd an Inbhear

Tá líne iarnróid i bhFaing ó 1858 agus bhí sé mar líne phaisinéara ó Chathair Luimnigh go Faing. Dúnadh an líne do phaisinéirí i 1963 agus d'úsáid Iarnród Éireann mar líne lastais é go dtí 2000, nuair a dúnadh é agus níl sé in úsáid ó shin. Tá cainteanna ar siúl idir SFPC agus Iarnród Éireann maidir leis an líne iarnróid a athoscailt, agus cuireadh tús le staidéar scópála chun tuilleadh faisnéise a fháil don tionscadal.

Cé gurb iad Dugaí Luimnigh agus Calafort Fhainge na calafoirt is tábhachtaí sa réigiún, tá roinnt cuanta, céanna agus lamairní níos lú feadh an Inbhir a bhfuil tábhacht leo ar scála áitiúil agus pobail (Grianghraf 11). Déantar iascaireacht agus dobharshaothrú go tráchtála ó roinnt de na cuanta agus céanna níos lú (Grianghraf 8). Anuas air sin, tá ceann de na muiríní is mó ar an Inbhear i gCill Rois, agus tacaíonn cé na Ceapaí i ngar de le roinnt oibríochtaí tráchtála agus is pointe fócais bádóireacht turasóireachta coitianta atá ann.

Léirítear suíomhanna na n-áiseanna calafoirt i bhFíor 2.5 in Imleabhar 3

Grianghraf 11: Cé an Ghleanna, an Gleann, Contae Luimnigh

2.1.6 FUINNEAMH

Tá gréasán tarchuir leictreachais ar fud fhormhór an limistéir staidéir agus gréasán línte 110 kV agus 220 kV le fostáisiúin bhainteacha, suite ó thuaidh agus ó dheas den Inbhear (Grianghraf 12). Síneann líne 400 kV ó thuaidh agus soir ó Stáisiún Cumhachta Ghob na Muine atá suite ar chladach thuaidh an Inbhir, timpeall 5 km soir ó dheas ó Chill Rois. Deonaíodh cead le déanaí i gcomhair cábla fo-thoinn idirnascaire thuaidh-theas (idir Gob na Muine agus Cuan Glencoosagh i gContae Chiarraí) le tacú le feabhsúcháin sa ghréasán eangaigh.

Tá stáisiún cumhachta Ghob na Muine faoi úinéireacht agus á oibriú ag BSL agus is é an stáisiún ginte leictreachais is mó in Éirinn é le cumas aschuir 915 MW. Mórmhol is ea an suíomh le leictreachas a tharchur agus tá stáisiún tarchuir 440 kV ar an suíomh, atá nasctha le córas na hEangaí Náisiúnta. Dóitear gual sa stáisiún agus dá bhrí sin tá sé ag brath ar iompórtálacha guail. Féadann an stáisiún glacadh le soithí suas le 250,000 dwt.

Grianghraf 12: Bonneagar tábhachtach greille ag Leaba Shíoda

Leagtar amach méid an bhonneagair fuinnimh a luaitear thuas i bhFíor 2.4 in Imleabhar 3.

2.2 COMHTHÉACS AN BHEARTAIS PLEANÁLA

Treoraíonn agus éascaíonn an córas pleanála seachadadh forbartha. Tugann ordlathas na bpleananna agus straitéisí leibhéil éagsúla treorach d'fhorbróirí, don phobal agus dóibh siúd atá páirteach i gcinntí pleanála a dhéanamh nó freagrach astu in údaráis phleanála agus sa Bhord Pleanála.

Tá an plean forbartha mar chuid den ordlathas córasach d'úsáid talún agus pleananna spásúla, lena n-áirítear an Straitéis Spáis Náisiúnta agus na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach. Treoraíonn pleananna agus straitéisí an Rialtais agus na ngníomhaireachtaí poiblí eile i gcoitinne chomh maith é. Cáipéis phleanála straitéiseach atá san SIFP, a threoraíonn an Straitéis Spáis Náisiúnta, Threoirlínte um Pleanáil Réigiúnach mar aon le hainmniúcháin agus sainithe AE. Comhtháthófar i mbeartas pleanála é mar athrú ar na Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach ábhartha, agus treoróidh sé agus cuirfidh sé creat ar fáil do chleachtais phleanála cheantair áitiúla.

2.2.1 BEARTAS NÁISIÚNTA

Ar leibhéal náisiúnta, aithnítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2007-2013 limistéar Luimnigh/Shionainne mar phríomh-Thairseach feadh chósta thiar na hÉireann, le tacaíocht ó Inis mar 'molbhaile' tábhachtach. Is é fócas an tsuímh straitéisigh seo an chroí-úsáid talún agus creat iompair a láidriú, infheistíocht a spreagadh agus fairsingiú feidhmeanna gnó, cónaithe, seirbhíse agus conláiste sa cheantar níos mó a spreagadh. Spreagann sé chomh maith úsáid a bhaint as cumas an Inbhir, i gcomhthéacs a shócmhainní suntasacha nádúrtha agus oidhreachta cultúrtha. Ailínithe leis seo tacaítear leis an Tairseach sa Straitéis Spáis Náisiúnta, agus aithnítear na hinfheistíochtaí don cheantar i gcoitinn ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh (Grianghraf 13).

Díríonn straitéisí eile Rialtais ar earnálacha ar leith den gheilleagar lena n-áirítear an geilleagar go ginearálta, fuinneamh, fuinneamh in-athnuaite, turasóireacht, iascaireacht/dobharshaothrú agus an comhshaol. Cuireann siad ar fad le comhthéacs beartais foriomlán ina mbunaítear forálacha an SIFP.


Map 7 Mid West Region
Gateway
Hub
County Town
<5,000 Town
1,500 - 5,000 Town
Urban Centres (circa 1,000)
Centres in Weak Urban Structure Areas
National Transport Corridor
Airport
Transit Port
Access to Peripheral Areas
N
Galway
to Galway, Sligo, Derry
Ballyvaghan
Doolin
Corrofin
Ennistimon
Milltown Malbay
Ennis
Killaloe
Kilrush
Newmarket-on-Fergus
Ballina
Killaloe
Scariff
Bonnieconlon
Shannon
Limerick
Cratloe
Patrickswell
Adare
Askeaton
Foynes
Birdhill
Newport
Rathkeale
Croom
Bruff
Hospital
Newcastle West
Abbeyfeale
Nenagh
Roscrea
Templemore
Thurles
to Dublin
to Dublin
to Waterford
to Cork
to Cork
to Kerry
Rural Areas with Strong Potential for Diversification
Urban Strengthening Opportunity
Diversifying Areas —— Emerging Management Issues
Village Strengthening and Rural Area Opportunities
Strategic Rural Assets within a Metropolitan Hinterland
0
20km
Approx. Scale

2.2.2 BEARTAS RÉIGIÚNACH

Ar leibhéal réigiúnach, aithnítear i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Mheán-Iarthair 2010-2022 agus i dTreoirlínte Réigiúnach Pleanála an Iardheiscirt an tábhacht atá le hInbhear na Sionainne, agus dúntar bearna lárnach ó thaobh beartais idir tosaíochtaí forbartha náisiúnta agus pleanáil áitiúil. Aithnítear sa treoir seo cumas geilleagrach, sóisialta agus comhshaoil Inbhear na Sionainne agus a phurláin, agus freisin na deacrachtaí a bhainfidh le cur chuige cothrom, cuimsitheach a chomhordú agus a bhainistiú i dtaca le fás geilleagrach agus bainistiú inbhuanaithe shócmhainní nádúrtha an cheantair. Luaitear san MWRPG:

"Cuireann Inbhear na Sionainne agus mórchalafoirt Fhainge agus Luimnigh, chomh maith le calafoirt ag suíomhanna eile amhail Cill Rois, Gob na Muine, Cill an Dísirt agus Cathair Chonnaidh, mórnasc iompair earraí ar fáil don Réigiún. Tá cosaint acmhainní na gcalafort reatha agus feabhas a chur ar an rochtain orthu ina dtosaíocht réigiúnach eile. Ní mór pleananna forbartha údaráis áitiúil a dhíriú chun sainchuspóirí forbartha geilleagraí a chuimsiú lena bhféachtar le leas a bhaint as acmhainneacht gheilleagrach an Inbhir agus caipitliú ar a thréithe domhainmhara nádúrtha chun gníomhaíocht mhuirí
a fheabhsú.

Ní mór fás geilleagrach a chur chun cinn feadh chóstaí an Inbhir, fiú lasmuigh de na lonnaíochtaí reatha, d'fhonn leas a bhaint as fíorshócmhainní nádúrtha an Inbhir agus as a thairbhí geilleagracha féideartha don Réigiún'.

Cuspóir réigiúnach atá ann Creatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne idirdhlínsiúil a éascú. Ba cheart cineál na forbartha, fás geilleagrach agus an fhostaíocht is féidir a thógáil go hinbhuanaithe in Inbhear na Sionainne agus láthair na suíomhanna a d'fhéadfadh glacadh le cineálacha ar leith forbartha a aithint, agus ag an am céanna ag cinntiú nach laghdófaí stádas gnáthóige na limistéar san Inbhear arna sainaithint mar shuíomhanna Natura 2000 nó suíomhanna íogaire eile ó thaobh an chomhshaoil mar thoradh ar thionchar gearrthéarma nó fadtéarma na bhforbairtí sin, a dtionchar carnach nó a gcomhéifeacht le forbairtí beartaithe nó pleanáilte eile taobh amuigh de cheantar an Inbhir."

(Aistriúchán ar shliocht as Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Mheán-Iarthair 2010-2022)

D'fhonn go mbeidh rath ar Thairseach Luimnigh/Shionainne agus ar ghné Inbhear na Sionainne den Tairseach, tá sé ríthábhachtach go bhforbraítear straitéisí comhtháite úsáide talún chomhtháite, iompair, cosanta comhshaoil, fisiciúla, sóisialta agus geilleagracha chun réigiún láidir comhsheasmhach a cur ar fáil a uasmhéadaíonn a acmhainní inbhuanaithe agus iomaíochas á chothabháil chomh maith.

Plean neamhreachtúil, fadtéarmach, straitéiseach um úsáid talún agus iompair atá i bPlean Straitéiseach an Mheán-Iarthair (MWASP) 2010-2030 a ionchorpraíonn staidéar féidearthachta iompair phoiblí do réigiún an Mheán-Iarthair. Comhábhar tábhachtach den MWASP is ea an gá le fís straitéiseach agus creat forfheidhmithe a fhorbairt, a sholáthróidh straitéis úsáide talún atá comhtháite, solúbtha, iontaofa agus uileghabhálach a threoróidh forbairt amach anseo agus cinnteoireacht infheistíochta i limistéar an phlean, agus dá bhrí sin cumas optamach a bhaint amach don réigiún agus dá shaoránaigh. Cloíonn SIFP le forálacha MWASP ina fhoirmiú agus beartaíonn sé cur le príomhghnéithe na straitéise seo.

Tugann MWASP creat inar féidir forbairt fhisiciúil agus spásúil an réigiúin a fhorbairt go dtí 2030, agus atá ábhartha d'úsáid talún straitéiseach chomhtháite agus pleanáil agus forbairt iompair agus soláthar bonneagair amach anseo a bhfuiltear ag súil leis do limistéar phlean an SIFP. Cuireann MWASP, trí thaighde impiriúil, treo straitéiseach chun cinn i gcomhair forbairt inbhuanaithe an réigiúin, baint amach fás réigiúnach cothrom agus tacaíocht d'ordlathas lonnaíochta i dtéarmaí RPGS, agus forbairt optamach shóisialta, gheilleagrach, fhisiciúil, bonneagair agus chultúrtha an limistéir staidéir. Tá pleanáil um úsáid talún arna thacú ag bearta agus bonneagar iompair láidre ríthábhachtach chun inrochtaineacht agus idirnascacht a chinntiú chun iomaíochas náisiúnta agus idirnáisiúnta an réigiúin a chur chun cinn. Tá an SIFP ailínithe le cuspóirí RPGanna an Mheán-Iarthair agus an Iardheiscirt agus ghlac sé le Straitéis um Úsáid Talún agus Iompair MWASP.

Cuireann an SIFP san áireamh forbairt agus fás geilleagrach, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus athruithe ar dhéimeagrafach, ar saincheisteanna réigiúnacha tábhachtach iad óna dteastaíonn anailís agus comhtháthú cúramach. Cinnteofar san SIFP go bhfuil Tairseach ainmnithe Luimnigh/Shionainne fós ar an bpríomhspreagthóir geilleagrach sa réigiún, agus iarracht á déanamh ag an am céanna acmhainní suntasacha Inbhear na Sionainne a chothú. Aithnítear ann go bhfuil comhtháthú pleanáil um úsáid talún,

forbairt gheilleagrach agus beartais iompair lárnach le húsáid rathúil acmhainn Inbhear na Sionainne, agus le cinntí treoraithe agus úsáid optamach na seirbhísí reatha agus amach anseo agus bonneagar sa réigiún a chinntiú.

2.2.3 PLEANANNA FORBARTHA

Aithníodh i bPleananna Forbartha Chathair agus Chontae Luimnigh, an Chláir agus Chiarraí réimse cuspóirí chun cumas an Inbhir a úsáid, mar aon lena chosaint agus a bhainistiú mar shócmhainn chomhshaoil thábhachtach, agus go dteastaíonn measúnú cuimsitheach ar an idirghaol idir na cuspóirí seo.

Aithnítear in bplean forbartha contae Chomhairle Contae an Chláir do 2011-2017 an cumas atá in Inbhear na Sionainne, i réimse earnálacha. Tacaíonn an limistéar le réimse feidhmeanna, úsáidí agus gníomhaíochtaí, a bhfuil tionchar mór acu, mar aon le tréithe fisiciúla, nádúrtha an cheantair, ar fhorbairt gheilleagrach, thionsclaíoch, chultúrtha, turasóireachta, chomhshaoil agus áineasa. Aithnítear i gcuspóirí Phlean an Chontae na hacmhainní comhshaoil suntasacha agus uathúla ar fud an cheantair, agus moltar cur chuige comhtháite le héascú an chumais gheilleagair seo feadh Inbhear na Sionainne agus breithnithe chomhshaoil a gcothromú ag an am céanna.

Cuspóir atá ann de chuid phlean forbartha contae an Chláir Creatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne idirdhlínsiúil a éascú.

Aithnítear dhá bheartas i bPlean Forbartha Contae Luimnigh 2010-2016 i gcomhair Inbhear na Sionainne a chuimsíonn aidhmeanna agus feidhmeanna an SIFP:

"Tacú agus fairsingiú a dhéanamh ar an mbonn geilleagrach reatha, lena n-áirítear áiseanna calafoirt agus cuain agus gníomhaíochtaí lena mbaineann, agus iarracht a dhéanamh an geilleagar a éagsúlú trí chur chun cinn deiseanna tionsclaíocha/gnó agus fostaíochta, dobharshaothrú nach ndéanann dochar don chomhshaol, tionscail áineasa agus turasóireacht mhuirí, a bhaineann le huisce ar bhealach inbhuanaithe" [aistriúchán neamhoifigiúil]

Aithnítear Inbhear na Sionainne i bPlean Forbartha Chontae Chiarraí 2009-2015 mar cheann de na príomhláithreacha domhainmhara náisiúnta. Aithnítear sna cuspóirí gur réimse atá ann a bhfuil cumas suntasach ann i gcomhair forbartha amach anseo agus gur sócmhainn atá ann don Chontae a chaithfear a gcumas a uasmhéadú.

Féachann trí cinn de na príomhchuspóirí faoi Ghníomhaíocht Fostaíochta agus Gheilleagrach i bPlean Forbartha Chontae Chiarraí ar sholáthar an bhonneagair riachtanaigh a éascú agus forbairt na dtailte criosaithe a chur chun cinn le freastal ar riachtanas tionsclaíoch sainaitheanta ag Cúlsoláthar Talún Bhéal Átha Longfoirt-Thairbirt (Grianghraf 14) óna dteastaíonn rochtain domhainmhara. Léirítear sa phlean chomh maith tábhacht na suíomhanna sainithe AE faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus an riachtanas do Mheasúnuithe Cuí Airteagal 6 i gcomhair tograí forbartha i gcóngaracht nó a bhfuil tionchar acu ar Shuíomh sainithe Eorpach.

Aithnítear i bPlean Forbartha Chathair Luimnigh 2010-2016 an cumas atá in Inbhear na Sionainne a shreabhann trí theorainneacha na Cathrach, agus aithnítear i gcuspóirí an Phlean mar shócmhainn uirbeach thábhachtach agus fócas de chuid na straitéise forbartha é. Aithnítear ann an oidhreacht nádúrtha agus thógtha tábhachtach a chuirtear ar fáil, mar aon le réimsí comhshaoil lena mbaineann suntasacht náisiúnta agus Eorpach, a sainíodh lena gcosaint.

Tugadh faoi roinnt tionscadal, lena n-áirítear Riverside City Initiative agus Shannon River Basin Management Project, le blianta beaga anuas, a bhfuil cur chuige cuimsitheach, idirdhlínsiúil acu le húsáid talún, cosaint uisce agus pleanáil mhuirí.

Treoraítear an comhthéacs pleanála chomh maith le straitéisí 'earnálacha' ó Údaráis Áitiúla a chlúdaíonn ceisteanna cosúil le fuinneamh, fuinneamh in-athnuaite agus turasóireacht. Déileálann Pleananna Ceantair Áitiúil le húsáid talún agus criosuithe ag leibhéal lonnaíochta ar breith ríthábhachtach atá ann i bhforbairt beartais ar fud an ordlathais lonnaíochta.

Tá cuspóirí straitéiseacha ar leith ag Cuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge, an t-údarás reachtúil calafoirt a bhainistíonn, a rialaíonn, a oibríonn agus a fhorbraíonn Inbhear na Sionainne, chun an reachtaíocht chomhshaoil riachtanach ar fad a aithint agus a chomhlíonadh chun forbairt a éascú ar an talamh taobh le suíomhanna domhainmhara ar leith agus ar na suíomhanna domhainmhara ar leith.

[1]Cuireann Forbairt Shionainne fás geilleagrach chun cinn ar bhonn réigiúnach ar fud na hearnála poiblí agus príobháidí i réimsí áirithe ó ghnó agus turasóireacht chuig bainistiú réadmhaoine. Aithníonn Forbairt Shionainne cumas Réigiún na Sionainne chun forbairt gheilleagair ar mhórscála agus fostaíocht a chothú. Tá siad tiomanta do thacú le forbairt fuinnimh in-athnuaite agus na hearnála inbhuanaithe comhshaoil i Réigiún na Sionainne.

Grianghraf 14: Talamh faoi úinéireacht Fhorbairt Shionainne le Cúlsoláthar Talún Thairbirt-Bhéal Átha Longfoirt

2.3 AN COMHTHÉACS COMHSHAOIL

Cosnaíonn creat reachtúil AE, arna thacú le struchtúr láidir beartas agus pleananna náisiúnta agus áitiúla le comhshaol nádúrtha Inbhear na Sionainne. Áirítear leo seo forálacha d'acmhainní uisce, bainistiú dramhaíola, truailliú, athrú aeráide, tuile, agus guaiseacha mórthionóisce. Tugann na beartais seo treoir, treo agus caomhnú do go leor de na gnéithe nádúrtha agus lámhdhéanta san Inbhear a chuir le huathúlacht an cheantair. Léirítear roinnt de na príomhghnéithe seo ar Fhíoracha 2.4-2.9 in Imleabhar III.

Ionchorpraíonn Inbhear na Sionainne aibhneacha an Fhorghais, na Daoile agus na Máighe. Inbhear macrathaoide atá san Inbhear, agus tá an réimse taoide is mó ar chósta na hÉireann aige (5.44 m ag Dugaí Luimnigh). Athraíonn doimhneachtaí uisce idir thart ar 37 m ag béal an Inbhir feadh chodanna imeallbhord an Chláir agus Chiarraí agus níos lú ná 5 m i ngar do Chathair Luimnigh. Clúdaíonn an limistéar staidéir ceithre dhobharlach éagsúla faoi Chreat-treoir Uisce an AE in IRBD na Sionainne, agus áirítear sa chreat pleanála áitiúil i bPlean an Chontae na cuspóirí chun riachtanais Pleananna Bainistíochta Abhantraí a shásamh.

Déanann an fhothain mar aon leis an domhainmhara atá ag an Inbhear calafort nádúrtha de. Cé go bhfuil acmhainní suntasacha fisiciúla agus bonneagair ag an Inbhear, tá an ceantar ar fad sainithe mar Limistéar Caomhantais Speisialta (SAC) (Grianghraf 15) mar chuid de ghréasán suíomhanna ar fud na hEorpa faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Tá Inbhear na Sionainne ar fad chomh fada siar le Faing ainmnithe mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA), mar chuid de ghréasán suíomhanna ar fud na hEorpa atá á gcosaint faoin Treoir maidir le hÉin. Tá athbhreithniú a dhéanamh ar an SPA seo faoi láthair lena n-áireofar síneadh ollmhór a chlúdóidh cuid mhór den Inbhear.

Cuireann na sainithe seo dualgais shuntasacha orthu siúd a chaithfidh iad a chosaint. D'fhonn cloí le riachtanais na dTreoracha maidir le Gnáthóga agus Éin, níor chóir go mbeadh tionchar diúltach ag aon togra i bpleananna úsáide talún ar shuíomh sainithe, as féin nó mar nasctha le pleananna, cláir nó tionscadail eile.

Féachtar sa Mheasúnú Cuí agus sa Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) go mion ar na sócmhainní, acmhainní comhshaoil, mar aon leis na gnéithe tábhachtach den ghréasán Natura 2000, agus téann sé i ngleic le príomhthionchair agus éifeachtaí féideartha sa dréacht-SIFP. Cuireadh san áireamh san SEA an creat beartais agus reachtúil comhshaoil in Inbhear na Sionainne, lena chinntiú gur léiríodh cuspóirí agus spriocanna comhshaoil na bpleananna, na mbeartas agus na gclár i réiteach an Phlean straitéisigh seo. Áirítear iad seo a leanas sa chreat reachtúil:

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Cháilíocht Uisce Snámha 2008
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dliteanas Comhshaoil) 2008
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Diúilicín Péarla Fionnuisce) 2009
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Cháilíocht Uiscí Iasc Sliogáin (Leasú) 2009
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh, 2001, 2004 agus 2010
- Creat-treoir Uisce an AE (WFD)

Leagtar amach níos mionsonraithe i gCaibidil 6 den Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil, a thagann leis an bPlean seo, liosta cuimsitheach den phríomhreachtaíocht, pleananna agus cláir.

1 Tá athstruchtúrú á dhéanamh faoi láthair ar Fhorbairt Shionainne, agus mar aon le hAerfort na Sionainne, cónascfar i gcuideachta nua é, Shannon Commercial Enterprises Limited, a bheidh ina fho-chuideachta de chuideachta nua-bhunaithe, Shannon Group plc.

Scrúdaíodh sa Mheasúnú Cuí an Creatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne bunaithe ar an eolas eolaíoch is fearr, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag plean ar chuspóirí caomhnaithe ar aon suíomh Natura 2000, agus ar fhorbairt, más gá, bearta maolaithe nó seachanta le bac a chur le héifeachtaí diúltacha. De réir na nósanna imeachta arna lua i bhfoilseachán na Roinne, 'Appropriate Assessment of Plans and Projects in Ireland – Guidance for Planning Authorities' (Measúnú Cuí Pleananna agus Tionscadal in Éirinn – Treoir d'Údaráis Phleanála), a foilsíodh i mí na Nollag 2009, glacadh le cur chuige cuimsitheach, bunaithe ar fhianaise, réamhchúramach i rith an phróisis pleanála. Próiseas atriallach atá i scagadh agus measúnú ar chuspóirí i gcomhthéacs a mbeart maolaithe agus na tionchar féideartha ar na suíomhanna sainithe i rith gach céime den phróiseas pleanála. Tugtar cuntas mionsonraithe ar an Measúnú Cuí sa Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura, a ghabhann leis an bPlean seo.

Grianghraf 15: Deilfeanna Bolgshrónacha in Inbhear na Sionainne – Foinse: Simon Berrow

2.4 AN COMHTHÉACS MUIRÍ

Léirigh foilsiú le déanaí an Phlean Chomhtháite Mhuirí 'Feidhm a bhaint as Saibhreas Ár nAigéin' an chéad chéim i dtreo pleanáil spásúil mhuirí, córas foriomlán i gcomhair bainistiú forbartha sa timpeallacht mhuirí atá comhionann leis an gcóras pleanála fisiciúla a éascaíonn seachadadh forbartha talún arna leagan amach i gCuid 2.2. Seachas roinnt croíréimsí, áit a n-éilíonn éilimh lánaí loingis, sábháilteacht loingseoireachta agus riachtanais teileachumarsáide é, rialaítear forbairt sa timpeallacht mhuirí trí cheadúnas muirí / phróiseas ceadanna. Go háirithe:

- Teastaíonn cead faoi na hAchtanna Imeall Trá 1933-2009 d'oibreacha nó gníomhaíocht ar an urthrá (i.e. 0-12 nm); agus
- Teastóidh ceadanna faoin Acht um an Scairbh Ilchríochach, 1968 (arna leasú) i gcomhair oibreacha nó gníomhaíocht chun an grinneall agus fo-ithir taobh amuigh den Fharraige Theorann a shaothrú.

Tá an próiseas um chead muirí casta, agus baineann roinnt reachtaíochta, réimis cheada, agus údaráis inniúla leis, lena n-áirítear iad seo a leanas leis;

- An tAcht um Chaomhnú an Chósta, 1963: teastaíonn cead chun cosaintí cósta a bhaint/leasú/thógáil;
- An tAcht Imeall Trá, 1993 arna leasú: teastaíonn cead chun ábhar trá a bhaint ón urthrá;
- An tAcht um Dhumpáil ar Farraige, 1996 arna leasú: teastaíonn cead chun ábhar a dreideáladh i bhfarraige a lódáil agus a dhumpáil;
- Tagann Forbairtí Údaráis Áitiúil ar an urthrá, óna dteastaíonn EIS faoi Alt 228 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2006 agus déileálann an Bord Pleanála leo, ní bhaineann an tAcht Urthrá leis.
- Tionscadail mhuirí a mheastar a bheith faoi réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006.
- An tAcht Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 – príomhreachtaíocht a chosnaíonn seandálaíocht mhuirí; caithfidh an tAire DECLG ceadúnas a dheonú murar féidir cur isteach ar sheandálaíocht mhuirí a sheachaint.

Ach tá Bille um Pleanáil agus (Pleanáil) Urthrá dréachtaithe chun na hAchtanna um Pleanáil agus Urthrá a leasú agus tá sé le hachtú; dá réir sin meastar go n-athróidh an réimeas um thoiliú muirí go bunúsach sa ghearrthéarma go meántéarma.

Maidir le haistriú feidhmeanna urthrá chuig an DECLG, deir an tAire gurb é an príomhchuspóir don tsamhail nua-aimseartha nua go bhfeidhmeoidh na feidhmeanna urthrá laistigh de chreat beartais "faoi threoir plean" a dhéanfadh na nithe seo a leanas:

- Cinnteacht níos fearr a thabhairt d'fhorbróirí maidir le láithreacha a d'fhéadfadh a bheith inghlactha do chineálacha éagsúla forbartha;
- Tuiscint agus breith ar na héifeachtaí carnacha agus comhéifeachtaí idir gníomhaíochtaí éagsúla agus an timpeallacht mhuirí féin a fheabhsú; agus
- Pleanáil réamhghníomhach a éascú, seachas freagairt d'iarratais, athruithe agus cásanna.

Tá obair ar siúl faoi láthair sa DECLG ar réiteach Scéime Ginearálta den reachtaíocht riachtanach, agus chun riachtanais don fhorbairt ar Phlean Spásúil Muirí a scópáil chun forbairt ar urthrá an stáit a phleanáil go straitéiseach agus chun iomaíocht agus éilimh earnála choimhlinteacha a bhainistiú.

3.0 An Fhís agus an Straitéis Fhoriomlán

> **"Inbhear na Sionainne a chuireann le rathúlacht gheilleagrach, shóisialta agus chomhshaoil an réigiúin, trí chumas forbartha inbhuanaithe a acmhainní nádúrtha agus sócmhainní a optamú chun geilleagar agus pobal inbhearach beoga a thógáil, a chosnaíonn, a bhainistíonn agus a bhreisíonn a cháilíochtaí suntasacha comhshaoil in éiceachóras nádúrtha faoi bhláth."**

3.1 AN FHÍS

Le cruthú Físe don Inbhear tugtar fócas agus treo dúinn a chinntíonn go mbíonn toisc choitianta amháin le brath sna cuspóirí, bíodh siad gearrthéarmach, meántéarmach nó fadtéarmach, sóisialta nó geilleagrach: is é sin go gcaithfidh siad oibriú le chéile. Tá an Fhís chomhroinnte tagtha as taighde, imscrúdú, anailís agus comhairliúchán agus bunaíonn sí na croíchuspóirí a sheachadfar sa Chreat.

Déantar iarracht sa Straitéis an Fhís seo a bhaint amach d'Inbhear na Sionainne sa 30 bliain amach romhainn, trí aidhm fhoriomlán an Chreata agus a phrionsabail threoracha a leagan amach. Leagtar amach sna leathanaigh ina dhiaidh seo an Straitéis don todhchaí, agus cur chuige trasrannach á úsáid i leith príomhcheisteanna agus prionsabail ionchorpraithe a dearadh le cuidiú leis an bpróiseas pleanála chun na haidhmeanna a chruthaigh an gá don Phlean a bhaint amach.

3.2 AN STRAITÉIS

Déantar iarracht sa straitéis cur chuige cothromaithe a spreagadh, a éascú agus a chur chun cinn i dtaobh chumas fáis gheilleagraigh an Inbhir a úsáid agus ag an am céanna ag cinntiú go gcosnaítear, go mbainistítear agus go mbreisítear go cúramach acmhainní nádúrtha comhshaoil an cheantair. Déantar iarracht sa straitéis an Fhís a bhaint amach taobh istigh de 30 bliain. Baineann an straitéis le limistéar staidéir SIFP Inbhear na Sionainne, agus an t-idirchaidreamh idir na ceantair thalún agus mhuirí.

Tá an straitéis faoi threoir cuspóirí ábhartha do theorainn staidéir ar fad an Inbhir, ina bhfuil cuspóirí inbhuanaithe, dearfacha agus inseachadta, curtha le chéile i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara. Tabharfaidh na cuspóirí seo treoir agus treo ar fud an Inbhir, agus aithneofar roinnt Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach ina ndíreofar cumas forbartha straitéiseach amach anseo. Léiríonn na cuspóirí an nasc idir anailís ar phríomhcheisteanna, cineál ilfheidhmeach an Inbhir, na dúshláin atá ann, agus an próiseas chun an staid is mian a bheith san Inbhear sa todhchaí a bhaint amach.

Seo a leanas aidhmeanna ginearálta na straitéise:

- Tacú le cineál ilfheidhmeach Inbhear na Sionainne, agus deiseanna forbartha inbhuanaithe chun an

bonn geilleagrach reatha a shíneadh a aithint, lena n-áirítear tionscal a bhaineann leis an gcalafort agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile;

- Éagsúlú an gheilleagair a éascú, ach fostaíocht tráchtála/thionsclaíoch, dobharshaothrú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus tionscail mhuirí, fuinnimh, iompair, caitheamh aimsire agus turasóireachta a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe;
- An comhshaol nádúrtha cósta feadh an Inbhir, lena n-áirítear a oidhreacht chultúrtha, nádúrtha agus thógtha a chosaint, a bhainistiú agus a chur chun feabhais.
- Acmhainní comhshaoil íogaire an Inbhir agus oidhreacht nádúrtha le suntasacht náisiúnta, Eorpach agus Idirnáisiúnta a chosaint.

Chun na haidhmeanna thuasluaite a bhaint amach, is gá dul i ngleic leis na saincheisteanna seo a leanas:

Creat a chur ar fáil chun cur chuige comhtháite i leith pleanáil úsáide talún, agus bainistiú comhshaoil an Inbhir a sheachadadh;

- Cothromaíocht a chruthú de na gníomhaíochtaí geilleagracha lena n-áirítear tionscal a bhaineann le calafoirt agus mara, úsáid talún uirbeach, cosaint nádúir (acmhainní bithéagsúlachta agus caomhnaithe nádúir) agus gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus fóillíochta a tharlaíonn san Inbhear agus feadh na dtailte imeallacha;
- Na daoine sin ar fad atá páirteach i bhforbairt, i mbainistiú agus in úsáid an Inbhir a thabhairt le chéile i gcreat a spreagann comhtháthú a leasanna agus a bhfreagrachtaí chun leas coiteann a bhaint amach.

Tá forbairt Plean Spásúil Téamach don Inbhear ina croí-ábhar sa Straitéis. Teastaíonn plean spásúil soiléir chun an treo agus fócas riachtanach a chur ar fáil i gcomhair forbairt straitéiseach amach anseo ar bhealach a éascaíonn baint amach chumas forbartha an Inbhir, mar thiománaí tábhachtach go straitéiseach i ngeilleagar na hÉireann, agus ag an am céanna ag cosaint sócmhainní comhshaoil tábhachtacha.

Díríonn an Plean Spásúil ar shoiléireacht cuspóra agus treo i gcomhair forbairt amach anseo agus infheistíocht i réigiún an Inbhir a chur ar fáil, go háirithe don earnáil phríobháideach. Mar chuid lárnach den Chreat níos leithne, soiléiríonn an plean spásúil an cumas forbartha fadtéarmach san Inbhear agus cumasaíonn sé caiteachas agus infheistíocht bheith mar thosaíochtaí go héifeachtach, ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, ar fud gach dlínse, Roinne agus teorainn riaracháin. Le chéile, tugann an Straitéis agus an Plean Spásúil creat straitéiseach agus comhthéacs inar féidir pleananna áitiúla agus straitéisí forbartha a chumadh agus a bheachtú, a chuideoidh le gníomhaireachtaí reachtúla ina gcinnteoireacht agus a thabharfaidh léiriú níos láidre, níos comhordaithe agus níos comhtháite ar fhís, ar spriocanna agus ar chumas amach anseo an réigiúin.

Forbraíodh an Plean Spásúil Téamach i gcomhairle le gach páirtí leasmhar, a bhfuil leas acu san Inbhear, agus déantar iarracht sa Choincheap a léirítear i bhFíor 3.1 ar leathanach 31 (leagan níos mó in Imleabhar III) na cuspóirí agus na mianaidhmeanna seo a leanas a bhaint amach:

- Treoir fheasach a chur ar fáil d'infheistíochtaí amach anseo;
- Éifeachtúlacht na hinfheistíochta airgeadais agus acmhainne poiblí agus príobháidí a bhreisiú;
- Cuntasacht agus trédhearcacht ardchaighdeáin, thapa ar chinnteoireacht a fheabhsú;
- Éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht comhlíonadh rialála a fheabhsú;
- Tuiscint feabhsaithe ar impleachtaí na húsáide agus na forbartha inbhuanaithe ar an timpeallacht mhuirí mar chuid den fhás gheilleagrach.



Fíor 3.1 Líníocht Choincheapa

3.3 CUR CHUIGE NA STRAITÉISE

Tá an cur chuige leabaithe i bprionsabail na forbartha inbhuanaithe a ionchorpraíonn fás dearfach, dul chun cinn geilleagrach, comhshaoil agus sóisialta a dhéanamh le haghaidh na nglún anois agus amach anseo. Na fócais seo a chur i bhfeidhm i bhféachaint ar chumas asamhlaithe an chomhshaoil thógtha agus nádúrtha agus féachaint ar an gcumas atá aige glacadh le tuilleadh forbartha. Tá sé níos éifeachtaí seirbhísí, bonneagar agus gréasáin atá ann cheanna a athúsáid le tacú le forbairt nua. Cuireann sé lena n-inmharthanacht agus lena n-éifeachtacht agus lena n-éifeachtúlacht ó thaobh costas de agus íoslaghdaíonn sé an tionchar ar an timpeallacht máguaird. Trí ghlacadh leis an gcur chuige seo de bhainistiú inbhearach inbhuanaithe, is é an aidhm forbairt a réiteach le leasanna caomhnaithe.

Tá an straitéis bunaithe ar bhainistiú inbhearach inbhuanaithe a bhaineann le comhtháthú cuspóirí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil sa phlean ar an iomlán. De réir fhís na hÉireann maidir le bithéagsúlacht le haghaidh 2011-2016, déantar iarracht sa phlean an t-éiceachóras lárnach in Inbhear na Sionainne Íochtaraí a chaomhnú, agus nuair is féidir é a chur ar ais, a thabharfaidh tairbhí do gach earnáil. Trí ghlacadh le cur chuige 'éiceachórais' le roghnú agus tosaíocht Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach ar fud an Inbhir le forbairt amach anseo, déantar iarracht san SIFP sláine an SAC agus an SPA, lenar sainíodh é, a chothabháil agus dá bhrí sin scoilteadh gnáthóg agus díláithriú speiceas a sheachaint. Príomhshnáithe sa chur chuige seo is ea díriú ar fhorbairt laistigh de láithreacha straitéiseacha, timpeall ar cheantair thionsclaíocha nó forbartha fadbhunaithe, áit nach dóchúil go mbeidh bagairt chomh mór ag forbairt ar ghnéithe incháilithe de shuíomhanna Natura 2000. Threoraigh an Cháipéis Treorach ón CE 'The Implementation of the Birds and Habitats Directives in



Grianghraf 16 – Suíomhanna Tábhachtacha Éin san Inbhear, áit a dtarlaíonn comhaireamh éan (gan rátáil)

estuaries and coastal zones' (Forfheidhmiú Threoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga in inbhir agus i gcriosuithe cósta) [1] an cur chuige seo.

Trí thograí a leagan amach chun forbairt amach anseo ar Inbhear na Sionainne Íochtaraí ina iomláine a threorú agus a phleanáil le chéile i bPlean amháin, cuirtear an t-éiceachóras ar fad san áireamh mar leanúntas amháin. Dá bhrí sin, tugann sé an léargas is cuimsithí, is trédhearcaí agus is iomlánaíche ar an mbealach is inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhair dhul chun cinn na forbartha. Cé go bhfuil sé ríthábhachtach d'aon fhorbairt amach anseo go mbeifí feasach ar agus go gcloíffí leis na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, caithfear a bheith feasach chomh maith sa Phlean ar ról agus ar fheidhm gheilleagrach reatha an Inbhir.

Is é an coimpléacs inbhir is mó in Éirinn Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais. Is é an suíomh bogaigh cósta is tábhachtaí in Éirinn d'éin atá ann chomh maith. De bharr ilghnéitheacht an éiceachórais agus an iliomad gnáthóg agus speiceas a thacaítear ann tá ardriosca tionchar díreach agus indíreach de bharr forbartha sa todhchaí, mar aon leis an gcumas le haghaidh éifeachtaí carnacha agus comhéifeachtaí ó aon fhorbairt amach anseo. De bharr thábhacht an Inbhir, tugadh faoi bhreithmheas tosaigh ar na príomhpharaiméadair chomhshaoil sa timpeallacht inbhearach chun na ceantair is íogaire nó is leochailí i rith an phróisis SEA agus AA a shainaithint. Sainaithníodh na ceantair seo mar cheantair thosaíochta ina bhféadfaí Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach nó Limistéir Deiseanna a shainaithint. Áiríodh leo, ach gan a bheith teoranta dóibh, dobharcheantar diúilicín péarla fionnuisce, Inbhear an Fhorghais agus ceantair ghnáthóga tosaíochta cosúil le murlaigh agus coillearnach ghlárach. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcoisceann sé seo tograí neamhstraitéiseacha nó tograí níos lú teacht chun tosaigh nó breith a dhéanamh orthu tríd an bpróiseas pleanála. Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar an ngé seo sa Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus sa Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura, atá faoi iamh leis an bPlean seo.

Aithníodh sa bhreithmheas tosaigh chomh maith ceantair inar tharla forbairt cheana agus cuireadh cuntas ar fáil ar chineál agus ar mhéid na forbartha seo mar aon le cuntas ar na gnáthóga agus na speicis i láthair. Thug sé tuiscint leathan ar stádas na gnáthóige nó an speicis bunaithe ar na sonraí is fearr a bhí ar fáil i.e. an leibhéal díghrádaithe nó scoilte. Ón mbreithmheas tosaigh seo, tháinig sé chun cinn gur dhírigh siad seo ar na láithreacha sin ina bhfuil forbairt ar mhórscála fadbhunaithe cheana féin i.e. pobail chósta, ceantair ina bhfuil bonneagar mór i.e. calafoirt agus na ceantair sin ina bhfuil tionscail mhóra mhuirí cosúil le Gob na Muine nó Faing áit ar athraigh tionchar seasta thar thréimhse fhada an ghnáthóg reatha.
Tháinig moil a forbraíodh cheana chun cinn mar láithreacha optamacha le haghaidh forbairt fhéideartha amach anseo, agus ba iad na gnáthóga agus speicis sin ba leochailí agus b'íogaire nach raibh chomh fabhrach agus dá bhrí sin a bhí le seachaint, nuair ab fhéidir, nuair a baineadh leas as an gcur chuige éiceachórais agus an sprioc de chothromaíocht íogair a bhaint amach idir forbairt agus leasanna ríthábhachtacha comhshaoil a chosaint. Threoraigh an modh seo an cur chuige fianaise-bhunaithe chun Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach féideartha a shainaithint, áit a ndearnadh measúnú ar réimse cineálacha forbartha straitéisí féideartha, de scálaí éagsúla, in aghaidh cineál gnáthóige, stádas caomhnaithe agus méid na gnáthóige ar fud an éiceachórais Inbhearaigh.

Ós rud é gur baineadh leas as an bpróiseas SEA agus AA ón tús, scrúdaíodh fachtóirí comhshaoil ag gach céim den phróiseas. De bharr gur aithníodh fadhbanna go luath, maolaíodh torthaí diúltacha i measúnú an SIFP. I nglacadh le cur chuige éiceachórais le sainaithint suíomhanna, cheadaigh sé chomh maith éifeachtaí carnacha agus comhéifeachtaí a bhreith i rith na bpróiseas AA agus SEA agus le breith a dhéanamh ar gach ceist chomhshaoil faoin bpróiseas SEA.

De bharr easpa cuspóirí caomhnaithe mionsonraithe ag tús an tionscadail, agus d'fhonn roghnú na Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach agus na Limistéir Deiseanna a threorú, tugadh faoi roinnt obair pháirce theoranta. Threoraigh sé seo an próiseas SIFP, thacaigh sé le forbairt cuspóirí agus chuidigh sé le SDLanna agus AoO a bhunú don Phlean. Áiríodh san obair pháirce seo athbhreithniú deisce ar na sonraí ábhartha éin ar fad mar aon le sainaithint agus rátáil ceantair éin in Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais (Grianghraf 16). Léirigh sé seo, ag leibhéal straitéiseach laistigh den SIFP, na ceantair éin in Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais, lena bhfuil sonraí ar fáil, agus a bheadh an-leochaileach d'fhorbairt amach anseo. Bearna thábhachtach sonraí a aithníodh tríd an staidéar scópála ba ea an easpa faisnéise ar mhonatóireacht mhionsonraithe eolaíoch maidir leis an úsáid a bhaineann céiticigh as an inbhear istigh. Tugadh faoi Mhonatóireacht Fhuaimiúil Sheasta

1 http://ec.europa.eu/transport/modes/maritime/doc/guidance_doc.pdf

chun an tábhacht a bhaineann le céiticigh i láithreacha domhainmhara tábhachtacha san inbhear istigh a léiriú, mar aon le hathbhreithniú ar shonraí monatóireachta d'fhonn an próiseas chun láthair straitéiseach a shainaithint a threorú (Grianghraf 17).

Creat straitéiseach atá san SIFP, agus bhí an breithmheas a rinneadh i rith a réitithe straitéiseach i gcineál agus méid chomh maith. Tá na cuspóirí mar bhunchloch láidir dírithe ar dhul i gcion ar fhás agus forbairt inbhuanaithe san Inbhear mar aon lena chaomhnú agus lena chosaint ag an am céanna – cuirtear pointe tosaigh cuimsitheach agus uileghabhálach ar fáil sa Phlean straitéiseach seo le haghaidh gach páirtí leasmhar, úsáideora, cuairteora agus infheisteora amach anseo.

Grianghraf 17 – Úsáid C-Podanna i gcomhair Monatóireacht Fhuaimiúil Sheasta ag láithreacha domhainmhara

Ach tá sé ríthábhachtach a thabhairt le fios go dteastóidh tuilleadh obair mhionsonraithe, i dtéarmaí gnéithe pleanála geilleagair, sóisialta, teicniúil, comhshaoil agus pleanála chun tionscadail láidre, inbhuanaithe agus inmharthana a thacú agus a sheachadadh san Inbhear. Bunófar iad seo ar fhaisnéis shainiúil don togra agus beidh siad faoi réir ceadanna agus rialacháin reachtúla, lena n-áirítear Measúnuithe Cuí mionsonraithe, Measúnuithe ar an Tionchar ar an Timpeallacht, agus measúnuithe eile ar Leibhéal Tionscadail a theastóidh ón údarás ceadaithe ábhartha.

Tá neamhchinnteacht ar ndóigh, a bheag nó a mhór, ag baint leis na tionchair réadúla nó dhóchúla a bhainfeadh le forfheidhmiú thorthaí an Phlean, go háirithe de bharr nach bhfuil tograí mionsonraithe ar fáil. Beidh tionscadail a fhásann as na cuspóirí straitéiseacha nó SDLanna agus AoO sa Phlean seo faoi réir measúnaithe mionsonraithe, reachtúla le scrúdú a dhéanamh ar a dtionchar ar shuíomhanna Natura 2000, agus ní cheadófar iad ach má shásaíonn siad riachtanais na Treorach maidir le Gnáthóga mar aon le gach riachtanas reachtúil ceadúnaithe agus ceadaithe. Tugann an Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura agus an fhaisnéis tacaíochta a ghabhann le gach SDL nó AoO bonnlíne chomhshaoil chuimsitheach, a léiríonn na tionchair fhéideartha agus a bhunaíonn na himscrúduithe breise a bheidh ag teastáil ag leibhéal tionscadail chun oibleagáidí na Treorach maidir le Gnáthóga a shásamh, sula gcinntear aon iarratas pleanála, toiliú nó iarratas ceadúnaithe amach anseo. Ionchas réasúnach atá ann go mbeidh gá scála, méid agus castacht na dtograí a bhfuiltear ag súil leo san Inbhear, thar shaolré an Phlean, a mheas faoi Alt 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga. Ba cheart go ndéanfadh an tÚdarás Inniúil breith ar an mbeidh an riosca ag baint leis an tionscadal i dtaobh drochthionchair ar an suíomh Natura 2000, agus mura mbeidh malairtí ann, caithfear Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh (IROPI)[2] a chur san áireamh le go rachaidh an tionscadal ar aghaidh, ag céim luath sa phróiseas forbartha réamhiarratais, chun cosaint láidir agus phraiticiúil a bhunú don tionscadal. Beidh sé sin fíorthábhachtach i gcás go mbainfeadh togra mar sin le caillteanas buan gnáthóige, cur isteach ar speiceas nó caillteanas gnáthóg speicis a bhfuil cosaint aige faoin Treoir maidir le Gnáthóga, go háirithe i gcomhthéacs an chinnte CE le déanaí ar scéim Sheachbhóthar N6 na Gaillimhe.[3]

Tugadh faoi mheasúnú straitéiseach ag leibhéal an Phlean laistigh den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura a ghabhann leis. Cé nár mheasúnú mionsonraithe a bhí anseo, cheadaigh sé do na tionchair dhiúltacha ar shuíomhanna Natura 2000 laistigh d'Inbhear na Sionainne, le sainaithint agus le seachaint sa Phlean. Bunaítear creat níos láidre leis an gcur chuige seo inar féidir tograí a thabhairt ar aghaidh chuig leibhéal measúnaithe tionscadail a cheadóidh do chinnteoirí a bheith iomlán eolach ar na tionchair fhéideartha agus ar an maolú beartaithe do na suíomhanna sin agus dá bhrí sin ag seachaint bhaol na ndrochthionchar.

Mar a luadh cheana, cheadaigh comhtháthú an SEA agus an AA i rith réiteach an Phlean do réimse topaicí comhshaoil a bhreith ag gach céim den phróiseas. I

2 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 http://www.environ.ie/en/Legislation/DevelopmentandHousing/Planning/FileDownLoad,25759,en.pdf

3 Cás 258/11 http://curia.europa.eu/juris/document/document.jsf?text=&docid=136145&pageIndex=0&doclang=EN&mode=req&dir=&occ=first&part=1&cid=175106

nglacadh le cur chuige an éiceachórais, thacaigh na próisis mheasúnaithe seo le réimse bearta maolaithe a shainaithint – cuirtear ar aghaidh iad seo chun aon bhaol drochthionchar ar an gcomhshaol trí fhorfheidhmiú an Phlean a sheachaint, a laghdú agus a mhaolú. Foirmlítear iad seo bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe tionchair (ag leibhéal straitéiseach) agus cumasaíonn siad torthaí SEA agus AA a chomhtháthú i dtograí an Phlean.

Léirigh an Tuarascáil Chomhshaoil SEA tionchair shuntasacha féideartha dhearfacha agus dhiúltacha ó fhorfheidhmiú an Phlean (lena n-áirítear tionchair charnacha). Sainaithníodh réimse bearta maolaithe faoi gach topaic SEA, agus ionchorpraíodh sa Phlean iad, faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Bearta Maolaithe Uileghabhálacha
- Bearta Maolaithe in aghaidh an téama
  Bearta Maolaithe Sonrach don Suíomh

Ba cheart cloí leis na bearta maolaithe seo roimh aon fhorbairt, agus lena linn, a bhaineann le Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach nó Limistéir Deiseanna, agus is dóchúil go mbeidh bearta sonrach don suíomh ag leibhéal tionscadail aonair.

Anuas air sin, sainaithníodh bearta maolaithe trí phróiseas an Mheasúnaithe Chuí. Díríonn siad ar fhorbairt amach anseo san Inbhear a threorú, i dtéarmaí cad ba cheart a sheachaint agus measúnuithe a bheidh ag teastáil amach anseo d'fhonn a chinntiú nach mbíonn aon éifeacht suntasach agus go gcomhlíontar Alt 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga. Beidh aon fhorbairt amach anseo san Inbhear a bhaineann le ceann de na téamaí Plean lena mbaineann nó le Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach agus le Limistéir Deiseanna faoi réir thorthaí an mheasúnaithe chuí, agus na mbeart maolaithe, a ionchorpraítear sa Phlean, faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Beart Maolaithe Uileghabhálacha
- Bearta Maolaithe in aghaidh an téama
- Bearta Maolaithe Sonrach don Suíomh

Tagraítear do na bearta maolaithe éagsúla sa Phlean in Alt 5.0, agus leagtar amach go mionsonrach iad in Imleabhar II Aguisíní (mar aon leis an Tuarascáil Chomhshaoil SEA agus an Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura lena ngabhann).

3.4 PRIONSABAIL NA STRAITÉISE

Chun creat a leagan amach inar féidir an Straitéis seo a sheachadadh go héifeachtach, bunaíodh roinnt prionsabail threoracha, le cuidiú le torthaí a mhúnlú agus le réitigh a sheachadadh. Bunaithe ar an bhFís, dearadh na prionsabail threoracha seo le cuidiú leis an bpróiseas pleanála chun na haidhmeanna a chruthaigh an gá don Chreatphlean a bhaint amach. Is iad seo:

- Saothrú próiseas sainchomhairliúcháin chomhtháite agus chomhordaithe lena n-áirítear gach páirtí leasmhar (Poiblí agus Príobháideach)
- Plean Spásúil Téamach a sheachadadh ina dtugtar treoir maidir le forbairt inbhuanaithe an Inbhir amach anseo, trí bhreithmheas a dhéanamh ar an idirghaol idir gníomhaíochtaí agus íogaireachtaí agus leochaileachtaí comhshaoil, gnáthóga agus speicis, agus deiseanna forbartha cuí a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint;
- Cosaint agus bainistiú comhshaoil trí úsáid a bhaint as Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus as Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga mar uirlis optamaithe chun acmhainní criticiúla comhshaoil a chosaint, coimhlintí a réiteach, luach a chur leis agus cinnteoireacht inbhuanaithe a chur chun cinn;
- Cur chuige láidir a bhunú i leith Forfheidhmiú agus i leith Monatóireachta.

Is é an coimpléacs éiceachórais inbhir is mó in Éirinn Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais. Mar a pléadh, glacann an SIFP cur chuige éiceachórais iomlánaíoch i leith phleanáil, chaomhnú, fhorbairt agus bhainistiú na sócmhainne luachmhar seo.

Forfheidhmeofar na cuspóirí a leagtar amach san SIFP trí éagsúlachtaí reachtúla leis na Pleananna Forbartha Contae éagsúla. Tá sé ríthábhachtach do sheachadadh rathúil na gcuspóirí seo go mbaintear feidhm as cur chuige iomlánaíoch agus comhtháite, i ndáil le forfheidhmiú. Tá sainchomhairliúchán, comhoibriú agus comhordú thar theorainneacha riaracháin tábhachtach lena chinntiú go ndéantar measúnú ar thionchair fhéideartha ar bhonn éiceachórais. Déantar plé níos mine air seo i gCuid 4.0.

Tógann an Plean Spásúil Téamach ar an gCoincheap, agus soláthraíonn sé an treoir straitéiseach ar réimse gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mheas a bheith cuí ag láithreacha éagsúla san éiceachóras. Is léiriú an Plean seo ar an measúnú iomlánaíoch ar na tionchair fhéideartha a bhainfeadh le forbairt fhéideartha sna láithreacha sin, arna meas i gcomhthéacs úsáidí féideartha eile sna tailte agus a saintréithe tábhachtacha. Is uirlis thábhachtach atá ann chun comhsheasmhacht a sheachadadh i gcur chun cinn forbartha cuí agus i gcaomhnú agus bainistiú na hacmhainne nádúrtha seo. Is bealach atá ann chomh maith le dul i ngleic le castacht agus méid leasanna na bpáirtithe leasmhara a thagann le chéile sa cheantar seo. Déantar plé níos mine ar an bprionsabal seo i gCuid 5.0.

Tá sé tábhachtach freisin athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar an SIFP ar bhonn rialta chun na cúinsí athraitheacha a chur san áireamh agus le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gcuspóirí aonair i seachadadh na haidhme foriomláine d'inbhuanaitheacht in úsáid réasúnta na hacmhainne nádúrtha agus an straitéis a mhionathrú de réir mar is gá. Déantar plé níos mine ar na prionsabail seo i gCuid 6.0 agus i gCuid 7.0.

Cuid 4.0: An Straitéis

Eochairphrionsabal 1

Próiseas sainchomhairliúcháin comhtháite agus comhordaithe a shaothrú ina n-áirítear gach geallsealbhóir (idir phoiblí agus phríobháideach)

4.1 RÉAMHRÁ

Moltar sa Chreatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne (SIFP) cur chuige comhtháite agus inbhuanaithe i leith na forbartha in Inbhear na Sionainne agus i ngar dó.

Próiseas rannpháirteach a bhí i réiteach an Phlean, ina raibh réimse leatha geallsealbhóirí páirteach ag céimeanna tábhachtacha. Bhí roinnt geallsealbhóirí tábhachtacha sa Ghrúpa Stiúrtha don SIFP a raibh leas éagsúla acu san Inbhear, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil freagrachtaí cinnteoireachta éagsúla orthu sa Limistéar Staidéir. Thug na ceithre Údarás áitiúla, le cúnamh ó Chuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge agus Forbairt na Sionainne croíghrúpá le chéile de ghníomhaireachtaí stáit agus leasanna gnó a raibh leas agus dearcadh ar leith acu ar fad (idir pholaitiúil, gheilleagrach, reachtúil agus chomhshaoil) laistigh de cheantar Inbhear na Sionainne, le dearcadh ar leith acu, chun réiteach an Phlean a threorú.

De bhrí gur tugadh le chéile na réimis agus eagraíochtaí cinnteoireachta seo ar fad (idir phoiblí agus phríobháideach) cruthaíodh scáthghrúpa maoirsithe comhordaithe lárnach do thodhchaí Inbhear na Sionainne, a sháraíonn teorainneacha riaracháin chun cur chuige comhsheasmhach a éascú le cinnteoireacht agus bainistiú acmhainní. Chuidigh sé seo go mór le réiteach an Phlean, trí thacú le cur chuige comhtháite agus inbhuanaithe i leith gach saincheiste, a chinntíonn go dtéitear i ngleic le gach gné d'fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus chomhshaoil.

Rinneadh sainchomhairliúchán leis an bpobal roinnt uaireanta i rith réiteach an Phlean, lena n-áirítear:

- Cur i láthair le Comhaltaí Tofa
- Comhfhreagras le gníomhaireachtaí reachtúla
- Preaseisiúint agus Fógraí poiblí ar shuíomh gréasáin Chomhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha
- Cruinnithe duine le duine leis an nGrúpa Stiúrtha agus le leasanna ón earnáil phríobháideach
- Cuirí d'aighneachtaí seolta go díreach chuig Grúpaí Pobail
- Cuirí d'aighneachtaí ag tús an phróisis
- Aighneachtaí chuig Sainchomhairliúchán an dréacht-SIFP
- Nótaí Tráchta a fuarthas i rith Ceardlann i rith

Sainchomhairliúcháin ar an dréacht-SIFP

Grianghraf 18 – Rannpháirtíocht an Phobail a Spreagadh

Bhí an próiseas seo an-chabhrach chun príomhcheisteanna a shainaithint, na sonraí cuí a chur i dtoll a chéile, deiseanna agus brúnna a shainaithint, riachtanais agus treochtaí amach anseo a thuiscint, agus coimhlintí féideartha a aithint. Chinntigh sé seo gur fhreagair an Plean do na príomhcheisteanna a raibh tionchar acu ar chónaitheoirí áitiúla, ar phobail ghnó agus ar eagraíochtaí eile. Tá dul i ngleic le príomhcheisteanna a bhfuil tionchar acu ar an Inbhear, ar a úsáideoirí agus ar a chónaitheoirí lárnach chun Plean láidir a chruthú agus lena chinntiú go seachadtar agus go bhforfheidhmítear go rathúil é.

4.2 RANNPHÁIRTEACHAS NÍOS MÓ A SPREAGADH

Meastar go bhfuil rannpháirteachas geallsealbhóirí sa phróiseas SIFP, i rith a réitithe agus a fhorfheidhmithe agus a sheachadta thar thréimhse 30 bliana an Phlean ríthábhachtach. Príomh-mhodh atá ann chun Plean agus straitéis a chruthú ar dóchúil go nglacfar níos forleithne leis laistigh d'Inbhear na Sionainne agus feadh an Inbhir. Tig leis:

- Luach a chur leis an bpróiseas
- Luach / eolas a chur leis an mbonn faisnéise
- Costas agus éifeachtúlachtaí a fheabhsú
- Poiblíocht agus glacadh beartais a fheabhsú

Gné ríthábhachtach de phlean rathúil is ea sainchomhairliúchán poiblí (Grianghraf 19). Ba cheart go mbeadh sé mar chuid d'athbhreithniú agus d'fhorfheidhmiú an Phlean, ag gach céim, le ceadú do phobail, do ghnólachtaí agus d'úsáideoirí an Inbhir a bheith iomlán rannpháirteach sa phróiseas. Braithfidh forfheidhmiú Chuspóirí SIFP go mór ar thoilteanas geallsealbhóirí comhoibriú. Ba cheart go n-áireofaí soláthar faisnéise ar bhealach inrochtana agus trédhearcach, agus deiseanna le bheith níos rannpháirtí ag céimeanna éagsúla den phróiseas i ngach athbhreithniú ar an bPlean (Grianghraf 18).

Grianghraf 19 – Tá Cumarsáid tábhachtach (Foinse – Cadenza Comm)

4.3 ÉASCAIGH COMHOIBRIÚ AGUS COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ LEANÚNACHA IDIR EAGRAÍOCHTAÍ IDIR EAGRAÍOCHTAÍ AR AN INBHEAR

Cothaíodh caidreamh oibre tairbheach agus comhoibríoch de réir a chéile laistigh den Ghrúpa Stiúrtha a thug na gníomhaireachtaí, eagraíochta agus daoine aonair sin le chéile a bhfuil suim acu i bhforbairt agus i mbainistiú Inbhear na Sionainne nó a bhfuil tionchar ag an gcéanna orthu.

Tugann an Grúpa Stiúrtha geallsealbhóirí a bhfuil suim mhór acu san Inbhear le chéile, ó ghrúpaí le dearcthaí éagsúla, idir pholaitiúil, gheilleagrach, reachtúil agus chomhshaoil, a bhfuil am agus iarracht curtha isteach acu ann agus a bhunaigh próiseas comhrá agus cumarsáide chun réiteach an Phlean a thiomáint. Ba cheart leanúint leis an obair iontach a rinneadh go dtí seo agus ba cheart leanúint leis an móiminteam a cruthaíodh i rith an Phlean, lena chinntiú go leantar le cumarsáid agus comhrá, ar thóir na Físe foriomláine do thodhchaí an Inbhir a bhaint amach.

Grianghraf 20 – Tá tairbhe ag baint le straitéis Cumarsáide (Foinse – Brand Comm)

4.4 DEA-CHUMARSÁID A BHUNÚ

Tar éis glacadh reachtúil an dréacht-SIFP beidh sé ina thasc lárnach Straitéis Chumarsáide a bhunú idir gach geallsealbhóir chun roinnt faisnéise agus idirchaidreamh níos mó a chothú, i ndáil le tograí san Inbhear. Ba cheart a áireamh anseo:

- Bunachar sonraí cothrom le dáta de gach geallsealbhóir agus plean rannpháirteachais le geallsealbhóirí do na chéad chéimeanna eile i dtréimhse an Phlean. Áireofar anseo na daoine sin ar fad a ndeachthas i gcomhairle leo i rith réiteach an Phlean.
- Córas le haghaidh comhairliúchán agus aiseolas idirdhlínsiúil agus idir-rannach.
- Liosta den fhaisnéis ar fad atá ar fáil le cur le tograí amach anseo sa Limistéar Staidéir.
- Bunachar sonraí GIS d'fhaisnéis léarscáilithe pleanála stairiúil agus chomhshaoil, le cothabháil agus le nuashonrú go rialta.

Cinnteoidh sé seo go gcoinnítear an bunús fianaise d'aidhmeanna, do chuspóirí agus do thograí spásúla cothrom le dáta agus ábhartha, in am do gach athbhreithniú.

5.0 Plean Spásúil Téamach

Eochairphrionsabal 2

Plean Spásúil Téamach a sheachadadh ina dtugtar treoir maidir le forbairt inbhuanaithe an Inbhir amach anseo, trí bhreithmheas a dhéanamh ar an idirghaol idir gníomhaíochtaí agus íogaireachtaí agus leochaileachtaí comhshaoil, gnáthóga agus speicis, agus deiseanna forbartha a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint

CUID 5.1 RÉAMHRÁ

CUID 5.2 CUR CHUIGE FIANAISE-BHUNAITHE

CUID 5.3 SUÍOMHANNA FORBARTHA STRAITÉISÍ

CUID 5.4 TIONSCAL A BHAINEANN LE CÚRSAÍ MUIRÍ

CUID 5.5 LOINGEAS AGUS LOINGSEOIREACHT

CUID 5.6 FUINNEAMH

CUID 5.7 TURASÓIREACHT, FÓILLÍOCHT & CAITHEAMH AIMSIRE MUIRÍ

CUID 5.8 EITLÍOCHT

CUID 5.9 IASCAIREACHT TRÁCHTÁLA & DOBHARSHAOTHRÚ

CUID 5.10 AN COMHSHAOL

Cuid 5.1 Réamhrá

Is é príomhchuspóir an Chreatphlean Chomhtháite Straitéisigh (SIFP) cur chuige comhtháite a sholáthar chun fás geilleagrach a éascú agus chun bainistíocht comhshaoil a chur chun cinn laistigh d'Inbhear na Sionainne agus i ngar dó.

Is limistéar ilfheidhmeach é an tInbhear agus a phurláin, agus na huiscí agus na tailte in aice leis ag tacú le raon feidhmeanna, úsáidí, pobal, gníomhaíochtaí, agus acmhainní/sócmhainní comhshaoil trína dtugtar carachtar, rathúnas agus beocht chuig an gceantar. Mar sin féin, teastaíonn cur chuige cuimsitheach nuair a bhíonn pleananna, beartais agus cuspóirí á bhforbairt le haghaidh na leasanna éagsúla sin d'fhonn éilimh iomaíocha a chothromú go stuama.

San iarracht an príomhchuspóir a sheachadadh, tá sé de chúram ar SIFP an cineál forbartha, fáis gheilleagraigh agus fostaíochta ar féidir freastal go hinbhuanaithe orthu laistigh den inbhear a aithint chomh maith leis na suíomhanna inar féidir freastal ar an bhforbairt inbhuanaithe sin. Ina theannta sin féachtar in SIFP le príomhchuspóirí forbartha a aithint, lena dtreoraítear an cineál úsáide nó an raon úsáidí/gníomhaíochta is dóigh a mbeidh glacadh leo agus, nuair is cuí, féachtar le treoir a thabhairt maidir le suíomhanna straitéiseacha ábhartha a bheidh le cur san áireamh chun treoir a thabhairt d'fhorbairt amach anseo.

Tá roinnt buntáistí ag baint le Plean Spásúil Téamach a chruthú, is iad sin:

- Dírítear ar na téamaí forbartha a aithníodh ar léiriú iad ar nádúr ilfheidhmeach an Inbhir;
- Aithnítear saincheisteanna reatha agus deiseanna fáis a d'fhéadfadh tarlú laistigh de gach téama;
- Déantar iniúchadh ar an idirghaol idir na deiseanna agus úsáideoirí/úsáidí eile a d'fhéadfadh a bheith ag an Inbhear agus ag gnáthóga agus speicis chomhshaoil luachmhara ach cur chuige an éiceachórais a úsáid;
- Soláthraítear treoir straitéiseach maidir leis an raon deiseanna forbartha inbhuanaithe chun an bonn geilleagrach reatha a shíneadh, lena n-áirítear tionscal a bhaineann leis an gcalafort agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile agus chun éagsúlú gheilleagar an Inbhir a éascú

Léirítear an Plean Spásúil Téamach sna Léarscáileanna Ilchodacha a thugtar i bhFíoracha 5.1A agus 5.1B in Imleabhar III Léarscáileanna agus Fíoracha (taispeántar


LEGEND
SIFP Study Area
Core Commerical Shipping Lane
Anchorage
Airport Boundary
Areas of Opportunity for Tidal Energy
Areas of Opportunity for Aquaculture
Strategic Development Locations
© Ordnance Survey Ireland. All rights reserved. License number 2012/04/CCMA/Clare County Council
ISSUE DETAILS
Drawn: AMCK
Project No. RPS NI 1345
Chkd: AMcC
Appd: RH
Status: Final
Date: July 2013
Drawing No. 5.1.A
Rev. 0001
Scale: Not to Scale
RPS
RPS
Elmwood House
74 Boucher Road
BELFAST
BT12 6RZ
T: 028 9066 7914
F: 028 9066 8286
PROJECT & FIGURE DETAILS
Project Title: Shannon SIFP
Figure Title: Composite Drawing
Figure Number: Figure 5.1 A
RIVER SHANNON
An Sionainn
OCEAN
Atlantach
N


N
RIVER SHANNON
An Sionainn
SHANNON AIRPORT
Aerfort na Sionainne
SHANNON
Sionainn
LIMERICK
Luimneach
Aughinish Island
Eachaí
South Channel
An Chuaile Theas
Lough Cullaunyheela
Loch Chuilaun Ui Dhuibh
Kilrush
Cill Rois
Kilkee
Cill Chaoi
Ballybunion
Béal na hInse
Tarbert
Tairbeart
Ballyheigue
Baile Ui Heigeartaigh
Ballybeggan
Baile Beagáin
Ballyduff
Baile Dubh
Ballyseedy
Baile Sidhe
Ballyroe
Baile Ui Ro
Ballyhorgan
Baile Ui Eorgain
Ballyhoe
Baile Shoe
Lissarda
Lios Ard
Ballyvourney
Baile Mhuirne
Ballymakeery
Baile Mac Iréire
Ballyhea
Baile Ui Eá
Ballyclough
Baile Clúthach
Ballyhooly
Baile Ui Chúlaí
Castletownroche
Caisleán Droichead
Mallow
Mala
Charleville
Rathluirc
Kanturk
Ceann Toraigh
Newmarket
Cnoc Mhaí
Ballydesmond
Baile Dhéasmond
Rathmore
Ráth Mór
Banteer
Beanntaí
Ballyjamesduff
Baile Ui Dheamais
Ballyhaise
Baile Ui Aiseá
Cavan
An Cabhán
Belturbet
Béal Tuirbeid
Ballinamore
Baile na Móire
Ballinamuck
Baile Na Muice
Longford
An Longfort
Ballymahon
Baile Mhic Ean Fhearadhaigh
Athlone
Baile Átha Luain
Ballinasloe
Béal Átha na Sluaighe
Portumna
Portúmna
Gort
An Gort
Ennis
Inis
Kilkenny
Cill Chainnigh
Thurles
Durlas
Nenagh
An Nenagh
Roscrea
Roscréa
Templemore
Teampalmór
Borrisokane
Burrishoole
Bun Ros Naoi
Ballycastle
Baile Ui Chaisleáin
Ballycastle
Baile Ui Chaisleáin
Ballycastle
Baile Ui Chaisleáin

Cuid 5.2 Cur Chuige Fianaise-Bhunaithe

D'fhonn treoir a thabhairt don Phlean Spásúil Téamach, tugadh faoi bhreithmheas ar leibhéal straitéiseach den Inbhear, chun bunús láidir fianaise-bhunaithe a thabhairt mar threoir ag na cuspóirí forbartha, agus na príomhshuíomhanna forbartha straitéisí agus réimsí deiseanna a aithint. Áiríodh leis an gcur chuige sin:

- Cuairteanna ar shuíomhanna;
- Athbhreithniú ildisciplíneach ar an limistéar staidéir;
- Eolas a bhailiú ó athbhreithniú litríochta;
- Eolas a bhailiú ó chomhairliúchán cuimsitheach le páirtithe leasmhara;
- Eolas a bhailiú ó aighneachtaí a fuarthas;
- Anailís ar shaincheisteanna fisiciúla, sóisialta agus comhshaoil agus ar pharaiméadair san Inbhear, lena n-áirítear forbairtí agus bonneagar reatha agus beartaithe, chomh maith le srianta (a bhfuil cuntas orthu in Imleabhar III Léarscáileanna agus Fíoracha)
- Cur chuige maitríse forleathan i bhfeidhm – measúnú córasach, cuimsitheach agus comhsheasmhach de phríomhchomaoineacha teicniúla/féidearthachta, sóisialta agus comhshaoil d'fhonn suíomhanna forbartha straitéisí agus réimsí deiseanna a aithint, mar is cuí, le haghaidh na bpríomhthéamaí forbartha.
- Sraith cuspóirí forbartha a fhorbairt, agus é mar aidhm leo forbairt a threorú agus a dhíriú agus na príomhacmhainní a chosaint.
- Comhairliúchán Poiblí maidir leis an Dréacht-Phlean SIFP tosaigh, agus mionchoigeartú ar na Cuspóirí bunaithe ar na haighneachtaí a fuarthas ó bhaill den phobal agus ó pháirtithe leasmhara.

Tá cuntas ar an gcur chuige fianaise-bhunaithe in Imleabhar II Aguisíní.

Ag an tús ar fad, thug an cur chuige fianaise-bhunaithe treoir ó thaobh na bpríomhthéamaí forbartha a dheimhniú, rudaí a thug an léiriú ab fhearr ar nádúr ilfheidhmeach an Inbhir. Sholáthair siad sin struchtúr follasach chun príomhchuspóirí forbartha a leagan síos agus chun tograí spásúla straitéiseacha a leagan amach, d'fhonn cabhrú le cuspóirí straitéiseacha SIFP a sheachadadh. Ullmhaíodh na tograí spásúla straitéiseacha i gcomhthéacs beartais straitéisigh náisiúnta agus réigiúnach reatha mar a thugtar le fios in NDP, NSS, MWRPG, SWRPG MWASP agus i bPríomh-Straitéisí agus ordlathais Ionnaíochta na bPleananna Forbartha Contae ábhartha atá ann cheana.

Aithníodh dhá bhraisle an-láidir de thionscal muirí straitéiseach i gur chuige fianaise-bhunaithe an SIFP, a léiríonn tábhacht straitéiseach an Inbhir. Téann na braislí trasna an Inbhir agus iad dírithe ar bhunáiteanna móra giniúna cumhachta Thairbhirt agus Ghob na Muine i dtreo an iarthair agus dírithe ar an gceantar timpeall ar Chalafort Fhainge, Eachinis, Eas Géitine agus Inis Muirígh/Cathair Dhá Chon ar an taobh thoir. Tá na braislí straitéiseacha sin tábhachtach don réigiún agus i roinnt cásanna, ar leibhéal náisiúnta. Tá imlíne de na braislí i bhFíor 3.1 (Imleabhar III Léarscáileanna agus Fíoracha).

Sainaithníodh naoi gcinn de Shuíomhanna Forbartha Straitéisí (SDLanna) san Inbhear leis an gcur chuige córasach sin. Meastar gur príomhspreagthóirí iad na suíomhanna sin sa mhéid is go soláthraíonn siad an fócas agus an treo is gá chun an cumas geilleagrach agus forbartha a chothú laistigh den Inbhear. D'eascair siad ón mbreithmheas córasach, ardleibhéil a rinneadh, agus is ionann iad agus na suíomhanna ina dtairgtear an deis is fearr chun forbairt straitéiseach a éascú. Rinneadh measúnacht sa bhreithmheas ar na tairbhí leathana comhshaoil, sóisialta, teicniúla/geilleagracha agus pleanála a bhaineann le neart suíomhanna is iarrthóirí feadh imeallbhord an Inbhir, laistigh de raon téamaí nó roghanna úsáide talún. Aithníodh iad sin trí anailís agus tríd an bpróiseas comhairliúcháin araon, agus iad aitheanta mar na limistéir is dóigh a dtarlóidh fás geilleagrach iontu sa réigiún.

Tháinig na Suíomhanna Forbartha Straitéisí chun cinn mar shuíomhanna ar dóigh go gcruthófar na deiseanna is mó iontu ó thaobh ionchais gheilleagracha agus shóisialta de, agus a thabharfaidh cosaint ag an am céanna do shláine riachtanach an chomhshaoil nádúrtha. Sainaithníodh Limistéir Deiseanna freisin laistigh den cheantar muirí ina bhféadfaí deiseanna forbartha a mbeidh tábhacht straitéiseach leo a fhorbairt lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite agus iascaireacht/dobharshaothrú.

Tá deiseanna forbartha eile ar scála níos lú ann ar 'leibhéal níos ísle' nach bhfuil straitéiseach, iontu féin, i dtaca lena méid ach a bhféadfadh tairbhe/riosca a bheith ag baint leo d'fhorbairt inbhuanaithe an Inbhir go fadtéarmach. Caitear ar bhealach níos oiriúnaí le riachtanais úsáide talún iarbhír na n-úsáidí sin ar leibhéal an Phlean Limistéir Áitiúil ach teastaíonn cur chuige comhordaithe agus comhtháite uathu fós ar fud an Inbhir. Soláthraíonn na cuspóirí forbartha laistigh den SIFP treoir freisin i dtaca leis na húsáidí sin.

Ba chóir a thabhairt ar aird gur cuireadh leochaileacht an chomhshaoil nádúrtha san áireamh go láidir sa chur chuige fianaise-bhunaithe. Bhí tionchar ag an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus ag an Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga, inar cuireadh san áireamh an tionchar féideartha ar an ngréasán Natura 2000, ar an bpróiseas a bhain le suíomhanna a aithint agus na critéir mheasúnaithe ghaolmhara agus thug siad treoir don phróiseas sin.

Aithnítear san SIFP go gcuireann an dé-ainmniúchán le haghaidh Natura 2000 laistigh d'Inbhear na Sionainne oibleagáidí móra orthu siúd ar mian leo aon tograí a chur chun cinn, in aon áit sa réigiún. Ba chóir a thabhairt ar aird gur fhéach an SIFP ar na héifeachtaí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal straitéiseach, agus gur tugadh imlíne den fhaisnéis sin agus de na torthaí laistigh den Phlean, agus sna hAguisíní a ghabhann leis, sa Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus sa Mheasúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga. Leis sin cruthaíodh bonn faisnéise fadréimseach agus luachmhar agus rinneadh machnamh ar na príomh-shaincheisteanna agus aibhsíodh iad sin a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu trí anailís agus measúnú breise, ag leibhéal tionscadail. Tugann sé sin bunchloch láidir do gach forbróir, úsáideoir, agus páirtí leasmhar a bhfuil baint acu leis na próisis chinnteoireachta laistigh den Inbhear, lena n-áirítear iadsan atá ag cur tograí forbartha chun cinn, agus iadsan atá ag cosaint an chomhshaoil nádúrtha.

Tarraingítear aird sa bhreithmheas seo ar leibhéal straitéiseach d'éifeachtaí féideartha comhshaoil go bhféadfadh tograí forbartha amach anseo a bheidh lonnaithe laistigh/gar don ghréasán ainmnithe Natura 2000 Airteagal 6(3) a spreagadh agus i gcás go mbeidh gá leis, Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga, mar chuid den phróiseas Measúnachta Iomchuí, ar leibhéal tionscadail. Spreagtar é sin nuair nach féidir a chruthú, thar amhras réasúnach, nach mbeidh droch-thionchar ar ghnéithe den láithreán Natura 2000 de thoradh ar na tograí, má chuirtear i bhfeidhm iad mar atá beartaithe. Sa chás sin, is dóigh go gcaithfidh an tÚdarás Inniúil imscrúdú a dhéanamh ar roghanna malartacha réasúnacha, ar cibé an bhfuil Ráiteas faoi Chúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh (IROPI) ann don togra dul ar aghaidh, agus má tá, an féidir bearta cúitimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar chúiteamh ar aon chaillteanas sláine.

Cuid 5.3 Suíomhanna Forbartha Straitéisí

Agus na Suíomhanna Forbartha Straitéisí (SDL) á n-ainmniú mar chuid den Phlean Spásúil Téamach, féachtar sa phlean SIFP le léiriú a thabhairt ar na tosaíochtaí forbartha atá leagtha síos in NSS, sna RPGanna agus sna Pleananna Forbartha Contae. Aithnítear in SIFP go bhfuil Tairseach ainmnithe Luimnigh-na Sionainne fós ar an bpríomhspreagthóir geilleagrach sa réigiún, agus déantar iarracht acmhainní suntasacha Inbhear na Sionainne a chothú go híogair laistigh den chomhthéacs sin.

Féachtar in SIFP le ról agus feidhm straitéiseach na suíomhanna straitéiseacha aitheanta amach anseo a chosaint ar na bealaí seo a leanas:

- Aitheantas a thabhairt d'aon chriosú plean forbartha ábhartha reatha i dtaca le suíomhanna straitéiseacha aonair;
- An tábhacht atá le suíomhanna ina bhfuil forbairt mhór thionsclaíoch cheana féin ach nach bhfuil aitheanta faoi láthair i gcriosú plean forbartha a aithint; agus
- Cuspóirí forbartha lena mbunaítear eochairphrionsabail maidir le ról ionchais na suíomhanna sin anois agus amach anseo a chóiriú;
- Treoir a thabhairt maidir le raon bearta maolaithe i dtaca le nithe lárnacha chun forbairt inbhuanaithe gach ceann de na suíomhanna straitéiseacha amach anseo a sholáthar. Déantar tagairt don fhaisnéis seo sna codanna ina dhiaidh seo, agus cuirtear leis an eolas in Imleabhar II Aguisíní.

Is iad seo na Suíomhanna Forbartha Straitéisí:

- Suíomh Forbartha Straitéisí A: Inis Muirígh / Cathair Dhá Chon
- Suíomh Forbartha Straitéisí B: Gob na Muine
- Suíomh Forbartha Straitéisí C: Oileán Fainge
- Suíomh Forbartha Straitéisí D: Tailte ar chúl Fainge
- Suíomh Forbartha Straitéisí E: Eas Géitine
- Suíomh Forbartha Straitéisí F: Oileán Eachinis
- Suíomh Forbartha Straitéisí G: Tairbeart
- Suíomh Forbartha Straitéisí H: Tairbeart-Baile Átha Longfoirt
- Suíomh Forbartha Straitéisí I: Dugaí Luimnigh

I ndiaidh SIFP a ghlacadh isteach sna Pleananna Contae, samhlaíodh go dtabharfar na SDLanna ar aghaidh tríd an bpróiseas foirmiúil le haghaidh pleananna forbartha, agus go léireofar gach SDL laistigh den Phlean

Forbartha, mar chriosú úsáide talún. Déanfaidh gach Údarás Áitiúil tuilleadh anailíse agus comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara, d'fhonn sainmhíniú ar theorainn talún a aithint le haghaidh criosú cuí ar an talamh, i gcás nach bhfuil aon cheann ann cheana nó i gcás go bhfuil gá síneadh a chur le criosú atá ann cheana. Ní thugtar aon sainmhíniú ar chriosú talún amach anseo sna Suíomhanna Forbartha Straitéisí a bhfuil cuntas orthu in SIFP. Samhlaítear go dtabharfar na SDLanna aitheanta ar aghaidh le haghaidh breis measúnaithe agus go sainmhíneofar criosú talún cuí trí phróiseas éagsúlaithe reachtúil sna Pleananna Forbartha Contae cuí.

Níl aon saindualgas láithreach reachtúil in SIFP laistigh d'uiscí muirí agus dá bhrí sin, beidh an criosú úsáide talún fós laistigh den timpeallacht talún. Mar sin féin, ba cheart go dtabharfadh torthaí agus cuspóirí SIFP treoir agus eolas i gcónaí d'fhorbairt beartas agus cuspóirí le haghaidh forbairt laistigh den limistéar muirí amach anseo, agus beidh siad áisiúil go háirithe mar threoir in aon chleachtadh um phleanáil spásúil mhuirí amach anseo.

Aithnítear nach gciallaíonn sé aithint Suíomhanna Forbartha Straitéisí go ndéanfar gach forbairt amach anseo a bheartófar ag na suíomhanna seo (agus criosú úsáide talún ina dhiaidh sin) a mheas go huathoibríoch mar Bhonneagar Straitéiseach faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (PDA). Déanfar gach togra a mheas bunaithe ar a fhiúntas féin, faoi fhorálacha Sheachtú Sceideal an PDA agus faoi réir gnáthchomaoineacha pleanála, inbhuanaitheachta agus comhshaoil.

Aithnítear in SIFP nach mór don chreat seo freisin dóthain solúbthachta a thabhairt chun freastal ar thionscadail a bhféadfadh tábhacht náisiúnta agus réigiúnach a bheith leo agus nach féidir a fhorbairt ag na Suíomhanna Forbartha Straitéisí atá beartaithe. Dá bhrí sin, cé gur chóir go measfaí i ngach tionscadal straitéiseach laistigh den Inbhear forbairt ag Suíomh Forbartha Straitéisí mar thosaíocht, ní chuirtear cosc in SIFP ar thionscadail mar sin a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach leo, i gcás ina léirítear go bhfuil riachtanais chriticiúla faoi leith ag baint leis an bhfiontar nach féidir freastal orthu ag SDL. I ngach cás eile ní mór do thograí den sórt sin prionsabail agus cuspóirí SIFP a chomhlíonadh chomh maith le gach reachtaíocht reachtúil a bhaineann le suíomhanna ainmnithe na hEorpa agus leasanna loingseoireachta straitéisí a chosaint.

Déantar cur síos sna codanna ina dhiaidh seo ar na haidhmeanna agus cuspóirí beartais le haghaidh na dtéamaí éagsúla laistigh den Inbhear, trína léirítear chomh hilfheidhmeach is atá an tInbhear agus a chreat fáis don todhchaí.

Cuid 5.4 Tionscal Muirí

5.4.1 RÉAMHRÁ

Tá Straitéis an Rialtais maidir le fás geilleagrach bunaithe ar an ngeilleagar a athdhíriú i dtreo earraí agus seirbhísí a easpórtáil. Tá thart ar 7,200 duine fostaithe go díreach i loingseoireacht, calafoirt agus seirbhísí muirí in Éirinn agus is ionann iad sin agus 99% den toirt agus 95% (€128 billiún) de luach na n-earraí a trádáladh in Éirinn in 2010. Is mol iompair mhuirí lárnach é Inbhear na Sionainne, i gcroílár Réigiún an Iarthair Láir, agus soláthraíonn sé deis shuntasach chun borradh a chur faoi fhás geilleagrach níos mó, agus é sin a dhéanamh ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe.

5.4.2 TIONSCAL MUIRÍ

Meastar i bPlean Comhtháite Muirí an Rialtais d'Éirinn 'Harnessing Our Ocean Wealth' (2012) chomh maith go bhféadfadh an tsócmhainn náisiúnta, is é sin an t-aigéan, tacú le geilleagar mara éagsúla ag a bhfuil an acmhainneacht ollmhór sochar a bhaint as margadh mara domhanda €1,200 billiún maidir le bia mara, turasóireacht, ola agus gás, fuinneamh in-athnuaite muirí agus a lán feidhmeanna nua eile. Is é sprioc 1 den Phlean Comhtháite Muirí leas a bhaint as deiseanna margaidh chun geilleagar muirí a bheidh faoi bhláth a sheachadadh agus é tógtha thart ar an gcoincheap a bhaineann le forbairt inbhuanaithe na hacmhainne muirí.

Tá Inbhear na Sionainne ar cheann de na hacmhainní muirí is tábhachtaí in Éirinn agus tá roinnt fiontar fadbhunaithe agus rathúil ann cheana féin lena n-áirítear calafoirt agus tionscail agus ionaid gheilleagracha a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo.

5.4.3 COMHTHÉACS BEARTAIS

Leagtar amach an comhthéacs ina gceapfar beartas pleanála i bPleananna Contae agus Áitiúla i mbeartas náisiúnta agus réigiúnach. I Réigiún an Mheán-Iarthair tá tuilleadh forbartha ar cheantar Luimnigh/na hInse/na Sionainne mar chrios Tairsí/Moil ina phríomhghné den NSS a fhéachann le caipitliú ar a shuíomh straitéiseach ag coinbhéirseacht roinnt bóithre agus conairí iarnróid tábhachtacha.

Tá sé aitheanta go bhfuil conairí iompair ríthábhachtach don Mheán-Iarthar. Soláthraítear naisc bhóithre agus iompair phoiblí d'ardchaighdeán chuig an Meán-Iarthar i gconair straitéiseach ghathach Bhaile Átha Cliath/

Luimnigh, lena n-áirítear rochtain ar Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne agus ar chalafoirt Inbhear na Sionainne.

Cuireann roinnt príomhphrionsabail bonn taca faoi na straitéisí agus na pleananna lena n-áirítear:

- Céimiúlacht lonnaíochta a aithint ina bhfuiltear ag súil go gcuirfidh lonnaíochtaí éagsúla raon agus leibhéal éagsúil seirbhísí ar fáil;

- Ba cheart an fhorbairt a scaipeadh ar bhealach ina gcuidítear le feabhas a chur ar an struchtúr lonnaíochta reatha, ach ina n-éascaítear forbairt agus feabhas leanúnach na bpobal tuaithe chomh maith;

- Ní mór don gheilleagar réigiúnach aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar acmhainneacht fiontraíochta fhéideartha na gceantar níos iargúlta chomh maith leis na ceantair níos láraithe;

- Ní mór ról an Réigiúin maidir le mórinfheistíocht a mhealladh a chosaint agus a threisiú;

- Ní mór an príomhbhonneagar rochtana a chosaint agus a threisiú;

- Ní mór acmhainní comhshaoil an Réigiúin a chosaint, agus, más gá, a threisiú;

- Ba cheart riachtanais na ndaoine faoi bhuntáiste a chur san áireamh san fhorbairt chomh maith le riachtanais na ndaoine atá ábalta a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí.

Tugann an MWRPG breac-chuntas ar roinnt deiseanna forbartha geilleagraí féideartha lasmuigh den Tairseach / na Moil, a bhfuil an acmhainneacht acu tairbhí leathana geilleagracha agus sóisialta a bhaint amach don phobal tuaithe agus leas a bhaint as láidreachtaí acmhainní agus shócmhainní nádúrtha an cheantair. Tá Inbhear na Sionainne liostaithe mar cheann de thrí cheantar fócasaithe.

Léirítear sna Treoirlínte go bhfuil an acmhainneacht ag an Inbhear forbairt fiontraíochta a chur ar fáil ar scála thar an scála a bhaineann le ceantair thuaithe de ghnáth:

'Cuireann Inbhear na Sionainne agus mórchalafoirt Fhainge agus Luimnigh, chomh maith le calafoirt ag suíomhanna eile amhail Cill Rois, Gob na Muine, Cill an Dísirt agus Cathair Chonnaidh, mórnasc iompair earraí ar fáil don Réigiún. Tá cosaint acmhainní na gcalafort reatha agus feabhas a chur ar an rochtain orthu ina dtosaíocht réigiúnach eile. Ní mór pleananna forbartha údaráis áitiúil a dhíriú chun sainchuspóirí forbartha geilleagraí a chuimsiú lena bhféachtar le leas a bhaint as acmhainneacht gheilleagrach an Inbhir agus caipitliú ar a thréithe domhainmhara nádúrtha chun gníomhaíocht mhuirí a fheabhsú. Ní mór fás geilleagrach a chur chun cinn feadh chóstaí an Inbhir, fiú lasmuigh de na lonnaíochtaí reatha, d'fhonn leas a bhaint as fíorshócmhainní nádúrtha an Inbhir agus as a thairbhí geilleagracha féideartha don Réigiún' [aistriúchán neamhoifigiúil].
(MWRPG)

Aithníonn an SWRPG tábhacht straitéiseach airíonna speisialta an Inbhir sna príomhshuíomhanna domhainmhara atá le feiceáil ansin, ag dearbhú go bhfuil na suíomhanna sin ina dtosaíocht forbartha thar ainmniúcháin na Tairsí / an mhoil.

5.4.4 STRAITÉIS MAIDIR LEIS AN TIONSCAL MUIRÍ / TIONSCAL

Aidhm Straitéiseach:

Caipitliú ar an acmhainneacht nádúrtha domhainmhara agus ar an mbonneagar Calafoirt agus muirí atá ann cheana, trí fhorbairt inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de maidir le thionscail mhuirí a éascú agus a spreagadh go réamhghníomhach ag suíomhanna oiriúnacha laistigh d'Inbhear na Sionainne agus féachaint ag an am céanna le nascacht bóithre agus iarnróid na gcalafort domhainmhara a fheabhsú agus a chur chun cinn.

Is éard is tionscal muirí talamh atá coimeádta don tionscal muirí, úsáidí fuinnimh ar an mórchóir nó úsáidí talún malartacha a chruthaíonn sineirge nó atá comhoiriúnach do na húsáidí sin. Glacfar leis go n-áireofar le tionscal muirí úsáid talún don tionscal óna dteastaíonn cóngaracht inbhir/domhainmhara de bhua a shaghais, lena n-áirítear spleáchas ar iompar muirí, athlastáil, bulclasta nó sa chás go mbaineann na próisis thionsclaíocha tairbhe as suíomh cóngarach don cheantar muirí.

Léiríonn forbairt stairiúil an Tionscail Mhuirí/Tionscail san Inbhear a shócmhainní agus airíonna nádúrtha agus de réir mar a d'fhorbair an bonn tionsclaíoch go horgánach d'fhás neart agus tarraingteacht na SDLanna aonair. Dá bhrí sin tá bonn muirí láidir forbartha ag an Inbhear ina bhfuil an acmhainneacht ann féin tuilleadh infheistíocht shuntasach a mhealladh. Is iad na príomhairíonna:

- Suíomhanna Domhainmhara Nádúrtha ar fud an Inbhir atá ábalta déileáil le hárthaí suas le 200,000 DWT agus le longa cúrsála agus tá an acmhainneacht aige do longa móra, a chumasaíonn fás trádála agus leathnú iomaíoch;

- Tá na Calafoirt ag Faing agus Dugaí Luimnigh bunaithe cheana mar Thairseacha Trádála Idirnáisiúnta;

- Mais chriticiúil arna soláthar ag Tairseach Luimnigh-
- na Sionainne agus pobail tuaithe dea-bhunaithe laistigh de phobail agus lonnaíochtaí ar an gcósta;

- Gaireacht d'Aerfort na Sionainne, mar thairseach idirnáisiúnta;

- Gréasán iompair láidir de naisc ar an gcladach;

- Mórbhonneagar fuinnimh laistigh den cheantar cheana agus acmhainneacht shuntasach chun fuinneamh in-athnuaite muirí a chothú;

- Bonn geilleagrach láidir agus lucht oibre oilte lena n-áirítear institiúidí tríú leibhéal. Ceantair Neamhchustaim Fhorbairt Shionainne, nascacht le gréasán Eolas Fhorbairt Shionainne, líon cuideachtaí idirnáisiúnta agus ilnáisiúnta sa cheantar agus cúltír shaibhir talmhaíochta a thacaíonn le hearnáil láidir bhia;

- Suíomh straitéiseach ar an mBord Farraige Atlantach agus nasc sármhaith aige le Gréasán Iompair Chonair an Atlantaigh.

De bharr na dtréithe sin tháinig dhá bhraisle insonraithe de thionscal muirí chun cinn san Inbhear, ceann díobh dírithe go mór thart ar Gob na Muine/Thairbeart/Bhaile an Longfoirt, agus ceann eile díobh dírithe thart ar an bhFaing/Eachinis/Chathair Dhá Chon. Tá siad anois ina lárionaid leathana le díriú ar fhorbairt tionscail mhuirí, lena gcruthaítear catalaígh le haghaidh tuilleadh forbairt tionscail arna mealladh ag na sineirgí agus na húsáidí gaolmhara. Tá breac-chuntas ar shuíomh na mbraislí sainithe i bhFíor 3.1 imleabhar III.

- **Suíomhanna Forbartha Straitéisí maidir leis an Tionscal Muirí/tionscal**

Aithníonn SIFP príomhacht Thairseach Luimnigh-na Sionainne maidir le tús áite a thabhairt d'fhorbairt, ar aon dul le beartas spásúil náisiúnta agus réigiúnach. Dírítear sna Suíomhanna Forbartha Straitéisí (SDL) ar na braislí forbartha bunaithe san Inbhear sa chás go bhfuil bonn tionscail láidir dea-bhunaithe ann cheana nó go bhfuil sé faofa i bprionsabal tríd an bpróiseas pleanála reachtúla.

Aithnítear criosú reatha an phlean forbartha i gcuspóirí forbartha SIFP ag Eas Géitine arb é an tosaíocht forbartha na tailte le haghaidh bunú tionscail agus fiontraíochta de thábhacht réigiúnach a chosaint agus ag Dugaí Luimnigh arb é an príomhchuspóir an calafort atá ann cheana a choimeád agus mol fostaíochta agus cónaithe a fhorbairt chun forbairt inbhuanaithe an Cheantair Dugaí mar Shuíomh Fostaíochta Straitéisí a


N
OCEAN
Atlantach
ATLANTIC
An tAigean
MOUTH OF THE SHANNON
Béal na Sionainne
RIVER SHANNON
An tSionainn
RIVER SHANNON
An tSionainn
Carrigaholt
Carraig an Chabhalaigh
Kilrush
Cill Aodh
Kilkee
Cill Chaoi
Ballybunnion
Baile an Bhuinneánaigh
Listowel
Ballyferriter
An Baile
Ballyvaughan
Baile Ua Dhaidhe
Scattery Island
Inis Cathaigh
Carrig Island
Oileán na Carraige
Tarbert Island
Oileán Thiarbhaigh
Tarbert
An Tairbeart
Ballybunion Bay
Bána Átha Longfort
Bunaclagga Bay
Clonderalaw Bay
Ba Chluain idir Dha Lá
Kilbaha Bay
Ba Chill Bhaotharach
Kilkee Bay
Bá an Dhoirín
Kilkeedan Pt.
Rinne Chill Chaoidín
Carrigaholt Bay
Ba Cheirnig an Chabhalaigh
Rossbeg Bay
Bá Ros Beag
Ballyferriter Bay
Bá Baile Uí Thaidhg
Ballybunnion Bay
Bá Baile an Bhuinneánaigh
Ballyvaughan Bay
Bá Baile Ua Dhaidhe
Ballyheigue Bay
Bá Baile Ó hEigeartaigh
Tralee Bay
Bá Tralaí
Dingle Harbour
Cuan an Daingin
Ballinskelligs Bay
Bá Baile Uí Sceilleadhaigh
Kilbaha Pt.
Rinne Chill Bhaotharach
Kilkee Head
Ceann Cill Chaoi
Loop Head
Ceann Léime
Scattery Island
An Oileán Mór
Kilkee Bay
Bá Cill Chaoi
Kilkee Reef
Sceir an Dhoirín
Kilkeedan Pt.
Rinne Chill Chaoidín
Kilbaha Bay
Ba Chill Bhaotharach
Kilkee Bay
Bá an Dhoirín
Kilkeedan Pt.
Rinne Chill Chaoidín
Carrigaholt Bay
Ba Cheirnig an Chabhalaigh
Carrigaholt
Carra


N
LIMERICK
Luimneach
An Shionainn
River Shannon
An Cheathrú Rua
Spiddal
Ballyvaughan
Kilnaboy
Ennis
Clonroe
Ballycorick
Ballyallaghan
Ballyvaghan
Ballyeagh
Ballyeagh Bay
Ballyeagh Strand
Ballyeagh Lake
Ballyeagh Bog
Ballyeagh Cross
Ballyeagh Cross Roads
Ballyeagh Cross Roads Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins Bridge
Ballyeagh Cross Roads Bridge Ruins

éascú.

Sa chomhthéacs sin féachfaidh an SIFP le Tionscal Muirí cuí agus úsáidí oiriúnacha/comhoiriúnacha a spreagadh agus a éascú ag na Suíomhanna Forbartha Straitéisí cóngarach don acmhainn domhainmhara luachmhar laistigh den Inbhear. Taispeántar iad i bhFíoracha 5.2A agus 5.2B.

Tá na Suíomhanna Forbartha Straitéisí (SDL) ríthábhachtach d'acmhainneacht forbartha amach anseo an Tionscail Mhuirí san Inbhear agus is tosaíocht é a ról agus a bhfeidhm a chosaint chomh maith le solúbthacht a chumasú chun éagsúlacht i ngníomhaíochtaí comhoiriúnacha a mhealltar leis na saoráidí atá ann cheana agus na sineirgí eile atá ar fáil ag na suíomhanna seo faoi láthair a spreagadh. Tá saintréithe éagsúla ag gach suíomh a fheabhsaíonn an raon taitneamhachtaí do na hinfheisteoirí tionscail féideartha. Braitheann an cineál forbartha ar dócha é a bheith inghlactha do gach ceann ar shaintréithe gach SDL agus go háirithe a ghníomhaíochtaí bunaithe, a shaintréithe fisiciúla agus a shócmhainní/shrianta comhshaoil. Chuidigh na gnéithe sin le Cuspóirí Forbartha sainiúla a shaincheapadh, ag tabhairt treorach i leith criosú úsáide talún amach anseo agus tograí forbartha amach anseo maidir le gach SDL – tá siad sin leagtha amach i gcodanna níos faide anonn sa chuid seo. Tá tagairt déanta do na bearta maolaithe a forbraíodh tríd an SEA agus an AA ag gach Suíomh Forbartha Straitéisí, agus tá siad forbartha in Imleabhar II Aguisíní.

Lena chois sin, beidh gach togra maidir le forbairt amach anseo sna Suíomhanna Forbartha Straitéisí (agus an criosú úsáide talún lena mbaineann) faoi réir na gCuspóirí Forbartha seo a leanas (SIFP MRI 1.1, SIFP MRI 1.2, SIFP MRI 1.3, SIFP INF 1.4 agus SIFP TPT 1.5).

SIFP MRI 1.1

Ról agus Feidhm na Suíomhanna Forbartha Straitéisí a Chosaint

Ról agus feidhm na Suíomhanna Forbartha Straitéisí a chosaint arna sainaithint do thionscal muirí mar a léirítear i bhFíor 5.2A agus i bhFíor 5.2B in Imleabhar III den Phlean, atá suite laistigh agus cóngarach d'Inbhear na Sionainne, agus a bhfás inbhuanaithe, a bhforbairt agus a n-éagsúlacht oiriúnach d'fhorbairt gheilleagrach a spreagadh de réir na dtosaíochtaí réigiúnacha agus náisiúnta agus faoi réir cheanglais chuspóirí comhshaoil ENV 1.1 go 1.12, más ábhartha.

SIFP MRI 1.2

Ceisteanna Ginearálta

Tograí inbhuanaithe a cheadú do thionscal muirí laistigh de na Suíomhanna Forbartha Straitéisí arna sainaithint i bhFíoracha 5.2A agus 5.2 Imleabhar III, faoi réir a gcomhlíonta maidir le:

- Na cuspóirí forbartha aonair atá léirithe sa Phlean seo le haghaidh na Suíomhanna Forbartha Straitéisí;
- Na cuspóirí agus ceanglais sa Treoir maidir le Gnáthóga, go sonrach Airteagal 6(3) agus más gá 6(4), sa Treoir maidir le hÉin, sa Chreat-treoir Uisce agus i ngach Treoir AE ábhartha eile;
- Na prionsabail ábhartha uile maidir le ceisteanna pleanála cuí, riosca tuile, inbhuanaitheachta agus comhshaoil, lena n-áirítear na bearta maolaithe dá dtagraítear sa Phlean seo (Aguisíní Imleabhar II).

SIFP MRI 1.3

Riosca Tuile

Ba cheart mionscrúdú a dhéanamh i ngach togra forbartha laistigh de na Suíomhanna Forbartha Straitéisí arna sainaithint thuas ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thuilte abhann agus cósta, agus ardú leibhéal na farraige, lena chinntiú go mbaineann na nithe seo a leanas le suíomh agus dearadh úsáidí forbartha amach anseo sna Suíomhanna sin:

- Go dtugtar aird chuí iontu ar an bhfaisnéis atá ar fáil maidir le tuile agus toradh staidéar CFRAM na Sionainne;
- Go bhfuil siad oiriúnach don leibhéal tuile a sainaithníodh ag céim na pleanála agus deartha mhionsonraithe;
- Nach méadaíonn siad an riosca tuile in áit ar bith eile;
- Go soláthraíonn siad an leibhéal cuí cosanta sa chás go meastar go bhfuil an fhorbairt i gceantair thuile cuí nó inchosanta;
- Ba cheart an aird chuí a thabhairt i dtograí ar mholtaí agus ar fhorálacha na dtreoirlínte arna dtáirgeadh ag DoECLG agus ag Oifig na nOibreacha Poiblí d'Údaráis Áitiúla - 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuile – Treoirlínte

Grianghraf 22: Radharc d'Inis Muirígh/de Chathair Dhá Chon ón mBóthar Rochtana

Grianghraf 23: Radharc de Theach Chathair Dhá Chon atá suite cóngarach don Suíomh Forbartha Straitéisí



Suíomh Forbartha Straitéisí A: Inis Muirígh/Cathair Dhá Chon, Cill an Dísirt, Co. an Chláir

5.4.4.1

SUÍOMH FORBARTHA STRAITÉISÍ A: INIS MUIRÍGH/CATHAIR DHÁ CHON, CILL AN DÍSIRT, CO. AN CHLÁIR

Tá SDL Inis Muirígh/Chathair Dhá Chon suite den chuid is mó lasmuigh de theorainneacha forbartha Shráidbhaile Chill an Dísirt, Co. an Chláir, amach ó phríomhbhóthar an R473 ó Dhroichead an Chláir go Cill Rois ar chóstaí thuaidh an Inbhir agus tá rochtain air trí mhionbhóthar L-2132 (Grianghraif 22-23). Úsáidtear na tailte go príomha le haghaidh talmhaíochta agus cairéalachta, agus tá tairbhe á baint acu as ceadú pleanála i gcomhair mórthionscadal tionscail. Tá céanna ann cheana agus tá póca domhainmhara suite ar imeall an SDL lena gcuirtear acmhainneacht do thionscal muirí ar fáil. Coillearnach is ea cion suntasach de, agus cuireann sé sin agus an topagrafaíocht le chéile srian ar radhairc ón R473. Léirítear mionsonraí an SDL i bhFíor 5.3, Imleabhar III.

Ainmniúcháin

Tá an SDL suite laistigh de Chrios an Iardheiscirt in MWRPG, a léiríonn acmhainneacht d'fhás i saoráidí tráchtála/réigiúnacha, mar bhonn maidir le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach agus tionscal, fiontraíocht agus cultúr dúchasach. Léirítear sna Treoirlíne nach mór leas a bhaint as acmhainneacht an Inbhir, fiú ag suíomhanna lasmuigh de na Ionnaíochtaí atá ann cheana.

Tá an SDL suite cóngarach do ghréasán Natura 2000, lena n-áirítear SPA Inbhear na Sionainne agus an Fhorghais agus SAC na Sionainne Íochtaraí. Tá an tírdhreach óstach aicmithe mar Thírdhreach Oibríochta, lasmuigh d'ainmniúchán an Thírdhreacha Oidhreachta. Tá an bealach rochtana féideartha chuig na tailte ainmnithe mar Bhealach Scéimhe, agus tá Teach Chathair Dhá Chon ar an Taifead ar Struchtúir faoi Chosaint. Tá gnéithe oidhreacha aitheanta sa Taifead Séadchomhartha agus Áiteanna cóngarach dó, agus lena chois sin, léiríonn taifid acmhainneacht oidhreachta faoi uisce laistigh de na ceantair taoidmheara agus idirthaoidmheara, lena n-áirítear láithreacht coraí éisc.

Léirítear i sonraí an Réamh-mheasúnaithe Riosca Tuile a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí go bhfuil cion de na tailte seo (an Ché atá ann cheana) faoi réir riosca ó thuile chósta agus bháistiúil.

Sócmhainní

Tá acmhainneacht ag an SDL chun tionscal muirí a fhorbairt i ngeall ar:

- Suíomh atá faoi dhea-fhothain ina bhfuil cé cheana ina bhfuil rochtain dhíreach ar phóca mór domhainmhara atá faoi dhea-fhoscadh agus ina bhfuil an príomhbhealach loingseoireachta;
- Ceantar suntasach cúltíre ar fáil gar don R473;
- Léiríonn cuimsiú an MWRPG de na tailte i gCrios an Iardheiscirt acmhainneacht réadúil do thionscal muirí;
- Suíomh Straitéiseach ar an taobh eile den SDL ag Calafort Fhainge;
- Imeallbhord a forbraíodh roimhe seo mar thoradh ar cheadú pleanála atá fós ann i gcomhair forbairt shuntasach tionscail mhuirí (Shannon Explosives) inar gcuimsíodh Ordú maidir le Leagan Crann ar chion de na tailte.
- Deis maidir leis an mbonneagar muirí reatha a athfhorbairt agus a athúsáid ag na céanna atá ann cheana, rud a íoslaghdaíonn an tionchar comhshaoil féideartha;
- Tá claífoirt shuntasacha tuile i bhfeidhm;

Tá tús áite tugtha don SDL seo le haghaidh tionscal muirí, ach tá sé sainaitheanta chomh maith go bhfuil acmhainneacht forbartha ann maidir le Fóillíocht, Caitheamh Aimsir agus Turasóireacht Mhuirí chuí. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chun sineirgí a chruthú le tailte cóngarach do Theach Chathair Dhá Chon nó mar thionscal muirí ilúsáide, ag cuimsiú comhpháirteanna chun go bhféadfaí go bhfreastalófaí ar bheartanna Long Cúrsála, lena gcuirfí naisc turasóireachta ar fáil leis an turasóireacht níos leithne i gContae an Chláir agus Réigiún an Iarthair Láir.

Bearta Maolaithe

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 12, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30

Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	BFF MM 11, S MM 1, W MM 6, CFAQ MM 1,
L MM 1, SN MM 1-7, MRI MM 1-8,	

*Féach ar Thábla 3.21 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura chomh maith

Grianghraf 24: BSL Gob na Muine on Inbhear

Cumhainíonn Téacs an suíomh seo mar réitigh reatha, as na hacmhainní nádúrtha agus as an suíomh cóngarach do Chalafort Fhainge chun an acmhainneacht atá ann

Grianghraf 25 - Tancaer ag teacht isteach ag Gob na Muine



Suíomh Forbartha Straitéisí B: Gob na Muine agus tailte cóngaracha, Co. an Chláir

5.4.4.2

SUÍOMH FORBARTHA STRAITÉISÍ B: GOB NA MUINE AGUS TAILTE CÓNGARACHA, CO. AN CHLÁIR

Cuimsíonn an SDL seo talamh atá gar do Bhaile Chill Rois i gContae an Chláir. Tá mórstáisiún giniúna gual-adhainte BSL ann agus tá talamh agus imeallbhord tearcfhorbartha gar dó. Tá líon pócaí domhainmhara sa cheantar seo, agus sainaithníodh deis um acmhainn theicniúil fuinnimh taoide ann atá ar fáil lena thaiscéaladh. Léirítear an SDL i bhFíor 5.4, Imleabhar III.

Tá Stáisiún Giniúna Ghob na Muine faoi úinéireacht BSL agus á oibriú ag BSL (Grianghraf 24), agus tá láithreán oibriúcháin foriomlán 227 heicteár aige agus tá acmhainn suiteáilte 915MW aige. Mórmhol is ea an suíomh le leictreachas a tharchur, agus tá stáisiún Tarchuir 440 kV ann, atá nasctha le córas na hEangaí Náisiúnta. Is pointe bulcsholáthair é don réigiún chomh maith, agus is gné riachtanach é de chóras tarchuir mogallach BSL. Cuimsíonn an SDL talamh agus imeallbhord chomh maith atá cóngarach do Ghob na Muine, nach bhfuil faoi úinéireacht BSL.

Ainmniúcháin

Tá sé sainaitheanta i bPlean Forbartha Contae an Chláir go bhfuil an SDL suite laistigh den Tírdhreach Oibríochta, Ceantar Tuaithe atá faoi Bhrú Uirbeach Láidir agus atá cóngarach do Bhealach Scéime. Sainaithníodh go bhfuil sé inghlactha i bprionsabal le haghaidh Fuinneamh Gaoithe. Féachann an MWRPG le stádas na mórmhol fuinneamh a chosaint. Tá an SDL cóngarach don SAC agus don SPA, agus beidh gá tograí ar bith ar dócha go mbeadh tionchar suntasach acu ar a dtréithe cáilitheacha a Mheasúnú faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Suíomh Sraithe Uachtaraí SEVESO is ea saoráid BSL Ghob na Muine, i ngeall ar shubstaintí guaiseacha a bheith ann.

Sócmhainní

Is mol fuinnimh de thábhacht straitéiseach atá ann cheana é Gob na Muine i gcomhthéacs acmhainn agus slándáil soláthair trí éagsúlacht a chur ar fáil i soláthairtí breosla agus trí stóráil fuinnimh ríthábhachtach a chur ar fáil sa mhargadh fuinnimh domhanda. Tá gréasán línte cumhachta 400 kV, 220 kV agus 110 kV ag teacht uaidh, ar príomhghnéithe iad den ghréasán eangaí náisiúnta agus réigiúnach. Tá BSL tiomanta dá chion a chosaint i gcomhthéacs acmhainne, maidir le táirgeadh éifeachtach leictreachais agus slándáil/éagsúlacht soláthair a chinntiú amach anseo.

Rinneadh infheistíocht shuntasach cheana i mbonneagar muirí substaintiúil lena n-áirítear lamairne mór tráchtála ag a bhfuil an cumas freastal ar árthaí suas le 250,000 tona DWT agus 600,000 tona d'acmhainn stórála (Grianghraf 25). Is féidir deiseanna suntasacha forbartha a sheachadadh gan gá le mórghníomhaíocht dreidireachta. Tá sineirgí féideartha ann i gcomhair fhorbairt an tionscail mhuirí agus fuinnimh in-athnuaite, agus tá an acmhainneacht ann ilúsáidí a bhaint as an mbonneagar reatha.

Measann BSL go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis an suíomh maidir le slándáil soláthair fuinnimh ach tá an suíomh reatha teoranta agus lena leathnú bheadh gá leis an gceantar oibriúcháin a leathnú agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le saoráidí an lamairne a uasghrádú.

Tá an SDL gar do bhéal an Inbhir agus tá naisc iompair shármhaithe ann lena n-áirítear rochtain dhíreach ar thrácht farraige do sheachadtaí breosla lena gcinntear athsholáthar na gcúltacaí giniúna breosla cúltaca. Tá na tailte nasctha go maith leis an ngréasán bóithre reatha. Tá líon pócaí domhainmhara atá faoi dhea-fhothain sa cheantar seo, agus sainaithníodh deis um acmhainn theicniúil fuinnimh taoide ann atá ar fáil lena thaiscéaladh.

Bearta Maolaithe

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	BFF MM 12, W MM 7, L MM 2, MA MM 3, SN MM 1-7, MRI MM 1-8.

*Féach ar Thábla 3.20 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura chomh maith

Aithníodh an SDL seo le haghaidh tionscal muirí agus tugadh tús áite dó ina leith sin. Is iad na Cuspóirí Forbartha:

SIFP MRI 1.2.2

Suíomh Fuinnimh Straitéisigh Ghob na Muine

Ról agus feidhm BSL Ghob na Muine a chosaint mar phríomhspreagthóir d'fhás geilleagar sa Réigiún, agus a fhás inbhuanaithe, a leathnú oibriúcháin agus a éagsúlacht á spreagadh aige de réir na gcuspóirí fuinnimh náisiúnta agus réigiúnacha.

SIFP MRI 1.2.3

Tionscal Muirí Ghob na Muine

Forbairt tionscail mhuirí a thacú agus a éascú ar thailte cóngarach do Ghob na Muine, atá comhoiriúnach do phríomhúsáid an SDL seo, mar Shuíomh Fuinnimh Straitéisigh, faoi réir na gcritéar in SIFP MRI 1.2 a chomhlíonadh.

Grianghraf 26 - Oileán Fainge



Suíomh Forbartha Straitéisí C: Oileán Fainge, Faing, Co. Luimneach

5.4.4.3

SUÍOMH FORBARTHA STRAITÉISÍ C: OILEÁN FAINGE, FAING, CO. LUIMNEACH

Tá an SDL seo suite i gcroílár an Inbhir, cóngarach do Chalafort Fhainge agus Ionnaíocht Fhainge. Cuimsítear tailte droimneacha, limistéir choillearnaí ghéarchlaonta sa suíomh, chomh maith le líon tithe cónaithe agus lamairne tráchtála breosla. Tá an SDL suite gar don phríomhlána loingeas tráchtála agus tá sé ag críochantacht leis an bpríomhbhealach isteach i gCalafort Fhainge. Léirítear an SDL i bhFíor 5.5, Imleabhar III.

Ainmniúcháin

Tá na tailte seo neamhchriosaithe laistigh de Phlean Forbartha Contae Luimnigh, agus tá siad suite in aice le Faing, atá aitheanta mar Ionad Shraith 3 ar an gConair Iompair, sa Phlean Contae. Tosaíocht infheistíochta réigiúnaí faoin PFN is ea an SDL, cóngarach do Chalafort Fhainge a bhfuil tábhacht náisiúnta agus réigiúnach ag baint leis, agus tá sé aitheanta chomh maith mar Chalafort Shraith 1 faoi Bheartas Náisiúnta na gCalafort. Tá an SDL cuimsithe in ainmniúchán Limistéar Oidhreachta Nádúrtha agus tá sé ina chuid de SPA Inbhear na Sionainne agus an Fhorghais agus SAC na Sionainne Íochtaraí. Aithníodh líon mór struchtúr sa limistéar seo sa staidéar maidir le hoidhreacht fhéideartha faoi uisce.

Bunaithe ar shonraí an Réamh-mheasúnaithe Riosca Tuile a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí, tá cuid bheag den SDL faoi réir riosca ó thuile chósta.

Sócmhainní

Luíonn an SDL gar do shaoráidí domhainmhara agus tá an acmhainneacht aige saoráidí calafoirt faoi fhothain a sheachadadh de bhua an tsuímh ar an oileán, agus an fhothain bhreise atá soláthraithe ag an gceann tíre gar do Chalafort Fhainge.

Tá saoráidí bonneagair mhuirí ann cheana lena n-áirítear críochfort ola nach bhfuil in úsáid ina bhfuil cé mhór agus ardáin ar an taobh thuaidh den Oileán a d'fhéadfaí a uasghrádú chun críche tráchtála. Lena chois sin, d'fhéadfaí cé bheag agus fánán ar an taobh thoir thiar den oileán a uasghrádú chomh maith. Tá an cúltír a bheag nó a mhór saor ó fhorbairt agus d'fhéadfadh sé a bheith inúsáidte le roinnt oibreacha sibhialta.

Tá Oileán Fainge suite laistigh den Inbhear (Grianghraf 26), cóngarach do Chalafort Fhainge agus do Bhaile Fhainge, agus tá deiseanna suntasacha féideartha fostaíochta ann maidir le húsáidí an Chalafoirt atá ann cheana. Sainaithníodh roinnt príomhearnálacha fáis sa Chalafort a bhaineann le saoráidí bearta nua, bonneagar ar an gcósta agus an cumas freastal ar árthaí móra, chun freastal ar mhargaí níos leithne ar mhodh a bheidh éifeachtach agus iomaíoch. Is é an SDL seo ag Oileán Fainge an suíomh barrfheabhais atá ar fáil chun freastal ar na hárthaí Panamax 219 m laistigh den Chalafort de bharr na gaireachta do dhomhainmhuir, an phríomhlána loingis agus an chumais dul thart ar an gcalafort agus é a sheirbhísiú go sábháilte. Tá na tailte seo ina gcomhpháirt ríthábhachtach de réamhaisnéis fáis Chalafort Fhainge, agus ní mór iad a chosaint agus a choimeád mar shócmhainn ríthábhachtach Calafoirt.

Teastóidh uasghrádú a dhéanamh ar an lamairne tráchtála reatha chun freastal ar árthaí móra agus teastóidh roinnt oibreacha sibhialta chun na tailte a nascadh isteach i saoráidí an Chalafoirt atá ann cheana. Ní dhéantar oibreacha forbartha ach sa chuid thiar den oileán chun tionchar a leithéid d'oibreacha ar an timpeallacht nádúrtha a íoslaghdú.

Bearta Maolaithe

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	BFF MM 13, W MM 8, L MM 3, MA MM 4, SN MM 1-7, MRI MM 1-8

*Féach ar Thábla 3.21 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura chomh maith

Aithníodh an SDL seo le haghaidh tionscal muirí agus tugadh tús áite dó ina leith sin. Is iad na Cuspóirí Forbartha:

SIFP MRI 1.2.4

Tionscal Muirí Oileán Fainge

Forbairt inbhuanaithe na dtailte sin a éascú agus a chur chun cinn le haghaidh tionscal muirí ag Oileán Fainge, ag baint leas as an domhainmhuir atá ann, as an ngaireacht leis an bpríomhlána loingis tráchtála, agus as Calafort bunaithe Fhainge chun na deiseanna féideartha sa suíomh seo a chothú. Is dócha go nglacfar i bprionsabal le forbairtí calafoirt, nó na forbairtí a mheastar a bheith comhlántach nó comhoiriúnach leis an gCalafort cóngarach, faoi réir na gcritéar in SIFP MRI 1.2 a chomhlíonadh.

SIFP MRI 1.2.5

Nascacht le Calafort Fhainge

Tacú le forbairt inbhuanaithe nasc a bheidh suite go cuí agus a bheidh dea-dheartha idir Oileán Fainge agus Calafort Fhainge chun forbairt tionscail mhuirí

Grianghraf 27 - Calafort Fhainge ón N69 (1)

Grianghraf 28 - Calafort Fhainge.



Suíomh Forbartha Straitéisí D: Tailte ag Calafort Fhainge, Faing

5.4.4.4

SUÍOMH FORBARTHA STRAITÉISÍ D: TAILTE AG CALAFORT FHAINGE, FAING

Tá an SDL seo suite ar thailte Chalafort Fhainge, laistigh de Ionnaíochtaí Fhainge, agus feadh príomh-Chonair Iompair. Cuimsíonn an SDL tailte reatha an Chalafoirt, agus cuid den talamh atá criosaithe faoi láthair le haghaidh Oibríochtaí Calafoirt agus Úsáidí Tionsclaíocha (nach bhfuil forbartha den chuid is mó) laistigh de Phlean Forbartha Contae Luimnigh. Léirítear an SDL i bhFíor 5.6, Imleabhar III.

Tá rochtain sa suíomh ar phríomh-Bhóthar Rochtana an Chalafoirt agus ar Chonair Bhóthair Náisiúnta an N69 (Grianghraf 27), agus tá sé ar an dá thaobh de chonair an naisc iarnróid reatha idir Baile Fhainge agus Cathair Luimnigh, atá faoi chosaint laistigh den Phlean Forbartha Contae. Tá roinnt claífoirt tuile laistigh den chuid thiar den SDL cheana, feadh Ghóilín Bhaile Riobaird. Tá an Calafort féin á oibriú mar an phríomhshaoráid domhainmhara laistigh den Inbhear le haghaidh árthaí suas le 40,000dwt agus le 200 m ar fad. Tá spás thart ar 41,000 m2 de thrádstóráil ann faoi láthair laistigh den tsaoráid Chalafoirt atá ann cheana (Grianghraf 28).

Ainmniúcháin

Aithnítear calafoirt sa Phlean Forbartha Náisiúnta mar Thosaíocht Réigiúnach, agus dá bhrí sin is príomhsprioc iad i gcomhair infheistíocht chaipitiúil. Ritheadh an téama seo tríd an Straitéis Spáis Náisiúnta, agus leabaíodh é sa Phlean Contae do Luimneach agus i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Mheán-Iarthair (MWRPG). Tacaítear i gCuspóirí an Phlean Forbartha Contae ED 05 le leathnú an Chalafoirt trí fhorbairt thionsclaíoch, go háirithe chun freastal ar bheartlann dhomhain. Lena chois sin, aithnítear na naisc iarnróid fhéideartha ann isteach i gCathair Luimnigh agus níos faide ná sin, feadh Nasc Iarnróid reatha Luimnigh-Fhainge nach n-úsáidtear. Tá na tailte cóngarach do Limistéar Oidhreachta Nádúrtha, SPA Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais agus SAC na Sionainne Íochtaraí.

Bunaithe ar shonraí an Réamh-mheasúnaithe Riosca Tuile a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí, tá cuid mhór den SDL faoi réir riosca ó thuile chósta. Tá sé tuartha go nglacfar le húsáidí atá comhoiriúnach le huisce agus atá comhsheasmhach le gníomhaíocht a bhaineann leis an gCalafort sna suíomhanna seo.

Sócmhainní

Baineann an SDL seo leas suntasach as na saoráidí calafoirt atá ann cheana agus ón rochtain ar dhomhainmhuir. Sainaithníodh roinnt príomhearnálacha fáis i gCuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge a bhaineann le saoráidí bearta nua, bonneagar ar an gcósta agus an cumas freastal ar árthaí móra, chun freastal ar mhargaí níos leithne. Chun an fás sa bhonneagar muirí a chomhlánú, tá gá le fás comhthreomhar sa chúltír atá ar fáil do stóráil, trádstóráil agus úsáidí eile a bhaineann leis an gCalafort chomh maith. Tá sé seo ina dheis ríthábhachtach do Chalafort Fhainge (Grianghraf 29), agus tá sé ina phríomhshócmhainn i ndinimic fáis agus leathnú seicheamhach ghníomhaíocht an Chalafoirt, rud nach mór a chosaint agus a choimeád mar shócmhainn ríthábhachtach Chalafoirt. Príomhspreagthóir is ea an Calafort san Inbhear, agus tá an acmhainneacht aige tacú le feidhm na Tairsí agus í a fheabhsú.

Soláthraítear rochtain dhíreach sa suíomh feadh an N69, mar an phríomhchonair iompair, isteach ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta agus tá sé seo ríthábhachtach do ghluaiseacht éifeachtúil lastais chuig an gCalafort agus ón gCalafort. Soláthraíonn an gréasán iarnróid reatha deiseanna suntasacha maidir le héifeachtacht fheabhsaithe i ngluaiseachtaí lastais, córacha iompair, ag laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus ag cruthú margadh níos iomaíche d'úsáideoirí reatha an Chalafoirt agus d'úsáideoirí an Chalafoirt amach anseo.

Tá tús áite tugtha don SDL seo le haghaidh tionscal muirí. Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP MRI 1.2.6

Calafort Fhainge

Ról agus feidhm Chalafort Fhainge a chosaint mar phríomhspreagthóir straitéiseach um fhás geilleagrach agus mar phríomhshaoráid chalafort bulclasta domhainmhara ina dtairgtear na barainneachtaí scála is mó i slabhra soláthair bulclasta na hÉireann ag príomhthairseach i Réigiún an Mheán-Iarthair.

SIFP MRI 1.2.7

Leathnú Chalafort Fhainge

	MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainaithnite ag Eas Géitine agus Bearta Maolaithe de réir	SN MM 1-7, MPI MM 1-8, BFF MM 14, W MM 9, MA MM 5

Grianghraf 30 - An Bealach isteach chuig taiscéal Fhorbairt na Sionainne ag Eas Géitine



Suíomh Forbartha Straitéisí E: Eas Géitine, Co. Luimnigh

5.4.4.5

SUÍOMH FORBARTHA STRAITÉISÍ E: EAS GÉITINE, CO. LUIMNIGH

Cuimsíonn an SDL talamh talmhaíochta atá measartha réidh, suite lasmuigh de theorainneacha forbartha Eas Géitine, feadh chonair Iompair an N69. Cuimsíonn an SDL cúlsoláthar talún iomlán Fhorbairt na Sionainne, nach bhfuil forbartha den chuid is mó, agus atá criosaithe faoi láthair le haghaidh úsáidí tionsclaíocha agus fostaíochta agus a chorpraíonn tailte tadhlacha arna n-áitiú ag Pfizer Pharmaceuticals atá bunaithe mar phríomhsholáthraí tionscail sa cheantar chomh maith. Léirítear an SDL i bhFíor 5.7, Imleabhar III.

Ainmniúcháin
Sainaithníodh tailte Fhorbairt na Sionainne mar chriosú tionsclaíochta agus fostaíochta straitéisí i bPlean Forbartha Contae Luimnigh agus déantar na tailte seo a chosaint i gCuspóir ED 04 chun tionscal agus fiontraíocht lena bhfuil tábhacht réigiúnach a bhunú.

Léirítear i sonraí an Réamh-mheasúnaithe Riosca Tuile a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí go bhféadfadh sé go mbeadh cuid bheag den SDL (is é sin an Ché atá ann cheana) faoi réir riosca ó thuile bháistiúil.

Tá Limistéar Oidhreachta Nádúrtha a bheartaítear lonnaithe in aice leis na tailte seo. Tá an SDL suite cóngarach do ghréasán Natura 2000, lena n-áirítear SPA Inbhear na Sionainne agus an Fhorghais agus SAC na Sionainne Íochtaraí.

Sócmhainní
Tá sé sainaitheanta in MWRPG, in MWASP agus i bPlean Forbartha Contae Luimnigh go bhfuil an suíomh suite i suíomh straitéiseach feadh an N69, an-ghar do Chathair Luimnigh agus do Chalafort Fhainge. Tá sineirgí féideartha aitheanta idir Calafort Fhainge agus Suíomh Forbartha Straitéisí Eas Géitine, mar shuíomh cianda d'fhorbairt chalafoirt (mhuirí). Maidir le forbairt ag an suíomh seo, is cosúil go mbeidh gá le tuilleadh uasghráduithe a dhéanamh ar chonair iompair an N69 atá faofa ag an NRA agus atá fógartha ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tá an príomhbhonneagar rochtana agus seirbhíse inmheánaí curtha ar fáil cheana laistigh den suíomh.

Tá na tailte ag Eas Géitine á gcur chun cinn agus á gcur ar an margadh ag GFT Éireann agus ag Forbairt na Sionainne araon d'infheisteoirí féideartha mar shuíomh forbartha straitéisí agus tá siad ag obair go dlúth lena chéile chun comhchur chuige pleanála a fhorbairt (Grianghraf 30).
Tá SDL Eas Géitine aitheanta ag SIFP mar thalamh thionsclaíoch straitéiseach, mar a thagann an tosaíocht forbartha le cuspóir Phlean Forbartha Contae Luimnigh na tailte a chosaint chun tionscal agus fiontraíocht lena bhfuil tábhacht réigiúnach a bhunú. Aithníonn an SIFP chomh maith go bhféadfadh na tailte sin a bheith oiriúnach mar shuíomh cianda d'fhorbairt Calafoirt/mhuirí agus féachann sé le forbairt den sórt sin a spreagadh sa chás go bhfuil sé comhsheasmhach leis na critéir i gCuspóir Beartais SIFP MRI 1.2.

Is é an cuspóir forbartha:

SIFP IND 1.2.8

Tailte Tionsclaíocha Eas Géitine

Tacú le cosaint leanúnach na dtailte tionsclaíocha ag Eas Géitine chun freastal ar fhorais mhóra lena bhfuil tábhacht réigiúnach, agus forbairt mórthionscadal inbhuanaithe, go háirithe, a spreagadh sa chás go gcomhlánaíonn siad cuspóirí foriomlána an SIFP. Beidh forbairt mhuirí faoi réir na gcritéar i gCuspóir SIFP MRI 1.2 a chomhlíonadh.

Bearta Maolaithe

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	SN MM 1-7, MRI MM 1-8, BFF MM 15, PHH MM 3, S MM 2, W MM 10, CFAQ MM 2, ACH MM 1, L MM 4, L MM 4, MA MM6

*Féach ar Thábla 3.23 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura chomh maith



Grianghraf 31 - Lamairne ag Aughinish Alumina Ltd

Grianghraf 32 - Aughinish Alumina Ltd



Suíomh Forbartha Straitéisí F: Eachinis, Co. Luimnigh

5.4.4.6

SUÍOMH FORBARTHA STRAITÉISÍ F: EACHINIS, CO. LUIMNIGH

Cuimsíonn an Suíomh Forbartha Straitéisí ag Eachinis oibríochtaí reatha Aughinish Alumina Ltd, agus léirítear é i bhFíor 5.8, Imleabhar III.

Is é Aughinish Alumina an scaglann alúmana is mó san Eoraip agus an scaglann is mó de na saoráidí alúmana a oibríonn UC RUSAL (Grianghraf 32). Rinneadh an Mhonarcha a thógáil agus a chur i bhfeidhm i dtús na 1980idí agus bhí acmhainn tosaigh thart ar 800,000 tona in aghaidh na bliana aige agus 700 duine fostaithe ann. Iompórtálann sé báicsít ón Afraic Thiar agus ón mBrasaíl chun í a phróiseáil go halúmama, agus déantar é a easpórtáil ansin. Tá acmhainn bhliantúlaithe reatha na monarcha cothrom le 6.5 milliún tona lasta sa lá atá inniu ann agus áirítear air sin easpórtáil hiodráit alúmana trí Chalafort Fhainge. Faightear rochtain ar an tsaoráid trí phríomhbhóthar rochtana, trí Bhealach Náisiúnta an N69. Inniu, agus tá fad lamairne domhainmhara reatha 285 m (seachtrach) ann. Inniu, tá acmhainn 1.95 milliún tona ag an ngléasra agus tá 450 duine fostaithe ann, mar aon le 150 fostaí conartha cothabhála agus suiteála. Tá gá le dreidireacht chothabhála a dhéanamh anois agus arís chun an siolta a bhaint. Tá an tsaoráid faoi réir rialuithe IPPC faoi láthair.

Ainmniúcháin

Forbairt tionscail bhunaithe atá sna tailte, nach bhfuil criosaithe faoi láthair i bPlean Forbartha Contae Luimnigh. Cuirtear coimeád, cosaint agus cur chun cinn na forbartha tionsclaíche chun cinn go gníomhach sa Straitéis Spáis Náisiúnta, in MWRPG agus in MWASP. Taispeántar é mar limistéar baile fearainn atá ar oscailt lena bhreithniú i gcomhair forbairt fuinneamh gaoithe. Bunaithe ar shonraí an Réamh-mheasúnaithe Riosca Tuile a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí, tá cuid mhór den limistéar faoi réir riosca ó thuile chósta – tá claífoirt tuile in situ faoi láthair, áfach, feadh a theorann le Góilín Bhaile Riobaird. Tá codanna de na tailte cuimsithe mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a bheartaítear, agus luíonn an SDL cóngarach don SAC agus don SPA.

Sócmhainní

Cuimsíonn an SDL ionad tionscail dea-bhunaithe straitéiseach ina bhfuil tuilleadh fáis sa phríomhthionscal tuartha. Is dócha go gcuimseoidh sé sin an leathnú féideartha ar na saoráidí beart domhainmhara atá ann cheana, chun tairbhe a bhaint as an acmhainneacht le haghaidh árthaí níos mó agus an innealra lódála a uasghrádú. Tá cúltíortha an SDL measartha réidh agus tá rochtain mhaith acu ar an N69, agus tá siad ar an dá thaobh de chonair ghréasán iarnróid Luimnigh-Fhainge atá ann cheana. Tá an limistéar nasctha trí líne speire le Príomhlíne Fháinneach Gáis Nádúrtha Bhord Gáis, agus tá sé nasctha leis an ngréasán tarchuir leictreachais 110kV agus tá roinnt fostáisiún suite ar an suíomh. Tá cead an fhorbairt thionsclaíoch reatha a leathnú ó dheas, agus tá deiseanna á lorg ina leith faoi láthair chun táirgeadh agus an acmhainn stórála a mhéadú. Tá sé réamh-mheasta go gcoinneofar an tsaoráid alúmana mar mhonarcha shuntasach thionsclaíoch oibre go ceann i bhfad, lena nginfear a lán ranníocaíochtaí agus fostaíochta don gheilleagar áitiúil agus réigiúnach.

Le blianta beaga anuas, forbraíodh saoráid Teasa is Cumhachta sa tsaoráid, óna soláthraítear fuinneamh srutha don phróiseas tionsclaíoch agus óna bhfothaítear leictreachas isteach san Eangach Náisiúnta.

Aithníonn an SIFP Eachinis mar Shuíomh Forbartha Straitéisí. Baineann sé leas as an mórshaoráidí bearta atá ann cheana agus mar sin tá sé oiriúnach le haghaidh forbairt tionscail mhuirí amach anseo (Grianghraf 31). Tá fás leanúnach tuartha lena n-áirítear leathnú ar na saoráidí bearta atá ann cheana agus éifeachtúlacht aschuir níos fearr.

Bearta Maolaithe

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	SN MM 1-7, MRI 1-8, BFF MM 16, W MM 11, PHH MM 4, S MM 3, CFAQ MM 3, MA MM7

*Féach ar Thábla 3.24 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura chomh maith

Tá tús áite tugtha don Suíomh Forbartha Straitéisí seo le haghaidh tionscal muirí. Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP MRI 1.2.9

Aughinish Alumina

Ról agus feidhm Aughinish Alumina a chosaint mar phríomhspreagthóir d'fhás geilleagar sa réigiún, agus a fhás inbhuanaithe, a leathnú agus a éagsúlacht á spreagadh aige chun acmhainneacht trádála níos mó agus níos iomaíche a éascú.

Grianghraf 33 - Monarcha Cumhachta Thairbhirt, Tairbeart

SIFP MRI 1.2.10

Tionscal Muirí Eachinse

Tacú le forbairt inbhuanaithe tionscail mhuirí agus í a éascú ar talamh laistigh den Suíomh Forbartha Straitéisí seo, a chothaíonn acmhainneacht na domhainmhara, cúltíre móire agus an bhonneagair reatha. D'fhéadfadh sé go mbeadh úsáidí talún inbhuanaithe eile inghlactha sa chás go meastar go bhfuil siad comhoiriúnach nó comhlántach leis an leibhéal riosca tuile agus sa chás nach ndéanfar dochar don chumas an phríomhúsáid (tionscal muirí) a sheachadadh. Beidh an fhorbairt faoi réir na gcritéar i gCuspóir SIFP MRI 1.2 a chomhlíonadh.

Grianghraf 34 - Bád Farantóireachta na Sionainne ag Tairbeart



Suíomh Forbartha Straitéisí G: Monarcha Cumhachta Thairbirt, Tairbeart, Contae Chiarraí

5.4.4.7

SUÍOMH FORBARTHA STRAITÉISÍ G: MONARCHA CUMHACHTA THAIRBIRT, TAIRBEART, CONTAE CHIARRAÍ

Cuimsíonn an SDL an Mhonarcha Cumhachta reatha ag Tairbeart, lena n-áirítear tailte straitéiseacha NORA. Léirítear an Suíomh Forbartha Straitéisí i bhFíor 5.9, Imleabhar III.

Cuimsíonn Monarcha Cumhachta Thairbhirt mórstáisiún giniúna leictreachais a fheidhmíonn ar ola bhreosla throm, agus ag a bhfuil aschur rátáilte 590MW (Grianghraf 33). Déantar an ola a iompórtáil trí thancaer ola san Inbhear chun freastal ar an monarcha cumhachta ola-adhainte. Tá léas 25 bliana faighte ag an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) maidir le ceithre umar mhóra tearcúsáidte díreach lasmuigh de phríomhshaoráid an oileáin, chun cúltacaí náisiúnta díosail agus ceirisín a stóráil.

Tá an tsaoráid i ndiaidh cead pleanála a fháil le haghaidh gástuirbín comh-thimthrialla, a chuirfear i gcrích ina dhá chéim. Tacóidh Céim 1 de na tograí leis an Eangach i gcomhthéacs an mhéadaithe ar an bhfuinneamh gaoithe dóchúil agus idirnascann Céim 2 leis an uasghrádú sa limistéar faoin tionscadal Grid25. Féachtar sa tionscadal seo le soláthar leictreachais a fháil agus gréasán láidir giniúna fuinnimh a chruthú, le cois leas a bhaint as an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil, feidhmíocht sholúbtha, éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach agus na tionchair ar an gcomhshaoil a laghdú.

Ainmniúcháin

Tacaíonn an Straitéis Spáis Náisiúnta agus Treoirlínte Réigiúnacha an Iardheiscirt le príomhacht Mhonarcha Cumhachta Thairbhirt mar phríomhacmhainn fuinnimh don réigiún ina iomláine. Tacaíonn Plean Forbartha Chontae Chiarraí le huasghrádú agus cur chun cinn an ghréasáin leictreachais agus dearbhaíonn sé go bhfuil an suíomh seo ar oscailt lena bhreithniú le haghaidh fuinneamh gaoithe. SDL Sraithe Uachtaraí SEVESO is ea Monarcha Cumhachta Thairbirt i ngeall ar shubstaintí guaiseacha a bheith ann. SDL Sraithe Uachtaraí SEVESO is ea Cúltaca Ola Straitéiseach NORA chomh maith. Bunaithe ar shonraí an Réamh-mheasúnaithe Riosca Tuile a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí, tá cuid mhór de na tailte sin faoi réir riosca ó thuile chósta. Tá an SDL suite cóngarach don SAC agus don SPA, agus i ngaireacht an Limistéir Oidhreachta Nádúrtha ag Bá Thairbirt

Sócmhainní

Cuimsíonn an SDL suíomh tionsclaíoch agus fuinnimh straitéiseach dea-bhunaithe agus tá acmhainneacht ann éagsúlú ón tionscal ola bhreosla throm go teicneolaíochtaí glana a sheachadann athúsáid inbhuanaithe talún a forbraíodh roimhe seo, rud a chuireann méid inmharthana leis na spriocanna fuinnimh réigiúnacha agus náisiúnta.

Sócmhainn straitéiseach eile is ea an stóráil shuntasach cúltacaí ola ag an suíomh seo, rud a dhearbhaíonn an tábhacht a bhaineann leis an SDL i gcomhthéacs náisiúnta. Cuirtear fíordheis i láthair leis an leibhéal nascachta atá ann leis an ngréasán eangaí reatha mar aon le sineirgí ag BSL Ghob na Muine, agus an leathnú ar an ngréasán gáis nádúrtha ón togra um Ghástuirbín Comh-thriallta agus ón togra cóngarach don tsaoráid GNL. Lena chois sin, is príomhnasc iompair é Tairbeart le Bád Farantóireachta na Sionainne, nár cheart do thograí forbartha amach anseo ag an suíomh seo dochar a dhéanamh de (Grianghraf 34).

Aithníodh an SDL seo le haghaidh tionscal muirí agus tugadh tús áite dó ina leith sin. Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP MRI 1.2.11

SDL Straitéiseach Fuinnimh Thairbhirt

Ról agus feidhm Mhol na Monarchan Cumhachta ag Tairbeart, lena n-áirítear Gléasra Cúltacaí Ola Straitéiseacha NORA, a chosaint mar phríomhspreagthóir d'fhás geilleagar sa Réigiún, agus a fhás inbhuanaithe agus a éagsúlacht á spreagadh aige de réir na gcuspóirí Fuinnimh Náisiúnta agus Réigiúnacha.

SIFP MRI 1.2.12

Tionscal Muirí Thairbirt

Forbairt inbhuanaithe tionscail mhuirí a éascú agus a chur chun cinn ag an Suíomh Forbartha Straitéisí seo, ag cothú acmhainneacht na domhainmhara, cúltíre móire agus an bhonneagair reatha. Beidh gá a léiriú i

Grianghraf 35 - Cúlsoláthar Talún Thairbirt-Bhéal Átha Longfoirt



Suíomh Forbartha Straitéisí H: Cúlsoláthar Talún Thairbirt-Bhéal Átha Longfoirt, Baile Átha Longfoirt

5.4.4.8

SUÍOMH FORBARTHA STRAITÉISÍ H: CÚLSOLÁTHAR TALÚN THAIRBIRT-BHÉAL ÁTHA LONGFOIRT, BÉAL ÁTHA LONGFOIRT

An Suíomh Forbartha Straitéisí ag Cúlsoláthar Talún Thairbirt-Bhéal Átha Longfoirt, cóngarach do Bhá Bhaile Átha Longfoirt. Léirítear an SDL i bhFíor 5.10, Imleabhar III. Cuimsíonn an suíomh seo cuid shuntasach de na tailte atá criosaithe faoi láthair d'úsáid tionscail laistigh de Phlean Forbartha Chontae Chiarraí, lena n-áirítear cuid dá bhfuil cead pleanála ar fáil i gcomhair Críochfort GNL mór.

Ainmniúcháin

Aithnítear an cúlsoláthar talún sa Straitéis Spáis Náisiúnta agus i dTreoirlínte Réigiúnacha Pleanála an Iardheiscirt mar shuíomh forbartha straitéisí bunaithe ar acmhainní uathúla na saoráidí domhainmhara, á thabhairt chun suntais mar limistéar ina bhfuil acmhainneacht shuntasach maidir le forbairt amach anseo agus mar shócmhainn don Réigiún. Tá 398 heicteár talún criosaithe i bPlean Forbartha Chontae Chiarraí maidir le forbairt thionsclaíoch laistigh den suíomh seo (Grianghraf 35). Sonraítear ann chomh maith go mbeidh an mhonarcha GNL atá beartaithe ina thionscadal réigiúnach suntasach a fheidhmeoidh mar chatalaíoch maidir le tuilleadh forbairt thionsclaíoch ag an suíomh seo amach anseo. Tá sé beartaithe le leathnú an mhargaidh gáis nádúrtha agus leis an mbonneagar dáilte gréasáin leictreachais reatha atá i bhfeidhm cheana an limistéar a fhorbairt ar mhodh inbhuanaithe mar mhol giniúna cumhachta laistigh den réigiún.

Aithnítear an N69 mar bhóthar lena bhfuil tábhacht straitéiseach maidir le Cúlsoláthar Talún Thairbirt-Bhéal Átha Longfoirt agus an Chathair Tairsí a nascadh. Tá an SDL suite cóngarach don SAC agus don SPA.

Bunaithe ar shonraí an Réamh-mheasúnaithe Riosca Tuile a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí, tá cuid bheag den SDL faoi réir riosca ó thuile chósta.

Sócmhainní

Luíonn na tailte ag an suíomh seo cóngarach d'acmhainn shuntasach domhainmhara atá faoi dhea-fhothain ar Inbhear na Sionainne gar don N69. Cuimsíonn na tailte cúltír forbartha shuntasach cóngarach don acmhainn domhainmhara gar do sholáthar cumhachta gáis nádúrtha agus leictreachais atá réidh agus iontaofa.

Aithníodh an SDL seo le haghaidh tionscal muirí agus tugadh tús áite dó ina leith sin. Tairgeann an suíomh acmhainneacht shuntasach maidir le forbairt amach anseo, agus an GNL ag gníomhú mar chatalaíoch le haghaidh tuilleadh forbairt thionsclaíoch ag an suíomh seo amach anseo. Le leathnú an mhargaidh gáis nádúrtha agus leis an mbonneagar dáilte gréasáin leictreachais reatha atá i bhfeidhm tá an SDL oiriúnach d'fhorbairt ar mhodh inbhuanaithe mar ionad giniúna cumhachta don réigiún.

Is iad na Cuspóirí Forbartha:

SIFP MRI 1.2.13

Tionscal Muirí Chúlsoláthar Talún Thairbirt-Bhéal Átha Longfoirt

Forbairt inbhuanaithe na dtailte sin a chur chun cinn agus a éascú le haghaidh tionscal muirí, ag baint leasa as an domhainmhuir atá ann, as an mbonneagar reatha, as na hacmhainní nádúrtha agus as an suíomh taobh leis an uisce chun acmhainneacht an tSuímh Straitéisigh seo a chothú. Lena chois sin spreagfar tograí malartacha maidir le forbairt thionsclaíoch ghinearálta, atá comhoiriúnach nó comhlántach le tionscal muirí, leis na leibhéal riosca tuile, agus na cinn ina gcruthaítear sineirge le húsáidí reatha, agus a chuireann le forbairt mol fuinnimh straitéisigh ag an suíomh seo. Beidh an fhorbairt faoi réir na gcritéar i gCuspóir SIFP MRI 1.2 a chomhlíonadh.

Bearta Maolaithe

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30

Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	SN MM 1-7, MRI MM 1-8, BFF MM 18, S MM 5, W MM 13, CFAQ MM 5, ACH MM 2, L MM 5, MA MM 8

*Féach ar Thábla 3.26 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura chomh maith

Grianghraf 36 - Dugaí Ted Russell, Cathair Luimnigh

Grianghraf 37 - Dugaí Luimnigh mar Chalafort oibre



Suíomh Forbartha Straitéisí I: Dugaí Luimnigh agus tailte cóngaracha, Cathair Luimnigh

5.4.4.9

SUÍOMH FORBARTHA STRAITÉISÍ I: DUGAÍ LUIMNIGH AGUS TAILTE CÓNGARACHA, CATHAIR LUIMNIGH

Cuimsíonn an Suíomh Forbartha Straitéisí seo limistéar Dhugaí Luimnigh, chomh maith le tailte tionsclaíocha cóngaracha. Tá Dugaí Luimnigh bunaithe le fada mar chuid de limistéar oibriúcháin Chuideachta Calafoirt na Sionainne-Fhainge, ina gcuimsítear go príomha saoráid láimhsithe lasta ghinearálta le haghaidh aschuir gnó talmhaíochta, lasta a bhaineann le fuinneamh, agus easpórtáil nithe athchúrsála, mar aon le raon saoráidí trádstórála agus stórála, atá scaipthe thar 11ha talamh oibriúcháin. Is é raon aonad tionsclaíoch agus gnó laistigh de Pháirc Ghnó Chorcach an Rí, trádstóráil, ceannaithe tógála, agus seomraí taispeántais carranna is mó atá sna tailte cóngarach do na Dugaí. Tá rochtain dhíreach ag an SDL ag líon suíomhanna isteach ar Bhóthar an Duga, a chuireann rochtain ar fáil isteach ar an mótarbhealach agus ar Chonair an Atlantaigh, trí Thollán Luimnigh. Léirítear an SDL i bhFíor 5.11, Imleabhar III.

Ainmniúcháin

Tá na Dugaí atá ann cheana tugtha chun suntais mar phríomhbhonneagar iompair laistigh den Chathair i gcomhthéacs loingis ghearrthurais, laistigh de Phlean Chathair Luimnigh 2010-2016 (an plean reatha), agus tá sé mar aidhm leis na cuspóirí atá beartaithe na Dugaí a chosaint mar mhol lóistíochta. Aithnítear Cathair Luimnigh sa Straitéis Spáis Náisiúnta mar chuid de Thairseach Luimnigh-na Sionainne, agus dá bhrí sin is fócas é maidir le hinfheistíocht, bonneagar agus fostaíocht, a dtacaítear leis i dTreoirlínte Réigiúnacha an Mheán-Iarthair.

Tá na tailte ag críochantacht le Limistéar Oidhreachta Nádúrtha, cuid bheag de SPA Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais agus SAC na Sionainne Íochtaraí. Tá ceithre struchtúr liostaithe ar an Taifead ar Struchtúir faoi Chosaint, agus tá an SLD ag críochantacht leis an N69 atá aitheanta i gcomhair Feabhsúcháin Bhóthair.

Cuimsíonn an SDL seo tailte atá aitheanta laistigh de Chrios Tuile A. Comhlánaíodh é sin le míonna beaga anuas le foilsiú an Réamh-mheasúnaithe Riosca Tuile le hOifig na nOibreacha Poiblí a léirigh go bhfuil na tailte seo i mbaol tuile chósta go háirithe. Léiríodh Cathair Luimnigh mar Limistéar Measúnaithe Bhreise laistigh de Staidéar CFRAManna na Sionainne.

Cuimsíonn an Suíomh Forbartha Straitéisí seo talamh atá criosaithe faoi láthair d'úsáidí ilchineálacha, agus is é an cuspóir úsáidí fostaíochta agus cónaithe a chur chun cinn. Léirítear i léarscáileanna criosaithe na Cathrach chomh maith go bhfuil dhá ainmniúchán SEVESO laistigh de na tailte seo.

Sainaithnítear Dugaí Luimnigh agus na tailte cóngaracha i bPlean Forbartha Chathair Luimnigh mar shócmhainn tearcúsáidte maidir le forbairt gheilleagrach amach seo, ní amháin na Cathrach, ach an Réigiúin chomh maith. Tacaíonn an Plean leis an gcalafort atá ann cheana a choimeád agus mol fostaíochta agus cónaithe a fhorbairt le Beartas (Beartas EDS.3) chun forbairt inbhuanaithe Dhugaí Luimnigh mar Shuíomh Fostaíochta Straitéisí laistigh den Chathair a éascú (Grianghraf 36).

Sócmhainní

Tá an Suíomh Forbartha Straitéisí seo nasctha le saoráid chalafoirt atá bunaithe le fada ag a bhfuil an acmhainneacht tuilleadh fostaíochta a chur ar fáil. Meastar go bhfuil an Calafort oibre laistigh den Chathair ina mhórshócmhainn laistigh den Chathair agus den Réigiún mórthimpeall, agus ina phríomhphointe rochtana iompair isteach in Inbhear na Sionainne, a éascaíonn iompórtálacha agus easpórtálacha, fás geilleagrach agus fostaíocht, a thrádálfar ón gCathair go díreach ar na margaí domhanda.

Is leor na saoráidí bearta reatha ag an gCalafort fós de réir na bpatrún trádála reatha agus riachtanais úsáideoirí an Chalafoirt, agus is féidir acmhainn stórála bhreise a sholáthar laistigh den limistéar oibriúcháin reatha. Maidir leis sin, níl gá le leathnú suntasach ar bith ar na tailte oibriúcháin chun críche an Chalafoirt, ach tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfar cumas na n-oibríochtaí Calafoirt oibrithe (Grianghraf 37).

Le láithreacht an bhonneagair mhuirí agus an bhealaigh trádála ag an gCalafort, tá an deis ann úsáidí comhlántacha a mhealladh chuig na tailte cóngaracha, atá bunaithe cheana mar thailte tionsclaíocha. Mar aon leis na naisc iompair feadh Bhóthar an Duga isteach sa Chathair agus amach aisti, tá an inrochtaineacht fheabhsaithe ar an iompar agus iarnród réigiúnach chuig an gcuid eile d'Éirinn, ina tairbhe shuntasach d'infheisteoirí féideartha

atá ag lorg deiseanna nua. Tá deiseanna sineirgisteacha ann nascadh isteach ar an ngeilleagar eolais atá ag fás laistigh den Tairseach.

Bearta Maolaithe

Beart Maolaithe	**Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)***
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	SN MM 1-7, MRI MM 1-8, BFF MM 19, PHH MM 6, S MM 6, W MM 14, CFAQ MM 6, ACH MM 3, L MM 6.

*Féach ar Thábla 3.27 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura chomh maith

Tá SDL Dhugaí Luimnigh aitheanta ag SIFP mar shuíomh fostaíochta straitéisí, sa chás go dtagann an tosaíocht forbartha le cuspóirí Phlean Forbartha Cathrach Luimnigh coimeád an chalafoirt a chosaint agus forbairt úsáidí ilchineálacha ginearálta inbhuanaithe a chur chun cinn. Aithníonn an SIFP chomh maith go bhfuil na tailte sin oiriúnach d'fhorbairt Calafoirt/mhuirí agus féachann sé le forbairt den sórt sin a spreagadh sa chás go bhfuil sé comhsheasmhach leis na critéir i gCuspóir Beartais SIFP MRI 1.2.

SIFP MU 1.2.14

Suíomh Straitéiseach

Forbairt gheilleagrach inbhuanaithe Dhugaí Luimnigh agus na dtailte cóngaracha a chur chun cinn, mar shócmhainn tearcúsáidte laistigh den Chathair agus den réigiún i gcoitinne, trí fhorbairt suíomh fostaíochta straitéisí agus mol cónaithe a éascú, agus tacú leis an gCalafort atá ann cheana a choimeád.

SIFP MU 1.2.15

Úsáid Ilchineálach Ghinearálta

Forbairt úsáidí ilchineálacha a chur chun cinn a fhreastalaíonn ar limistéar níos mó ná a dhobharcheantar láithreach, agus a chinntiú go gcruthófar limistéar uirbeach bríomhar agus inbhuanaithe.

SIFP MU 1.2.16

Dugaí Luimnigh

Ról agus feidhm Dhugaí Luimnigh a chosaint mar Shaoráid Chalafoirt oibre agus mar phríomhspreagthóir d'fhás geilleagrach laistigh den Inbhear, den Tairseach agus de Réigiún an Mheán-Iarthair.

SIFP MU 1.2.17

Oibríochtaí ag Dugaí Luimnigh

Tacú le hOibríochtaí leanúnacha an Chalafoirt agus iad a éascú, chomh maith le forbairt inbhuanaithe Dhugaí Luimnigh agus na dtailte cóngaracha, agus tacú le héagsúlú agus athúsáid tailte nach meastar iad mar phríomhshócmhainní Calafoirt le haghaidh úsáidí comhlántacha, comhoiriúnacha agus inbhuanaithe, rud a thagann go cuí leis an leibhéal riosca tuile, agus a chinntíonn nach ndéantar dochar d'oibríochtaí foriomlána an Chalafoirt. Beidh forbairt mhuirí faoi réir na gcritéar i gCuspóir SIFP MRI 1.2 a chomhlíonadh.

5.4.5 SEIRBHÍSÍ & NAISC IOMPAIR

Ar cheann de na príomhghnéithe maidir le suíomh infheistíochta tarraingteach le haghaidh tionscal muirí tá stóinseacht an iompair intíre, an rochtain, na naisc, an nascacht, agus na deiseanna córacha iompair níos inbhuanaithe a chuimsiú mar chuid d'fhorbairtí móra. Faoi threoir an PFN, rinneadh infheistíocht shuntasach sa bhonneagar straitéiseach bóithre, go háirithe laistigh de na Tairseacha agus na Moil. Cuireann na mótarbhealaí go dtí ceantair Bhaile Átha Cliath agus Chonair an Atlantaigh naisc ríthábhachtacha ar fáil idir nóid forbartha réigiúnaí, agus cumasaíonn siad bonn láidir bonneagair le haghaidh gníomhaíocht gheilleagrach. Tá sé fíorthábhachtach go ndéanfar an gréasán straitéiseach bóithre a fhreastalaíonn ar an Inbhear a chosaint ó fhorbairt mhíchuí ar bith a dhéanfadh dochar dá phríomhfheidhm, agus dá chumas freastal ar an Tairseach, ar na Calafoirt, ar na Ionnaíochtaí agus ar na pobail i gcoitinne atá ann cheana.

Tá an caidreamh idir na Calafoirt, saoráidí cois cladaigh agus infhaighteacht gréasán iompair ardchaighdeáin sa chúltír riachtanach anois in iomaíochas sna calafoirt. Braitheann an trádáil dhomhanda ar thairseacha agus ar a n-iomaíochas muirí agus intíre. Ós rud é go bhfuil infheistíochtaí bonneagair tábhachtach le coinneáil suas le hionchais i bhfás tráchta chomh maith le riachtanais feidhmíochta reatha, múnlaíonn an chúltír an acmhainneacht fáis trí thrácht ancaireachta agus trí rothlach lasta a thairiscint maidir le sreabhadh gabhdán isteach agus amach. Ba bheart dearfach a bhí san fheabhas ar an nasc bóithre trí thionscnamh Chonair an Atlantaigh idir Tairseacha in Éirinn i gcomhthéacs feabhas a chur ar nascacht agus iomaíochas cúltíre.

Tá sé suntasach gur aithníodh Calafort Fhainge mar Chalafort Chatagóir A sa Ghréasán Tras-Eorpach Iompartha (Ten-T). Léirítear sa tuarascáil go n-imríonn na Calafoirt seo, lena mbaineann toirt iomlán bhliantúil de <1.5 milliún tona lastais nó 200,000 paisinéir nasctha le gnéithe os cionn talún an ghréasáin Tras-Eorpaigh Iompartha, ról mór in iompar muirí idirnáisiúnta. Ba cheart leas a bhaint as sin, agus cuirtear sprioc chun cinn i dtuarascáil ina dhiaidh i bpáipéar Bán an AE 'Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair' maidir le haistriú modúil i lastas iompair a spreagadh trí iompar ar uisce in iarracht astaíochtaí ceaptha teasa a laghdú, agus naisc chuig gach lasta iarnróid a chur chun cinn chun feabhas a chur ar nascacht.

Maidir leis seo thug an NRA treoir do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh dul ar aghaidh leis an Scéim um Mórfheabhsúchán Bóithre ó Fhaing go Luimneach. Dá bhrí sin d'fhógair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh scéim mór-uasghrádaithe le déanaí don N69 a nascann Calafort Fhainge leis an M7/N18 ag Luimneach. Tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh bóthar ardchaighdeáin rochtain fheabhsaithe ar an gCalafort a chur ar fáil agus tacaíocht a thabhairt do leathnú beartaithe a chumais agus a úsáide arna léiriú i mBeartas Náisiúnta na gCalafort 2013. Tá sé riachtanach chomh maith athbhunú na líne iarnróid a bhí ag Faing cheana a chur chun cinn chun teacht le stádas Chalafort Fhainge. Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear bonn taca faoi na nóid fostaíochta a sainaithníodh ag na Suíomhanna Forbartha Straitéisí le socruithe iompair barrfheabhsaithe lena chinntiú go gcoinnítear glan, inrochtana agus mealltach d'infheisteoirí iad. Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP INF 1.4

Seirbhísí agus Bonneagar

A chinntiú go ndéanann an fhorbairt sna Suíomhanna Forbartha Straitéisí/Limistéir Deiseanna measúnú agus plé imleor ar an ngá le bonneagar cuí a theastaíonn le tacú leis na tograí. I gcás bonneagar bóithre, ba chóir go gcuimseodh sé sin na prionsabail um chur chun cinn córacha iompair inbhuanaithe, nasc feabhsaithe agus nascachta feabhsaithe i ngach réiteach iompair lena mbaineann, chomh maith leis na cuspóirí atá leagtha amach in SIFP TPT 1.5.

SIFP TPT 1.5

Iompar

Tacú le gréasán láidir bonneagar iompair agus é a éascú laistigh de phurláin Inbhear na Sionainne, a sholáthróidh bonn láidir mealltach chun tacú leis an ngníomhaíocht gheilleagrach laistigh de na Suíomhanna Forbartha Straitéisí ina gcuimseofar an méid seo a leanas:

- An Gréasán Náisiúnta Bóithre a chosaint;
- Nascacht níos fearr leis an ngréasán iarnróid, go háirithe athbhunú líne Luimnigh/Fhainge a nascann Calafort Fhainge le Cathair Luimnigh;
- Gluaiseacht tréchuir/lastais níos fearr trí iompar muirí;
- Feabhas ar na naisc agus na nascacht go Gréasáin Iompair Náisiúnta agus Réigiúnacha agus laistigh díobh, go háirithe uasghrádú ar an N69, ar an R473,

ar an N67, agus ar an N68;

- Comhairliúchán cuí leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus criosú úsáide talún faoi leith á shainaithint, chun na ceanglais leithne maidir le gréasán/rochtain bóithre a dhearbhú, i gcomhthéacs na dtreoirlínte um pleanáil spásúil agus bóithre náisiúnta d'údaráis áitiúla, 'Spatial Planning and National Roads Guidelines' (DoECLG, 2012).

Cuid 5.5 Loingeas agus

Fás geilleagrach an loingis, na trádála agus na hinfheistíochta laistigh d'Inbhear na Sionainne a éascú agus a chur chun cinn, agus é a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe, sábháilte, agus a bheidh íogair don chomhshaol.

5.5.1 LOINGEAS AGUS LOINGSEOIREACHT IN INBHEAR NA SIONAINNE

Tá fócas an Rialtais maidir le téarnamh geilleagrach dírithe ar gheilleagar bunaithe ar easpórtáil a fhás. Aithnítear loingeas go láidir mar spreagthóir tábhachtach don gheilleagar agus 99% de thrádáil idirnáisiúnta na hÉireann á iompar ar muir. Is mol iompair mhuirí lárnach é Inbhear na Sionainne, i gcroílár Réigiún an Mheán-Iarthair, agus soláthraíonn sé deis shuntasach chun borradh a chur faoi fhás geilleagrach níos mó, agus é sin á dhéanamh ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe.

Is é Inbhear na Sionainne príomhacmhainn domhainmhara na hÉireann ar sócmhainn mhór straitéiseach í ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach. Tá sé phríomhshaoráid ann ina láimhsítear 1,000 long ar an iomlán in aghaidh na bliana, ag iompar níos mó ná 12 mhilliún tona lastais, líon atá coibhéiseach le 20 faoin gcéad den tonnáiste earraí a láimhseáiltear ag calafoirt na tíre.

Is é Calafort na Sionainne agus Fhainge an láimhseálaí bulclasta is mó de réir tonnáiste in Éirinn agus seolann sé os cionn 220,000 DWT agus é ar cheann de dhá chalafort in Éirinn a bhfuil acmhainn aige le haghaidh soithí domhainmhara. Tá gual, báicsít, adhmad, leasaitheoir, bia ainmhithe agus ola i measc na bpríomhtháirgí a sheoltar. Tá Inbhear na Sionainne Íochtaraí suas go Tairbeart in ann freastal freisin ar longa ar a mbíonn suas le 400,000 tona DWT.

Tá an loingeas freisin ina phríomhspreagthóir le haghaidh tionscail mhuirí eile atá tábhachtach laistigh den Inbhear a bhíonn ag brath ar iompar muirí chun a gcuid amhábhar a sheachadadh, chun táirgí deiridh a aistriú chuig margaí na hEorpa/domhanda, agus chun seirbhísí oibriúcháin luachmhara a sholáthar. Tá Aughinish Alumina Ltd, BSL Ghob na Muine, agus Aerfort na Sionainne ina spreagthóirí ollmhóra geilleagair, áit a mbeidh ról lárnach ag an loingeas ina gcumas a gcuid gníomhaíochtaí geilleagracha a fhás.

Tá raon gníomhaíochtaí muirí tráchtála suntasacha freisin ar leibhéal níos ísle sa chéimiúlacht loingis laistigh den Inbhear. Is iondúil go mbíonn soithí iascaireachta tráchtála níos lú agus oibríonn siad ó ghréasán cuanta agus céanna áitiúla ar fud an Inbhir. Bíonn soithí áineasa níos lú i gcomhair slatiascaireachta coitianta freisin ar fud an Inbhir, agus ról tábhachtach acu sa gheilleagar turasóireachta, iad feistithe ag céanna agus ag cuanta éagsúla, cosúil le Cill Rois (Grianghraf 38) agus Cill an Dísirt.

Grianghraf 38: Muiríne Chill Rois, Cill Rois, Contae an Chláir

Is tionscal é dobharshaothrú tráchtála atá ag dul i méid freisin san Inbhear, agus go leor gníomhaíochtaí ceadúnaithe ag dul ar aghaidh ar fud limistéir chósta Chontae an Chláir, i gCarraig an Chabhaltaigh, i bPoll na nOisrí agus i gCill Rois. Bíonn an iascaireacht agus an dobharshaothrú araon ag brath ar bhonneagar ar talamh a bheith ar fáil agus a bheith oiriúnach agus cé gur gníomhaíochtaí traidisiúnta, dúchasacha ar scála beag iad na hoibríochtaí sin, is cuid thábhachtach de gheilleagair áitiúla na bpobal cósta agus tuaithe iad. Tugtar le fios sa Phlean Forbartha Náisiúnta go bhfuil scóip mhór ann gníomhaíochtaí iascaireachta a mhéadú ó chuanta na hÉireann.

Tá caitheamh aimsire muirí tábhachtach do gheilleagar an Inbhir, agus go leor bád pléisiúir ag baint leasa as an gceangal trí Chathair Luimnigh go dtí Tairseach na Sionainne-na hÉirne, agus ag rannchuidiú go suntasach le geilleagar turasóireachta an réigiúin. Tá sé nasctha le roinnt muiríní, agus ar an gceann is mó díobh tá an ceann i gCill Rois, áit a bhfuil bunáite na dturas faire deilfeanna agus na dturas lae chuig Inis Cathaigh Ionnaithe. Soláthraíonn na muiríní sin raon seirbhísí de ghnáth agus leis sin cruthaítear fostaíocht i raon post a bhaineann le cúrsaí iompair mhuirí.

Soláthraíonn Bád Farantóireachta na Sionainne seirbhís do phobail áitiúla, d'fhostóirí agus do thurasóireacht sa cheantar áitiúil agus sa Réigiún níos leithne. Feidhmíonn bád farantóireachta idir Tairbeart, Contae Chiarraí agus Cill Íomaí, Contae an Chláir, ag nascadh isteach i bpríomhghréasáin bóthair an N69 agus N67, agus baineann na pobail áitiúla úsáid mhaith as chun fostóirí a nascadh le fórsa saothair na háite agus le seirbhísí áitiúla. Tá nasc maith ag an tseirbhís leis an ngréasán bóthair réigiúnach/tánaisteach atá ann cheana, agus naisc ar aghaidh chuig an N67 (Contae an Chláir) agus an N69 (Contae Chiarraí agus Contae Luimnigh). Is seirbhís thábhachtach é sin don gheilleagar turasóireachta laistigh den Réigiún, agus é mar chomaoin lárnach ó thaobh cur chuige comhchoiteann a chur chun cinn maidir leis an táirge turasóireachta foriomlán sa Réigiún.

5.5.2 RIALACHAS

Tá loingseoireacht mhuirí laistigh den Inbhear á rialú go príomha ag Údarás Calafoirt na Sionainne agus Fhainge (SFPC), agus tacaíocht acu ina gcuid rialachais ó roinnt gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara.

Is iad SFPC an t-údarás loingseoireachta reachtúil le haghaidh loingeas tráchtála ar Inbhear na Sionainne. Síneann a sainchúram chuig an réimsí seo a leanas:

- Oibríochtaí calafoirt a bhainistiú agus a smachtú
- A chuan agus na cainéil isteach chuige a fhorbairt
- Infheistíocht ina chuan a chur chun cinn
- Sábháilteacht agus Slándáil an Chalafoirt
- Seirbhísí agus Cumarsáid Loinge
- Oibríochtaí Lastais agus Soithigh

Faigheann SFPC treoir ó na hAchtanna Cuanta 1996-2009 chun fodhlíthe a fhorbairt agus a eisiúint lena soláthraítear treoracha le haghaidh gach soitheach a thagann isteach, a théann amach, a ghluaiseann agus a fheidhmíonn laistigh den Inbhear, d'fhonn bealach sábháilte a chinntiú.

Feidhmíonn SFPC dhá shaoráid lastais ghinearálta ag an gCalafort san Fhaing agus ag Dugaí Luimnigh, chomh maith le Lamairne eitlíochta thiomnaithe ag Aerfort na Sionainne. Tá siad freagrach freisin as seirbhísí muirí a chur ar fáil do na saoráidí eile san Inbhear atá faoi úinéireacht phríobháideach ag Aughinish Alumina Limited, ag BSL Ghob na Muine agus ag Stáisiún Cumhachta Thairbirt.

Ina theannta sin, soláthraíonn SFPC báid phíolóta agus seirbhísí tarraingthe chun tacú leis na gníomhaíochtaí loingis tráchtála, agus in éineacht le Coimisinéir Soilse na hÉireann, forbraíonn agus déanann siad cothabháil ar gach áis loingseoireachta, lena n-áirítear soilse stiúrtha, tithe solais, baoithe agus limistéir ancaire chomh maith le gach gluaiseacht loingis a chomhordú.

D'fhoilsigh SFPC a máistirphlean, Vision 2041, i mí Feabhra 2013. Is plean tríocha bliain é Vision 2041 ina leagtar amach straitéis forbartha calafoirt ina bhféachtar leis na calafoirt a chur chun cinn mar phríomhspreagthóir geilleagrach don réigiún agus chun

tionchar a imirt ar na straitéisí forbartha ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus dá réir sin ag cur le tarraingteacht Inbhear na Sionainne le haghaidh tionscal agus infheistíocht mhuirí. Tá an straitéis Vision 2041 dírithe ar fhás geilleagrach a stiúradh ar fud gach earnáil bunaithe ar dhul isteach in earnálacha nua agus ar earnálacha reatha a leathnú ag teacht le réamhaisnéisí fáis idirnáisiúnta agus náisiúnta, lena n-áirítear bithmhais, fuinneamh, athnuaiteáin amach ón gcósta, dramhaíl go fuinneamh agus athchúrsáil. Forbraíodh an máistirphlean laistigh de chomhthéacs an SIFP nua agus tá sé ag teacht leis na cuspóirí sa SIFP.

5.5.3 STRAITÉIS LOINGIS AGUS LOINGSEOIREACHTA

Aidhm Straitéiseach:

Fás geilleagrach an loingis, na trádála agus na hinfheistíochta laistigh d'Inbhear na Sionainne a éascú agus a chur chun cinn, agus é a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe, sábháilte, agus a bheidh íogair don chomhshaol

Is sócmhainn straitéiseach ollmhór go náisiúnta agus go réigiúnach é Inbhear na Sionainne mar gheall ar acmhainn mhór domhainmhara nádúrtha faoi fhothain a bheith ar fáil ann ina soláthraítear deiseanna móra chun an cumas gníomhaíochta loingis agus tráchtála a fheabhsú mar fhreagra ar nádúr agus ar éilimh athraithe thionscal domhanda an loingis.

Má táthar chun trádáil a mhéadú amach anseo teastóidh scóip fhada phleanála lena chinntiú go mbeidh an bonneagar ceart ann chun freastal ar éilimh an mhargaidh agus ar phatrúin trádála, agus d'fhonn fás iarmhír a éascú. Bíonn tionchar ag na bealaí is mó, is iad sin Canáil Panama agus Canáil Suais, ar threochtaí domhanda i loingeas idirnáisiúnta. Cuireadh dlús faoi shoithí níos mó a úsáid óna dteastaíonn cainéil agus beartanna a bhfuil rochtain níos doimhne acu de réir mar a dhéanann cuideachtaí iarracht costais a ghearradh trí longa níos mó a úsáid. Nuair atáthar in ann freastal ar longa níos mó feabhsaítear go suntasach an cumas trádála agus iomaíochais ar mhargadh an domhain. Ní mór d'earnálacha calafoirt a aithint go bhfuil gá le breis saoráidí bearta a uasghrádú agus a sholáthar d'fhonn freastal ar shoithí níos mó arís fiú trí chainéil domhainmhara, beartanna domhain-tharraingthe, bonneagar le taobh céibhe agus saoráidí láimhseála lastais. Mura ndéanfar é sin beidh an tInbhear ag brath níos mó agus níos mó ar shoithí fotha (Grianghraf 39) ó Chalafoirt thánaisteacha, seachas ar sheirbhísí díreacha. Soláthraínn acmhainn domhainmhara Inbhear na Sionainne i suíomhanna criticiúla deiseanna suntasacha maidir le síneadh agus fás inbhuanaithe mar fhreagra ar na héilimh éiritheacha sin i margadh an domhain.

Tá na hionchais maidir le gníomhaíocht gheilleagrach a chur chun cinn agus cumas fáis Inbhear na Sionainne a chothú i dtéarmaí iompair mhuirí dlúthcheangailte le fás earnálacha geilleagracha eile, go háirithe tionscail reatha a bhaineann le cúrsaí mara atá ag brath ar earnáil an iompair mhuirí. Tá an cumas freastal ar longa níos mó (Grianghraf 40) san Inbhear ceangailte ar bhealach casta le gníomhaíocht mhéadaithe gheilleagrach. Cuirfidh sé feabhas freisin ar an gcumas margaíochta, tarraingteachta agus infheistíochta atá taobh istigh den Inbhear cheana féin agus méadófar cumas fáis i dtionscail mhuirí nua amach anseo, lena n-áirítear taiscéalaíocht ola agus gáis, fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, an Tionscal Cúrsála agus Gás Nádúrtha Leachtaithe (GNL) laistigh den Inbhear. Meastar gur suíomh den scoth é Inbhear na Sionainne le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin toisc go bhfuil domhainmhara go nádúrtha ann agus uiscí nach bhfuil róphlódaithe ó thaobh na loingseoireachta muirí de.

Is treocht mhéadaithe é an loingeas domhanda, i dtreo comhéadain agus bulclasta atá á láimhseáil i longa níos mó ná mar a bhí roimhe seo bunaithe ar an gcoincheap lastais a bhogadh i soithí domhain-tharraingthe agus iad a aistriú chuig soithí níos éadomhain le seoladh ar aghaidh chuig calafoirt réigiúnacha. Iompraítear líon suntasach bulclasta ó áiteanna cosúil leis an Astráil, an tSín, SAM agus an Bhrasaíl chuig calafoirt Lochlannacha agus Bhaltacha, sula n-aistrítear iad ó bháid mhóra farraige isteach i mbáid fothaire atá níos éadoimhne chun freastal ar chalafoirt tarraingthe nach bhfuil chomh domhain sin. Ciallaíonn an iarracht leanúnach chun éifeachtúlachtaí níos mó a bhaint amach go bhfuil gach seans ann go leanfar den treocht sin i gcúrsaí loingis agus go bhforbrófar tuilleadh é, go maith amach anseo.

Grianghraf 40: Árthaigh mhóra ag seoladh isteach i gCalafort Fhainge

- **Athlastáil**

Ní mithid a rá go mbeadh ar chumas Inbhear na Sionainne, lena acmhainn mhór domhainmhara agus a shuíomh ar imeall thiar na hEorpa, calafort athlastála a fhorbairt a bheadh ag freastal dá thoradh sin ar Chalafoirt na hEorpa, Calafoirt Bhaltacha agus Calafoirt Lochlannacha in aice láimhe. Thabharfadh sé deis do bháid mhóra athlastála na lánaí gnóthacha loingis i Muir nlocht a sheachaint agus é inrochtana láithreach ó phríomhbhealach an Atlantaigh. Cé go gciallódh mol athlastála san Inbhear go mbeadh báid athlastála níos lú ag tabhairt bealach beagán níos faide orthu féin chuig na calafoirt réigiúnacha sin, ná calafoirt athlastála reatha, tá an cumas aige freastal ar líon níos mó de mhargaí níos lú. D'fhéadfadh méadú Chanáil Panama atá beartaithe a oscailt in 2014 méadú a fheiceáil ar an sreabhadh de bháid níos mó ón Áise agus ó chóstaí thiar Mheiriceá tríd an Atlantach thiar agus dá bhrí sin dul chun tairbhe mol athlastála in Inbhear na Sionainne.

Tá achar mór de chainéal abhann san Inbhear ina bhfuil domhainmhara agus cosaint ó shruthanna feannta an Atlantaigh a fhágann go bhfuil sé oiriúnach i bprionsabal chun calafort mór a thógáil ann, agus é in ann freastal ar mhol athlastála, óna dteastaíonn fad bearta forleathan. Is trí chainéal rochtana domhainmhara atá idir 15-17 m ar doimhneacht atá rochtain ón bhfarraige mhór, a bhfuil foscadh maith aige tríd is tríd agus a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach a bheag nó a mhór i gcomhair soithí éagsúla os cionn Panamax. Tá cúlsoláthar talún mór ag an imeallbhord áit ina bhfuil an topagrafaíocht oiriúnach tríd is tríd chun an chúltír stórála is gá a chruthú agus é de chumas aige cé fhada 1.5-2 km nó níos faide a chruthú cois cé d'fhonn tréimhsí aistrithe a íoslaghdú.

Tá gluaiseachtaí loingis níos mó, báid mhóra agus na riachtanais fhisiciúla forbartha a ghabhann leo lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, dreidireacht, míntíriú agus sá pílí a bhaineann le suiteáil cé nó lamairne laistigh den Inbhear in ann tionchar comhshaoil níos mó a bheith acu laistigh d'éiceachóras leochaileach Natura 2000 Inbhear na Sionainne. Is é an dúshlán atá romhainn ná fás atá inbhuanaithe don chomhshaol a bhaint amach le haghaidh cúrsaí loingis san Inbhear, agus ag an am céanna sláine bhunúsach an ghréasáin Natura 2000 a chosaint, agus a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí dlíthiúla na Treorach maidir le Gnáthóga agus gach reachtaíocht ábhartha eile.

Má táthar chun mórthionscadail forbartha den sórt sin a chur ar fáil san Inbhear ní mór go leor saincheisteanna casta a chur san áireamh agus cothromaíocht leochaileach a bhaint amach maidir leo, lena n-áirítear gnéithe teicniúla an tionscadail, an tionchar féideartha ar an gcomhshaol agus ceisteanna socheacnamaíocha, agus iad go léir i gcomhthéacs an cheanglais cloí le gréasán casta reachtaíochta, beartais agus rialacháin san Eoraip, go Náisiúnta agus go háitiúil. I gcás ina mbíonn tionscadail ar an scála mór i gceist d'fhéadfadh gá a bheith leis an tionscadal a chosaint faoi fhorálacha Chúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh (IROPI) d'Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga. Beidh sé sin tábhachtach go háirithe i gcás go mbainfeadh an togra le caillteanas buan gnáthóige, cur isteach ar speiceas nó caillteanas gnáthóg speicis a bhfuil cosaint aige faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Cuireann cur i bhfeidhm na dTreoracha ón AE oibleagáid ar infheisteoirí an chothromaíocht sin a bhaint amach idir forbairt agus cosaint an chomhshaoil laistigh den Inbhear. Ní mór machnamh géar a dhéanamh ar na cúrsaí sin le linn luathchéimeanna forbartha an tionscadail.

Is cosúil go bhfuil cumas mór fáis ag an loingeas san Inbhear agus buntáistí substainteacha ann don gheilleagar baile agus intíre araon.

Is é an Cuspóir Forbartha:

SIFP SPN 1.1:

Fás inbhuanaithe ar Loingeas

D'fhonn tacú le fás inbhuanaithe an loingis san Inbhear, faoi réir gach togra, lena n-áirítear gluaiseachtaí loinge nua nó leathnaithe, is cóir measúnú cuí a dhéanamh ar an tionchar féideartha ar an gcomhshaol. Iad sin ar dóigh go mbeidh tionchar mór acu ar an ngréasán Natura 2000, a bhaineann le hInbhear na Sionainne, cloífidh siad go hiomlán le cuspóirí agus le ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga, go háirithe Airteagal 6, ag cinntiú go ndéanfar measúnú cuí ar na héifeachtaí carnacha agus comhéifeachtaí agus go maolófar iad de réir mar is cuí.

Grianghraf 39: Árthach mór tagtha chun cé ag Calafort Fhainge

AN CAINÉAL LOINGIS A CHOSAINT

Teastaíonn cainéil loingis glan agus oscailte ón tionscal loingis, chomh maith le limistéir ina féidir le longa bogadh agus casadh thart iontu, rudaí atá riachtanach lena chinntiú go seolfaidh báid go sábháilte tríd an Inbhear. I bpríomhlimistéir, cosúil leis an mbealach isteach chuig na Calafoirt i bhFaing agus ag Dugaí Luimnigh, chomh maith le Tairbeart, Gob na Muine, agus Aerfort na Sionainne, tá sé fíorthábhachtach go gcothaítear cainéil ghlana.

Is rud fíorthábhachtach é cainéal loingseoireachta sábháilte agus éifeachtúil le haghaidh fhorbairt leanúnach an loingis in Inbhear na Sionainne. Tá sé riachtanach an cainéal loingis atá ann cheana, na háiseanna loingseoireachta riachtanacha agus limistéir luachmhara dhomhainmhara a chosaint ó fhorbairt mhíchuí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de sheachadadh iompair mhuirí agus fás inbhuanaithe a d'fhéadfadh tarlú i gcúrsaí iompair mhuirí.

Tá na príomhchodanna loingis agus loingseoireachta nach mór a chosaint imlínithe i bhFíoracha 5.12A agus 5.12B (tugtha in Imleabhar III).

Tá ról tábhachtach ag an SFPC ó thaobh an chainéil inseolta a chothú i gcomhair loingis, agus i suíomhanna éagsúla, déanann siad dreidireacht chothabhála lena chinntiú go ndéantar cothabháil ar an gcainéal inseolta chuig na príomhchalafoirt agus na tionscail a bhaineann le cúrsaí mara. Déantar dreidireacht chothabhála ag Calafort Fhainge agus ag Dugaí Luimnigh mar ghníomh in aghaidh phróisis nádúrtha na gluaiseachta dríodair laistigh den Inbhear. Tá trí láithreán 'dumpála ar farraige' bunaithe laistigh den Inbhear, atá ar fáil más gá chun ábhar dreideáilte a dhumpáil ann agus is gá an tsaoráid sin a choimeád.

Tá imlíne thíos de na Cuspóirí Forbartha chun an Cainéal Loingis a Chosaint:

NB: Tugann na comhchodanna loingis agus loingseoireachta a bhfuil imlíne díobh i bhFíoracha 5.12A agus 5.12B (imlínithe in Imleabhar III) cuntas ar achar leathan na limistéar cosanta – is i gcomhair faisnéise amháin iad sin agus níor chóir glacadh leis go bhfuil siad cruinn. Déan tagairt do na Cairteacha Aimiréalachta chun na sonraí cruinne a fháil.

SIFP SPN 1.2:

An Lána Loingis Tráchtála a Chosaint

An príomhlána loingis tráchtála a chosaint, chomh maith le saoráidí calafoirt agus bearta, agus limistéir eile le casadh thart laistigh den Inbhear, d'fhonn cainéal loingis sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar le haghaidh gach soithigh a théann isteach, amach agus tríd an Inbhear. Aon ghníomhaíocht nó aon fhorbairt a chuireann isteach ar loingseoireacht mhara nó ar oibríochtaí calafoirt sábháilte agus éifeachtúil, nó a chuireann iad sin i mbaol nó i gcontúirt, ní dóigh go bhfaighidh siad cead.

SIFP SPN 1.3:

Loingseoireacht

A chinntiú nach gcuirtear éifeachtacht na n-áiseanna agus na seirbhísí loingseoireachta go léir, lena n-áirítear píolótaíocht, baoithe, soilse stiúrtha agus tithe solais i mbaol le forbairtí nua ar talamh nó laistigh den timpeallacht mhuirí.

SIFP SPN 1.4:

Láithreáin Dumpála le haghaidh Cartadh Dreideála

Na láithreáin dumpála ceadaithe le haghaidh cartadh dreideála atá cheana féin laistigh d'Inbhear na Sionainne a chosaint ó ghníomhaíochtaí nó ó fhorbairt mhíchuí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chumas an Údaráis Calafoirt na láithreáin sin a úsáid nuair a mheastar é sin cuí agus i gcás nach bhfuil aon rogha phraiticiúil eile ann chun rochtain shábháilte agus éifeachtúil a chur ar fáil agus a choinneáil maidir le gach Calafort agus Lamairne laistigh den Inbhear.

SIFP SPN 1.5:

Comhairliúchán le hÚdarás Calafoirt na Sionainne agus Fhainge

A chinntiú go dtéitear i gcomhairle le hÚdarás Calafoirt na Sionainne agus Fhainge maidir le haon ghníomhaíochtaí nua tráchtála agus áineasa/fóillíochta nó aon fhorbairtí beartaithe a thabharfadh isteach soithí nua nó gluaiseachtaí breise soitheach san Inbhear, imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar ar loingseoireacht reatha, ar shábháilteacht mhuirí agus ar oibríochtaí calafoirt agus a chinntiú nach mbeidh aon tionchar díobhálach acu.

COTHROMAÍOCHT CHUÍ A BHAINT AMACH

Ní mór don fhás ar loingeas laistigh den Inbhear a bheith inbhuanaithe agus comhsheasmhach leis na cuspóirí caomhnaithe don Inbhear agus iad ag teacht le hoibleagáidí dlíthiúla maidir le cáilíocht uisce agus cosaint gnáthóige/ speiceas. Anuas air sin ní mór d'fhás ar loingeas aitheantas cuí a thabhairt do leasanna agus d'úsáideoirí eile san Inbhear lena chinntiú go n-aimsítear an chothromaíocht cheart agus forbairt gheilleagrach agus shóisialta á cur chun cinn laistigh den Inbhear.

Gach seans go méadóidh báid mhóra (Grianghraf 40) a bheidh ag gluaiseacht níos minice laistigh den Inbhear agus an soláthar gaolmhar d'áiseanna bearta cuí an baol go mbeidh tionchar comhshaoil níos mó ann go háirithe laistigh den timpeallacht mhara, ó dhreidireacht, míntíriú, torann agus truailliú uisce, réimis chreimthe ag athrú, cur isteach ar phíblínte agus ar cháblaí, an baol go dtabharfar isteach speicis ionracha agus an tionchar ar ghnáthóga. Is gá a chinntiú go ndéantar measúnú ar thionchar féideartha den sórt sin agus go nglacfar bearta maolaithe iomchuí nuair is gá.

Is é an Cuspóir Forbartha:

SIFP SPN 1.6:

Cothromaíocht Chuí

Measúnú dóthanach a dhéanamh ar an mbaol comhshaoil a bhaineann le trácht muirí méadaithe agus go háirithe, soithí níos mó a bheith ag dul isteach in Inbhear na Sionainne. Maidir le truailliú ó na longa féin, cosúil le huisce ruma agus ballasta, foinsí ola agus eisilte, comhlíonfaidh úsáideoirí mara na cuspóirí reachtaíochta ábhartha ón AE agus Náisiúnta agus Cóid Chleachtais ghaolmhara, lena n-áirítear Coinbhinsiún MARPOL.

Grianghraf 40: Árthaigh mhóra tagtha chun cé ag Calafort Fhainge

Is iomaí feidhm a bhaintear as uiscí an Inbhir agus is féidir freastal ar roinnt úsáideoirí taobh istigh de chodanna aonair den dobharlach ach na húsáidí eile sin a bheith comhoiriúnach le gníomhaíocht loingis agus loingseoireachta.

I measc na ngníomhaíochtaí atá comhoiriúnach tríd is tríd le loingeas agus loingseoireacht tá siad seo a leanas:

- Iascaireacht/slatiascaireacht fóillíochta;
- Turasóireacht mhuirí agus éiceathurasóireacht mhara, lena n-áirítear faire ar dheilfeanna;
- Caitheamh aimsire agus fóillíocht mhara, lena n-áirítear seoltóireacht, bádóireacht pléisiúir.

Nuair a thagann úsáidí reatha agus úsáidí breise chun cinn agus tionscail nua laistigh de shuíomhanna cósta agus muirí cruthaítear níos mó iomaíochais i gcomhair spásanna laistigh den limistéar muirí, agus níos tábhachtaí ná sin laistigh de na príomhlimistéir loingseoireachta / lánaí loingis (Grianghraf 41) go háirithe nuair atá riachtanais spásúla an tionscail suíomhoiriúnaithe nó go dteastódh bacainní fosaithe ar ghrinneall na farraige nó laistigh den cholún uisce, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar loingseoireacht shábháilte agus éasca gach soitheach tráchtála.

I measc na n-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith neamh-chomhoiriúnach tá siad seo a leanas:

- Dobharshaothrú
- Roinnt gléasanna fuinnimh in-athnuaite
- Eastóscadh gainimh agus gairbhéil
- Taiscéalaíocht ola agus gáis.

I gcás ina bhféadfadh coimhlint fhéideartha a bheith le forbairtí eile, ní mór tús áite a thabhairt do loingeas agus loingseoireacht de réir SIFP SPN 1.2 mar gheall ar a thábhacht don gheilleagar réigiúnach agus náisiúnta. Ag glacadh le tábhacht chriticiúil an phríomhlána loingis tráchtála do chumas forbartha iomlán an Inbhir, ní mór tús áite a thabhairt dá chosaint le haghaidh mórthrácht tráchtála thar aon ghníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh tarlú sna limistéir sin.



Grianghraf 41: Árthach mór ag fanacht i gceann de na limistéir ancaire san Inbhear i gcomhair píolótaíochta

I gcás go mbaintear amach cumas fáis an loingis san Inbhear d'fhéadfaí dá bharr sin coimhlint a chruthú le húsáideoirí eile agus le leasanna comhshaoil agus oidhreachta.

Is féidir leis na hathruithe a thagann ar iompar loingis laistigh den Inbhear tionchar géar a bheith acu ar fhiontair níos lú, atá bunaithe sa phobal, agus atá riachtanach do gheilleagar na bpobal cois cósta. Agus cumas thionscal an loingis á fhorbairt, ní mór cúram ceart a dhéanamh do ghníomhaíochtaí geilleagracha agus sóisialta atá ann cheana chomh maith le leasanna comhshaoil agus oidhreachta laistigh den timpeallacht mhuirí agus feadh chósta an Inbhir.

Is iad na Cuspóirí Forbartha:

SIFP SPN 1.7:

Leasanna Eile

A chinntiú go bhfuil aon méadú ar thrácht muirí, a bhaineann le forbairt nó le gníomhaíocht nua (agus lena n-áirítear forbairt nó gníomhaíocht atá ann cheana a leathnú) comhoiriúnach le gníomhaíochtaí geilleagracha agus sóisialta reatha chomh maith le leasanna comhshaoil agus oidhreachta laistigh den timpeallacht mhuirí agus feadh chósta an Inbhir.

SIFP SPN 1.8:

Oibríochtaí an Bháid Farantóireachta

D'fhonn feidhmiú Bhád Farantóireachta na Sionainne idir Contae an Chláir agus Contae Chiarraí a chosaint, mar nasc agus acmhainn phobail, turasóireachta agus gheilleagrach atá riachtanach, tacú lena fhairsingiú amach anseo de réir na gcuspóirí thuas, agus a chinntiú go dtugtar cosaint dá bhealach agus dá chuid oibríochtaí ó úsáidí agus gníomhaíochtaí talún nach bhfuil oiriúnach

Cuid 5.6 Fuinneamh

A chinntiú go ndéanann Inbhear na Sionainne an méid agus is féidir leis maidir le cur le héagsúlacht agus le daingniú an tsoláthair fuinnimh, agus le leas a bhaint as cumas an Inbhir le haghaidh fhorbairt inbhuanaithe na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite d'fhonn spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach, agus cinnte a dhéanamh go gcomhlíonfaidh gach forbairt ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga agus gach Treorach cuí eile de chuid CE.

5.6.1 RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

Chuir Inbhear na Sionainne go mór leis an margadh náisiúnta um sholáthar fuinnimh le fada an lá. Tá leictreachas á ghiniúint i nGob na Muine le 25 bliain nó mar sin agus tá sé fós ar cheann de na tionscadail chaiteachais chaipitiúil is mó i stair na hÉireann. Tá toilleas 915 MW ag an stáisiún agus tá sé in ann freastal ar thart ar 25% d'éileamh an náisiúin ar leictreachas. Cuireann Tairbeart, lena ngabhann toilleas 640 MW, go mór leis an soláthar fuinnimh náisiúnta freisin. Is mol fuinnimh tábhachtach iad na stáisiúin giniúna sin ar an dá thaobh den Inbhear as a dtéann líonra ardvoltais isteach san eangach náisiúnta.

Beidh feidhm ríthábhachtach ag fuinneamh agus ag bonneagar fuinnimh i bhforbairt agus i bhfás geilleagrach Inbhear na Sionainne agus an cheantair máguaird amach anseo. Baineann ríthábhacht le soláthar bonneagar ardchaighdeáin iontaofa fuinnimh don réigiún i dtaobh infheistíocht gheilleagrach ardteicneolaíochta a mhealladh agus a choimeád agus ardcháilíocht beatha a chothú.

Mar sin féin, tá cothromaíocht leochaileach le baint amach sna suíomhanna straitéiseacha sin – mórbhonneagar a fhorbairt atá ríthábhachtach le haghaidh fás geilleagrach agus cáilíocht beatha agus mórshócmhainní comhshaoil an Inbhir a chaomhnú; is trí chur chuige comhtháite amháin a bhainfear an méid sin amach.

Is é Gob na Muine an fhoinse is mó sa stát maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta san áis chun na hastaíochtaí sin a laghdú, ní mór an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú ionas gur féidir spriocanna náisiúnta agus réigiúnacha i ndáil leis an athrú aeráide a bhaint amach (Grianghraf 42).

Grianghraf 42: An bealach isteach chuig BSL Ghob na Muine

Tá móracmhainn fuinnimh in-athnuaite le fáil san Inbhear agus i gcósta thiar na hÉireann i gcoitinne i bhfoirm na gaoithe, na dtonn agus na taoide. Níor baineadh leas as an acmhainn sin go fóill, áfach. Tá pleananna ag EirGrid agus ag Bord Gáis a gcuid líonraí tarchurtha a uasghrádú agus a fhorbairt níos mó sa cheantar chun fónamh a dhéanamh ar an éileamh atá ag méadú agus le toilleas breise a chur ar fáil le haghaidh na nasc giniúna fuinnimh in-athnuaite a bhfuiltear ag súil leo.

Tá bonneagar fíorshuntasach calafoirt in aice le hacmhainn domhainmhara ag na moil fuinnimh freisin. Mar gheall ar na háiseanna sin agus an bonneagar fuinnimh atá ann cheana féin, tá na suíomhanna an-tarraingteach do thionscail mhara eile agus soláthraíonn siad cumas breise chun freastal ar an earnáil in-athnuaite trí fhorbairt teicneolaíochta, áiseanna iompair, áiseanna stórála agus áiseanna cóimeála.

Criosaíodh suíomh mór cheana féin i gCeathrú na Cloiche, atá laistigh de Phlean Limistéir Áitiúil Bhaile na Sionna, le haghaidh forbairt mhórscála ghlas/fuinnimh in-athnuaite. Criosú é seo lena mbaineann tábhacht straitéiseach agus é gar don Inbhear. Ba cheart go neartódh sé cuspóir iomlán na Sionna mar chrios ísealcharbóin agus d'fhéadfadh sé tuilleadh infheistíochta a spreagadh sa cheantar, go háirithe i dtaca le fuinneamh in-athnuaite agus tionscail eile a bhaineann sochar as sineirgí gaolmhara.

Tugann an bonneagar gáis agus leictreachais atá ann cheana féin ar an Inbhear deiseanna suntasacha maidir le giniúint fuinnimh mhalartach chun cuidiú le héagsúlacht agus daingniú an tsoláthair fuinnimh a bhaint amach go héifeachtach. Mar shampla, tá a lán deiseanna ann chun áiseanna Cumhachta is Teasa in Éineacht a fhorbairt, go háirithe mar phróiseas éagsúlaithe agus/nó comhlántach ó thionscail reatha.

Táthar ag trácht air sin uile i gcomhthéacs na n-ainmniúchán idirnáisiúnta um chaomhnú an dúlra, mórleasanna cultúir agus oidhreachta, cainéal loingseoireachta straitéiseach agus tírdhreach agus muirdhreach ardchaighdeáin. Féachann straitéis fuinnimh an Chreatphlean Chomhtháite Straitéisigh (SIFP) leis na leasanna iomaíocha sin a chothromú trí anailís chuimsitheach a dhéanamh ar na saincheisteanna agus trí chur chuige comhtháite a ghlacadh i gceapadh cuspóirí beartais.

5.6.2 COMHTHÉACS AN BHEARTAIS STRAITÉISIGH

Tá an comhthéacs chun beartas fuinnimh a cheapadh i leith Inbhear na Sionainne faoi thionchar oibleagáidí arna bhforchur le straitéisí agus tionscnaimh an Aontais Eorpaigh agus an Rialtais, a tugadh isteach lena chinntiú gur féidir linn na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

OIBLEAGÁIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Shínigh Éire roinnt comhaontuithe idirnáisiúnta i dtaobh Fuinnimh agus Athrú Aeráide. Forfheidhmiú agus aitheantas do fhreagrachtaí náisiúnta na hÉireann faoi Threoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Fuinneamh é cuid mhór de bheartas náisiúnta na hÉireann um fhuinneamh agus fhuinneamh in-athnuaite.

Thug an tAontas Eorpach a Phacáiste Fuinnimh agus Athrú Aeráide 20:20:20 isteach i mí Aibreáin 2009, lena gceanglaítear:

- Laghdú 20% ar astaíochtaí CO2;
- Laghdú 20% ar Úsáid Fuinnimh; agus
- Méadú 20% ar Fhuinneamh In-athnuaite.

Tá siad seo a leanas i measc na dtreoracha a thacaíonn leis an gcreat seo:

- 2006/32/CE: Éifeachtúlacht críochúsáide fuinnimh agus seirbhísí fuinnimh

- 2009/28/CE: Fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn agus spriocanna éigeantacha
- 2009/29/CE: Síneadh na Scéime Trádála um Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa
- 2009/30/CE: Sonraíocht breoslaí iompair – ghg níos ísle
- 2009/72/CE: Rialacha don mhargadh inmheánach leictreachais
- 2009/548/CE: Teimpléad um Beartas Fuinnimh In-athnuaite
- 2010/31/AE: Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (Athmhúnlú)
- 2012/27/AE: Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh
- 2010/75/CE: Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha

Cuireann na treoracha uile thuas ceanglas dlí ar Éirinn chun ídiú fuinnimh agus astaíochtaí CO2 a laghdú agus chun an úsáid as fuinneamh in-athnuaite a mhéadú i gcúrsaí leictreachais, teasa agus iompair.

AN STRAITÉIS SPÁIS NÁISIÚNTA (NSS) 2002-2020

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Spáis Náisiúnta forbairt chothrom shóisialta, gheilleagrach agus fhisiciúil a thabhairt chun críche idir réigiúin, lena n-éilítear go ndéanfaí cumas iomlán gach réigiúin chun cur le feidhmíocht iomlán an stáit a fhorbairt ar bhonn geilleagrach, sóisialta agus comhshaoil go hinbhuanaithe. Sonraítear san NSS go bhfaightear bonneagar atá forbartha agus comhtháite go maith sna geilleagair is aibí agus is rathúla, lena n-áirítear líonraí fuinnimh a thacaíonn le gluaiseacht agus a chomhchruinníonn ag pointí straitéiseacha chun forbairt inbhuanaithe fhuinniúil a chur chun tosaigh. Tuigtear go dteastaíonn córais fuinnimh atá iontaofa agus éifeachtach ionas gur féidir tabhairt faoi fhorbairt réigiúnach go héifeachtach.

Tá siad seo a leanas i measc na bpríomhghnéithe nach mór a chur san áireamh maidir le beartais spáis a bhaineann le fuinneamh:

- Bonneagar fuinnimh a fhorbairt ar bhonn uile-oileáin ar mhaithe le Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann araon;
- Líonraí fuinnimh a neartú san Iarthar, san Iarthuaisceart, i Réigiún na Teorann agus san Oirthuaisceart go háirithe; agus
- Feabhas a chur ar stóinseacht agus ar rogha na soláthairtí fuinnimh ar fud na réigiún, trí fheabhsúcháin ar an heangacha náisiúnta leictreachais agus gáis.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis go ndéanfaí líonraí dáilte leictreachais agus gáis na hÉireann amach anseo a chomhtháthú ar bhonn uile-oileáin chun tacú le forbairt réigiúnach agus chun í a bhrú chun tosaigh.

AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2007-2013

Leagadh tosaíochtaí an Rialtais maidir le hinfheistíocht shóisialta agus gheilleagrach don tréimhse idir 2007 agus 2013 amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP). Léirítear ról straitéiseach an fhuinnimh san NDP maidir le tacaíocht a thabhairt do na cuspóirí iomlána sóisialta agus geilleagracha. Leithdháileadh €8.5 milliún d'infheistíocht san fhuinneamh sa Chlár Fuinnimh chun an méid seo a leanas a chinntiú:

- Daingniú an tsoláthair fuinnimh;
- Costas iomaíoch i soláthar fuinnimh;
- Inbhuanaitheacht an chomhshaoil i ndáil le dul i ngleic le hathrú aeráide, seirbhísí a sheachadadh agus taighde cuí a dhéanamh ar nuálaíocht agus forbairt teicneolaíochta; agus
- EirGrid – Grid25: Straitéis chun Eangach Leictreachais na hÉireann a Fhorbairt le bheith Inbhuanaithe agus Iomaíoch Amach Anseo.

Straitéis é Grid25 a léiríonn conas atá sé ar intinn ag EirGrid an Páipéar Bán maidir le Fuinneamh de chuid an Rialtais ó 2007, 'Ag Seachadadh Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d'Éirinn', a chur i bhfeidhm. Leagtar straitéis ardleibhéil arna formheas ag an Rialtas amach in Grid25 maidir le forbairt an bhonneagair tharchurtha is riachtanach chun tacaíocht a thabhairt do sprioc náisiúnta na hÉireann i leith fuinneamh in-athnuaite agus do sholáthar leictreachais níos inbhuanaithe san fhadtéarma.

Táthar ag dréim leis sa straitéis cúig bliana déag go ndúblófar cumas eangaí na hÉireann sa tréimhse aníos go dtí an bhliain 2025 agus go gcuirfear €4 billiún d'infheistíocht sa bhonneagar náisiúnta ríthábhachtach sin. Gné lárnach é Grid25 chun riachtanais leictreachais na hÉireann a dhéanamh seasmhach i leith na todhchaí

trí sholáthairtí cumhachta níos inbhuanaithe, níos iomaíche, níos ilghnéithí agus níos daingne a éascú mar thaca le forbairt shóisialta agus gheilleagrach agus le húsáid fuinnimh in-athnuaite. Moltar ann €315 milliún a infheistiú i bhforbairt eangaí sa líonra tarchurtha réigiúnach, lena n-áirítear uasghrádú ar níos mó ná 250 km den líonra atá ann cheana féin chun sreafaí toillis níos airde a cheadú trí úsáid a bhaint as conairí atá ann cheana féin más féidir agus chun an toilleas tarchurtha a neartú ar fud Inbhear na Sionainne.

GOVERNMENT POLICY STATEMENT ON THE STRATEGIC IMPORTANCE OF TRANSMISSION AND OTHER ENERGY INFRASTRUCTURE (RÁITEAS BEARTAIS AN RIALTAIS AR AN TÁBHACHT STRAITÉISEACH A BHAINEANN LE TARCHUR AGUS BONNEAGAR FUINNIMH EILE)

Chuir an Rialtas ráiteas beartais ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le tarchur agus bonneagar fuinnimh eile i gcló an 17 Iúil 2012. Ceanglaítear ar údaráis áitiúla agus ar an mBord Pleanála aird a thabhairt ar ráiteas beartais an Rialtais amhail ar agus ó dháta an fhoilsithe. Athdhearbhaítear sa Ráiteas 'an gá práinneach le forbairt agus le hathnuachan ár líonraí fuinnimh d'fhonn spriocanna a bhaint amach i leith beartas geilleagrach agus beartas sóisialta araon' [aistriúchán neamhoifigiúil]. Sonraítear ann freisin nach mór cothromaíocht a bhaint amach idir an gá sin agus tionchar daonna, tionchar comhshaoil agus tionchar tírdhreacha, agus na réitigh innealtóireachta is fearr agus is féidir á gcur i gcrích.

Ceadaíonn an Rialtas clár infheistíochta Grid25 de chuid EirGrid, tacaíonn sé leis agus cuireann sé chun cinn é ar fud na réigiún mar 'an infheistíocht is tábhachtaí dá leithéid i gcóras tarchurtha na hÉireann le blianta fada' [aistriúchán neamhoifigiúil].

AG SEACHADADH TODHCHAÍ FUINNIMH INBHUANAITHE D'ÉIRINN – CREATLACH AN PHOLASAÍ FUINNIMH 2007-2020, PÁIPÉAR BÁN

Leagtar amach sa Pháipéar Bán creat beartais fuinnimh an Rialtais le todhchaí inbhuanaithe fuinnimh a thabhairt d'Éirinn. Tá sé suite sa chomhthéacs domhanda agus sa chomhthéacs Eorpach a chuireann slándáil fuinnimh agus athrú aeráide i measc na ndúshlán idirnáisiúnta is práinní dá bhfuil ann. Tá dlúthbhaint ag an gCreat leis an Straitéis um Athrú Aeráide agus leagtar amach gníomhartha ann chun na spriocanna straitéiseacha seo a leanas a ghnóthú:

- Daingniú an tSoláthair Fuinnimh a Chinntiú: trí theacht iontaofa ar sholáthairtí ola agus gáis leis an mbonneagar chun gás agus ola a iompórtáil, a dháileadh agus a stóráil, mar aon le líonraí stóinsithe agus tréanchumas giniúna leictreachais.
- Inbhuanaitheacht maidir le Soláthar agus Úsáid Fuinnimh a Chur chun Cinn: trí ghníomhartha áirithe lena n-áirítear fás na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a luathú, cur chuige comhtháite a ghlacadh i leith forbairt inbhuanaithe agus úsáid a bhaint as acmhainní bithfhuinnimh.
- Iomaíochas an tSoláthair Fuinnimh a Fheabhsú: trí athruithe struchtúracha ar an margadh fuinnimh, a chruthóidh iomaíocht agus rogha do thomhaltóirí.

Mar thoradh ar fhairsingiú an gheilleagair agus an daonra, tá méadú 25% tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann le cúig bliana déag anuas. Iompórtáiltear os cionn 90% de riachtanais fuinnimh na hÉireann faoi láthair. Má chuirtear a láthair imeallach agus a mionscála margaidh san áireamh, is é fírinne an scéil go bhfuil Éire i mbaol briseadh soláthair agus i mbaol luaineachta ó thaobh praghas iompórtáilte de.

AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA UM ATHRÚ AERÁIDE (NCCS) 2007-2012

Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012 spriocanna do na príomhearnálacha laistigh den Stát agus den gheilleagar d'fhonn spriocanna foriomlána Kiótó a bhaint amach. Níor mhór go gcuirfeadh beartas fuinnimh go mór le laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa trí éifeachtúlacht fuinnimh, trí athruithe ar mheascáin bhreosla agus trí úsáid níos mó as fuinneamh in-athnuaite. Sainaithnítear fuinneamh in-athnuaite mar an bealach is éifeachtaí chun an méid a chuireann giniúint cumhachta le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Ní amháin go bhfuil móracmhainn nádúrtha in Éirinn de thairbhe fuinneamh gaoithe, ach d'fhéadfadh Éire a bheith ar thús cadhnaíochta sa teicneolaíocht fuinneamh aigéin freisin. Gheall an Rialtas go dtabharfadh sé tacaíocht do thaighde, d'fhorbairt agus d'úsáid na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

PLEAN GNÍMH NÁISIÚNTA UM FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE

Ceanglaítear le hAirteagal 4 de Threoir 2009/28/CE maidir le fuinneamh in-athnuaite go nglacfaidh gach ballstát le Plean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite (NREAP) a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Tá sprioc ag Éirinn 16% den fhuinneamh a fháil as foinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020.

Leagtar amach san NREAP spriocanna náisiúnta do 2020 maidir leis an sciar d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a úsáidtear in iompar, i leictreachas, i dtéamh agus i bhfuarú, lena n-áirítear 40% d'ídiú leictreachais as foinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020.

Tá an Rialtas ag smaoineamh chun tosaigh freisin, lastall de 2020, agus é ag díriú ar na deiseanna móra atá ann chun na hacmhainní fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá le fáil go flúirseach in Éirinn a fhorbairt, lena n-áirítear teicneolaíocht gaoithe, toinne agus taoide amach ón gcósta. Tuigeann an Rialtas go mbainfidh an-chumas go deo leis na hacmhainní sin sna blianta amach romhainn.

Tuigeann an Rialtas go bhfuil call le cur chuige lán-chomhtháite chun na dálaí geilleagair, bonneagair agus pleanála a sholáthar a réitíonn leis an bhforbairt inbhuanaithe ar acmhainn in-athnuaite na hÉireann, rud a chuireann ar chumas na hÉireann a bheith ina móreaspórtálaí fuinnimh in-athnuaite amach anseo.

DRÉACHTPHLEAN FORBARTHA D'FHUINNIMH IN-ATHNUAITE AMACH ÓN GCÓSTA (OREDP)

Dar le conclúid an Dréacht-OREDP, is féidir aschur féideartha 4,500 MW a fháil ó ghaoth ón talamh agus 1,500 MW a fháil ó fhuinneamh toinne agus taoide go náisiúnta. Glactar le cur chuige réamhchúramach sa Dréacht-OREDP atá bunaithe ar fhorbairt limistéar lasmuigh de gach suíomh ainmnithe um chaomhnú an dúlra d'fhonn aon choimhlint ardleibhéil fhéideartha le cuspóirí ainmniúcháin a sheachaint. Ní hé sin le rá go mbeadh drochthionchar mór ag gach forbairt fuinnimh in-athnuaite ar shuíomhanna ainmnithe.

FUINNEAMH GAOITHE A FHORBAIRT – TREOIRLÍNTE D'ÚDARÁIS PHLEANÁLA, DOEHLG (2006)

Tugann Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, DoEHLG (2006) comhairle d'údaráis pleanála, d'fhorbróirí agus don phobal mór maidir le pleanáil le haghaidh fuinneamh gaoithe, agus aird ar an bPlean Forbartha agus ar an bpróiseas bainistíochta forbartha araon. Is é an cuspóir cur chuige comhsheasmhach náisiúnta a chinntiú i sainaithint láithreacha oiriúnacha le haghaidh forbairt feirmeacha gaoithe agus sa chaoi a ndéileáiltear le hiarratais pleanála.

TREOIRLÍNTE PLEANÁLA RÉIGIÚNACHA AN IARDHEISCIRT 2010-2022 (SWRPG)

Sonraítear san SWRPG gur gá a bheith níos inbhuanaithe i dtaca le táirgeadh agus le húsáid fuinnimh faoi mar a thagann fás agus forbairt faoin réigiún sa 21ú haois. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh ardú mór ar an éileamh ar leictreachas i réigiún an Iardheiscirt faoin mbliain 2025.

Tá ról lárnach ag an réigiún maidir leis an sprioc náisiúnta d'fhuinneamh in-athnuaite a ghnóthú – is é sin go bhfaighfear 40% de ghiniúint leictreachais as foinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020. Tá méadú ag teacht ar an líon gineadóirí leictreachais faoi thiomáint na gaoithe i gCorcaigh agus i gCiarraí agus d'fhéadfaí giniúint bhreise leictreachais a fháil ó fhoinsí fuinnimh inbhuanaithe gaoithe, toinne agus taoide freisin. Ar a shon sin, ní dhéanann bealaí tarchurtha leictreachais atá ann cheana féin freastal ar chuid mhór de na foinsí fuinnimh in-athnuaite sin. B'éigean an eangach leictreachais a atreisiú go mór ionas go mbeifí in ann freastal ar na sreafaí cumhachta nua ó ghiniúint in-athnuaite.

Sainaithnítear san SWRPG go spreagfadh tógáil monarchan móire LNG (gás nádúrtha leachtaithe) i dTairbeart forbairt ar líonra straitéiseach gáis sa cheantar.

Leagtar cuspóirí amach san SWRPG a bhfuil mar aidhm acu forbairt inbhuanaithe an cheantair agus forbairt inbhuanaithe foinsí in-athnuaite a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú de réir na pleanála cuí, a chinntiú

go ndéanfaí bainistiú ceart ar thírdhreacha íogaire agus go gcosnófaí suíomhanna Natura 2000.

TREOIRLÍNTE RÉIGIÚNACHA PLEANÁLA AN MHEÁN-IARTHAIR 2010-2022 (MWRPG)

Sonraítear sna treoirlínte go bhfuil forbairt ar mhórlíonra dáileacháin le sonrú mar thoradh ar thraidisiún fada de ghnáthghiniúint cumhachta sa réigiún.

Shainaithin EirGrid gur gá an líonra tarchurtha a threisiú sa réigiún agus aird ar thrí réimse ar leith:

- Nascacht idir na stáisiúin ghiniúna i dTairbeart agus i nGob na Muine chun méid sábháilte iomarcaíochta a sholáthar sa líonra.
- An líonra a dhéanann freastal ar Inis agus ar an tSionna ó Ard na Croise a mhéadú.
- Foráil a dhéanamh do nascadh acmhainní fuinnimh in-athnuaite ó limistéir oiriúnacha sa réigiún.

Is iomaí príomhlíonra gáis sa réigiún faoi láthair agus is tábhachtach go ndéanfaí an bonneagar sin agus an córas dáileacháin a chosaint.

Deimhnítear san MWRPG go bhfuil an réigiún suite go han-mhaith chun cumas a fhorbairt i dtaca leis an iliomad acmhainní giniúna fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear gaothchumhacht agus tonnchumhacht, agus móracmhainn bhithmhaise de bharr na foraoiseachta. Ba cheart go ndéanfaí straitéisí cuí sa réigiún le ligean dó leas a bhaint as an acmhainn nádúrtha ollmhór sin agus barr a chumais a bhaint amach, is é sin a bheith ar thús cadhnaíochta i soláthar fuinnimh in-athnuaite, go háirithe an fuinneamh sin a bhaineann leis an ngaoth, leis an taoide agus le bithmhais.

5.6.3 STRAITÉIS FUINNIMH D'INBHEAR NA SIONAINNE

Tá an straitéis fuinnimh á forbairt i gcomhthéacs nádúr ilfheidhmeach cheantar an Inbhir agus na n-éileamh iomaíoch gaolmhar, is é sin leasanna um chaomhnú an dúlra lena mbaineann urraim idirnáisiúnta a chosaint agus freastal ar raon leathan feidhmeanna, úsáidí agus gníomhaíochtaí. Cuirtear an comhthéacs ar fáil freisin le beartas fuinnimh náisiúnta i ndáil le daingniú an tsoláthair, an sprioc maidir le 40% den soláthar fuinnimh náisiúnta a fháil ó acmhainní in-athnuaite, an bonneagar fuinnimh atá ann cheana féin sa réigiún, an gá leis an mbonneagar a uasghrádú (Grianghraf 43) ar mhaithe le seachadadh agus leathnú na líonraí leictreachais agus gáis agus cumas teicniúil an Inbhir chun freastal ar fhás san earnáil fuinnimh.

Aidhm Straitéiseach:

SIFP ERG 1.1

Soláthar Fuinnimh a Dhaingniú

A chinntiú go ndéanann Inbhear na Sionainne an méid agus is féidir leis maidir le cur le héagsúlacht agus le daingniú an tsoláthair fuinnimh agus le leas a bhaint as cumas an Inbhir le haghaidh fhorbairt inbhuanaithe na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite d'fhonn spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach, a chinnteoidh go gcomhlíonfaidh gach forbairt ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga, na Creat-treorach Uisce agus gach Treorach cuí eile de chuid CE.

Grianghraf 43:Tá uasghrádú an bhonneagair leictreachais ar bun

5.6.4 SUÍOMHANNA STRAITÉISEACHA FUINNIMH:

Is ann do cheithre shuíomh laistigh d'Inbhear na Sionainne lena mbaineann tábhacht straitéiseach go náisiúnta agus go réigiúnach i dtaca leis an méid a chuireann siad le daingniú agus le héagsúlacht an tsoláthair fuinnimh agus lena gcumas breise ó thaobh an gheilleagair agus fuinnimh de. Ní mór stádas na suíomhanna sin a chosaint agus ní mór forbairt an bhonneagair fuinnimh a éascú agus tacú leis an gcumas maidir le héagsúlú agus le gníomhaíochtaí breise comhlántacha de chuid an tionscail mara a fhorbairt.

Tabharfar tús áite do thograí a threisíonn stádas na suíomhanna mar láithreáin fuinnimh atá straitéiseach go náisiúnta agus go réigiúnach.

GOB NA MUINE

Tá sócmhainní ríthábhachtacha fóntais sna tailte i nGob na Muine san am i láthair agus beidh fós san am atá le teacht. Baineann tairbhí ar leith leis an láthair ar Inbhear na Sionainne:

- Is mol fuinnimh bunaithe é i ndáil leis an líonra tarchurtha bunaithe, go háirithe an líonra dáileacháin réigiúnach agus náisiúnta 400 kV;
- Tá dea-sholáthar uisce sa láthair seo – tá príomhlíne ag a bhfuil trastomhas mór idir an t-ionad cóireála nua i nDúloch agus Gob na Muine, chun uisce fuaraithe a sholáthar don trealamh go príomha;
- Cinntíonn teacht díreach ar thrácht na mara i gcomhair seachadadh breosla gur féidir cúltacaí giniúna breosla a athsholáthar go réidh os cionn an ráta ídithe.

Cuireann Gob na Muine go mór leis an ngeilleagar áitiúil agus baineann tábhacht straitéiseach leis an áis go réigiúnach agus go náisiúnta i rith an ama ó thaobh toillis, éagsúlachta agus dhaingniú an tsoláthair de. Stórálann sé fuinneamh agus is ríthábhachtach é sin i margadh fuinnimh an domhain atá ag éirí níos luainí. Mar sin de, tá suíomh Ghob na Muine ina shócmhainn straitéiseach ba chóir a chosaint lena chinntiú go leanfar de na croífheidhmeanna maidir le giniúint, tarchur agus dáileadh cumhachta agus lena chinntiú nach gcuireann gníomhaíochtaí ná úsáidí talún míchuí in aice láimhe na riachtanais leathnaithe agus athfhorbartha sa todhchaí sa cheantar seo i mbaol.

Moltar san SIFP go gcuirfí Suíomh Forbartha Straitéisí (SDL) thart ar mhórionad Ghob na Muine chun freastal ar fhorbairt bhreise an bhonneagair fuinnimh. Ba chóir go n-éascódh an SDL a bheartaítear forbairt tionscail mhara eile a mheallfar chuig suíomh suntasach den sórt sin de bhua sineirgí féideartha leis an úsáid fuinnimh agus leis na háiseanna luachmhara domhainmhara.

TAIRBEART

Suíomh straitéiseach san Iardheisceart i ndáil le giniúint cumhachta é Tairbeart ag a bhfuil naisc bhunaithe leis an mBonneagar Tarchurtha kV, atá á threisiú go mór faoi láthair ag EirGrid. Tá teacht féideartha aige chomh maith ar phríomhlíne fháinneach gáis nádúrtha Bhord Gáis i bhFaing atá measartha cóngarach (laistigh de 20 km). De bharr Thionscal LNG na Sionainne a bheartaítear, thabharfaí gás laistigh de 2 km de theorainn an tsuímh.

Tá cead pleanála ag an áis chun gástuirbín comh-thimthrialla níos éifeachtúla atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur in áit an ionaid atá ann i láthair na huaire. Bhí an láthair agus stair na giniúna ar an suíomh seo ríthábhachtach chun an infheistíocht mhór sin a mhealladh. Tá teacht mór ar uisce san Inbhear le haghaidh fuarú aonuaire. Meastar gurb é sin an córas fuaraithe is tíosaí ar fhuinneamh dá bhfuil ann faoi choinne an chineáil ionaid sin. Tá an bonneagar agus na modhanna astarraingthe i gcomhair an uisce fuaraithe sin i bhfeidhm cheana féin agus tá siad á n-úsáid ag an áis atá ann faoi láthair. Sa mhullach air sin, tá an suíomh lonnaithe in aice le teirminéal farantóireachta Thairbirt-Chill Íomaí agus tá sé gar don N67, don N68, do Chuan Fhainge agus d'Aerfort na Sionainne. Mar sin de, tá teacht forleathan ar an líonra iompair náisiúnta.

D'fhéadfadh forbairtí sa tionscal loingis deiseanna a chruthú le haghaidh úsáidí breise na dtailte mórthimpeall i gcomhair 'buncaeireacht' breoslaí mara le cion íseal sulfair le haghaidh árthaí, lena n-áirítear buncaeireacht gáis i gcomhair long b'fhéidir.

Mar gheall ar an athrangú ar ola bhreosla throm, tá an t-ionad rangaithe anois mar shuíomh SEVESO Sraithe Uachtaraí ag a mbíonn tionchar ar nádúr na n-úsáidí talún cuí in aice láimhe.

Moltar san SIFP go gcuirfí Suíomh Forbartha Straitéisí thart ar mhórionad Thairbirt chun freastal ar fhorbairt

bhreise an bhonneagair fuinnimh agus foráil d'fhorbairt gheilleagrach a mheallfar chuig suíomh suntasach den sórt sin de bhua a sholáthair fuinnimh agus a áiseanna domhainmhara.

CÚLSOLÁTHAR TALÚN THAIRBIRT-BHÉAL ÁTHA LONGFOIRT

Baineann Béal Átha Longfoirt tairbhe as mórshócmhainn domhainmhara agus as cead le haghaidh mórionad LNG atá ar marthain, as infhaighteacht an gháis nádúrtha, as a ghaire atá sé don eangach náisiúnta agus as an acmhainneacht le haghaidh cuisniú ón bpróiseas athghásúcháin, in éineacht leis an mbonneagar fisiciúil breise ó thaobh bóithre agus uisce de. Dá bhrí sin, tá na tailte an-tarraingteach le haghaidh lonnú tionscal eile sa cheantar sa todhchaí. D'fhéadfaí giniúint leictreachais ghástiomáinte a bhunú sa cheantar amach anseo leis.

Moltar san SIFP go gcuirfí Suíomh Forbartha Straitéisí thart ar mhórionad Thairbirt-Bhéal Átha Longfoirt chun freastal ar fhorbairt bhreise an bhonneagair fuinnimh agus foráil d'fhorbairt gheilleagrach a mheallfar chuig suíomh suntasach den sórt sin de bhua a sholáthair fuinnimh agus a áiseanna domhainmhara.

AUGHINISH ALUMINA

Móráis fuinnimh é suíomh Aughinish Alumina in Inbhear na Sionainne. Cuireann sé go mór le héagsúlacht agus le daingniú an tsoláthair fuinnimh sa réigiún trína lonad Cumhachta is Teasa in Éineacht (CHP) gásadhainte ar an láthair. Faoi láthair, tá an t-ionad CHP in ann 165 meigeavata leictreachais a tháirgeadh. Déantar an chuid is mó de a easpórtáil go dtí an Eangach Náisiúnta tríd an líonra tarchurtha 110 kV.

Ceadaíonn an cead pleanála atá ar marthain ionad CHP 300 MW agus forálann sé do thiontú an ionaid CHP ina ionad Tuirbín Giniúna Comh-thimthrialla 390 MW mar an dara céim den fhorbairt. Maireann an cead a dheonaítear ar feadh 15 bliana. Fuarthas cead pleanála sa bhliain 2001 chun lonad CHP Aughinish Alumina a cheangal leis an líonra tarchurtha 220 kV.

Is iad na cuspóirí forbartha fuinnimh:

SIFP ERG 1.2:

Ról agus feidhm na suíomhanna fuinnimh a chosaint

Ról agus feidhm an bhonneagair straitéisigh fuinnimh a fhaightear in Inbhear na Sionainne agus cóngarach dó a chosaint, agus forbairt inbhuanaithe bhreise ar fhuinneamh, ar fhiontar agus ar thionscail a spreagadh sna láithreacha aitheanta straitéiseacha fuinnimh seo, faoi réir cheanglais na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, na Creat-treorach Uisce agus gach Treorach cuí eile ón Aontas Eorpach.

SIFP ERG 1.3:

Forbairt fuinnimh a éascú

Forbairt bhreise an bhonneagair fuinnimh a éascú ag suíomhanna aitheanta straitéiseacha fuinnimh agus tionscadail chuí éagsúlaithe a spreagadh faoi réir chomhlíonadh na pleanála inbhuanaithe agus cheanglais na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, na Creat-treorach Uisce agus gach Treorach cuí eile de chuid an CE.

SIFP ERG 1.4:

Forbairt chomhlántach

Gníomhaíochtaí comhlántacha tionsclaíocha a éascú ag suíomhanna straitéiseacha fuinnimh atá ann cheana féin, lena chinntiú nach mbíonn éifeachtaí dochracha móra ag na forbairtí uile den sórt sin ar an mbonneagar fuinnimh straitéiseach ná ar speicis ná ar ghnáthóga a ainmnítear sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, sa Chreat-treoir Uisce agus i ngach Treoir chuí eile de chuid an CE.

5.6.5 BONNEAGAR FUINNIMH

Tá bonneagar fuinnimh le sonrú go tréan sa cheantar thart ar Inbhear na Sionainne. Tugtar breac-chuntas ar na líonraí fuinnimh i bhFíor 2.4 (Imleabhar III). Meastar gur nasc ríthábhachtach iad ó thaobh inmharthanacht gheilleagrach agus shóisialta an réigiúin de. Mol straitéiseach fuinnimh é Gob na Muine ag a bhfuil líonra de línte cumhachta 110 kV, 220 kV agus 400 kV a tharchuireann cumhacht ar fud na tíre.

Tá Tairbeart nasctha leis an mórlíonra leictreachais freisin agus tá teacht féideartha aige ar phríomhlíne fháinneach gáis nádúrtha Bhord Gáis i bhFaing atá measartha cóngarach (20 km). De bharr Thionscal LNG na Sionainne a bheartaítear, thabharfaí gás laistigh de 2 km de theorainn an tsuímh.

Tá tionscadal bonneagair straitéisigh ag Bord Gáis – an Phíblíne chuig an Iarthar. Líne tharchuir ardbhrú í sin atá 322 km ar fad agus a nascann Baile Átha Cliath le Gaillimh agus le Luimneach. Ar deireadh thiar, nascann sí leis an eangach atá ann cheana féin a fhad le Corcaigh. Cuid de thionscadal bonneagair iomlán €1.4 billiún í an Phíblíne chuig an Iarthar a chinnteoidh daingniú an tsoláthair gáis aníos go dtí 2025. Páirt lárnach sa bhonneagar straitéiseach sin é trasnú Inbhear na Sionainne atá 2 km ar fad idir Faing agus Contae an Chláir (Grianghraf 44).

Is ríthábhachtach córas tarchurtha na hÉireann a neartú ionas go mbeifí in ann fuinneamh in-athnuaite a chomhcheangal níos mó le córas leictreachais na hÉireann. Mar gheall air sin, bheifí ábalta freastal ar fhás na n-acmhainní daingne dúchasacha fuinnimh agus chinnteofaí go mbeifí in ann leictreachais a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite in Éirinn a easpórtáil. Is nasc fíorthábhachtach í an Eangach Náisiúnta idir gineadóirí agus úsáideoirí leictreachais agus is crann taca í chun fás réigiúnach cothrom a chur chun cinn.

I Réigiún an Iarthair, aithnítear i straitéis EirGrid25 a thábhachtaí atá na stáisiúin chumhachta mhóra atá ann cheana féin i dTairbeart agus i nGob na Muine, an phíblíne tharchurtha gháis idir Gaillimh agus Luimneach agus an cumas gaolmhar i dtaca le giniúint mhéadaithe gáis. Tuartar go dtiocfaidh méadú mór ar an mbuaicéileamh ar leictreachas i Réigiún an Iarthair. Mar sin féin, tá teacht sa réigiún freisin ar acmhainní nádúrtha le haghaidh teicneolaíochtaí gaoithe agus aigéin; táthar ag súil leis go dtiocfadh 440 MW de ghiniúint gaoithe 75 MW agus giniúint toinne isteach sa mhargadh.

Sa mhullach ar straitéisí bonneagair Bhord Gáis agus EirGrid, tá méadú ag teacht ar an tsuim atá á cur in iniúchadh na n-imchuach peitriliam in Iarthar na hÉireann. Táthar ag déanamh breithniú ar líon ceadúnas (agus roghanna i dtaobh ceadúnú) le haghaidh iniúchadh agus toibreacha breithmheasa. D'fhéadfadh mórthábhacht straitéiseach náisiúnta a bheith ag forbairt amach anseo ar shócmhainní hidreacarbóin amach ón gcósta in Iarthar na hÉireann mar fhiontraíocht tráchtála, ó thaobh an gheilleagair de agus maidir le daingniú an tsoláthair fuinnimh. D'fhéadfadh ról lárnach straitéiseach a bheith ag Inbhear na Sionainne sa chineál seo forbartha sa todhchaí, ach freastal a dhéanamh ar nasc idir sócmhainní hidreacarbóin amach ón gcósta agus margaí ar talamh, soláthraithe seirbhíse áitiúla agus comhcheangal leis an mbonneagar/líonraí tarchurtha atá ann cheana féin. Mar sin, tá sé de chumas aige cur le rathúnas geilleagrach agus fuinnimh réigiúin na Sionainne thar thréimhse fhada.

Grianghraf 44: An phíblíne gháis chuig an Iarthar á suiteáil

Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP ERGI 1.5:

An Líonra Leictreachais

Tacú le forbairt inbhuanaithe, uasghrádú agus leathnú an líonra leictreachais agus an bhonneagair tarchurtha, stórála agus dáileacháin agus an méid sin a éascú, agus a chinntiú go gcomhlíonann gach forbairt den sórt sin ceanglais na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, na Creat-treorach Uisce agus gach Treorach cuí eile de chuid an CE.

SIFP ERGI 1.6:

An Líonra Gáis

Tacú le forbairt inbhuanaithe, uasghrádú agus leathnú an líonra gáis agus an bhonneagair stórála agus dáileacháin agus an méid sin a éascú, agus a chinntiú go gcomhlíonann gach forbairt den sórt sin ceanglais na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, na Creat-treorach Uisce agus gach Treorach cuí eile de chuid an CE.

SIFP ERGI 1.7:

Foinsí fuinnimh in-athnuaite a nascadh

Naisc bhonneagair inbhuanaithe le feirmeacha gaoithe agus le foinsí fuinnimh in-athnuaite eile a éascú, faoi réir measúnú cuí ar thionchar amhairc agus ar an tionchar ar thírdhreacha cosanta, ar oidhreacht agus ar leasanna caomhantais.

5.6.6 FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

Tá méadú ar ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite aitheanta go forleathan mar an bealach is éifeachtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann ó ghiniúint cumhachta a laghdú.

Tá spriocanna uaillmhianacha náisiúnta leagtha síos ag an Rialtas maidir leis an méid a chuirfidh foinsí in-athnuaite le giniúint cumhachta, lena n-áirítear go dtiocfaidh 40% den leictreachas a úsáidfear ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020 agus go bhfaighfear 500 MW ar a laghad ó fhuinneamh toinne agus taoide faoin mbliain 2020 (Grianghraf 45).

Deimhnítear sa Dréacht-OREDP go bhfuil an acmhainn toinne is mó ar domhan in Éirinn chomh maith le hacmhainn shuntasach taoide. Deimhnítear go bhfuil Inbhear na Sionainne i measc na dtrí fhoinse fhéideartha sa tír i leith fuinneamh taoide. Tagraítear ann don acmhainn i leith fuinnimh taoide in Inbhear na Sionainne i dTábla 8.5 aige (atá bunaithe ar an SEAI 2004), arna thrasuí thíos:

Tábla 8.5: Cumas Fuinnimh Sruth Taoide na hÉireann bunaithe ar an SEAI, 2004

Suíomh	Acmhainn Phraiticiúil* um Fhuinneamh Taoide (GWh/bliain)	Acmhainn Inmharthana* um Fhuinneamh Taoide (GWh/bliain)
Inbhear na Sionainne	367	111

*Laistigh de Staidéar an SEAI, tugtar na sainmhínithe seo a leanas ar acmhainn fuinnimh:

- Acmhainn Phraiticiúil: Acmhainní teicniúla atá teoranta ag teicneolaíocht struchtúr tacaíochta tuirbín atá ann cheana féin, doimhneacht an uisce, luas dóthanach srutha.
- Foinse Inmharthana: Acmhainn phraiticiúil atá teoranta ag srianta tráchtála lena n-áirítear costais forbartha agus luach saothair an mhargaidh.

Meastar sa Dréacht-OREDP gurb ionann cumas forbartha an fhuinnimh taoide san Inbhear agus timpeall 1,000 MW.

Tuigtear nach mór aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna teicneolaíochta, lóistíochta agus comhshaoil maidir le forbairt ar fhuinneamh taoide san Inbhear. Deimhnítear san anailís a rinneadh le linn ullmhú an Chreatphlean Chomhtháite Straitéisigh (SIFP) go bhfuil fíorchumas ann maidir le forbairt na hacmhainne fuinneamh taoide in Inbhear na Sionainne. Go háirithe, tá deis thábhachtach ag an Inbhear chun leas a bhaint as an mórchumas agus as an mórthiomantas sa réigiún i dtaca le taighde agus forbairt sa réimse seo d'fhonn an cumas sin i leith fuinneamh in-athnuaite a iniúchadh go híogair agus a chinntiú go gcuirfear chun cinn níos mó na tionscnaimh chuí sin ina léirítear comhoiriúnacht leis na mórcheisteanna comhshaoil agus leis na leasanna straitéiseacha loingis/loingseoireachta.

De thoradh nádúr taoide agus chruth geografach na Sionainne, tá sreafaí taoide á gcruthú ar scála atá inmharthana ó thaobh na tráchtála de. Sainaithníodh ceithre cheantar i dtuarascáil an SEAI, 'Tidal & Current Energy Resources in Ireland' (Acmhainní Fuinnimh Taoide agus Srutha in Éirinn), san Inbhear a mheastar go bhfuil an cumas fearr iontu. Taispeántar na suíomhanna ar dhóigh níos mine in Imleabhar III Léarscáileanna agus Fíoracha. Tugtar breac-chuntas orthu sna leathanaigh seo a leanas, áfach.

Bearta Maolaithe, Fuinneamh Taoide – Pointe Chill Chonnla

Bearta Maolaithe	**Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)***
Bearta Maolaithe Uileghabhálacha	RE MM 1-6, BFF MM 21, PHH MM 7, S MM 8, W MM 16, MA MM 9
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	RE MM 1-6, BFF MM 22, W MM 17, S MM 9, ACH MM 4, MA MM 10
**Féach ar Thábla 3.39 den Tuarascáil Tionchair Natura chomh maith*	

Limistéar Deiseanna Phointe Chill Chonnla

POINTE CHILL CHONNLA

Tá an limistéar mór deiseanna seo suite ag béal Inbhear na Sionainne, áit a bhfaightear uisce domhain tapa. Tá roinnt tionscadal i leith fuinneamh gaoithe sa chóras pleanála in aice le Biaille a bhféadfadh nascadh leis an líonra eascairt astu. Cé go bhfuil an áit seo ar an dá thaobh den chroílána loingseoireachta tráchtála, fós féin tá seans ann go mbeifí in ann gléasanna inmharthana cuí a shuí sa láthair seo a bhuíochas leis an iliomad teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Ar ndóigh, ní mór tús áite a thabhairt do cheanglais loingis tráchtála ina leith sin. B'fhéidir go mbeadh nascbhealaí ar talamh ní ba dheacra de dheasca thopagrafaíocht ghéar na n-aillte feadh Bhiaille/Chill Chonnla agus Phointe Chill Choradáin agus an fhaid mhóir ó na fostáisiúin i nGob na Muine agus i dTairbeart.

Maidir le leasanna Natura 2000, meastar go bhfuil an suíomh seo measartha íogair i leith forbartha sa todhchaí. Mar sin féin, ba chóir go ndéanfaí scrúdú i measúnú mionsonraithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon togra fuinneamh taoide ar na gnéithe íogaire sin, go háirithe na deilfeanna bolgshrónacha, ar an tionchar amhairc dóchúil ó amharcphointí cosanta agus ar na héifeachtaí féideartha ar longa briste a bhfuiltear ar an eolas orthu. Ba chóir a chuimhneamh gur limistéar tábhachtach sealgaireachta é seo do na deilfeanna bolgshrónacha agus, mar sin de, ní dóigh go mbeadh gléasanna lena ngabhann páirteanna gluaisteacha oiriúnach toisc go mbeadh baol imbhuailte níos mó ann.

Limistéar Deiseanna Oileán na Carraige

Bearta Maolaithe, Fuinneamh Taoide – Oileán na Carraige

Bearta Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)*
Bearta Maolaithe Uileghabhálacha	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	RE MM 1-6, BFF MM 21, PHH MM 7, S MM 8, W MM 16, MA MM 9
**Féach ar Thábla 3.38 den Tuarascáil Tionchair Natura chomh maith*	

Bearta Maolaithe, Fuinneamh Taoide – Cuan Thairbirt

Bearta Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)*
Bearta Maolaithe Uileghabhálacha	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	RE MM 1-10, BFF MM 23, PHH MM 8, S MM 10, W MM 18, ACH MM 5, MA MM 11
**Féach ar Thábla 3.36 den Tuarascáil Tionchair Natura chomh maith*	



Limistéar Deiseanna Chuan Thairbirt

OILEÁN NA CARRAIGE

Baineann an limistéar deiseanna seo sochar as domhainmhara den scoth i láthair faoi fhothain isteach ón bpríomhchainéal loingseoireachta. Mar gheall ar a láthair laistigh de SAC na Sionainne Íochtaraí, tagann méadú ar an tionchar féideartha ar ghnéithe cáilitheacha lena n-áirítear an loimpre mhara, an bradán Atlantach agus an deilf bholgshrónach. Tá an limistéar an-íogair freisin i leith éin uisce mar ghné cháilitheach de SPA Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais.

Tá an suíomh seo suite laistigh de pNHA agus tá sé cóngarach do Limistéar Cosanta Sliogiasc agus do Chaisleán Charraig an Phoill, ar Struchtúr faoi Chosaint é.

D'fhéadfaí fuinneamh taoide tráchtála a ghiniúint anseo, ach bhraithfeadh sé ar nádúr na ngléasanna taoide agus bheadh sé faoi réir measúnú mionsonraithe ar na ceisteanna comhshaoil ábhartha.

Bearta Maolaithe, Fuinneamh Taoide – Gob na Muine

Bearta Maolaithe	**Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)***
Bearta Maolaithe Uileghabhálacha	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	RE MM 1-6, BFF MM 20, S MM 7, W MM 15.
**Féach ar Thábla 3.37 den Tuarascáil Tionchair Natura chomh maith*	

In aice le Limistéar Deiseanna Ghob na Muine

CUAN THAIRBIRT

Tá na hairíonna teicniúla riachtanacha uile le fáil sa limistéar deiseanna i dTairbeart a theastaíonn le haghaidh acmhainn inmharthana fuinneamh taoide tráchtála.

Mar sin féin, tá sé gar do bhealach farantóireachta bunaithe agus don chainéal loingseoireachta tráchtála i limistéar atá measartha plódaithe ó thaobh gníomhaíochtaí mara agus bonneagar fuinnimh fomhuirí de. Meastar go bhfuil an suíomh measartha íogair i leith forbartha sa todhchaí maidir leis an leas um chaomhnú an dúlra a bhaineann le Limistéar Caomhantais Speisialta (SAC) agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA).

Meastar go bhfuil suíomh Thairbirt oiriúnach do bhunú láithreáin tástála taoide ar scála beag sa todhchaí, ach d'fhéadfadh na srianta a fheictear teorainn a chur le hinmharthanacht na giniúna fuinneamh taoide tráchtála. Bheadh togra ar bith faoi réir measúnú mionsonraithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon togra fuinneamh taoide ar na gnéithe íogaire a sainaithníodh.

IN AICE LE GOB NA MUINE

Tá an limistéar deiseanna seo suite díreach isteach ón gcósta ag an suíomh straitéiseach fuinnimh i nGob na Muine. Ceisteanna Comhshaoil. Tá an suíomh seo suite laistigh de SAC na Sionainne Íochtair.

- Gnéithe cáilitheacha den SAC ar dóchúil go mbeadh tionchar orthu:
- Cuan agus Góilín Mór Éadomhain
- Loimpre Mhara
- Bradán Atlantach
- Deilf Bholgshrónach

Tá an suíomh seo suite laistigh de SPA Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais.

Cé go bhfuil an suíomh seo suite idir limistéir idirthaoideacha a úsáideann éin gheimhrithe laistigh de chodanna eile den SPA, tá croí an tsuímh seo lonnaithe i limistéar tionsclaíoch reatha nach mbaineann gnéithe cáilitheacha den SPA seo úsáid as.

Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP RE 1.8:

Forbairt fuinnimh in-athnuaite

Tacú le forbairt inbhuanaithe na bhforbairtí fuinnimh in-athnuaite laistigh d'Inbhear na Sionainne agus lena thaobh agus é sin a éascú, mar thaca le hoibleagáidí dlí na hÉireann faoi Threoracha an AE. Caithfidh gach forbairt den sórt sin a léiriú nach gcuireann siad leasanna straitéiseacha loingis agus loingseoireachta a sainaithníodh i mbaol nó nach bhfuil drochthionchar acu ar speicis ná ar ghnáthóga a ainmnítear sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, sa Chreat-treoir Uisce agus i ngach Treoir chuí eile de chuid an CE, agus go cloíonn siad leis na cúrsaí comhshaoil agus pleanála eile uile.

SIFP RE 1.9:

An cumas i leith fuinneamh taoide a iniúchadh

Iniúchadh a dhéanamh ar an gcumas i leith fuinneamh taoide mar acmhainn inmharthana fuinnimh in-athnuaite laistigh den Inbhear, mar thaca le hoibleagáidí dlí na hÉireann faoi Threoracha an AE, ag láithreacha cuí lena n-áirítear na Limistéir Deiseanna a sainaithníodh. Caithfidh gach togra a léiriú go bhfuil na forbairtí nó na gníomhaíochtaí den saghas sin i gcoibhneas le cúrsaí comhshaoil agus pleanála, agus go háirithe nach gcuireann na forbairtí uile den saghas sin leasanna straitéiseacha loingis agus loingseoireachta a sainaithníodh i mbaol agus go gcloíonn siad leis na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, an Chreat-treoir Uisce agus gach Treoir chuí eile de chuid an CE.

5.6.7 FOINSÍ IN-ATHNUAITE FUINNIMH AMACH ÓN GCÓSTA A SHEIRBHÍSIÚ

Mar thoradh ar an bhfás faoin earnáil fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, tá deiseanna nua ag Inbhear na Sionainne maidir le bonneagar agus slabhra an tsoláthair lena n-áirítear cóimeáil na dtúr agus na dtuirbíní a sheirbhísiú, a n-iompar go dtí suíomhanna amach ón gcósta, seirbhísí innealtóireachta i leith suiteála agus díchoimisiúnú, seirbhísí cothabhála agus

fearacht OpenHydro

oibriochtaí a sholáthar agus seirbhísí cúltaca ar talamh.

Tuartar sa Dréacht-OREDP:

'Tá Inbhear na Sionainne suite go maith chun sciar mór den mhargadh sin a ghabháil. San áireamh san anailís theicniúil ar an Inbhear tá 'Irish Ports Offshore Renewable Energy Services (IPORES, 2012) (Calafoirt na hÉireann – Seirbhísí Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta) agus dar leis an gconclúid maidir le bonneagar calafoirt go bhfuil sé de chumas ag Inbhear na Sionainne a bheith ina Mhol Eorpach um Fhuinneamh Aigéin agus go mbeadh Calafort na Sionainne-Fhainge ina áit fhoirfe chun gineadóirí fuinneamh aigéin a dhéanamh, a chóimeáil agus a sheirbhísiú' [aistriúchán neamhoifigiúil].

Baineann tairbhí suntasacha leis an gCalafort lena n-áirítear: cuid mhór eolas agus saineolas teicniúil; an lamairne thoir má bhíonn éileamh ar a leithéid. Tá suíomhanna eile aitheanta freisin lena ngabhann cumas

Grianghraf 47: Ba chóir go bhfiosrófaí cumas na dteicneolaíochtaí éagsúla i leith fuinneamh in-athnuaite

forbartha san fhadtéarma.

Tá Inbhear na Sionainne suite go straitéiseach i dtaca le hacmhainn tonnfhuinnimh ar an gcósta thiar agus i láthair na huaire is féidir leis áiseanna faoi fhothain a sholáthar chomh maith le dea-dhoimhneacht uisce agus dea-sheirbhísí calafoirt. Chuirfí go mór le tarraingteacht na láithreach seo d'fhorbróirí de thoradh na bhforbairtí a bheartaítear chun limistéir oibre chuain bhreise a sholáthar cois cé agus fad na cé i bhFaing agus i gcalafoirt eile a fhadú.

Is é an cuspóir forbartha:

SIFP OS RE 1.10:

An earnáil in-athnuaite a sheirbhísiú

Deiseanna a iniúchadh agus a fhiosrú go gníomhach maidir le seirbhísiú a dhéanamh ar an earnáil fuinnimh in-athnuaite sna calafoirt atá ann cheana féin, agus aon fhorbairt ghaolmhar a theastaíonn a éascú, faoi réir chomhlíonadh na pleanála inbhuanaithe, agus cheanglais na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, na Creat-treorach Uisce agus gach Treorach cuí eile de chuid an AE.

5.6.8 TAIGHDE AGUS FORBAIRT

Tá an-chumas ag dobharcheantar Inbhear na Sionainne i leith Taighde agus Forbartha. D'fhéadfaí an cumas sin a dhíriú ar fhorbairt na teicneolaíochta don earnáil fuinnimh in-athnuaite. Deis ollmhór é le haghaidh taighde, dearadh agus tástáil teicneolaíochta é comhchumas Ollscoil Luimnigh, OÉ Gaillimh, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí chun taighde feidhmeach a dhéanamh agus chun tráchtálú na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn san earnáil fuinnimh in-athnuaite a chur chun tosaigh, ag a bhfuil nasc leis an gcumas taoide, toinne agus gaoithe a sainaithníodh san Inbhear agus mórthimpeall air.

Mar gheall ar an riachtanas maidir le cinnte a dhéanamh nach mbíonn drochthionchar ag aon saothrú na hacmhainne taoide a sainaithníodh san Inbhear ar speicis ná ar ghnáthóga a ainmnítear sa Treoir maidir le Gnáthóga ná ar na leasanna ríthábhachtacha loingis/loingseoireachta, caithfear taighde cuimsitheach agus iniúchadh a dhéanamh ar roghanna eile chun cásanna ar fiú iad a mheas ar nós tionscadail, a shainaithint.

Tá plean ceaptha ag na hOllscoileanna agus ag Forbairt Shionainne, i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla agus le hearnáil na tionsclaíochta sa réigiún, le haghaidh 'Ghleann Fuinnimh na Sionainne' – meastar go bhféadfadh sé a bheith ina Mhol Náisiúnta um Thaighde agus Fhorbairt Fuinnimh, Thionsclaíocht agus Thráchtáil d'fhonn infheistíocht idirnáisiúnta shoghluaiste a mhealladh agus d'fhonn fostaíocht ardleibhéil a chruthú.

Tá sé mar aidhm ag an gcoincheap cabhrú le hiomaíochas agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach cheanglais an réigiúin a spreagadh i dtaobh giniúint leictreachais. Meastar gurb é tógáil feirmeacha gaoithe ar luach €10 billiún a bhfuil i ndán d'fhuinneamh inbhuanaithe na hÉireann go luath amach anseo. Beidh móramh na bhfeirmeacha sin lonnaithe laistigh d'uair an chloig de Ghleann na Sionainne. Dar le tionscnóirí an choincheapa go bhfuil cumas féideartha ag Páirc Fuinnimh i dTairbeart agus ag athchóiriú 'glas' ar Limistéar Neamhchustaim na Sionainne chun cabhrú le mais chriticiúil a chruthú a bheadh tarraingteach d'infheisteoirí idirnáisiúnta soghluaiste. Tacaíonn na húdaráis áitiúla leis an gcoincheap.

Dá mbeifí in ann leas a bhaint as an gcumas sin i leith taighde agus forbartha i gcomhthéacs na hacmhainne domhainmhara agus an mórbhonneagair calafoirt agus fuinnimh dhea-bhunaithe atá ann cheana féin,

d'fhéadfadh an tInbhear a bheith ar thús cadhnaíochta i dtaca le forbairt agus seirbhísiú d'earnáil na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh agus d'fhéadfaí freastal ar mheasúnú tréan ar inmharthanacht na hacmhainne in-athnuaite san Inbhear i gcomhthéacs srianta comhshaoil agus gníomhaíochtaí iomaíocha eile (Grianghraf 47).

Is é an cuspóir forbartha:

SIFP RD 1.1:

Taighde agus Forbairt

Iniúchadh a dhéanamh ar chur chun cinn agus ar fhorbairt inbhuanaithe fhéideartha Inbhear na Sionainne mar ionad barr feabhais i dtaca le taighde agus forbairt ar theicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite.

Cuid 5.7 Turasóireacht, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire Muirí

Úsáid íogair inbhuanaithe as sócmhainní Inbhear na Sionainne ar bhealach comhtháite a éascú agus a chur chun cinn, óna dtiocfadh forbairt ar earnáil fhuinniúil inbhuanaithe turasóireachta agus fóillíochta a thugann an oiread leas sóisialta agus geilleagrach agus is féidir do phobail an Inbhir agus a chosnaíonn na leasanna luachmhara tírdhreacha, oidhreachta agus comhshaoil.

5.7.1 RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

Cuireann an turasóireacht go mór leis an ngeilleagar náisiúnta. D'óstáil oileán na hÉireann €18.5 milliún i gcuairteanna baile agus i gcuairteanna thar lear sa bhliain 2009. Dá bharr sin, cuireadh €5.4 billiún isteach sa gheilleagar trí chaiteachas díreach na gcuairteoirí. Chuir 7.6 milliún cuairteoir ón iasacht
€3.4 billiún leis an ngeilleagar i dtuilleamh. Tríd is tríd, is ionann an méid a chuireann an turasóireacht le hoileán na hÉireann go díreach ó thaobh an gheilleagair de agus 3.3% den olltáirgeacht intíre. Ina theannta sin, cuireann an turasóireacht le hoileán na hÉireann go hindíreach tríd an éifeacht iolraitheora, mar go scaiptear an t-airgead a chaitheann cuairteoirí ar fud an gheilleagair. Tá an turasóireacht ina foinse thábhachtach fostaíochta freisin; bhí sí ina bunús le thart ar 229,000 post ar oileán na hÉireann in 2009.

Aithnítear go forleathan go gcuireann an turasóireacht le fás geilleagrach cothrom. Tugann Údarás Réigiúnach an Mheán-Iarthair le fios gur tháinig 2 mhilliún cuairteoir turasóireachta chuig an réigiún sa bhliain 2007 lenar bhain ioncam de thart ar €518 milliún, arbh ionann é agus 9% den iomlán náisiúnta.

Sócmhainn turasóireachta indíolta é Inbhear na Sionainne ina bhfuil an dúrud nithe spéise ó thaobh méide agus éagsúlachta de. Tá Aerfort na Sionainne ina phríomhbhealach isteach chuig an réigiún agus chuig iarthar na hÉireann. Faightear nithe móra is díol spéise do thurasóirí san Inbhear agus mórthimpeall air, mar shampla Caisleán Bhun Raite san oirthear, Ceann Léime san iarthar agus Baile an Bhuinneánaigh agus Faing ar chladaí theas an Inbhir. Tionscail turasóireachta faoi rath iad an tslatiascaireacht farraige agus an éiceathurasóireacht mhuirí laistigh den Inbhear agus de Leithinis Iarthar an Chláir. D'fhéadfaidís fás níos mó laistigh de shaolré an SIFP. Tá an tInbhear ina cheann scríbe móréilimh le haghaidh na slatiascaireachta. Faightear os cionn 80 speiceas éisc ann lena n-áirítear doingean, bradán agus breac geal a bhfuil an-luach ag slatiascairí orthu. Measadh i Straitéis Turasóireachta Chontae an Chláir gurbh fhiú an t-ioncam ón turasóireacht i gContae an Chláir amháin agus €390 milliún don gheilleagar, agus gur tháinig píosa mór de sin ón tslatiascaireacht farraige.

Agus forbairt á déanamh ar an tsócmhainn turasóireachta lena chinntiú go bhfaigheann an pobal an tairbhe is mó agus is féidir as na sócmhainní sin, is ríthábhachtach go nglacfaí le cur chuige straitéiseach comhtháite a sholáthraíonn na naisc riachtanacha chun margaíocht agus cur chun cinn

a éascú agus, ag an am céanna, an cháilíocht lárnach, caomhnú an dúlra agus an leas oidhreachta cultúrtha atá i gcroílár an táirge turasóireachta, a chosaint.

Tá cáil ar chomhshaol Inbhear na Sionainne ar fud an domhain as a leas maidir le caomhnú an dúlra. Caithfidh an straitéis turasóireachta ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh go háirithe. Lena chois sin, ba chóir go ndíreofaí inti ar na lonnaíochtaí timpeall an Inbhir i dtaca le tionscadail forbartha turasóireachta, forbairtí a mholadh i gcomhréir le stádas na lonnaíochta san ordlathas agus saothrú íogair na sócmhainne turasóireachta a léiriú. Is é aidhm na straitéise leathnú agus athfhorbairt na n-áiseanna atá ann cheana féin a spreagadh agus a éascú más féidir leis an seans go ndéanfaí dochar don chomhshaol luachmhar a laghdú an oiread agus is féidir agus a chinntiú go mbaineann na lonnaíochtaí sin ar imeall an Inbhir sochar as na tairbhí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil a bhaineann le straitéis turasóireachta rathúil.

5.7.2 COMHTHÉACS BEARTAIS

AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2007-2013

Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP) clár infheistíochtaí comhtháite a dhíríonn ar chur le cumas na hÉireann fás ar bhealach inbhuanaithe go sóisialta agus ó thaobh an gheilleagair agus an chomhshaoil de.

Aithnítear san NDP an cumas a ghabhann leis an turasóireacht chun fás réigiúnach cothrom a chinntiú toisc gur gné lárnach d'fhorbairt réigiúnach agus tuaithe í. Déanfar an tacaíocht d'fhorbairt turasóireacht tuaithe a chothabháil agus a fhorbairt faoi fhorálacha an NDP. Dá bhrí sin, tacaíonn an NDP le forbairt bhreise ar thionscal na turasóireachta a bhfuil an cumas aige 10 milliún cuairteoir in aghaidh na bliana a mhealladh faoin mbliain 2012 de réir Thuarascáil New Horizons.

AN STRAITÉIS SPÁIS NÁISIÚNTA (2002-2020)

Tá forbairt inbhuanaithe ag ceartlár na Straitéise Spáis Náisiúnta (NSS) agus an gá ann an fheidhm is fearr a bhaint as acmhainní nádúrtha, fostaíocht a thabhairt níos cóngaraí d'áiteanna ina gcónaíonn daoine agus a chinntiú go mbíonn timpeallacht nádúrtha agus thógtha den scoth ann. Sonraítear san NSS na freagairtí spáis a theastaíonn le cumas na hearnála turasóireachta a uasmhéadú d'fhonn tacú le forbairt chothromaithe réigiúnach.

Leagtar béim inti gur féidir rath na limistéar bunaithe turasóireachta i gContae an Chláir a chothú trí bhainistíocht éifeachtach agus trí fhorbairt inbhuanaithe sócmhainní ar nós na hoidhreachta nádúrtha agus cultúrtha. D'fhéadfaí rochtain fhisiciúil a fheabhsú agus d'fhéadfaí cumas na limistéar tearcfhorbartha a fhorbairt sa turasóireacht agus i réimsí eile, go háirithe i gceantair ardtalún nó inbhir macasamhail iarthar Luimnigh agus Inbhear na Sionainne. Sainaithnítear Cill Rois amhail dheis treisithe uirbigh.

Leagtar béim san NSS ar an mbealach ar féidir le gníomhaíochtaí turasóireachta a bheith dírithe i gceantair a bhfuil bonn lag geilleagrach fúthu seachas an turasóireacht.

ÁR DTODHCHAÍ INBHUANAITHE: CREAT DON FHORBAIRT INBHUANAITHE D'ÉIRE

Is cur chuige comhtháite maidir le ceapadh beartais i leith forbairt inbhuanaithe é 'Ár dTodhchaí Inbhuanaithe'. Leagtar amach sa cháipéis 70 beart a chinnteoidh go bhfeabhsóimid ár gcáilíocht beatha le haghaidh na nglún anois agus amach anseo agus leagtar amach ann bearta, freagrachtaí agus amlínte soiléire i bplean forfheidhmithe. Ina measc sin tá réimsí mar inbhuanaitheacht an airgid phoiblí agus teacht aniar geilleagrach, acmhainní nádúrtha, talmhaíocht, athrú aeráide, iompar, sláinte phoiblí, oideachas, nuálaíocht agus taighde, oideachas, scileanna agus oiliúint, agus bochtaineacht dhomhanda.

FÁILTE IRELAND – TOURISM PRODUCT DEVELOPMENT STRATEGY 2007-2013 (STRAITÉIS FORBARTHA AN TÁIRGE TURASÓIREACHTA, 2007-2013)

Deimhnítear san athbhreithniú náisiúnta seo ar an earnáil turasóireachta go bhfuil ról ríthábhachtach ag an turasóireacht i bhforbairt gheilleagar na hÉireann. D'fhéadfadh sí cur go leanúnach le forbairt inbhuanaithe réigiúnach chothrom ó thaobh fostaíocht a chruthú agus a choimeád, infheistíochta i bpobail áitiúla agus cur leis an státchiste náisiúnta. Aithnítear go mbraitheann rath thurasóireacht na hÉireann amach anseo ar chomhfhís agus ar ghníomhartha an iomad imreoirí, idir phoiblí agus phríobháideach. Ba chóir go gceanglódh a gcuid oibre go maith le chéile d'fhonn timpeallacht iomaíoch mhealltach a thabhairt chun críche.

De réir an iniúchta ar tháirge turasóireachta na hÉireann, léiríodh nach mór dó breith suas lena chuid iomaitheoirí san AE i dtaobh a chuid croíthárgí turasóireachta, mar shampla:

- Oidhreacht agus cultúr;
- Siúl;
- Rothaíocht; agus
- Spóirt mhara.

Leagtar béim sa straitéis ar roinnt saincheisteanna i ndáil le turasóireacht mhuirí:

- Níl caighdeán na n-áiseanna poiblí nua-aimseartha in Éirinn ná na seirbhísí do chuairteoirí, atá nasctha leis an dea-chleachtas i mbainistíocht trá, chomh hard leis na caighdeáin a fheictear go forleathan thar lear.
- Níl gréasán na muiríní do chuairteoirí iomlán, go háirithe feadh an imeallbhoird thiar agus thiar thuaidh.
- Níl aon bheartais shoiléire ann maidir le pleanáil agus saincheisteanna urthrá i ndáil le turasóireacht mhuirí.
- Tá gréasán sách beag ann d'ionaid seoltóireachta, bádóireachta, spóirt uisce agus tumtha. Is tearc an méid ionaid mara nó uisce do chuairteoirí atá ann freisin in áiteanna tábhachtacha straitéiseacha.
- Tá ganntanas áitiúil ann maidir le hárthaí slatiascaireacht farraige agus árthaí beaga turasóireachta.
- Déantar láithreacha amhairc nó árthaí le breathnú ar mhíolta móra agus ar dheilfeanna a chur ar fáil go holc i gcomparáid lenár n-iomaitheoirí i dtíortha thart orainn.
- New Horizons for Irish Tourism: An Agenda for Action (Raon Nua do Thurasóireacht na hÉireann: Clár Oibre um Ghníomh), Meitheamh 2008 – Tuarascáil an Athbhreithnithe um Beartas Turasóireachta

Aithnítear sa Phlean Athbhreithnithe agus Gníomhaíochta seo go leanfaidh forbairt turasóireachta ar aghaidh ag brath ar ráta an bhorrtha gheilleagraigh dhomhanda agus réigiúnaigh agus ar mhéaduithe bainteacha ar ioncaim indiúscartha. Cuireann an straitéis forbartha turasóireachta sraith gníomhaíochtaí ar fáil a thacaíonn le forbairt bhreise na turasóireachta in Éirinn agus ina cuid réigiún.

Meastar gur ríthábhachtach é rochtain dhíreach iomaíoch, ón aer go háirithe, a sholáthar ó phríomh-mhargaí foinse chun an turasóireacht a choimeád agus a bhorradh.

Maidir le cúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá an-aird á díriú ar an idirghaolmhaireacht idir an turasóireacht agus taisteal ar thaobh amháin agus idir an comhshaol agus forbairt inbhuanaithe ar an taobh eile. Beidh tionchar

ag an gcaidreamh sin ar an táirge turasóireachta, ar chur chun cinn, ar iompraíocht tomhaltóirí agus ar rochtain agus iompar. Leagann sé béim ar a thábhachtaí atá forbairt inbhuanaithe chun íomhá dhearfach na hÉireann mar oileán "glan glas" a threisiú.

TREOIRLÍNTE RÉIGIÚNACHA PLEANÁLA AN MHEÁN-IARTHAIR, 2010-2022 (MWRPG)

Aithnítear sna treoirlínte go dtéann an turasóireacht i bhfeidhm go mór ar gheilleagar an Mheán-Iarthair. Tháinig 2 mhilliún cuairteoir turasóireachta chuig an réigiún sa bhliain 2007 lenar bhain ioncam de thart ar €518 milliún, arbh ionann é agus 9% den iomlán náisiúnta. Tá athrú mór tagtha le blianta beaga anuas ar mhodh taistil an lucht saoire ón bhfarraige go dtí an t-aer. Tá sé sin le sonrú de bharr an fháis faoi iompróirí ísealchostais. De réir shonraí Fháilte Éireann, baineann os cionn 50% de lucht saoire an réigiúin úsáid as Aerfort na Sionainne. Léiríonn sé sin go bhfuil a thábhachtaí atá sé ag dul i méad. Beidh forbairt bealaí agus nascacht idirnáisiúnta trí Aerfort na Sionainne chomh maith le rochtain aerfoirt ríthábhachtach i gcomhair na turasóireachta sa todhchaí.

Tá roinnt criosanna tábhachtacha turasóireachta sa Réigiún, lena n-áirítear nithe éagsúla ag a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá siad seo a leanas san áireamh iontu:

- Ceantar Luimnigh/Inse/na Sionna; tugtar aitheantas d'Inis mar phríomhbhaile búitíceanna na hÉireann;
- Tá Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite ina ní mór idirnáisiúnta is díol spéise;
- Ceann scríbe suntasach í leithinis Iarthar an Chláir, mar aon le Ceann Léime, lena mbaineann spéis mhara agus chósta;
- Faightear an dúrud nithe spéise ar bhealach turasóireachta an N69 feadh Inbhear na Sionainne;
- Ní mór spéise í Iarsmalann na mBád Aeir i bhFaing;
- Déantar freastal an-mhaith ar an Réigiún agus ar an uile chontae i gcoitinne ó thaobh conairí allamuigh de. Ina measc sin tá siúlbhealaí fadraoin, siúlóidí lúbtha, moil agus conairí rothaíochta, conairí uiscebhunaithe agus conairí fálróide ar chapaill;
- Déantar fónamh maith ar an Réigiún freisin le háiseanna turasóireachta uisce, lena n-áirítear an fharraige, lochanna, aibhneacha agus canálacha, gníomhaíochtaí uisce ar nós snámha, tumadóireacht domhainfharraige, iascaireacht mhara agus iascaireacht intíre agus líon mór gníomhaíochtaí ceardaíochta.

TREOIRLÍNTE PLEANÁLA RÉIGIÚNACHA AN IARDHEISCIRT (2010-2022)

Tugtar moladh i dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha an Iardheiscirt (SWRPG) as an raon sócmhainní luachmhara nádúrtha agus cultúrtha atá sa réigiún a thacaíonn leis an tionscal turasóireachta agus sainaithnítear deis sa cháipéis sin cur le mealladh na gcuairteoirí chuig an réigiún ar bhonn na timpeallachta muirí atá an-tarraingteach agus a fheictear i mórán calafort agus cuanta beaga timpeall an imeallbhoird, agus sna bailte agus sráidbhailte tarraingteacha sna ceantair chósta. D'fhéadfaí forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar mhuiríní, ar phontúin agus ar áiseanna breise eile chun úsáideoirí luaimh, slatiascairí agus cuairteoirí eile a mhealladh le fanacht níos faide réigiún.

Tuigtear san SWRPG go bhféadfadh an turasóireacht agus caitheamh aimsire dul i bhfeidhm go diúltach ar ghnáthóga agus ar speicis lena mbaineann tábhacht bhithéagsúlachta, lena n-áirítear an bhagairt maidir le speicis ionracha a thabhairt isteach agus a scaipeadh.

Mar gheall ar fhorbairt ar ghníomhaíochtaí, ar straitéisí agus ar thionscadail turasóireachta agus chaitheamh aimsire, ba cheart go ndéanfaí iomláine éiceolaíochta thimpeallacht nádúrtha an réigiúin a choimeád agus, más féidir, a fheabhsú. Níor mhór go gcuirfí an méid sin san áireamh sna forbairtí, go háirithe i gcás na suíomhanna ainmnithe idirnáisiúnta lena mbaineann tábhacht um chaomhnú an dúlra (Natura 2000).

Tugtar tacaíocht sna Treoirlínte d'fhorbairt straitéise comhordaithe lena mbaineann na páirtithe leasmhara uile i dtaobh forbairt a dhéanamh ar thurasóireacht mhuirí ardchaighdeáin inbhuanaithe san iardheisceart.

SHANNON DEVELOPMENT – TOURISM STRATEGY FOR THE SHANNON REGION, 2008-2010 (FORBAIRT SHIONAINNE – STRAITÉIS TURASÓIREACHTA DO RÉIGIÚN NA SIONAINNE, 2008-2010)

Cé go bhfuil an straitéis turasóireachta réigiúnaí seo a d'fhoilsigh Forbairt Shionainne, i gcomhar le Bord Turasóireachta Réigiún na Sionainne, beagán sean faoin am seo, fós féin tá cur chuige straitéiseach inti i leith creat soiléir comhaontaithe a sholáthar chun treoir a thabhairt do ghníomhartha na leasanna uile atá i gceist san earnáil thábhachtach seo.

Díríonn an straitéis ar dhá ghné ríthábhachtacha den táirge turasóireachta, arna chomhcheangal leis an margaíocht, a thagann le cumas an réigiúin agus pointí rochtana ar Aerfort na Sionainne.

Áirítear le príomhphointí na straitéise:

- Cumas na turasóireachta sa chomhthéacs náisiúnta;
- Taifead rathúil ar fhás na turasóireachta le blianta beaga anuas i Réigiún na Sionainne;
- Saincheisteanna maidir le hiomaíochas, le nascacht, le brandáil agus le nuálaíocht;
- Plean Gníomhaíochta ar leith agus príomhspriocanna le haghaidh líon cuairteoirí.

CLARE COUNTY COUNCIL TOURISM STRATEGY 2010-2014 (STRAITÉIS TURASÓIREACHTA CHOMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR, 2010-2014)

Leagtar amach sa straitéis seo an dóigh a mbainfear amach fís fhoriomlán Chomhairle Contae an Chláir don Chontae i ndáil leis an turasóireacht agus léirítear beartais agus straitéisí náisiúnta inti, leis. Luachanna tábhachtacha iad comhcheangal, comhordú agus inbhuanaitheacht a bhuntacaíonn le forbairt na straitéise. Is é an fhís straitéiseach tacú le forbairt earnáil chomhtháite inbhuanaithe turasóireachta i gContae an Chláir a chuirfidh go mór leis an ngeilleagar áitiúil agus í a éascú.

Sainaithnítear sa straitéis roinnt láidreachtaí a bhaineann leis an earnáil turasóireachta sa chontae lena n-áirítear Aerfort na Sionainne, áiseanna farantóireachta i dTairbeart agus an fhlúirse tháirgí turasóireachta, nithe spéise agus ghníomhaíochtaí atá ar fáil. I measc na laigí a bhraitear tá easpa comhcheangail agus comhoibrithe san earnáil turasóireachta, brandáil agus margaíocht lag, agus fadhbanna inrochtaineachta agus nascachta, go háirithe maidir le rochtain dhíreach a fháil ar an gcontae trí Aerfort na Sionainne.

Tá Plean Gníomhaíochta san áireamh sa Straitéis a dhíríonn ar na réimsí um fhorbairt, margú agus chur chun cinn táirge.

COUNTY CLARE TOURISM STRATEGY 2011-2014 (STRAITÉIS TURASÓIREACHTA CHONTAE AN CHLÁIR 2011-2014)

Sonraítear spriocanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha i straitéis Bhord Forbartha Chontae an Chláir don chontae agus fís do 2014 á cruthú. Is é cuspóir na Straitéise creat comhtháite comhaontaithe a chur ar fáil chun treoir a thabhairt do ghníomhartha na leasanna uile atá i gceist san earnáil turasóireachta. Cuimsítear sa Straitéis tosaíochtaí agus gníomhartha molta chun an fhís a bhaint amach bunaithe ar an móraidhm chun líon na gcuairteoirí agus an t-ioncam i gContae an Chláir a chothú agus a mhéadú trí mhargaíocht níos dírithe, trí fhorbairt táirgí, trí rochtain níos fearr ar an gcontae agus trí thaighde turasóireachta níos fearr. Leagtar béim chriticiúil ar a thábhachtaí atá feidhmíocht Aerfort na Sionainne agus a chinntiú go mbeidh sé ina aerfort idirnáisiúnta inbhuanaithe agus ina mhol idirnáisiúnta do phaisinéirí agus do lasta, agus béim ar leith ar fhreastal ar chósta an iarthair.

SHANNON AIRPORT CATCHMENT AREA: ECONOMIC & TOURISM DEVELOPMENT PLAN, 2008 (CEANTAR FREASTAIL AERFORT NA SIONAINNE: PLEAN FORBARTHA AN GHEILLEAGAIR AGUS NA TURASÓIREACHTA, 2008), AN ROINN IOMPAIR

Tá sé ina aidhm ag an bPlean seo clár dírithe um margaíocht turasóireachta a bhunú do mhórcheantar freastail Bhaile na Sionna sa bhreis ar chláir reatha Thurasóireacht Éireann, Fháilte Éireann agus Fhorbairt Shionainne. Maítear ann nach mbainfidh tairbhe inbhuanaithe le saintionscnamh margaíochta turasóireachta ach amháin más ann d'aerfort atá éifeachtach i dtaobh costais; forbairt cheart bealaí, go háirithe chuig mórthír na hEorpa agus chuig an mBreatain; agus soláthar luathaithe i dtaca le naisc fheabhsaithe iompair ar an talamh chuig an aerfort.

Leagtar sraith beart amach sa Phlean a bhaineann leis an aerfort é féin, le príomhbhonneagar tacaíochta sa réigiún agus le forbairt fiontraíochta agus turasóireachta. Go sonrach, tá sé ina aidhm sa Phlean clár dírithe margaíochta turasóireachta a bhunú chun mórcheantar freastail Bhaile na Sionna a chur chun cinn sa bhreis ar thabhairt isteach leanúnach na gclár reatha de chuid Thurasóireacht Éireann, Fháilte Éireann agus Fhorbairt Shionainne.

SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

Tá Slí an Atlantaigh Fhiáin ar tí a bheith mar an chéad chianbhealach turasóireachta in Éirinn. Beidh thart ar 1,400 km sa tSlí idir Dún na nGall agus Iarthar Chorcaí. Beidh an tSlí le sonrú feadh an chósta agus beidh na radhairc agus na heispéiris is fearr ar chósta Atlantach na hÉireann le fáil uirthi.

Tionscadal cúig chéim í Slí an Atlantaigh Fhiáin atá sa dara céim i láthair na huaire – céim aitheanta an bhealaigh. Seo a leanas cuid den obair nach mór a dhéanamh sa dá bhliain atá romhainn:

- Treochomharthaí a chur in airde;
- Lúba agus cúrsaí taistil a cheapadh i ngach ceann de na cinn scríbe trína dtéann an tSlí;
- Feachtas agus straitéis chuimsitheach margaíochta a cheapadh; agus
- Tús a chur le forbairt ar shraith láithreacha amhairc den scoth (Pointí Aimsithe) feadh an chósta thiar.

5.7.3 STRAITÉIS MAIDIR LE FÓILLÍOCHT AGUS TURASÓIREACHT MHUIRÍ

Tá éagsúlacht shuntasach le sonrú i bhforbairt na turasóireachta thart faoi Inbhear na Sionainne. Aithnítear go mbaineann luach geilleagrach réigiúnach le Contae an Chláir a thagann as an iliomad gníomhaíochtaí i leith turasóireacht agus fóillíocht mhuirí atá ar bun faoi láthair mórthimpeall Inbhear na Sionainne. Tá an-chumas turasóireachta i Luimneach, áfach, cé nach bhfuil leas á bhaint as sin san am i láthair d'ainneoin go bhfuil sé an-ghar d'Aerfort na Sionainne. I gcás Chontae Chiarraí, tá an cumas i dtaobh fhorbairt bhreise na hearnála caitheamh aimsire thart faoin Inbhear dírithe den chuid is mó ar Bhaile an Bhuinneánaigh agus trí fhorbairt ar mhargaí nideoige i laethanta saoire siúil/rothaíochta, turais seandálaíochta agus dúlra, laethanta saoire gníomhaíochtaí sainiúla, agus turasóireacht timpeallachta nó chultúir.

Beidh cur chuige comhtháite ag teastáil chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar an Inbhear le haghaidh gníomhaíochtaí muirí agus fóillíochta d'fhonn na tairbhí geilleagracha agus cáilíocht bheatha a chruthú don réigiún cósta agus d'fhonn an úsáid a bhaineann daoine iasachta as an gcomhshaol nádúrtha muirí le haghaidh uiscespórt agus do riachtanais áitiúla fóillíochta, a mhéadú. Féadfar tabhairt faoi fhairsingiú breise a bhuíochas leis na tionscnaimh fóillíochta muirí atá ann cheana féin. Féadfaidh Ionnaíochtaí cósta a ról a chur chun feabhais trína gcuid céanna reatha nach mbaintear dóthain úsáide astu agus féadfar deiseanna nua a fhiosrú freisin maidir le forbairt inbhuanaithe na héiceathurasóireachta agus na n-uiscespórt.

Grianghraf 48: Tá Galfchumann Bhaile an Bhuinneánaigh ina tháirge luachmhar turasóireachta

D'fhéadfadh an dúrud nithe spéise agus áiseanna éagsúla a bheith ann. Táthar ar aon tuairim go dteastaíonn saothrú íogair cothrom ón acmhainn lena chinntiú go bhfuil sí inbhuanaithe agus nach ndéanann sí dochar do na gnéithe oidhreachta nádúrtha, tógtha agus cultúrtha atá mar bhonn leis an mealladh turasóireachta. D'fhéadfadh feabhsúcháin agus breiseanna beaga ar an mbonneagar muirí san Inbhear freastal ar fhairsingiú leathan rathúil na turasóireachta muirí, na héiceathurasóireachta agus na slatiascaireachta farraige san Inbhear. Dá bhrí sin, chruthófaí mórbhuntáistí geilleagracha agus sóisialta do na daoine atá ina gcónaí san Inbhear nó lena thaobh.

Tá ordlathas inaitheanta sa soláthar turasóireachta atá ann cheana féin agus sa chumas chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an earnáil thart ar Inbhear na Sionainne, rud a léiríonn an t-ordlathas lonnaíochta réigiúnach go ginearálta:

- Tá ról mór le himirt ag Luimneach mar an Chathair Thairsí mar bhonn le haghaidh turasóireacht réigiúnach. Aithnítear i bPlean Forbartha na Cathrach a thábhachtaí atá an turasóireacht mar spreagthóir geilleagrach sa chathair agus sa réigiún mór. Tá méid agus suíomh straitéiseach na cathrach ag cumar iompair bhóthair, iarnróid agus mhara agus a ghaire atá sí d'Aerfort na Sionainne ina mbuntáistí.
- Tá Aerfort na Sionainne ina spreagthóir tábhachtach le haghaidh forbairt gheilleagrach, turasóireachta agus tráchtála do Réigiún na Sionainne agus do mhórcheantar Iarthar na hÉireann.
- Tá bonneagar suntasach calafoirt i gCalafort Fhainge, a bheadh feiliúnach faoi choinne shaothrú mhargadh na long cúrsála.
- Sráidbhaile agus ceann scríbe turasóireachta a bhfuil forbairt mhaith déanta air é Bun Raite. Tá sé bunaithe timpeall ar Chaisleán agus Daonpháirc Bhun Raite gar do Thairseach Luimnigh-na Sionna agus d'Aerfort na Sionainne. Criosaíodh cúlsoláthar talún suntasach i bPlean Limistéir Áitiúil Dheisceart an Chláir, 2012-2018 i gcomhair na turasóireachta. Léiríonn sé sin na deiseanna trádála agus fostaíochta a dhéanann suíomh turasóireachta tábhachtach de ar imeall cheantar an SIFP, i dteannta a ghaire atá sé d'Aerfort na Sionainne agus na ndea-nasc bóthair le Contaetha an Chláir, Luimnigh agus Chiarraí.
- Tá sráidbhaile Dhroichead an Chláir suite ó dheas ó Inis. D'fhéadfaí a phróifíl turasóireachta a ardú mar gheall ar a oidhreacht shaibhir agus a thábhacht stairiúil mar bhunáit mhíleata, mar chalafort tráchtála

agus mar shráidbhaile iascaireachta. Mar thoradh ar na moltaí atá le teacht i gcomhair athfhorbairt Ché Dhroichead an Chláir mar thaitneamhacht turasóireachta luachmhar agus ar an bPlean um Fheabhsúcháin Straitéiseacha don chroícheantar uirbeach, tá deiseanna spreagúla á gcruthú chun feabhas a chur ar na gnéithe stairiúla agus bonn láidir faoi choinne fhorbairt agus mhargaíocht an cheantair a chruthú don turasóireacht agus don fhóillíocht mhara.

- Lárionad Ceantair é Baile an Bhuinneánaigh san ordlathas Ionnaíochta agus is ceann scríbe cáiliúil turasóireachta é ina bhfuil galfchúrsa craoibhe a bhfuil clú air timpeall na cruinne, tránna Brataí Goirme (Grianghraf 48), stair shaibhir agus oidhreacht thógtha.
- Baile seirbhísí í Cill Rois ina bhfuil áiseanna muiríne dea-fhorbartha. Tá sé de chumas ag an turasóireacht cur go mór le rath geilleagrach Chill Rois agus an cheantair máguaird tríd an Muiríne (Grianghraf 49), Cé na Ceapaí, Garraí Daingean Vandeleur agus tá an cumas ann chun nasc turasóireachta a chothú leis an trá-bhaile móréilimh in aice láimhe i gCill Chaoi. Is iomaí deis i gCill Rois mar Bhaile Oidhreachta, ó thaobh na hoidhreachta nádúrtha agus na hoidhreachta tógtha de, mar aon le trá Bhrataí Goirme sa Cheapach, Inis Cathaigh, faire ar dheilfeanna, conairí turasóireachta agus cúrsáil ar Inbhear na Sionainne.
- Níos ísle san ordlathas tá an gréasán muiríní timpeall an Inbhir, i Ionnaíochtaí beaga cósta ina bhfuil sócmhainní turasóireachta agus bonneagar tearcfhorbartha.

Grianghraf 49: Tá sé de chumas ag Muiríne Chill Rois fairsingiú agus feabhsú

Tá méadú ag teacht san Inbhear ar fad ar a thábhachtaí atá slatiascaireacht farraige agus turasóireacht bhreathnóireachta mhuirí. Cuireann siad sin le bunacmhainní nádúrtha na muirthimpeallachta. Tá Iascach Intíre Éireann ag obair faoi láthair chun an cumas i leith slatiascaireacht farraige agus oibríochtaí báid chairte le haghaidh turasóireacht slatiascaireachta san Inbhear a mhéadú an oiread agus is féidir. Thar na blianta, tá tábhacht ag baint le níos mó ná 80 speiceas éisc san Inbhear i gcomhair na slatiascaireachta, lena n-áirítear bric gheala. Tá sé mar aidhm ag an bPlean freastal ar fheabhsú na n-áiseanna agus an bhonneagair a theastaíonn chun fónamh a dhéanamh ar an bpobal slatiascaireachta agus báid chairte, chomh maith le gníomhaíochtaí i gcomhair faire ar chéiticigh.
Tá an tInbhear ina bhaile ag deilfeanna bolgshrónacha, an t-aon ghrúpa cónaitheach a bhfuiltear ar an eolas faoi in Éirinn. Is táirge turasóireachta ar leith iad na deilfeanna. I láthair na huaire, eagraíonn roinnt árthaí turais faire fiadhúlra chun na deilfeanna a fheiceáil agus le turasóirí a chur ar an eolas faoi chaomhnú agus faoi chosaint na speiceas sin agus na speiceas muirí eile. Oibríonn siad uile de réir Chóid Iompair an Shannon Dolphin and Wildlife Foundation (Fondúireacht Deilfeanna agus Fiadhúlra na Sionainne), ina dtugtar comhairle ar dhea-chleachtas, a laghad suaite agus is féidir agus monatóireacht rialta. Tá an-chumas ann maidir le forbairt ar ghníomhaíochtaí breise tráchtála i gcás faire ar dheilfeanna, ar bád agus ar talamh, chomh maith le mórdheiseanna taighde a d'fhéadfadh fás a chur faoin acmhainn nádúrtha seo atá spreagúil agus uathúil.

Ar fud an Inbhir agus an cheantair máguaird, d'fhéadfadh fóillíocht agus turasóireacht mhuirí cur go mór le leas sóisialta agus geilleagrach na bpobal cósta agus an réigiúin trí chéile.

Is é an aidhm straitéiseach:

SIFP MTL 1.1:

Turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn

Úsáid íogair inbhuanaithe as sócmhainní Inbhear na Sionainne ar bhealach comhtháite a éascú agus a chur chun cinn, óna dtiocfadh forbairt ar earnáil fhuinniúil inbhuanaithe turasóireachta agus fóillíochta a thugann an oiread leas sóisialta agus geilleagrach agus is féidir do phobail an Inbhir agus a chosnaíonn na leasanna luachmhara tírdhreacha, oidhreachta agus comhshaoil.

Bearta Maolaithe – Turasóireacht, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire Muirí

Bearta Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)*
Bearta Maolaithe Uileghabhálacha	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe de réir Téama	MTL MM 1-8

5.7.4 AERFORT NA SIONAINNE

Tá Aerfort na Sionainne i gcroílár an réigiúin agus tá ról mór aige sa nascacht idirnáisiúnta le cósta thiar Mheiriceá Thuaidh agus leis an Eoraip. Tugann sé níos mó rathúnais don réigiún mar chainéal ríthábhachtach turasóireachta agus easpórtálacha. Tá an nascacht agus an rochtain ar an Aerfort thar a bheith tábhachtach agus is éasca teacht ar an réigiún agus ar an Aerfort Idirnáisiúnta de bharr Thollán na Sionainne agus chríochnú mhótarbhealach an M7 agus codanna móra den M18 a fhad leis an nGort.

Cé go bhfuil laghdú tagtha ar líon na bpaisinéirí san Aerfort le blianta beaga anuas, chuaigh beagnach 1.4 milliún paisinéir tríd an Aerfort in 2012. Tá ag éirí go han-mhaith leis an Aerfort go nuige seo in 2013; tugadh bealaí nua isteach chuig Philadelphia, Chicago, Faro, Alicante agus Glaschú agus déanann sé fónamh ar 32 ceann scríbe. Tá seirbhísí trasatlantacha in Aerfort na Sionainne a eitlíonn go díreach ón Aerfort go dtí na Stáit Aontaithe agus Ceanada (Aerfort JFK i Nua-Eabhrac, Newark, Bostún, Philadelphia, Chicago agus Toronto) agus tá sé ag súil le fás suntasach in 2013, go háirithe i margadh Mheiriceá Thuaidh. Ba é Aerfort na Sionainne an chéad aerfort lasmuigh de Chríocha Mheiriceá a chuir áis um Chustaim agus Chosaint Teorann na Stát Aontaithe i bhfeidhm, a thugann réamh-imréiteach iomlán do phaisinéirí go dtí na Stáit Aontaithe.

Soláthraíonn Limistéar Neamhchustaim na Sionainne 7,700 deis fostaíochta faoi láthair i Seirbhísí Déantúsaíochta, Trádála Idirnáisiúnta, Eitlíochta, Turasóireachta agus Lóistíochta. D'fhéadfadh deiseanna nua forbartha a bheith ann freisin i dtaca le láimhseáil lasta, Imréiteach Custaim SAM, déantúsaíocht ardleibhéil agus Cothabháil agus Oiliúint Eitlíochta.

D'fhéadfadh níos mó paisinéirí dul trí Aerfort na Sionainne de thoradh na bhforbairtí sin uile toisc gurb é an bealach isteach chuig Réigiún na Sionainne agus chuig Iarthar na hÉireann i gcoitinne é. Tá deiseanna móra ann i dtaobh na turasóireachta gnó ós rud é go bhfuil an oiread sin fiontair thráchtála ardleibhéil suite chomh gar sin don Aerfort. Thiocfadh le cumas na hearnála ardluacha sin áiseanna feabhsaithe comhdhála agus lóistín a spreagadh sa cheantar.

D'fhéadfadh cur chuige comhtháite a chuireann nascadh le mórionaid turasóireachta eile, lena n-áirítear Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite, tuilleadh sineirgí suntasacha a chruthú i dtaca le margaíocht agus cur

chun cinn.

Cruthaíonn an tAerfort gníomhaíocht thábhachtach gheilleagrach sa réigiún. Dar leis an bPáipéar ón mbliain 2011 dar teideal 'Economic Benefits from Air Transport in Ireland', arna fhoilsiú ag Oxford Economics, gur sholáthair an earnáil eitlíochta níos mó ná 6% de na poist in Éirinn nuair a cuireadh a lorg geilleagrach iomlán san áireamh. San áireamh leis sin tá an earnáil eitlíochta féin lena n-áirítear aerlínte agus bonneagar talamhbhunaithe, mar aon lena slabhra soláthair agus an caiteachas spreagtha.

Is é an cuspóir forbartha:

SIFP MTL 1.2:

Aerfort na Sionainne a chur chun cinn

Forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach Aerfort na Sionainne a éascú mar mhórthairseach turasóireachta lena mbaineann tábhacht réigiúnach agus náisiúnta agus a chinntiú nach mbíonn drochthionchar ag na forbairtí uile den sórt sin ar speicis agus ar ghnáthóga a ainmnítear sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, sa Chreat-treoir Uisce agus i ngach Treoir chuí eile de chuid an AE.

5.7.5 LONGA CÚRSÁLA

Tá tionscal na long cúrsála ag éirí níos tábhachtaí i rith an ama in earnáil turasóireachta na hÉireann. Sa bhliain 2010, tháinig longa cúrsála ar a raibh níos mó ná 200,000 paisinéir go calafoirt Éireannacha 202 uair. Tá níos mó ná leath de na longa cúrsála a thagann go calafoirt Éireannacha in ann os cionn 2,000 paisinéir a iompar agus bíonn rátáil 4 - 4.5 réalta acu. Measadh gurb ionann caiteachas díreach na bpaisinéirí agus na foirne a tháinig i dtír i gcalafoirt Éireannacha, lena n-áirítear dleachtanna calafoirt, agus €20.3 milliún. Is cosúil go bhfuil an-chumas ag an gcuid sin den gheilleagar turasóireachta toisc gurb é an tionscal cúrsála an earnáil is mó fáis sa tionscal taistil agus fóillíochta.

Mar fhreagra ar an mborradh sin, choimisiúnaigh Fáilte Éireann Red C Research Ltd chun paisinéirí agus oibreoirí cúrsála idirnáisiúnta a chur faoi agallamh le linn 2010. Luaigh oibreoirí cúrsála go bhfuil ioncam, costais, sástacht na n-aíonna, turais agus áiseanna calafoirt tábhachtach dóibh nuair a bhíonn a gcúrsaí taistil á bpleanáil acu. D'fhéadfadh Éire cur lena tarraingteacht mar cheann scríbe idirnáisiúnta cúrsála agus í féin a bhunú sna príomhbhealaí ach chomhoibriú le roinnt tíortha. Mar thoradh ar chomhoibriú den saghas sin, bheadh na ballchalafoirt in ann leibhéil seirbhíse a shocrú agus margaíocht a dhéanamh orthu féin faoi aon bhranda amháin d'oibreoirí cúrsála.

Tá an chuma ar an scéal gurbh fhearr, ó thaobh luacha de, cúrsálacha gearra agus cúrsálacha atá i lár a gcúrsaí taistil a mhealladh. As an mBreatain a tháinig seasca faoin gcéad de na longa cúrsála a tháinig go hÉirinn; tháinig 25% ó Thuaisceart na hEorpa agus tháinig 11% ón nGearmáin. Bíonn ceithre cinn as gach cúig chúrsáil ag tús nó i lár a gcúrsa taistil nuair a shroicheann siad Éire. Maireann móramh na gcúrsálacha idir 8 agus 12 oíche. Tá Éire suite go foirfe in aice leis an Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil an dara margadh cúrsála is mó ar domhan. Sa bhliain 2006, fuair Calafort Dover £19.6 milliún in ioncam díreach ó longa cúrsála mar aon le 226 post coibhéise lánaimseartha.

Caithfidh Éire na seirbhísí calafoirt agus cladaigh a fhorbairt ionas go mbeidh sí chomh tarraingteach agus is féidir d'oibreoirí idirnáisiúnta agus do phaisinéirí cúrsála amach anseo. Tá oibreoirí den tuairim go bhfuil Éire ina ceann scríbe iontach cúrsála ina bhfuil doimhneacht leis na turais ar talamh. Mar gheall ar a suíomh geografach, féadtar í a chur san áireamh i gcúrsálacha na hÉireann agus na Breataine Móire agus i gcúrsálacha trasatlantacha araon. Is ann do dhea-fhaid chúrsála freisin de thairbhe a ghaire atá calafoirt na hÉireann dá chéile.

I láthair na huaire, tá na príomhchalafoirt chúrsála le fáil i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Tá méadú ag teacht ar an ngnó i bPort Láirge agus i nGaillimh leis. D'éirigh le Forbairt Shionainne longa cúrsála a mhealladh isteach san Inbhear ag Calafort Fhainge. Táthar ag súil le 3,000 paisinéir cúrsála chuig an réigiún in 2012; méadú 36% é sin ó 2,200 cuairteoir cúrsála anuraidh. Is é Calafort Fhainge an rogha cheann scríbe san Inbhear mar gheall ar na nithe inmhianaithe seo a leanas: infhaighteacht domhainmhara; bonneagar calafoirt oiriúnach; agus gaireacht do bhealach turasóireachta an N69 a nascann le mol Chathair Luimnigh (Grianghraf 50).

Beidh sé dúshlánach longa cúrsála a mhealladh chun an Inbhir go rialta de thoradh roinnt tosca, lena n-áirítear a fhaide atá sé ar shiúl ó bhealaí bunaithe agus tuairimí i ndáil leis an aimsir. Is dealraitheach go mb'fhéidir gurb é an gnó is fearr san Inbhir margadh na n-árthaí beaga ar a mbíonn níos lú ná 1,000 paisinéir. Ní mór pacáistí tarraingteacha a chur ar fáil i dtaca le nithe spéise agus turais ar talamh. Teastaíonn cur chuige comhtháite i leith na margaíochta faoina choinne sin d'fhonn na háiseanna cúrsála a cheangal le mórnithe spéise eile fearacht Chaisleán Bhun Raite, sheirbhís farantóireachta an Inbhir agus na n-earnálacha turasóireachta nideoige.

Is é an cuspóir forbartha:

SIFP MTL 1.3:

Tionscal na long cúrsála

Tacú le húsáid inbhuanaithe Thionscal na Long Cúrsála as an Inbhear agus é sin a éascú trí chainéil ríthábhachtacha loingseoireachta agus áiseanna ancaireachta agus bearta a chothabháil agus a chosaint, agus a chinntiú nach mbíonn drochthionchar ag na forbairtí uile den sórt sin ar speicis agus ar ghnáthóga a ainmnítear sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, sa Chreat-treoir Uisce agus i ngach Treoir chuí eile de chuid an AE.

Grianghraf 50: Línéar cúrsála le balla i bhFaing le déanaí

5.7.6 FORBAIRT NA TURASÓIREACHTA MUIRÍ SAN INBHEAR

Tá trácht mara ina ghné thábhachtach de thionscal turasóireachta agus fóillíochta an Inbhir. Tá ordlathas inaitheanta in Inbhear na Sionainne ó thaobh an bhonneagair mhuirí reatha agus cumais de. Tá an dá chalafort mhóra – Calafort Fhainge agus Dugaí Luimnigh – in ann árthaí móra a ghlacadh a dhéanann freastal go príomha ar an tionscal calafort tráchtála ach atá ábalta freastal ar longa cúrsála freisin. Tá teacht ar áiseanna domhainmhara i nGob na Muine, i dTairbeart agus in Eachinis freisin a mbeadh cumas iontu le haghaidh fhorbairt na turasóireachta muirí. Tá na húsáidí talún atá ann faoi láthair neamhréititheach áfach, agus ní dócha go mbeidís tarraingteach do thomhaltóirí turasóireachta.

Tá pócaí domhainmhara nádúrtha le fáil in Inbhear na Sionainne freisin. Cruthaíonn sé sin go leor deiseanna chun feabhas a chur ar an acmhainneacht le haghaidh áiseanna agus limistéir bhearta nua a bheadh in ann freastal ar longa níos mó. Mar sin féin, ní hí an ghné dhomhainmhara léi féin an t-aon ní ábhartha. Timpeallacht nádúrtha íogair é an tInbhear agus mar gheall ar na leasanna um chaomhnú an dúlra a ghnóthaigh aitheantas idirnáisiúnta sna hainmniúcháin i leith SAC agus SPA, agus mar gheall ar cheisteanna i dtaobh oidhreacht chultúrtha agus tírdhreacha, níor mhór go mbeadh togra ar bith maidir le móráiseanna nua bearta a chruthú i gcoibhneas le ceisteanna comhshaoil i gcoitinne agus le ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga go háirithe. Is é an tosaíocht atá ann sa chéad dul síos na móráiseanna bearta atá ann cheana féin a éagsúlú, a uasghrádú agus a shíneadh más féidir d'fhonn freastal ar riachtanais na mórárthaí turasóireachta.

Tá Bád Farantóireachta na Sionainne ina acmhainn ríthábhachtach d'iompar muirí in Inbhear na Sionainne. Soláthraíonn sé seirbhís thábhachtach do phobail áitiúla, d'fhostóirí agus don turasóireacht sa cheantar áitiúil agus sa mhór-réigiún idir Tairbeart i gContae Chiarraí agus Cill Íomaí i gContae an Chláir. Nascann sé le príomhbhealaí an N69 agus an N67. Is seirbhís ríthábhachtach é sin don gheilleagar turasóireachta sa Réigiún. Ina theannta sin, is nasc tábhachtach é maidir le Straitéis Turasóireachta Comhtháite a chur le chéile don Inbhear.

Níos ísle san ordlathas tá an gréasán muiríní ar fud an Inbhir. Tá ceann de na muiríní is mó i gCill Rois, áit a bhfuil bunáite na dturas báid d'fhaire ar dheilfeanna agus na dturas lae chuig Inis Cathaigh lonnaithe. Soláthraíonn sé seirbhísí tábhachtacha do na hárthaí beaga ar a mbíonn na pobail áitiúla ag brath. Is ann d'fhoirgneamh seirbhísí muiríne ina bhfaightear cuid mhór trealaimh, mar aon le bádchlós mór agus áis mhór stóras bád agus deisiúcháin faoi dhíon. Déanann an mhuiríne freastal ar bháid níos lú, ar luaimh agus ar árthaí seoltóireachta eile i gcaitheamh na bliana do ligean ar cíos/cairt le haghaidh turas, cúrsála agus slatiascaireachta. Tá sé ina dhlúthchuid den gheilleagar áitiúil feadh chósta an Chláir agus soláthraíonn sé an dúrud fostaíochta i raon poist iompair. Tagann an leibhéal áiseanna atá ar fáil le ról Chill Rois mar bhaile seirbhísí. Ba chóir go mbeadh ról lárnach ag an mbaile i rith an ama maidir leis an earnáil turasóireachta muirí san Inbhear. Tá oidhreacht nádúrtha Chill Rois ar cheann de na sócmhainní atá le fáil, go háirithe na deilfeanna bolgshrónacha in Inbhear na Sionainne – an t-aon ghrúpa cónaitheach den speiceas seo a shonraítear in Iarscríbhinn II a bhfuiltear ar an eolas faoi, mar aon le Poll na nOisrí agus Carraig an Chabhaltaigh-Rinn Bhile ar uiscí sliogéisc ainmnithe iad.

Déanann sráidbhaile mór Charraig an Chabhaltaigh agus an lonnaíocht níos lú i gCill Bheathach freastal ar thionscnamh turasóireachta Cheann Léime a bhfuil duaiseanna buaite aige. D'éirigh leis cothromaíocht a bhaint amach maidir le saothrú íogair a dhéanamh ar na sócmhainní nádúrtha trí fhaire ar éin agus ar dheilfeanna, iascaireacht mhara, taitneamh a bhaint as radharc tíre cósta den scoth agus an oidhreacht chultúrtha.

Sna lonnaíochtaí sin uile agus i lonnaíochtaí den chineál céanna, mar shampla Baile an Bhuinneánaigh, Faing agus an Gleann, áit a bhfuil an turasóireacht ag déanamh go maith cheana féin, déanfar an freastal is fearr ar

chuspóirí inbhuanaitheachta trí leathnú breise íogair an bhonneagair atá ann cheana féin chun roghanna forbartha breise a éascú de réir nádúir agus scála a oireann do gach lonnaíocht faoi leith.

Lárionad Ceantair é Baile an Bhuinneánaigh san ordlathas lonnaíochta agus is ceann scríbe turasóireachta é ina bhfuil galfchúrsa craoibhe a bhfuil clú air timpeall na cruinne, tránna Brataí Goirme, stair shaibhir agus oidhreacht thógtha. Bhí sé de nós riamh, áfach, cuairt a thabhairt ar an mbaile in áit fanacht ann. Ina theannta sin, bíonn an geilleagar thíos de bharr saincheisteanna séasúrachta agus easpa nithe spéise daingne a choinneodh turasóirí ann níos faide. Cuireann cás Bhaile an Bhuinneánaigh dúshlán an Inbhir ar fad in iúl – is é sin gur gá níos mó leasa a bhaint as na sócmhainní sin lena chinntiú go ndéanfar ceann scríbe bunaithe de a bhaineann sochar iomlán inbhuanaithe as an gcumas turasóireachta atá ann.

D'fhéadfaí tairbhe a bhaint as gníomhaíochtaí ar nós siúil agus rothaíochta chun téamaí ar leith a chur chun cinn, mar shampla leasanna um chaomhnú an dúlra, oidhreacht chultúrtha/stair shóisialta i gconairí ainmnithe, agus cur leis an ngréasán bunaithe go háirithe timpeall Thuaisceart Chiarraí agus Bhaile Stiabhna/Rinn Mhaoilín i gContae Luimnigh (Grianghraf 51).

Níor mhór go nascfaí le chéile sa Straitéis Turasóireachta Comhtháite na príomhghnéithe a chuireann buntréithe an Inbhir in iúl, mar shampla Aerfort na Sionainne, Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite, na háiseanna turasóireachta, calafoirt agus muiríne agus téamaí an dúlra, an tírdhreacha agus na hoidhreachta cultúrtha. Caithfidh gach forbairt a chinntiú nach gcuireann siad i mbaol go do-ghlactha an tsócmhainn a bhfuil ar intinn acu leas a bhaint aisti nó nach ndéanann siad difear do shócmhainn nádúrtha ríthábhachtach eile go hindíreach agus go gcomhlíonann siad an Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga san uile chás.

Grianghraf 51: Feabhsúcháin ar áiseanna agus ar bhonneagar atá ann cheana féin

Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP MTL 1.4:

Tacú le Turasóireacht agus Fóillíocht Inbhuanaithe

Tacú le forbairt inbhuanaithe na dtionscadal cuí turasóireachta agus fóillíochta sna moil a sainaithníodh in Inbhear na Sionainne agus mórthimpeall orthu agus a chinntiú nach mbíonn drochthionchar ag na forbairtí uile den sórt sin ar speicis agus ar ghnáthóga a ainmnítear sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga agus i ngach Treoir chuí eile de chuid an AE agus nach gcuireann siad áiseanna tosaíochta loingis/loingseoireachta a sainaithníodh i mbaol go míchuí.

SIFP MTL 1.5:

An Turasóireachta i Lonnaíochtaí

Tacú le forbairtí turasóireachta ar talamh atá nua agus inbhuanaithe agus é sin a éascú i lonnaíochtaí atá ann cheana féin, áiteanna ina dtig leo an tacaíocht is fearr agus is féidir a thabhairt do sholáthar seirbhísí agus do bheogacht gheilleagrach ghinearálta na lonnaíochtaí sin, agus a chinntiú nach mbíonn drochthionchar ag na forbairtí uile den sórt sin ar speicis agus ar ghnáthóga a ainmnítear sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga agus i ngach Treoir chuí eile de chuid an AE, agus aird chuí a thabhairt do ghnéithe luachmhara tírdhreacha agus oidhreachta.

SIFP MTL 1.6:

Áiseanna muiríne

Tacú le forbairt inbhuanaithe agus le huasghrádú na n-áiseanna muiríne i láithreacha cuí ina bhfuil gníomhaíochtaí gaolmhara ar bun cheana féin nó ina bhfuil éileamh inbhraite ar a leithéid d'áis agus é sin a éascú, agus a chinntiú nach mbíonn drochthionchar ag na forbairtí uile den sórt sin ar speicis agus ar ghnáthóga a ainmnítear sa Treoir maidir le Gnáthóga, sa Chreat-treoir Uisce agus i ngach Treoir chuí eile de chuid an CE.

SIFP MTL 1.7:

Gníomhaíochtaí mara

Leathnú inbhuanaithe na scéimeanna fóillíochta mara atá ann cheana féin agus cruthú deiseanna nua i gcomhair fhorbairt inbhuanaithe na héiceathurasóireachta agus na n-uiscespórt feadh an Inbhir a spreagadh agus a éascú, agus a chinntiú nach mbíonn drochthionchar ag na forbairtí uile den sórt sin ar speicis agus ar ghnáthóga a ainmnítear sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, sa Chreat-treoir Uisce agus i ngach Treoir chuí eile de chuid an AE.

5.7.7 NA HOILEÁIN

Tá cumas ag oileáin an Inbhir maidir le forbairt inbhuanaithe na héiceathurasóireachta agus na turasóireachta oidhreachta. Cé nach bhfuil duine ar bith ina gcónaí orthu ó na 1970idí i leith, tugtar faoi fheirmeoireacht ar na hoileáin in ainneoin a dhúshlánaí atá an t-ionad oibre. Is ríthábhachtach go mbítear ar an eolas faoi thaoidí an Inbhir agus faoi na guaiseacha a bhaineann leo. Go ginearálta, tá drochbhail ar chéanna agus ar fhánáin an cheantair agus braitheann teacht i dtír ar chóras na dtaoidí.

Tá a scéal féin ag gach oileán i stair shóisialta Inbhear na Sionainne. Tá a lán oidhreacht chultúrtha ag baint leo, mar shampla fothrach suntasach Mhainistir Oileán na gCanánach. Bunaíodh í sa bhliain 1190 agus tá sí suite in oirthuaisceart an oileáin. Deirtear go raibh sí ina hionad tábhachtach foghlama ag a tús agus go raibh na céadta mac léinn ina gcónaí inti sa 13ú agus sa 14ú haois. Téann an séipéal ársa ar Oileán na gCoiníní siar go tráth Naomh Breandán i 550AD. Ní spéise níos déanaí é an ché beag in iarthar an oileáin óna dtagann lána a fhad le sráidbhaile beag de thithe tréigthe agus teach scoile; tá dea-bhail air ar fad.

Tá Inbhear na Sionainne ar cheann de na suíomhanna is tábhachtaí in Éirinn freisin le haghaidh éin uisce gheimhrithe agus imirceacha. Faightear ann 10 gcinn de speicis éan a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta lena líon agus 13 speiceas éan eile a bhfuil tábhacht náisiúnta lena líon. Tá an tInbhear chomh fada siar le Faing ainmnithe mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA). Táthar ag moladh an SPA sin a ainmniú athuair faoi láthair, mar aon le síneadh ollmhór a chlúdóidh cuid mhór den Inbhear amuigh freisin. Baineann tábhacht idirnáisiúnta le hInbhir na Sionainne agus an Fhorghais trí chéile agus is leanúntas é an limistéar idirthaoideach. Meastar go bhfuil gach cuid den Inbhear tábhachtach le haghaidh éan, ach baineann éin leasanna difriúla as codanna éagsúla den Inbhear féin.

Tá cumas nach beag ag an Inbhear mórthimpeall na

n-oileán freisin maidir le faire ar éin agus caitheamh aimsire eile atá bunaithe ar chaomhnú an dúlra. Mórdheis turasóireachta é sin in éineacht leis an oidhreacht chultúrtha shaibhir agus an tírdhreach iontach. Tugadh faoi staidéar indéantachta le déanaí ar Oileáin na Sionainne agus an Fhorghais chun deiseanna féideartha gnó agus turasóireachta a iniúchadh. Mar sin féin, tá caomhnú an dúlra ina thosaíocht an-mhór sa chuid seo den Inbhear agus níor mhór a chinntiú i bhforbairt ar bith nach gcuirfí cuspóirí ainmniúcháin Natura 2000 i mbaol go do-ghlactha. Níor mhór tairseacha na gníomhaíochta inghlactha a mheas i gceart i ndáil le raon na ngníomhaíochtaí a bheadh i gceist agus le háiseanna coimhdeacha ar bith a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go tromchúiseach ar an timpeallacht íogair sin.

Is é an cuspóir forbartha:

SIFP MTL 1.8:
Cumas Turasóireachta na nOileán a Mheas

Measúnú a éascú ar chumas turasóireachta/fóillíochta na n-oileán san Inbhear i gcomhthéacs íogaireachtaí tírdhreacha/oidhreachta agus ainmniúcháin chomhshaoil áitiúla agus Eorpacha.

Cuid 5.8 Eitlíocht

Acmhainn fhadtéarmach Aerfort na Sionainne agus na gceantar máguaird a fhíorú, forbairt inbhuanaithe Aerfort na Sionainne a spreagadh mar fhórsa straitéiseach geilleagrach, chun tairbhí geilleagracha agus sóisialta do réigiún Inbhear na Sionainne agus Réigiún an Mheán-Iarthair i gcoitinn a bhaint amach

5.8.1 RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

Tá Aerfort na Sionainne i gcroílár Réigiún na Sionainne agus tá ról tábhachtach aige naisc iompair idirnáisiúnta a sholáthar le bord farraige iarthair Meiriceá Thuaidh agus an Eoraip agus saibhreas an réigiúin a mhéadú. Is saoráid ríthábhachtach é an t-aerfort le haghaidh forbairt gheilleagrach, turasóireachta agus thionsclaíoch i Réigiún na Sionainne agus in Iarthar na hÉireann i gcoitinn, mar bhealach criticiúil don turasóireacht agus easpórtálacha.

Osclaíodh an t-aerfort go hoifigiúil i 1945 agus bliain ina dhiaidh sin, thuirling an chéad eitleán trasatlantach tráchtála san Aerfort. Sa bhliain 1947, bhain an tAerfort stádas amach mar an chéad aerfort neamhchustaim ar domhan.

Tá an rúidbhealach is faide in Éirinn (3,199 méadar) in Aerfort na Sionainne agus bíonn sé oscailte 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain. Freastalaíonn Aerfort na Sionainne ar eitiltí sceidealta agus cairtfhostaithe agus tá breis is 24 seastán aerárthaigh ann. Le blianta beaga anuas, tháinig laghdú suntasach ar líon na bpaisinéirí san aerfort.

Ar an iomlán, tá breis is 850 heicteár ag an aerfort. Mar sin, is mór na deiseanna atá ann cur le hoidhreacht na Sionainne agus bunús traidisiúnta an MRO (Cothabháil, Deisiúchán agus Athrú). Tá na hacmhainní ann chomh maith tionscail chomhlántacha amhail ionad lóistíochta a chur ar bun (Grianghraf 52).

Limistéar tionsclaíoch 243 heicteár é Limistéar Neamhchustaim na Sionainne ina bhfuil breis is 7,700 duine ag obair i mbreis is 100 cuideachta lena n-áirítear déantúsaíocht, seirbhísí idirnáisiúnta trádála, eitlíocht, turasóireacht agus seirbhísí lóistíochta do chuideachtaí idirnáisiúnta agus an líon is mó cuideachtaí as Meiriceá Thuaidh in Éirinn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Gintear 3.3 billiún in easpórtálacha sa Limistéar in aghaidh na bliana.

Tá an tAerfort cóngarach don Inbhear. Mar sin, ionad tábhachtach iompair atá ann agus bealach isteach chuig Iardheisceart na hÉireann, in aice le limistéir chuimsitheacha domhainmhara. Tá an 850 heicteár de chuid an aerfoirt sainithe i gcomhair úsáid eitlíochta laistigh de Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile na Sionna agus an Cheantair Máguaird.

5.8.2 AN COMHTHÉACS BEARTAIS

PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Is é is aidhm leis an bplean forbartha náisiúnta forbairt cothrom i measc réigiúin uile na hÉireann a chur chun cinn. Tabharfar tosaíocht do limistéir Thairsí amhail Luimneach-an tSionainn i gcomhair infheistíochta i mbonneagar straitéiseach a theastaíonn chun an chuspóir sin a bhaint amach.

STRAITÉIS SPÁIS NÁISIÚNTA

De réir na Straitéise Spáis Náisiúnta, ní mór do tairseach Luimnigh-na Sionainne torthaí níos fearr a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta/idirnáisiúnta d'fhonn cur le forbairt réigiúnach an Mheán-Iarthair. Ní mór é seo a dhéanamh chun tuilleadh infheistíochta a fháil don réigiún ina iomláine, trína thairseach chriticiúil, a shuíomh straitéiseach, a chumas nuálaíochta agus forbartha agus a naisc leis an gcreat náisiúnta iompair, lena n-áirítear naisc le hAerfort na Sionainne.

TREOIRLÍNTE PLEANÁLA RÉIGIÚNACHA AN MHEÁN-IARTHAIR

Faoin gceannteideal Infreastruchtúr Tosaíochta Iompair, tá sé ráite ag an MWRPG gur ríthábhachtach é rochtain ar bhóithre agus iarnróid, agus iompar go ginearálta chun forbairt straitéiseach an Réigiúin ina iomláine a chinntiú ar bhealach atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta agus inbhuanaithe, agus de bharr go bhfuil an eitlíocht ríthábhachtach don ghnó sa tír seo ó thaobh turasóireachta agus easpórtálacha de, gur bunriachtanas é naisc idir aerfoirt agus an córas iompair poiblí.

Is ríthábhachtach é an líonra príomhbhóithre laistigh den Réigiún, agus idir an Réigiún agus réigiúin eile, ar chúiseanna éagsúla. Cuireann sé go mór le gníomhaíochtaí comhoibrithe agus comhtháite idir acmhainní Thairseach an Réigiúin agus acmhainní na réigiún cóngarach, trí rochtain ar Aerfort na Sionainne a sholáthar ón gcúltír nádúrtha ó thuaidh agus ó dheas de.

PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL BHAILE NA SIONNA AGUS AN CHEANTAIR MÁGUAIRD 2012-2018

Aithnítear tábhacht straitéiseach na Sionainne sa Straitéis Náisiúnta Spáis 2002-2020, mar chuid de Thairseach Luimnigh-na Sionainne. Tá an-tábhacht ag baint le Baile na Sionna agus an ceantar máguaird i dtaobh Réigiún an Mheán-Iarthair a fhorbairt, ós rud é go bhfuil suíomh straitéiseach ar phasáiste an Atlantaigh aige mar aon le naisc leis na bóithre chuig Luimneach, Corcaigh agus Gaillimh.

I bPlean Ceantair Áitiúil Bhaile na Sionna agus an Cheantair Máguaird 2012-2018, leagtar amach an plean um úsáid talún chun pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe Ionnaíocht an bhaile agus a cheantair máguaird a chinntiú. Cuimsítear suíomhanna áirithe i bPlean Bhaile na Sionna agus an Cheantair Máguaird: Aerfort na Sionainne, Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, Eastáit Thionsclaíocha Bhaile an Ghabhann, Baile na Sionna agus talún feirmeoireachta lastoir, laistiar agus lastuaidh. Aithnítear sa Phlean go bhfuil cuid den limistéar a ainmnítear mar 'Thailte an Aerfoirt' i bPlean Ceantair Áitiúil Bhaile na Sionna agus an Cheantair Máguaird 2012-2018 laistigh de shuíomhanna Natura 2000 agus cuid de cóngarach dóibh. Mar sin, ní mór do thograí forbartha riachtanais na Treorach maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh.

Maidir leis an SIFP, aithníonn an Plean gné chriticiúil ó thaobh forbartha amach anseo: cur chuige bainistíochta comhtháite i leith acmhainn an Inbhir a ghlacadh. Siocair go bhfuil an tSionna Ionnaithe in aice leis an Inbhear, agus mar gheall ar na hacmhainní bonneagair agus na buntáistí eile iomaíocha atá aici faoi láthair, tá sí in áit bhreá le hearraíocht a bhaint as cumas forbartha amach anseo agus ról a bheith aici chun acmhainn forbartha an Inbhir a bharrfheabhsú.

Grianghraf 52 Aerfort na Sionainne

5.8.3 STRAITÉIS EITLÍOCHTA

Aidhm Straitéiseach:

SIFP AV1.1:

Forbairt Aerfort na Sionainne a chur chun cinn

Tacú le hacmhainn forbartha inbhuanaithe Aerfort na Sionainne agus í a éascú mar spreagthóir straitéiseach geilleagrach in Inbhear na Sionainne agus sa réigiún i gcoitinn.

An ról atá ag Aerfort na Sionainne mar thairseach idirnáisiúnta do réigiún na Sionainne a shlánú mar chuspóir tosaíochta. Má tá leas iomlán le baint as an mbuntáiste a bhaineann leis an aerfort idirnáisiúnta d'Inbhear na Sionainne, ní mór earraíocht a bhaint as an aerfort idirnáisiúnta, chomh maith leis na tailte straitéiseacha tionsclaíocha lena mbaineann agus na naisc le Meiriceá, an Eoraip agus an Ríocht Aontaithe.

Cé go bhfuil laghdú tagtha ar líon na bpaisinéirí le blianta beaga anuas, bhí beagnach 1.4 milliún paisinéirí san Aerfort in 2012. Tá éacht déanta san Aerfort in 2013 cheana, le tabhairt isteach aerbhealaí nua chuig Philadelphia, Chicago, Faro, Alicante agus Glaschú, agus freastalaíonn an t-aerfort ar 32 ceann scríbe anois. Tá eitiltí díreacha trasatlantacha ó Aerfort na Sionainne chuig na Stáit Aontaithe agus Ceanada (JFK Nua-Eabhrac, Newark, Bostún, Philadelphia, Chicago agus Toronto) agus tháinig fás suntasach ar an margadh i Meiriceá Thuaidh in 2013.

Fostóir tábhachtach réigiúnach is ea Limistéar Neamhchustaim na Sionainne: bhí 7700 duine á bhfostú in 2011 i gcuideachtaí ilnáisiúnta ardleibhéil tráchtála, a rinne 3 billiún de dhíolacháin, 90% a díoladh thar lear.

De bharr na bhforbairtí sin, d'fhéadfadh tuilleadh paisinéirí Aerfort na Sionainne a úsáid mar thairseach chuig Réigiún na Sionainne agus Iarthar na hÉireann i gcoitinn. Agus an méid sin gnóthas ardleibhéil lonnaithe chomh cóngarach sin don aerfort, tá deiseanna suntasacha turasóireachta gnó ann. D'fhéadfadh an earnáil ardluacha sin a bheith ina spreagadh chun saoráidí comhdhála agus lóistín feabhsaithe a chur ar fáil. An 3 Nollaig 2012, d'fhógair an Rialtas go scarfar Aerfort na Sionainne ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus go gcuirfear Aerfort na Sionainne agus gnéithe d'fhorbairt athstruchtúrtha Fhorbairt na Sionainne le chéile,

d'fhonn seirbhísí comhtháite i réigiún na Sionainne a sholáthar. An 31 Nollaig 2012, thug Údarás Aerfort na Sionainne faoi bhainistíocht, oibriú agus forbairt Aerfort na Sionainne. Glacfar reachtaíocht níos moille in 2013 chun foráil a dhéanamh do Ghrúpa na Sionainne cpt. Beidh Aerfort na Sionainne agus Forbairt Shionainne, a athainmneofar mar Fhiontair Tráchtála na Sionainne Teoranta ina bhfochuideachtaí de Ghrúpa na Sionainne cpt. Déanfaidh Grúpa na Sionainne cpt. ionad seirbhísí idirnáisiúnta eitlíochta a chur chun cinn agus a fhorbairt ar champas na Sionainne, bunaithe ar an aerfort.

Mar sin, is foinse spreagtha straitéisigh é Aerfort na Sionainne do chur chuige comhtháite an SIFP i leith Inbhear na Sionainne. Tá acmhainn ann sineirgí a chruthú le fórsaí tionscail, calafoirt agus turasóireachta san Inbhear. I measc na gcuideachtaí tábhachtacha a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as ról straitéiseach Aerfort na Sionainne a shlánú agus a chothú, tá Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite, agus calafoirt Luimnigh agus Fhainge.

Cuspóir atá againn tailte an aerfoirt a shlánú i gcomhair forbartha agus cuíchóiriú ionas nach gceadófar ach úsáidí eitlíochta agus úsáidí eile comhoiriúnacha nach gcuirfidh inbhuanaitheacht an aerfoirt i mbaol san fhadtéarma. Tabharfar tosaíocht do:

- Gníomhaíochtaí agus úsáidí an aerfoirt atá comhlántach le oibriú an aerfoirt;
- Seirbhísiú agus cothabháil aerárthaí agus saoráidí láimhseála lastais a bhaineann le gníomhaíochtaí an aerfoirt, úsáid mar lárionad gnó, a bhaineann go príomha le seirbhísiú aerfoirt, gníomhaíochtaí bainistíochta agus cothabhála;
- Úsáidí comhlántacha, lena n-áirítear scoileanna eitleoireachta, ionad lóistíochta idirnáisiúnta agus taighde.

Déantar tuairisc ar na cuspóirí forbartha agus ar na bearta cosanta de chuid an SEA agus an AA sna leathanaigh ina dhiaidh seo:

SIFP AV1.2:
Sábháilteacht

Na riachtanais oibríochtúla, sábháilteacht, theicniúla agus forbartha atá i bhfeidhm cheana agus a chuirfear i bhfeidhm amach anseo de chuid Aerfort na Sionainne a shlánú.

SIFP AV1.3:
Cosaint

Aird a thabhairt ar bheartais agus ar threoracha náisiúnta úsáide talún agus iad a chur i bhfeidhm, i ndáil leis na Criosanna Dearga agus leis na Criosanna Sábháilteachta Poiblí, a aithníodh sa Phlean Ceantair Áitiúil d'Aerfort na Sionainne.

SIFP AV1.4:

Comhairliúchán maidir le tograí forbartha

Aird a thabhairt ar chomhairle Údarás an Aerfoirt i dtaobh éifeachtaí aon tograí forbartha a chuirfear i bhfeidhm i gcóngaracht Aerfort na Sionainne, i dtaca le sábháilteacht aerárthaí nó lena loingseoireacht shábháilte agus éifeachtúil a chinntiú, go háirithe laistigh de Chriosanna Dearga Sábháilteachta agus de Chriosanna Sábháilteachta Poiblí a sainaithníodh laistigh den Phlean Ceantair Áitiúil.

SIFP AV1.5:

Tailte Forbartha de chuid Aerfort na Sionainne

Tacú le forbairt inbhuanaithe na dtailte timpeall an Aerfoirt chun críocha eitlíochta nó úsáidí eile comhlántacha nó comhoiriúnacha, agus bearta a dhéanamh lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag forbairtí den sórt sin ar speicis ná ar ghnáthóga a ainmnítear sa Treoir maidir le hÉin agus Gnáthóga, an Chreat-Treoir Uisce agus gach Treoir eile ábhartha de chuid an AE.

SIFP AV1.6:

Nasc le hInbhear na Sionainne

Deiseanna forbartha inbhuanaithe a bhreithniú chun naisc le tailte Aerfort na Sionainne agus uiscí Inbhear na Sionainne a fheabhsú d'fhonn úsáidí breise comhlántacha na saoráidí lamairne atá ann cheana a éascú.

Bearta Maolaithe - Eitlíocht

Beart maolaithe	Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 & 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 & 27-30
Maolú téamach	A MM 1-7



Cuid 5.9

Iascaireacht Tráchtála agus Dobharshaothrú

Cur le héagsúlú an gheilleagair áitiúil, le fás ar an bhfostaíocht agus le leas sóisialta phobail an chósta trí dhobharshaothrú agus iascaireacht tráchtála atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a éascú agus a chur chun cinn de réir riachtanais na dTreoracha maidir le hÉin agus le Gnáthóga, agus de réir chuspóirí agus spriocanna Threoracha ábhartha eile an AE.

5.9.1 RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

Measann Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) go mbeidh 42 milliún tonna bia mara ag teastáil gach bliain faoi 2030. Tá luach os cionn €700 milliún ar thionscail bhia mara na hÉireann agus sa tionscal dobharshaothrú amháin, táirgtear 27,000 tonna bia mara in aghaidh na bliana. Mheas BIM go raibh luach margaidh €430 milliún ar easpórtálacha in 2011.

Tá méadú tagtha ar an earnáil sin de bharr éileamh ar iasc agus ar bhia mara ar fud na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa, earnáil ina bhfuil beagnach 12,000 duine fostaithe in Éirinn, go háirithe in gceantair iargúlta cósta ina bhfuil an iascaireacht ríthábhachtach chun inmharthanacht na bpobal sin a chinntiú.

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta, aithnítear an tábhacht a bhaineann le leas iomlán a bhaint as an tionscal bia, agus dearbhaítear tiomantas chun leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh i bpróiseáil, i ndobharshaothrú agus i bhforbairt calafoirt iascaireachta. Sa tuarascáil bhliantúil de chuid Bhoird Iascaigh Mara, tugadh faoi deara go bhfuil acmhainn ag an earnáil bia mara cúnamh tábhachtach agus fadtéarmach a thabhairt d'athshlánú gheilleagar na hÉireann amach anseo.

Sa Phlean Comhtháite de chuid an Rialtais dar teideal 'Feidhm a bhaint as Saibhreas Ár nAigéin', deimhnítear go bhfuil cuid de na hiascaigh is mó agus is luachmhaire san Eoraip in uiscí cósta, gariascaireachta agus fadiascaireachta in Éirinn agus gur suíomh an-oiriúnach é do dhobharshaothrú éisc eite, sliogéisc agus feamainne. Tá dobharshaothrú agus gníomhaíochta iascaigh á bhforbairt go leanúnach, agus tá teicneolaíochtaí, táirgí bia mara agus margaí nua ag cur leis an ngeilleagar náisiúnta ó thaobh torthaí, fostaíochta agus easpórtálacha de.

5.9.2 DOBHARSHAOTHRÚ AGUS IASCAIGH IN INBHEAR NA SIONAINNE

Go traidisiúnta, bhí an iascaireacht i gcroílár an gheilleagair áitiúil do chomhphobail cósta, mar ghníomhaíocht tráchtála trádála agus caitheamh aimsire/fóillíochta (Grianghraf 54). Ar an taobh eile, de bharr rialú comhshaoil breise agus srianta ar an líon agus ar an gcineál iascaireachta tráchtála, tá meath tagtha ar an ngníomhaíocht sin san Inbhear.

Faoi láthair, bíonn réimse gníomhaíochtaí éagsúla

iascaireachta tráchtála ar siúl san Inbhear. Uaireanta, bíonn iascaireacht maicréil agus gabhar ar siúl amach ó Cheann Léime. Bíonn trálaeir as an bhFianait, an Dún Beag agus Ros an Mhíl ag iascaireacht sa cheantar chomh maith. Gníomhaíocht faoi réir ceadúnais is ea an iascaireacht, a rialaíonn na hAchtanna Iascaireachta (1959-2006) faoi láthair.

Grianghraf 53: Feirmeoireacht Oisrí

Tá thart ar ocht mbád áitiúla cheadúnaithe a úsáideann potaí den chuid is mó (portach, gliomach, agus séacla), eangacha geolbhaigh agus eangacha tranglála. Bíonn an chuid is mó den iascaireacht ar siúl lasmuigh den Inbhear. Faightear an bodach buí, an chadóg, an fíogach, an mangach agus an bodach mór sna heangacha geolbhaigh agus i rith an tsamhraidh, an bráthair, turbard agus roc a bhíonn á n-iascaireacht. Déantar iascaireacht séacla san Inbhear i míonna déanacha an fhómhair agus an gheimhridh.

Aithnítear an tInbhear mar limistéar tábhachtach le haghaidh dobharshaothrú tráchtála, agus tá na hoibríochtaí ceadúnaithe reatha dírithe ar shliogéisc a shaothrú, go háirithe oisrí an Aigéin Chiúin (Grianghraf 53). Cé go bhfuil iascaireacht ar siúl san Inbhear le fada an lá, siar go dtí na blianta roimh Chríost, ba mhall an fhorbairt a rinneadh chun leas iomlán a bhaint as. Den chuid is mó, úsáidtear modhanna tristéil chun oisrí a shaothrú, agus dírítear ar limistéir atá cóngarach do nó i mBá Rinn Bhaile, Carraig an Chabhaltaigh, Poll na nOisrí, Cuan Bunnaclugga agus gar d'Eachinis. Ní gné thraidisiúnta den Inbhear é feirmeoireacht éisc eite, ach de bharr go bhfuiltear ag díriú anois ar fheirmeoireacht éisc ar chósta thiar na hÉireann, d'fhéadfaí spreagadh a thabhairt chun deiseanna nua san Inbhear a fhiosrú.

Tá srianta nádúrtha amhail sruthanna tréana agus ualaigh deascáin, mar aon le héiginnteacht maidir le truailliú tionsclaíoch féideartha ar an gcósta ar cheann de na cúiseanna nach ndearnadh an dobharshaothrú a fhorbairt ach go hainéasca. Tá acmhainní suntasacha idirthaoideacha agus gariascaireachta feadh na gcéadta ciliméadar cladaigh ó thuaidh agus ó dheas san Inbhear, ach ní hionann na dálaí bitheolaíochta agus topagrafacha i gceantar amháin agus i gceantar eile de bharr nochtadh, chineál na substráite, raonta taoidmheara, dhoimhneacht na n-uiscí agus cháilíocht an uisce.

Tá an iascaireacht, próiseáil éisc/sliogéisc, dáileadh, dobharshaothrú agus gníomhaíochtaí gaolmhara fós ag giniúint fostaíocht dhíreach shuntasach sna fiontair sin, chomh maith le fostaíocht indíreach in ionaid próiseála agus miondíola.

Grianghraf 54: Is gníomhaíocht tábhachtach fóillíochta í an iascaireacht fóillíochta ar an tSionainn

5.9.3 PÁIRTITHE LEASMHARA REATHA AGUS AN CÓRAS TOILITHE

Tá gníomhaireachtaí éagsúla páirteach i rialú na n-uiscí muirí, agus maoirseacht á déanamh acu ar rialú gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe san Inbhear, de réir dearcadh éagsúil.

I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara is tábhachtaí, tá:

- An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha;
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara;
- Iascach Intíre Éireann;
- Foras na Mara; agus
- Bord Iascaigh Mhara (BIM).

Tá caidreamh láidir cothaithe idir na gníomhaireachtaí sin i gcaitheamh na mblianta, rud a chinntíonn cur chun cinn inbhuanaithe, uileghabhálach agus oiriúnach don chomhshaol. Agus leas á bhaint as na córais toilithe agus ceadúnaithe iascaireachta agus dobharshaothraithe, is féidir leis na gníomhaireachtaí athbhreithniú uileghabhálach a dhéanamh ar gach cuid de na tograí, lena n-áirítear sonraí na n-oibríochtaí, cleachtais, teicneolaíochtaí, agus inbhuanaitheacht an togra, mar aon le héifeachtaí dóchúla na n-oibríochtaí ar an ngeilleagar, ar an éiceachóras áitiúil agus ar an gcomhshaol i gcoitinn (Grianghraf 58).

Agus an dobharshaothrú á fhorbairt, go háirithe, baineadh leas as saineolas áitiúil, tacaíocht agus an bainistíocht cheantair a rinneadh leis an tionscnamh Córais Chomhordaithe um Bainistíocht Dobharshaothraithe Áitiúil (CLAMS), a d'fhorbair Bord Iascaigh Mhara (BIM) agus an Foras Mara. Trí CLAMS, bunaíodh próiseas comhtháite lena nasctar cuspóirí beartas náisiúnta agus réigiúnach agus rialú Ranna Rialtais ar an taobh amháin, le cuideachtaí/oibreoirí agus riachtanais/saincheisteanna a bhaineann le ceantair ar leith ar an taobh eile, chun réitigh áitiúla a chruthú chun fás geilleagrach a chruthú.

Cé go bhfuil an coincheap dírithe ar chuanta áitiúla, tugtar aird ar bheartais náisiúnta chun tabhairt isteach rathúil an dobharshaothraithe san fhorbairt cóstaí a chinntiú, agus an gá atá ann le comhlíonadh comhshaoil, caighdeán táirgí agus muinín tomhaltóirí a fheabhsú. D'éirigh leis an tionscnamh sin prionsabail na forbartha inbhuanaithe agus toil na bpobal áitiúil i leith an dobharshaothraithe sna cuanta éagsúla a thabhairt isteach i mbainistíocht todhchaí an Inbhir, an chósta agus acmhainní nádúrtha an Inbhir. Tá dhá ghrúpa CLAMS ag obair san Inbhear, Grúpa CLAMS na Sionainne Thuaidh agus Grúpa CLAMS na Sionainne Theas, a bhfuil treoir mhionsonraithe táirgthe acu maidir leis an tionscal dobharshaothraithe.

Aithníonn na páirtithe leasmhara uile go bhfuil acmhainn ann chun tionscail an dobharshaothraithe agus na hiascaireachta tráchtála in Inbhear na Sionainne a leathnú ar bhealach inbhuanaithe don chomhshaol agus atá ag teacht le húsáidí reatha agus molta sa cheantar.

Grianghraf 55: Cé agus fánán i gCill an Dísirt

5.9.4 DÚSHLÁIN AGUS SAINCHEISTEANNA TÁBHACHTACHA

Siocair go bhfuil acmhainn fáis san Inbhear, tá gá le cur chuige comhtháite i leith phleanáil agus bhainistíocht an limistéir muirí. Tá tionscail an loingis, an fhuinnimh in-athnuaite san fharraige amuigh, agus na fóillíochta agus turasóireachta uisce go léir san iomaíocht don acmhainn chéanna.

Braitheann fás ionchasach an dobharshaothraithe agus na hiascaireachta ar thionchar neamhdhíobhálach comhshaoil na n-oibríochtaí ar na bunacmhainní comhshaoil ar a bhfuil an tionscal sin ag brath go mór chun fás a chinntiú. Tá uisce neamhthruaillithe ar dea-chaighdeán, sreafaí cuí uisce, córais diongbháilte deascáin, rochtain ar an bhforchladach agus ar an limistéar muirí riachtanach chun dobharshaothrú a dhéanamh.

Is deacair an tionchar comhshaoil a thuar, de bharr go bhfuil tionchar ag speicis sliogéisc agus éisc eite, modhanna saothrúcháin, dlús stocála, cineálacha cothaithe, airíonna hidreagrafacha suímh, cleachtais oibríochtúla agus bainistíochta, agus go leor athróga eile ar thionchair ar an gcomhshaol.

Go ginearálta, baineann éifeachtaí éiceolaíochta féideartha ar chuspóirí caomhnaithe na suíomhanna ainmnithe le héifeachtaí fisiceacha agus bitheolaíochta ar an trealaimh iascaireachta agus struchtúir dobharshaothraithe, agus gníomhaíochtaí an duine i leith speicis ainmnithe, gnáthóga idirthaoideacha agus fothaoideacha agus pobail inveirteabrach agus bitíopaí na ngnáthóg sin.

De bharr go bhfuil cuid mhór den Inbhear faoi réir SAC na Sionainne Íochtaraí, agus SPA Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais (Líonra Natura 2000), tá Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga de dhíth de réir na Rialachán (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2001 (IR 477 de 2011) i leith na ngníomhaíochtaí uile ar dócha go mbeidh éifeacht shuntasach acu ar an Líonra Natura 2000. Tá an iliomad cleachtais agus teicneolaíochtaí feirmeoireachta in úsáid i dtionscal an dobharshaothraithe, agus cineálacha éagsúla tionchair acu ar éiceachóras íogair an Inbhir. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha a bheith i gceist i dtaobh chuspóirí an dá ainmniú.

Tá Foras na Mara i mbun clár Measúnaithe ar an Treoir um Ghnáthóga a chur i ngníomh ar gach ceadúnas dobharshaothraithe agus gníomhaíochtaí iascaireachta cladaigh sna suíomhanna Natura 2000 uile in Éirinn agus lena dtaobh, suíomhanna an Inbhir ina measc. Bailíodh sonraí bonnlíne chun bunús a chur leis na measúnaithe sin agus cabhrú le Cuspóirí Caomhnaithe na suíomhanna a bhailiú faoi mhaoirseacht Fhoras na Mara. Tá BIM ag cabhrú leis an bpróiseas sin, ag díriú ar phróifílí dobharshaothraithe a ullmhú agus Pleananna Natura d'Iascaigh a fhorbairt. Tá na measúnaithe sin dírithe ar ghníomhaíochtaí dobharshaothraithe agus iascaireachta reatha agus molta san Inbhear (agus a gcomhéifeachtaí) a mheas de réir na gcuspóirí caomhnaithe atá ar fáil maidir le tréithe éiceolaíochta ainmnithe na suíomhanna a shainigh an NPWS. Is é an rud is tábhachtaí comhsheasmhacht leis na cuspóirí a chinntiú agus a chinneadh an dtiocfaidh meath ar ghnéithe na ngnáthóg agus speiceas i gcaitheamh ama mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin, agus aon bhearta maolaithe a theastaíonn a aithint más gá. Déanfar gach togra todhchaí a mheas de réir na gCuspóirí Caomhnaithe atá á bhforbairt do na suíomhanna Natura 2000 (SAC Inbhear na Sionainne Íochtaraí agus SPA Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais) san Inbhear agus de réir riachtanas agus cuspóirí na Creat-treoracha Uisce.

D'fhéadfadh tionscail eile mhuirí tionchar diúltach a bheith acu ar chaighdeán na n-uiscí muirí agus na n-acmhainní nádúrtha ar a mbraitheann an dobharshaothrú agus an iascaireacht, agus ionchais inmharthanachta agus fáis fhadtéarmaigh an tionscail a chur i mbaol. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar chaighdeán an chomhshaoil, go háirithe an timpeallacht uisce san Inbhear: fás ar ghníomhaíocht tionscail ar an gcósta, leathnú ceantar uirbeach, gníomhaíocht mhéadaithe loingis, scaoileadh ón talamh (camras agus eisilteach tionsclaíoch) agus gníomhaíochtaí talmhaíochta.

Tacaíonn éiceachóras nádúrtha an Inbhir le réimse leathan gnáthóg agus speiceas agus leis an mbia-eangach lena mbaineann, ar acmhainní tábhachtacha nádúrtha iad do thionscail an dobharshaothraithe agus na hiascaireachta tráchtála. Is limistéar tábhachtach é an tInbhear mar phasáiste do speiceas éisc ainmnithe agus faoi chosaint, go háirithe an bradán, speicis loimpre, eascanna Eorpacha, agus ní mór a thabhairt faoi deara nach gcuirfidh forbairtí nua nó méadaithe bac ar ghluaiseacht na n-iasc suas an Inbhear. Dá bhrí sin, is ríthábhachtach iad na sonraí bonnlíne agus monatóireacht aireach chun bonnlíne láidir agus uileghabhálach iascach agus gnáthóg a bhunú, chun a chinntiú gur féidir tograí forbartha a bhreithniú agus a mheas i gceart i gcomhthéacs éiceachóras an Inbhir.

Is ríthábhachtach iad cláir agus bearta leanúnacha, go háirithe na Pleananna Bainistíochta Abhantraí faoin gCreat-Treoir Uisce (WFD) i leith thruailliú na timpeallacht muirí lena chinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag truailliú ar bhithéagsúlacht éiceachórais chósta agus mhuirí. Tá cuspóirí socraithe sa Chreat-Treoir Uisce chun Dea-Stádas Éiceolaíochta a bhaint amach in uiscí intíre, dromchla agus talún na hÉireann faoi 2015, agus ní mór gach dobharlach a mheas lena stádas a shocrú ar bhonn a gcaighdeáin éiceolaíochta (téarmaí bitheolaíochta agus ceimiceacha). Tá liosta cuspóirí agus clár beart ag Ceantair Abhantraí an Iardheiscirt agus Inbhear na Sionainne chun dea-stádas éiceolaíochta a bhaint amach.

Faoin gCreat-Treoir um Straitéis Mhuirí (MSFD) ní mór do limistéir mhuirí na hÉireann Dea-Stádas Comhshaoil a bhaint amach faoi 2020. Ar aon dul leis an WFD, molann an MSFD anailís éiceolaíochta ar gach abhantrach a mheas de réir cur chuige éiceachórais. Tá cur chun feidhme na Treorach tosaithe in Éirinn, mar aon le cuspóirí agus táscairí comhshaoil cuí a aithint, chomh maith le clár beart, chun dea-stádas éiceolaíochta a bhaint amach faoi 2017.

Ní bheidh eolas iomlán ar impleachtaí na dTreoracha sin ar an dobharshaothrú go dtí go bhfuil na measúnuithe críochnaithe agus go bhfuil na saincheisteanna tábhachtacha maidir leis an dobharshaothrú leagtha amach i gclár iomlán na mbeart.

Is é is aidhm le Treoir an AE um Uiscí Sliogéisc na huiscí sin a chosaint chun tacú le beatha agus saothrú sliogéisc. Faoin Treoir sin, ní mór d'Éirinn uiscí a bhfuil cosaint de dhíth orthu a ainmniú chun tacú le beatha agus saothrú sliogéisc amhail oisrí, diúilicíní, ruacain, muiríní agus breallaigh agus riachtanais fhisiceacha, cheimiceacha agus mhicribhitheolaíochta a shocrú nach mór d'uiscí ainmnithe a chomhlíonadh nó iarrachtaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar an uisce. Aithnítear an tInbhear mar limistéar tábhachtach chun sliogéisc a shaothrú agus ainmníodh limistéir éagsúla faoin Treoir um Uiscí Sliogéisc: suíomhanna dobharshaothraithe a bhí ann cheana, suíomhanna gabhála sliogéisc fhiáin agus uiscí a bhfuil cosaint nó feabhsúchán de dhíth orthu. Is iad seo:

- Bá Rinn Bhile na Sionainne Thiar
- Carraig Chabhaltaigh na Sionainne Thiar
- Poll Oisrí na Sionainne Thiar
- Bá Bhéal Átha Longfoirt na Sionainne Thiar

Is é an truailliú an phríomhbhagairt ar rath na limistéar ainmnithe sin agus faoi Airteagal 5 den Treoir um Uiscí Sliogéisc, cuireadh clár um thruailliú sliogéisc a laghdú ar bun le haghaidh gach ceantair chun comhlíonadh Rialacháin um Cháilíocht Uiscí Sliogán (I.R. 268 de 2006) a chinntiú.

5.9.5 STRAITÉIS, AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

Tá acmhainn mhór fáis sa tionscal iascaireachta agus dobharshaothraithe san Inbhear, ar chuntar go ndéantar bainistíocht aireach chun leas a bhaint as an acmhainn sin go hinbhuanaithe, agus go ndéanfar Cuspóirí Caomhnaithe an tsuímh Natura 2000, na Pleananna Bainistíochta Abhantraí, an Clár um Thruailliú a Laghdú de chuid na Treorach um Uiscí Sliogéisc, agus na cuspóirí agus na bearta a shocrófar mar chuid den straitéis náisiúnta MSFD a chomhlíonadh.

Ní mór fás na dtionscal sin a chomhordú le fás tionscail agus gníomhaíochtaí eile, amhail fuinneamh in-athnuaite san fharraige amuigh (lena n-áirítear fuinneamh taoide), méadú ar ghníomhaíocht loingis, agus ar fhóillíocht agus turasóireacht uisce, atá san iomaíocht ó spáis de le haghaidh acmhainní muirí.

Aidhm Straitéiseach:

Cur le héagsúlú an gheilleagair áitiúil, le fás ar an bhfostaíocht agus le leas sóisialta phobail an chósta trí dhobharshaothrú agus iascaireacht tráchtála atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a éascú agus a chur chun cinn de réir riachtanais na dTreoracha maidir le hÉin agus le Gnáthóga, agus de réir chuspóirí agus spriocanna Threoracha ábhartha eile an AE.

Ba cheart na cuspóirí forbartha don dobharshaothrú agus don iascaireacht tráchtála a léamh in éineacht leis na cuspóirí comhshaoil a dtugtar breac-chuntas orthu i gCuid 5.10, a bheidh mar threoir do gach togra nua agus méadaithe ar dhobharshaothrú agus iascaireacht tráchtála san Inbhear.

Mar thaca leis na Cuspóirí Forbartha, aithníodh roinnt Limistéir Deiseanna go sealadach mar na limistéir is oiriúnaí chun gníomhaíochtaí dobharshaothraithe a chur chun cinn, a fhorbairt agus a mhéadú, ar bhonn oiriúnacht an tsuímh, ceisteanna comhshaoil, an bhonneagair atá ann faoi láthair agus a gcomhsheasmhachta leis na húsáidí reatha. Tá rogha na limistéar bunaithe ar cheadúnais a deonaíodh agus atá ar feitheamh, feidhmeanna eile toilithe don dobharshaothrú, an limistéar ainmnithe faoin Treoir um Uiscí Sliogéisc agus comhairle ó na príomhpháirtithe

leasmhara.

Is uiscí ilfheidhmeacha iad uiscí an Inbhir agus is féidir leis freastal ar bhreis is úsáid amháin i gcuid amháin den dobharlach, ar choinníoll go bhfuil na húsáidí sin comhsheasmhach le gníomhaíochtaí dobharshaothraithe. Go ginearálta, tá na húsáidí seo a leanas i measc na n-úsáidí comhsheasmhacha:

- Iascaireacht/slatiascaireacht fóillíochta;
- Turasóireacht mhuirí agus éiceathurasóireacht mhara, lena n-áirítear faire ar dheilfeanna;
- Fóillíocht agus áineas muirí, lena n-áirítear seoltóireacht agus bádóireacht pléisiúir.

Braitheann méid na coinbhleachta le húsáidí eile muirí go mór ar na teicníochtaí gabhála nó saothrúcháin a úsáidtear. Is úsáidí nach dócha go mbeidh siad chomhsheasmhach leis an dobharshaothrú, ag brath ar na gníomhaíochtaí sonracha aonair iad seo a leanas:

- Limistéir loingis agus loingseoireachta príomhloingis;
- Úscadh gainimh agus grin;
- Taiscéalaíocht ola agus gáis;
- Forbairt Talún/Cladaigh, lena n-áirítear dreidireacht;
- Suíomhanna diúscartha dreidireachta;
- Gléasanna fuinnimh in-athnuaite muirí.

Déantar tuairisc ar na Cuspóirí Forbartha agus ar na Bearta Maolaithe de chuid an SEA agus an AA sna leathanaigh seo a leanas:

SIFP CFA 1.1

Tograí a Mheas

A chinntiú go ndéanfar measúnú imleor ar gach togra dobharshaothraithe agus iascaireachta tráchtála ar dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha acu ar an líonra Natura 2000 agus go gcomhlíonann siad go hiomlán cuspóirí agus riachtanais na Treorach maidir le Gnáthóga, go háirithe Airteagal 6. Tograí nach mór a chur faoi Mheasúnú Cuí ar na gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe san Inbhear, ba cheart dóibh torthaí agus moltaí an mheasúnaithe sin a chomhlíonadh.

SIFP CFA 1.2

Tacú le dobharshaothrú agus le hiascaireacht inbhuanaithe

Forbairt dobharshaothrú agus iascaireacht tráchtála inbhuanaithe a spreagadh (lena n-áirítear feirmeoireacht ar speicis nua), a thacaíonn le hoibríocht táirgthe bhrabúsaigh faoi chinnireacht an mhargaidh, chun tacú le héagsúlú agus fás an gheilleagair áitiúil, de réir chuótaí agus threoracha an AE. Aon méadú a dhéantar amach anseo, ní mór dó Cuspóirí Mionsonraithe Caomhnaithe de chuid SAC na Sionainne Íochtaraí a chomhlíonadh, mar aon le riachtanais Phlean Bainistíochta Idirnáisiúnta Abhantrach na Sionainne.

SIFP CFA 1.3

Limistéar Deiseanna Dobharshaothraithe

Tacú le forbairt gníomhaíochtaí dobharshaothraithe agus í a chur chun cinn laistigh de na Limistéir Deiseanna, mar a thuairiscítear thíos, ar choinníoll go ndéantar SIFP CFA 1.1 a chomhlíonadh.

- Limistéar Deiseanna N – Oileán na Carraige
- Limistéar Deiseanna O – Poll na nOisrí
- Limistéar Deiseanna P – Bá Charraig an Chabhaltaigh
- Limistéar Deiseanna Q – Bá Rinn Bhile
- Limistéar Deiseanna R – Graí-inis
- Limistéar Deiseanna S – An Charraig Fhada
- Limistéar Deiseanna T – Cill Íomaí
- Limistéar Deiseanna U – Bá Chluain idir Dhá Lá

Maidir le haon tograí forbartha nó gníomhaíochtaí sna ceantair sin, a d'fhéadfadh a bheith neamh-chomhoiriúnach leis an dobharshaothrú, ba cheart tionchair fhéideartha na dtograí sin ar ghníomhaíochtaí reatha agus molta dobharshaothraithe a mheas. Ní dhéanfar aon leathnú ach amháin faoi réir chomhlíonadh Chuspóirí Mionsonraithe SAC na Sionainne Íochtaraí, agus SPA Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais.

SIFP CFA 1.4

Bonneagar a Sholáthar

Tacú le bonneagar cuí a sholáthar, lena n-áirítear bealaí agus pointí rochtana, céanna, cuanta agus saoráidí próiseála, a theastaíonn chun an earnáil iascaireachta agus dobharshaothraithe a fhorbairt de réir phrionsabail na pleanála cuí, na hinbhuanaitheachta

agus saincheisteanna comhshaoil.

SIFP CFA 1.5

Cleachtas Bainistíochta

Tacú le forbairt agus cur chun feidhme cleachtais bainistíochta inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nuálacha, córais bainistíochta dramhaíola agus modhanna agus cleachtais iascaireachta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

SIFP CFA 1.6

Caighdeán an Uisce

A chinntiú nach gcruthaíonn tograí reatha agus amach anseo d'fhorbairt dobharshaothraithe agus d'iascaireacht chladaigh tionchair dhiúltach ar chaighdeán na huisce san Inbhear, nach mbíonn coinbhleacht idir na gníomhaíochtaí sin agus cuspóirí agus bearta ar a ndéantar tuairisc i bPleananna Bainistíochta Abhantraí na Sionainne, cuspóirí na Creat-treorach um Uisce agus cuspóirí, bearta agus spriocanna chun 'Dea-stádas Comhshaoil' a bhaint amach faoin gCreat-treoir um Straitéis Mhuirí atá le foilsiú.

SIFP CFA 1.7 Uiscí Ainmnithe Sliogéisc

Caomhnú agus feabhas a chur, nuair is féidir, ar chomhlíonadh na riachtanas fisiceach, ceimiceach agus micribhitheolaíochta a bhaineann leis na hUiscí Ainmnithe Sliogéisc, i gcomhréir leis na caighdeáin agus na cuspóirí de chuid na gClár um Thruailliú Sliogéisc a Laghdú sna huiscí ainmnithe saothraithe sliogéisc, aon leathnú amach anseo ar na limistéir ainmnithe, agus aon limistéar nua ainmnithe.

SIFP CFA 1.8 Monatóireacht

Tacú le monatóireacht leanúnach de chuid Gníomhaireachtaí Rialtais ar an timpeallacht mhuirí, go háirithe ar shonraí bonnlíne, chun feabhas a chur ar an gcomhairle theicniúil agus eolaíoch atá ar fáil d'oibreoirí, bainisteoirí agus cinnteoirí, d'fhonn cinnteoireacht eolasach bunaithe ar réitigh a éascú.

SIFP CFA 1.9 Comhairliúchán leis na Páirtithe Leasmhara

A mholadh go dtabharfadh gach tograí dobharshaothrú agus iascaireacht tráchtála faoinár gcomhairliúchán réamhiarratais leis na príomhpháirtithe leasmhara. I gcás an dobharshaothraithe, moltar go láidir comhairliúchán a dhéanamh leis an ngníomhaireacht áitiúil CLAMS sula gcuirtear isteach an t-iarratas.

Bearta Maolaithe Dobharshaothraithe – Cill Íomaí

Beart Maolaithe	**Tagairt (Imleabhar II: Aguisíní)***
Bearta Maolaithe Uileghabhálacha	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	CFA MM 1-7, BFF MM 30, PHH MM 15, S MM 17, W MM 25, ACH MM 11, MA MM 14
**Féach freisin ar Thábla 3.36 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura*	

Bearta Maolaithe Dobharshaothraithe – Bá Chluain idir Dhá Lá

Beart Maolaithe	**Tagairt (Imleabhar II: Aguisíní)***
Bearta Maolaithe Uileghabhálacha	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	CFA MM 1-7, BFF MM 31, PHH MM 16, S MM 18, W MM 26, ACH MM 12, MA MM 15
**Féach freisin ar Thábla 3.37 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura*	

Bearta Maolaithe Dobharshaothraithe – Oileán na Carraige

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II: Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	CFA MM 1-7, BFF MM 24, PHH MM 9, S MM 11, W MM 19, MA MM 12
**Féach freisin ar Thábla 3.30 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura*	

Bearta Maolaithe Dobharshaothraithe – Poll na nOisrí

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II: Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	CFA MM 1-7, BFF MM 25, PHH MM 10, S MM 12, W MM 20, ACH MM 6
**Féach freisin ar Thábla 3.31 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura*	

Bearta Maolaithe Dobharshaothraithe – Bá Charraig an Chabhaltaigh

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II: Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	CFA MM 1-7, BFF MM 26, PHH MM 11, S MM 13, W MM 21, ACH MM 7
**Féach freisin ar Thábla 3.32 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura*	

Bearta Maolaithe Dobharshaothraithe – Bá Rine Bhille

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II: Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	CFA MM 1-7, BFF MM 27, PHH MM 12, S MM 14, W MM 22, ACH MM 8
**Féach freisin ar Thábla 3.33 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura*	

Bearta Maolaithe Dobharshaothraithe – Graí-inis / Poularone

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II: Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	CFA MM 1-7, BFF MM 28, PHH MM 13, S MM 15, W MM 23, ACH MM 9, MA MM 12
**Féach freisin ar Thábla 3.42 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura*	

Bearta Maolaithe Dobharshaothraithe – An Charraig Fhada

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II: Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	CFA MM 1-7, BFF MM 29, PHH MM 14, S MM 16, W MM 24, ACH MM 10, MA MM 13
**Féach freisin ar Thábla 3.35 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura*	

Bearta Maolaithe Dobharshaothraithe – Cill Íomaí

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II: Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	CFA MM 1-7, BFF MM 30, PHH MM 15, S MM 17, W MM 25, ACH MM 11, MA MM 14
**Féach freisin ar Thábla 3.45 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura*	

Bearta Maolaithe Dobharshaothraithe – Bá Chluain idir Dhá Lá

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II: Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 agus 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 agus 27-30
Bearta Maolaithe atá Sainiúil don Láthair agus Bearta Maolaithe de réir Téama	CFA MM 1-7, BFF MM 31, PHH MM 16, S MM 18, W MM 26, ACH MM 12, MA MM 15
**Féach freisin ar Thábla 3.35 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura*	

Limistéar Deiseanna N – Oileán na Carraige

Limistéar Deiseanna O – Poll na nOisrí



Limistéar Deiseanna P – Bá Charraig an Chabhaltaigh

Limistéar Deiseanna Q – Bá Rinn Bhile



Limistéar Deiseanna R – Graí-inis / Poularone

Limistéar Deiseanna S – An Charraig Fhada



Limistéar Deiseanna T – Cill Íomaí

Limistéar Deiseanna U – Bá Chluain idir Dhá Lá

Cuid 5.10 An Comhshaol

Creat forbartha a éascú atá comhoiriúnach leis na limistéir den Inbhear atá ainmnithe faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil cosaint ag an gcomhshaol, go bhfuil sé caomhnaithe, cothaithe agus nuair is féidir athchóirithe, ag cinntiú gur féidir na déchuspóirí maidir le forbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus caomhnú an chomhshaoil a bhaint amach

5.10.1 RÉAMHRÁ

Is é iceachóras sainiúil in Éirinn é Inbhear na Sionainne a bhfuil tábhachtach dirnáisiúnta agbaint leis, agus é archeann den bheagán inbhear mór ar bhord farraige Atlantach na hEorpa. Tá réimsí taoide Abhainn na Sionainne Íochtaraí idir Cathair Luimnigh agus an tAtlantach i gceist le Mór-Inbhear na Sionainne agus cuimsíonn sé Inbhear an Fhorghais laisteas de Dhroichead an Chláir. Aithnítear an tábhacht atá leis an Inbhear d'éin, do phlandaí agus d'ainmhithe trí ainmniúchán an Inbhir mar Limistéar Caomhantais Speisialta is iarrthóir (Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach 92/43/CEE) agus mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta reatha (Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach 2009/147/CE). Cuimsítear SPAnna agus SACanna le chéile sa ghréasán de shuíomhanna Natura 2000 ar fud na hEorpa.

Tá Inbhear na Sionainne agus an chúlchríoch máguaird ina limistéar seanbhunaithe le haghaidh lonnaíochta, mar bhealach mór cumarsáide agus iompair agus le haghaidh gníomhaíochtaí eile de ann le is na míltebliain. Tá oidhreacht chultúrtha shaibhir sa cheantar dá réir sin, le cuid mhaith caisleán agus daingean, crannóga, imfháluithe, seandálaíocht thionsclaíocha agus láithreáin chráifeacha cóngarach don chlad agus arnahoileáin a bhfuil cuid mhaith díobh ar fud an Inbhir.

Is mar gheall ar uiscí an Inbhir freisin a roghnaíodh suíomh ag Rinn Eanaigh sna 1930idí chun Aerfort trasatlantach a fhorbairt ann agus aithne againn airinniu mar Aerfort na Sionainne.
De bharr na hoidhreachta nádúrtha agus cultúrtha sin mar aon leis an tírdhreach tuaithe slachtmhar agus bailte agus sráidbhailte beaga coiscóstatá timpeallacht ann ar sócmhainn dháiríre í do na pobail atá ina gcónaí ann agus don réigiún i gcoitinn.

Is cainéal loingseoireachta tábhachtach é Inbhear na Sionainne freisin agus calafoirt mhóra agus saoráidí beartaann aúsáidtear le haghaidh cúrsaíocht sclaíocha. Áirítear freisin leis an úsáid ilghnéitheach agus ilfheidhmeach sin a bhaintear as an Inbhear mórghiniúint agus bonneagar fuinnimh, turasóireacht agus áineasa, iascaireacht agus dobhar shaothrú

Teastaíonn timpeallacht d'ardchaighdeán ó phobail Inbhear na Sionainne a thugann deiseanna cóiríochta, oibre, áineasa agus sóisialaithe dóibh. Tá timpeallachtan Inbhir rialaithe go láidir tríainmniúcháin caomhnaithe dúlra, cosaintí na hoidhreachta cultúrtha, pleanáil,

ceadúnúagusrialacháintoilitheeile.Teastaíonncurchuige comhtháiteagusinbhuanaithechunforbairtriachtanach achurarfáilnachmbainfidhanbonngotromchúiseach dentimpeallachtarbípríomhshócmhainnanréigiúiní.

Leagtar amach cuspóirí comhshaoil an Chreatphlean ComhtháiteStraitéisighsastraitéischomhshaoilmaidir le forbairt inbhuanaithe Inbhear na Sionainne agus a chúlchríoch máguaird a optamú agus a chinntiú ag an am céanna go dtabharfar cosaint do ghnáthóga agus do speicis, go gcuirfear cosc ar thruailliú agus ar mhórthionóiscí, go gcuirfear éifeachtaí an athraithe aeráide agus measúnú ar riosca tuilte san áireamh, agusgogcuirfearanbhithéagsúlachtchuncinnagusgo mbeidh meas ar Sheandálaíocht agus ar Oidhreacht Chultúrtha.

5.10.2 COMHTHÉACS BEARTAIS

AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2007-2013

Ar leibhéal náisiúnta, aithnítear sa Phlean Forbartha NáisiúntalimistéarLuimnigh/naSionainnemarphríomh-ThairseachfeadhchóstathiarnahÉireann,letacaíocht óInismar'molbhaile'tábhachtach.Spreagtarannfreisin acmhainnanInbhirachothú,laistighdechomhthéacs a chuid sócmhainní móra nádúrtha agus oidhreachta cultúrtha. Aithníonn an NDP go rannchuideoidh infheistíochtadhéanfarfaoinbpleangomórlefeabhas agus le hinbhuanaitheacht ár dtimpeallachta lena n-áirítearbeartasuntasachachuncabhrúleteorainna churlehastúgáisceapthateasanahÉireannagteachtle hoibleagáidíidirnáisiúnta.Tánascdíreachagnabearta sin le forbairt Inbhear na Sionainne amach anseo i gcomhthéacs suíomhanna tionsclaíocha reatha agus forbairt fhéideartha suíomhanna amach anseo.

AN STRAITÉIS SPÁIS NÁISIÚNTA 2002-2020

Tacaítear leis an Tairseach sa Straitéis Spáis Náisiúnta, agus aithnítear na hinfheistíochtaí don cheantar i gcoitinnarchóirtosaíochtathabhairtdóibh.Cuireann an Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) inbhuanaitheacht chomhshaoil chun cinn agus cuirtear béim inti ag an am céanna ar an tábhacht a bhaineann le forbairt bonneagarcóstaatáoiriúnachdáshuíomhmarrudatá lárnachd'fhorbairtgheilleagrachnabpobalcoiscósta.

ÁR DTODHCHAÍ INBHUANAITHE, CREAT DON FHORBAIRT INBHUANAITHE D'ÉIRE

Is cur chuige comhtháite maidir le beartas ar fhorbairt inbhuanaithe é ár dTodhchaí Inbhuanaithe. Leagtar amachann70beartachinnteoidhgobhfeabhsóimidár gcáilíochtshaoillehaghaidhnanglúnanoisagusamach anseoagusleagtaramachbeartasoiléire,freagrachtaí agus amlínte i bplean forfheidhmithe. Ina measc sin tá réimsí mar inbhuanaitheacht an airgid phoiblí agus teacht aniar geilleagrach, acmhainní nádúrtha, talmhaíocht, athrú aeráide, iompar, sláinte phoiblí, oideachas,nuálaíochtagustaighde,oideachas,scileanna agus oiliúint, agus bochtaineacht dhomhanda.

TREOIRLÍNTE RÉIGIÚNACHA PLEANÁLA AN MHEÁN-IARTHAIR 2010-2022

Arleibhéalréigiúnach,aithnítearidTreoirlínteRéigiúnach Pleanálaan Mheán-Iarthair 2010-2022 an tábhachtatá le hInbhear na Sionainne, agus dúntar bearna lárnach ó thaobh beartais idir tosaíochtaí forbartha náisiúnta agus pleanáil áitiúil. Aithnítear sna Treoirlínte cumas geilleagrach, sóisialta agus comhshaoil Inbhear na Sionainne agus a phurláin, agus freisin na deacrachtaí a bhainfidh le cur chuige cothrom, cuimsitheach a chomhordúagusabhainistiúidtacalefásgeilleagrach agusbainistiúinbhuanaitheshócmhainníndúrthaan cheantair.

TREOIRLÍNTE RÉIGIÚNACHA PLEANÁLA AN IARDHEISCIRT 2010-2022

Leagtar béim i dTreoirlínte Réigiúnacha Pleanála an Iardheiscirt ar an ról criticiúil atá ag timpeallacht d'ardchaighdeán níos mó ná riamh ó thaobh forbairt shóisialta agus gheilleagrach, chomh maith leis na tionscail turasóireachta agus áineasa.

Maidir leis an gcomhshaol cósta, molann SWRPG beartais a chur san áireamh i ngach plean forbartha údaráisáitiúilabhaineannleforbairtinbhuanaitheagusle caomhnúnalimistéarsin.Nímóraghaidhathabhairtar shaincheisteannaabhaineannleisanardúad'fhéadfadh teachtarleibhéalnafarraige,creimeadhcósta,cosaint na bithéagsúlachta, tuilte agus forbairt agus tabhairt fúthu ar bhealach comhtháite. Tá cuspóir in SWRPG chun straitéisí bainistíochta cósta comhtháite a chur chun cinn do chósta an réigiúin a mbeidh baint ag na príomhpháirtitheleasmharaleoagusadhéanfaidhna nithe seo a leanas:

- imscrúdú ar an tionchar a bheadh ag ardú ar leibhéal na farraige;
- imscrúdú ar an gcumas a bheadh ag athnuaiteáin amach ón gcósta;
- forbairtfhéidearthashóisialtaagusgheilleagracha aithint;
- leochaileachtchomhshaoilnalimistéarcoiscósta a aithint, lena n-áirítear láithreáin Natura 2000, muirdhreacha agus tírdhreacha.
- Pleanáil spásúil chomhordaithe ar chriosú talún agus muirí a chur chun cinn.

5.10.3 CREAT REACHTAÍOCHTA

Is iomaí foráil reachtúil atá ann a bhaineann leis an mbealacharialaíteargníomhaíochtaílaistighd'Inbhear na Sionainne agus bíonn an cás ag athrú i gcónaí. Is iad seo a leanas na cinn is criticiúla maidir le timpeallacht nádúrtha an Inbhir:

- Cuirtear an Chreat-treoir Uisce ón AE i bhfeidhm in Éirinn ag na Rialacháin um Beartas Uisce 2003
- Cuirtear na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga ón AE i bhfeidhm in Éirinn faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011.
- Cuirtear Creat-treoir um Straitéis Mhuirí an AE i bhfeidhm in Éirinn trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Creat um Straitéis Mhuirí) 2011
- Cuirtear Treoir ón AE maidir le Tuilte i bhfeidhm in Éirinn trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht agus Bainistiú Riosca Tuilte) 2010
- Treoir na gComhphobal Eorpach um Cháilíocht Uiscí Iasc Sliogáin
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Cháilíocht Uisce Snámha 2008
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dliteanas Comhshaoil) 2008
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Diúilicín Péarla Fionnuisce) 2009
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Uisce Dromchla) 2009
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Cháilíocht Uiscí Iasc Sliogáin (Leasú) 2009
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh 2001, 2004 agus 2010
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) (Uimh. 2) 2007
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce) 2010
- An tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil, 2003

5.10.4 DÚSHLÁIN & STRAITÉIS

5.10.4.1 SONRAÍ COMHSHAOIL

Níl cuid mhaith den fhaisnéis bhonnlíne is gá chun beartais agus reachtaíochta chuir i bhfeidhm go héifeachtach agus chun ceanglais phleanála a chomhlíonadh i dtéarmaí an Tionchair Chomhshaoil agus Measúnachta Íomchuí ar fáil go héasca maidir le hInbhear na Sionainne. De ghnáth nuair a dhéantar measúnú eolasach agus eolaíoch ar an tionchar féidir eartha a eascraíonn as tograí forbartha ní mór comparáid a dhéanamh thar roinnt blianta ag féachaint ar úsáid éan nó ar díghrádú gnáthóige. Mar sin féin cé gur tugadh faoi shuirbhéanna agus faoi chomhairimh san Inbhear ó na 1970idí, de bharr deacrachtaí lóistíochta a bhaineann le suirbhéanna agus áirimh rialta a dhéanamh ar limistéar chomh mór seo tá easpa comhsheasmhachta sa chaoi an dé antar sonraí a bhailiú agus fágann sonraí neamhiomlána maidir le codanna áirithe den Inbhear gur deacair comparáidí cearta a dhéanamh (Grianghraf 56).



Grianghraf 56 Is uirlis riachtanach iad sonraí comhshaoil chun dáta do lucht déanta cinntí

Dá bharr sin bíonn moill ann ó tha obhtograí a thabhairt ar aghaidh le haghaidh pleanála mar gheall ar easpa sonraí. Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ag tabhairt aghaidh ar dhea crachtaí den sórt sin a nois ar leibhéal náisiúnta trí fhoilsiúan doiciméid "Knowledge Gap" in 2010. Den chéad uair in Éirinn caitear súil sa doiciméad seo ar staid éagsúlacht bhitheolaíoch na hÉireann agus aithnítear freisin na bearnaí eolais criticiúla a d'fhéadfaí a líonadh i ndáiríre faoin mbliain 2020. D'fhéadfadh sé treoir a thabhairt chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist in Inbhear na Sionainne.

Is é an cuspóir forbartha:

SIFP ENV 1.1

Faisnéis Chomhshaoil

Iniúchadh adhéanamh ar cibéan bhféadfaí comhoibriú a chur ar bun i dir gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach ar mhaithe le bearnaí criticiúla i bhfaisnéis bhonnlíne archúrsaí comhshaoil a bhaineann le hInbhear na Sionainne a aithint agus a phlé.

5.10.4.2 BAINISTÍOCHT CHAOMHNAITHE

Iarrtar ar an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra Plean Bainistíochta Caomhnaithe (CMP) mionsonraithe agus comhtháite a ullmhú ina mbeidh cuspóirí caomhnaithe sonracha maidir le cSAC nó SPA/pSPA, d'fhonn leithdháileadh an éiceachórais bhogaigh fhoriomlán a shainiú agus treoir a thabhairt do ghlacadh foirmiúil na dteorainneacha SPA agus SAC. Áireofar in CMP faisnéis thuairisciúil agus creat bainistíochta ina dtabharfar cuntas ar chuspóirí agus ar straitéisí chomh maith le léarscáileanna tacaíochta le nan-áirítear léarscáileanna tásca cha arghnáthóga. Is tosaíocht é plean bainistíochta caomhnaithe a ullmhú d'fhonn muinín infheisteoirí a fheabhsú agus soiléire níos mó a thabhairt maidir leis na saincheisteanna criticiúla a bhaineann le bheith ag forbairt agus ag feidhmiú i dtimpeallacht chomh leochaileach agus chomh soghabhálach seo (Grianghraf 57).

Murambeifearinannpleanbainistíochtacaomhnaithe comhordaithe agus inbhuanaithe a tháirgeadh don Inbhear d'fhéadfadh sé sin cosc a chur dá réir sin ar thograí forbartha toiscnach mbeadh aon toisí bonnlíne ann las muigh den a cuspóirí caomhnaithe gin earáltaas a bhféadfaí tionchar féidearthach tograí nó nósimeachta a mheas. Is é an cuspóir forbartha:

SIFP ENV 1.2:

Plean Bainistíochta Caomhnaithe

Tacú le hullmhú Cuspóirí Caomhnaithe mionsonraithe le haghaidh SACanna agus SPAnna timpeall ar Inbhear na Sionainne, agus Plean Bainistíochta Caomhnaithe mionsonraithe le haghaidh SAC agus SPA Inbhear na Sionainne.

Grianghraf 57 Is gné cháilitheach den SPA é an Cosdeargán

5.10.4.3 DREIDIREACHT

Tá rith chun srutha agus creimeadh ithreach ar leibhéil éagsúla i ndobharcheantar uachtair na Sionainne, agus cuireann siad le breisiú dríodair ar fud an Inbhir. I limistéar inbhearach na habhann tá líon mór dríodair creimthe, coinnithe ar fuaid ream hagluas na taoide agus ansin déantar é a shil-leagan le linn tréimhsí maoltaoide nuair a bhíonn taoide ard agus íseal ann. Cuirtear tuilleadh le breisiú dríodair san Inbhear nuair a bhíonn samhradh agus fómhar tirim ann toisc go laghdaítear go mór an méid fionnuisce a scaoiltear ón tSionainn uachtair isteach san Inbhear agus ní choinneoidh sé an brúcheann uisce a theastaíonn chun an Stáisiún Hidrileictreach ag Ard na Croise a chur ag obair rud a laghdaíonn an méid uisce a bhíonn ar fáil chun an siolta a bhíonn i gcodanna áirithe d'uachtar an Inbhir a sciúradh. Idir an píosa láir go dtí an píosa íochtair den Inbhear méadaíonn siolta creimthe ó fho-aibhneacha atá ag rith isteach san Inbhear i.e. an Mháigh, an Daoil agus an Forghas, an méid siolta a shil-leagtar isteach san Inbhear íochtair go háirithe nuair a bhíonn an samhradh agus an fómhar fliuch nuair a thagann méadú tobann ar an méid uisce a ritheann chun srutha.

Margheallaran líon mór siolta a dhéantar a shileadh gach bliain bíonn gá le dreidireacht chun feidhm oibríochta saoráidí cosúil le Duga Ted Russell, Luimneach, Calafort Fhainge, Gléasra Cumhachta Thairbhirt, na geataíloicag Muiríne Chill Rois agus ó am go ham an sruth éalaithe uisce ag Gob na Muine (Grianghraf 58) a chothabháil.

Rialaítear dreidireacht chothabhála nó chaipitiúil trí Cheadúnas Urthrá arna eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil nó ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus tálódáil agus dumpáil ábhar dreideáilte ar muir á rialú ag Ceadúnas um Dumpáil ar Farraige arna eisiúint ag an EPA. I measc na n-eagraíochtaí eile a rabhthas i gcomhairle leo bhí Iascaigh Intíre na hÉireann, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, Foras na Mara, an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, an Roinn Iompair, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an Taisce, agus an tÚdarás Áitiúil ábhartha.

Ní mór a áireamh in iarratais an tionchar a bheidh ag a gcuid oibríochtaí dreidireachta agus dumpála agus measúnú a dhéanamh ar aon tionchar carnach le hoibríochtaí dreidireachta eile san Inbhear. Is deacair faisnéis ar thionchar carnach oibríochtaí dreidireachta eile a dheimhniú ná a líon a dhéanamh amach.

Chuideodhullmhúpleanbainistíochtadreidireachtale haghaidh Inbhear na Sionainne go mór chun tuiscint a fháil ar an tionchar féideartha agus na riachtanais iomlána bunaithe ar an inbhear ar fad. Thabharfadh sé aghaidh ar na riachtanais faisnéise ar fud nan-earnálacha go léir, comhsheasmhacht a chur i bhfeidhm maidir le modheolaíocht, roghanna diúscarthacuíachomhaontú agus soláthar a dhéanamh i gcomhair plé níos eolasaí maidir leis an tionchar carnach. Dhéanfadh plean bainistíochta dreidireachta le haghaidh Inbhear na Sionainne soláthar le haghaidh curchuige comhtháite straitéiseach maidir leis an gceist seo agus d'fhéadfadh sé cuidiú go suntasach le Máistir phlean an na Calafoirt, le Plean an na Bainistíochta Caomhnaitheagusaighneachtaí le haghaidh suíomhanna tionsclaíocha aonair feadh an Inbhir de réir mar is gá. Mar chuid den Phlean sin, ba cheart smaoineamh ar iniúchadh a dhéanamh ar an gcumas a bheadh ag teicneolaíochtaí nua agus éiritheacha mar Dhreidireacht Insteallta Uisce.

Is é an cuspóir forbartha:

SIFP ENV 1.3:

Bainistíocht Dreidireachta

Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le comhoibriú ar fud earnálacha ábhartha chun teicneolaíochtaí nua agus éiritheacha a úsáid, agus Plean Straitéiseach Bainistíochta Dreidireachta a ullmhú, lena n-áirítear Straitéis Maolaithe Dreidireachta, le haghaidh Inbhear na Sionainne.



Grianghraf 58 Is cuid riachtanach de chothabháil uiscebhealaigh shábháilte agus inseolta í an dreidireacht

5.10.4.4 CÁILÍOCHT AN UISCE

AN CHREAT-TREOIR UISCE

Leagann Creat-treoir Uisce an AE creat amach le haghaidh ghníomhan Chomhphobail saréimse beartais uisce agceangal arbhall stáit dea-stádas cáilíochtúil agus cainníochtúil abhaintamach maidir le gach dobharlach (lena n-áirítear uiscí muiríne suas go dtí muirmhíle amháin ón gcladach) faoin mbliain 2015. Is creat é a thabharfaidh cosaint do gach uisce lena n-áirítear aibhneacha (Grianghraf 59), lochanna, inbhir, uiscí cóstaagusscreamhuisce, agus abhfiadhúlra/ngnáthóga spleáchafaoiphíosaamháinreachtaíochtchomhshaoil. Tá sé mar aidhm shonrach ag an gCreat-treoir Uisce:

- gach uisce a chosaint/fheabhsú (uiscí dromchla, screamhuisce agus uiscí cósta)
- "stádas maith" a bhaint amach le haghaidh gach uisce faoi mhí na Nollag 2015
- dobharlaigh a bhainistiú bunaithe ar abhantracha (nó ar dhobharcheantair)
- an pobal a dhéanamh rannpháirteach
- reachtaíocht a athchóiriú chun éifeachta

Táthar an Chreat-treoir Uisce á cur i bhfeidhm trí Cheantair Abhantraí a bhunú – i gcás Inbhear na Sionainne – Ceantar Abhantraí na Sionainne. Tá Comhairlí Contae an Chláir, Chiarraí agus Luimnigh agus Comhairle Cathrach Luimnigh ar fad mar chuid de Cheantar Abhantraí na Sionainne. Leagtar síos ceithre phríomhchuspóir comhshaoil ib Plean Cheantar Abhantraí na Sionainne a bhainfear amach tríd is tríd faoin mbliain 2015:

- meath a chosc;
- dea-stádas a fháil ar ais;
- truailliú ceimiceach a laghdú;
- cuspóirí limistéar cosanta a bhaineann le huisce a bhaint amach.

Leagtar amach freisin san SRBP na bearta a ghlacfar chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá foráil déanta do chuid mhaith de na bearta i reachtaíocht náisiúnta cheana féin agus táthar á gcur i bhfeidhm. Áirítear leo seo, marshampla, rialacháin maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, Uisce Snámha, Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Diúilicín Péarla Fionnuisce) agus na Rialacháin ar Cháilíocht Uiscí Iasc Sliogáin.

Cuirfidh an SIFP comhlíonadh cheanglas na Creat-treorach Uisce chun cinn trí chuspóirí agus bhearta Phlean Bainistíochta Abhantrach na Sionainne.

Is é an cuspóir forbartha:

SIFP ENV 1.4:

An Chreat-treoir Uisce

D'fhonn achinntiúnachdtiocfaidhforbairtlaistighden limistéarSIFPsalacharcheanglaisagusarchuspóirína Creat-Treorach Uisce, agus go háirithe, Airteagal 4.7 agusPleanBainistíochtaAbhantrachnaSionainneagus Clár Beart gaolmhar.

Grianghraf 59 Tá cosaint Conairí Abhann mar phríomhchuspóir den Chreat-treoir Uisce

5.10.4.5 AN COMHSHAOL NÁDÚRTHA

IsiadinbhirnaSionainneagusanFhorghaisancoimpléasc inbhir is mó in Éirinn ag síneadh ó uasteorainneacha taoideaibhneachanaSionainneagusanFhorghaisgo béalInbhearnaSionainne.Téannroinntfo-aibhneacha móra isteach in Inbhir abhainn na Sionainne agus an Fhorghaislenan-áirítearanDaoil,anMhaoilchearnagus an Mháigh. Siar ó Fhaing, tá roinnt inbhear beag mar chineál bearnaíola sa taobh cósta atá crua den chuid is mó, ag Poll na nOisrí, Bá Bhéal Átha Longfoirt, Bá ChluainidirDháLáagusInbhearnaFéilenóanChasáin.

AINMNIÚCHÁIN AE

Foráiltear le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle um Chaomhnú Gnáthóg Nádúrtha agus Fána agus Flóra Fhiáin, ar a dtugtar an "Treoir maidir le Gnáthóga" go coitianta, chun láithreáin faoi chosaint a ainmniú, Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACanna), i gcás roinntcineálachagnáthógagusspeicisflóraagusfána áirithe.

Is é an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hÉin (Treoir 2009/147/CE ón gComhairle maidir le Caomhnú Éan Fiáin) an phríomhreachtaíocht maidir le speicis éan a chosaint, a bhainistiú agus a rialú ina ndéantar foráil chun Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna) a chruthú chun speicis Iarscríbhinn I a chosaint chomh maithlespeicisimirceachaneamhchoitiantanachbhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I. Cuirtear an Treoir maidir le hÉin i bhfeidhm in Éirinn faoin Acht Fiadhúlra (1976) agus faoin Acht Fiadhúlra (Leasú) (2000).

Cuimsítear SACanna, mar aon leis na SPAnna arna n-ainmniú faoin Treoir maidir le hÉin, sa ghréasán Natura 2000.

Is SAC is iarrthóir é an tInbhear a roghnaíodh de bharr raon leasanna comhshaoil:

- murlaigh agus coillearnach bhog ghlárach, agus tá an dá ghnáthóg liostaithe in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.
- fásra abhann ar snámh, móinéir Molinia, inbhir, réileán láibe, réileán gainimh, fásra ilbhliantúil ar charnáin cloiche, aillte cósta, sceireacha agus bánnaagusgaothamóraéadoimhne,gachgnáthóg liostaithe in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.
- BhínaspeicisseoaleanasliostaithearIarscríbhinnII dentreoirchéanna – DeilfBholgshrónach,Loimpre

Mhara, Loimpre Abhann, Loimpre Srutháin, Diúilicín Péarla Fionnuisce, an bradán Atlantach agus Madra Uisce.

Fágann an raon leathan gnáthóg agus speiceas sin dá bhfuil an cSAC ainmnithe go bhfuil an tInbhear soghabhálach i leith líon leathan agus éagsúil bagairtí agus tionchar.

Tá Inbhear na Sionainne freisin ar cheann de na suíomhanna is tábhachtaí in Éirinn le haghaidh éan uisce geimhritheagus imirceach, ag tacú le 10 gcinn de speicis éan a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo agus le 13 speiceas éan eile a bhfuil tábhacht náisiúnta lena líon (Crowe, 2005). Tá an tInbhear chomh fada siar le Faing ainmnithe mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA), ar a dtugtar SPA Inbhear Abhainn na Sionainne agus an Fhorghais. Tá síneadh ollmhór ar an ainmniúchán sin beartaithe chun an chuid taobh amuigh den Inbhear a chumhdach, nach raibh ainmnithe mar SPA roimhe sin. Tugtar an leibhéal céanna cosanta don chuid sin den pSPA agus a thugtar do na limistéir sin a bhí ainmnithe roimhe sin mar SPA ó dháta an fhógra (Meitheamh 2011). Ba cheart a thabhairt ar aird go bhfuil tábhacht Idirnáisiúnta trí chéile le hInbhir na Sionainne agus an Fhorghais agus gur contanam é an limistéar idirthaoideach. Meastar go bhfuil gach cuid den Inbhear tábhachtach le haghaidh éan ach beidh éagsúlacht ag baint leis an úsáid a bhainfidh éin as codanna difriúla den Inbhear féin.

I Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 in a bhféachtar le dul ingleic le heasnaimh indlínaí hÉireann maidir le cur i bhfeidhm na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga ón AE, leagtar amach na hoibleagáidí agus na freagrachtaí atá ar údaráisáitiúla agus ar chomhlachtaí reachtúla éagsúla. Tá feidhm leis na rialacháin i gcás flóra, fána agus gnáthóg, agus cuirtear béim faoi leith ar chosaint éan a neartú. Leagtar amach iontu na ceanglais le haghaidh scagadh measúnaithe iomchuí an údaráis phoiblí sula ndéanfar cinneadh tabhairt faoi phlean nó plean a ghlacadh.

AINMNIÚCHÁIN NÁISIÚNTA

Is suíomhanna iad Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA) atá ainmnithe toisc go meastar go bhfuil tábhachtnáisiúnta leo idtéarmaí gnáthóga agus speiceas in Éirinn. Is suíomhanna iad Limistéir Oidhreachta Nádúrtha beartaithe (pNHA) atá beartaithe ach nach bhfuil ainmnithe go foirmiúil fós. Nuair a ainmnítear go foirmiúil é, tá cosaint dhlíthiúil ag NHA ó dhamáiste faoi reachtaíocht na hÉireann faoin Achtum Fhiadhúlra (Leasú), 2000 in éineacht leis na hAchtanna um Fhiadhúlra.

Tá na SACanna, SPAnna agus NHAnna a ainmnítear ar fud limistéar leasa SIFP ag tráth an fhoilsithe le feiceáil ar Léarscáil 3 Leathanach 4.

Ní thugtar le fios le hainmniúchán SPA agus SAC go bhfuil sriannó cosc iomlán ar gach forbairt. Is ceanglasé sin faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga nach mórd'aonoibreacha, pleananna, nótionscadail ardóigh go mbeidh tionchar acu ar Láithreáin Eorpacha go díreach nó go hindíreach, nó i gcomhar le plean(anna) nó tionscada(i)l eile

a bheith faoi réir ag Measúnú Cuí. De ghnáth ní féidir pleananna ná tionscadail atá beartaithe a cheadú ach amháin má deimhníodh nach mbeidh drochthionchar acu ar shláine ná ar leasanna cáilitheacha an tsuímh (na suíomhanna) Natura 2000 lena mbaineann. I gcás ina ndéantar measúnú diúltach orthu agus nach bhfuil aon réitigh mhalartacha ann, ní féidir tionscadal ná plean a cheadú ach amháin ar chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh agus nuair atá siad faoi réir ceadú an Choimisiúin Eorpaigh.

D'éagmais Plean Cuimsitheach, rachadh forbairt nó leathnú amach anseo ar na téamaí éagsúla a aithníodh sa dréacht-SIFP ar aghaidh ar bhealach ad hoc agus neamh-chomhordaithe. Go háirithe, d'fhéadfadh tionchar carnach suntasach i bhfad níos airde a bheith ann má thugtar faoi thionscadail aonair in éagmais an Phlean. Ceadaítear le cur chuige an SIFP measúnú ar leochaileachtaí agus aríogaireachtaí réimse an Phlean, agus tugtar deis do chinnteoirí freisin réimsí forbartha roghnaithe a roghnú agus Pleananna/Cláir/Tionscadail agus íogaireachtaí comhshaoil reatha á gcur sanáireamh. D'fhéadfaí leanúint d'fhorbairt ar bhealach scaipthe, agus an smacht á chur ar fáil ag meicníocht reatha agus ag córais pleananna cosúil le Treoirlínte Réigiúnacha an Iarthair Láir agus ag pleananna Forbartha Contae. Níl aon chur chuige straitéiseach, comhordaithe agus cuimsitheach sa chur chuige seo maidir le hinbhir ó thaobh an phróisis cinnteoireachta agus na n-iarratas sonrach ar leibhéal tionscadail le haghaidh hagceadaithe agus a dtoilithe.

Cuireann sé sin tuilleadh brú ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce ní amháin sa gharlimistéar ónadteastaíonn

cead pleanála ach freisin i limistéir chóngaracha, rud a fhágfaidh drochthionchar ar shláinte an duine agus ar an daonra ó dhroch-chaighdeán uisce, ibhfoirmráigeanna de chripteaspóiridiam a d'fhéadfadh tarlú, éilliú E. coli agus meathlú ar chaighdeán uisce snámha. Marthoradh ar astaíochtaí gáis cheapa teasa saorga, tuartar go dtarlóidh athrú aeráide amach anseo beag beann ar ghníomh a ghlacadh nó gan a ghlacadh.

Beidh tionchar ag an tionchar féideartha a bheidh ag méaduithe ar leibhéal na farraige, tuilte méadaithe, triomach sa samhradh, etc., ar fhorbairt amach anseo. Bheadh roinnt gnéithe oidhreachta cultúrtha fós i mbaol ó fhorbairt agus saothrú mara agus ar thalamh Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP ENV 1.5
Suíomhanna Natura 2000 a chosaint

Sláine gach suíomh Natura 2000 a chosaint tríd an leibhéal cosanta cuí a chur i bhfeidhm de réir Treoracha agus reachtaíochta, rialachán agus treoir ghaolmhar ábhartha.

SIFP ENV 1.6
Measúnú Cuí

A chinntiú go mbeidh cosaint iomchuí ag na gnéithe incháilitheachanóaggnéitheleasadenghréasánNatura 2000, trí iarraidh ar gach togra forbartha ar dóigh go mbeidh tionchar acu ar shuíomhanna den sórt sin a bheith faoi réir Measúnú Cuí agus cloí le ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga.

SIFP ENV 1.7
Tionchar Maolaithe

A chinntiú go dtabharfaidh aon togra forbartha gar do Shuíomh Eorpach ainmnithe nó NHA nó pNHA, nó Gnáthóga agus Speicis Iarscríbhinne atá lonnaithe lasmuigh de shuíomhanna ainmnithe nó a mbeidh tionchar acu ar aon bhealach orthu sin, dóthain eolais maidir leis an tionchar is dóigh a bheidh ag an togra ar an suíomh ainmnithe agus conas a dhéanfar aon tionchar den sórt sin a mhaolú go cuí.

SIFP ENV 1.8
Limistéir Oidhreachta Nádúrtha

Luach caomhnaithe NHAnna agus pNHAnna a chosaint. Deréir fhorálacha na reachtaíochta náisiúnta.

5.10.4.6 BITHÉAGSÚLACHT

In 2002, thug na Páirtithe den Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch tiomantas do laghdú suntasach a bhaint amach faoi 2010 ar an ráta reatha de chaillteanas bithéagsúlachta ar leibhéil dhomhanda, réigiúnacha agus náisiúnta. Sainaithníodh sa Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta 2002 go bhfuil caomhnú agus breisiúnaí éagsúlachta bitheolaíochta fíor-riachtanach d'fhorbairt inbhuanaithe, agus chun cáilíocht beatha a choimeád.

Isé 'Gníomhaíochtaí le haghaidh Bithéagsúlachta 2011-2016' Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann agus aithnítear ann go bhfuil go leor den bhithéagsúlacht is saibhre sa tír lonnaithe sa timpeallacht mhara, lena n-áirítear raon mór de phobail inveirteabrach, líon mór de speicis den mhíol mór agus den deilf, agus coilíneachtaí móra d'éin mhara ar gor. Tá tábhacht le hÉirinn freisin d'éin imirceacha agus daonraí móra éan ann nach bhfuil coitianta in aon áit eile san Eoraip chomh maith le pobail éan bogaigh a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo.

Go náisiúnta, cé go bhfuil dul chun cinn mór déanta le deich mbliana anuas, níor cuireadh stop le caillteanas bithéagsúlachta in Éirinn. Meastar go bhfuil stádas cuid mhaith dárngnáthóga agus roinnt dár speicis lagnógo dona.

De réir an Tríú hIonchais ar an mBithéagsúlacht Dhomhanda, arna eisiúint ag CBD in 2010, tá na cúig phríomhbhrúa atá marchionsiocairdíreach ag caillteanas bithéagsúlachta (athrú gnáthóg, róshaothrú, truailliú, speicis choimhthíocha ionracha agus athrú aeráide) seasta nó ag méadú ó thaobh déine de. Tá na cúrsaí sin in ann curisteach agus tionchar díobhálach a bheith acu ar na héiceachórais fholláine in ambíonn na speicis sna timpeallachtaí talún agus mara ag brath orthu. Cinnteofar le monatóireacht bonnlíne agus straitéisí gaolmhara le haghaidh monatóireachta go mbeidh forbairt laistigh den Inbhear cothrom agus inbhuanaithe, agus go gcloífear le cosaint agus le caomhnú foriomlán gach gné d'éiceachórais na Sionainne.

Bhain staidéar Éireannach 'The Economic and Social Benefits of Biodiversity' (Tairbhí Geilleagracha agus Sóisialta na Bithéagsúlachta) (2008) de thátal gur measadh luach na seirbhísí náisiúnta éiceachórais, i dtéarmaí an-aschurtáirgiúil agus an-úsáide daonna, ag oscionn 2.6 billiúin in aghaidh na bliana. Rannchuidíonn an bhithéagsúlacht go mór le cúrsaí talmhaíochta, foraoiseachta, iascaireachta, agus do bharshaothraithe agus í tábhachtach i dtionscnaimh náisiúnta na turasóireachta glaise atá ag teacht chun cinn. Is léir gur fiú éiceachórais fholláine a chaomhnú mar gheall ar a luach geilleagrach chomh maith le rannchuidiú do cháilíocht na beatha.

Tá an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta bunaithe ar Chur Chuige Éiceachórais, sainithe mar straitéis le haghaidh bainistiú talún, uisce agus acmhainní beo a chuireann caomhnú agus úsáid inbhuanaithe chun cinn ar bhealach cothrom. Ceanglaíte ar leis go n-ullmhódh gach Údarás Áitiúil Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht dá gceantar féin i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, agus oifigeachta agus mhálaa ainmniúla haghaidh cúrsaí oidhreachta nádúrtha ina limistéar féin. Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra freagrach as curi bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta.

Féachtar freisin sa SIFP le Cur Chuige Éiceachórais a curi bhfeidhm maidir le pleanáil agus bainistiú Inbhear na Sionainne.

Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP ENV 1.9

An Bhithéagsúlacht a Chur Chun Cinn

Cosaint, bainistiú, monatóireacht, agus feasacht maidir le bithéagsúlacht a chur chun cinn ar fud Inbhear na Sionainne agus na cuspóirí ábhartha de na Gníomhaíochtaí le haghaidh Bithéagsúlachta 2011-2016 a chur i bhfeidhm mar aon le haon phleananna náisiúnta bithéagsúlachta ina dhiaidh sin.

SIFP ENV 1.10

Eolas a Chomhroinnt

Tacú le forbairt bunachar sonraí comhroinnte eolais agus ísíaspreagadh maidir le bithéagsúlacht, caomhnú, forbairt inbhuanaithe, bainistíocht tuisce agus iascaigh laistigh den Inbhear, ar an talamh agus sa timpeallacht mhuirí araon.

SIFP ENV 1.11

An Bhithéagsúlacht a Chosaint agus a Fheabhsú

A chinntiú go bhfuil tograí le haghaidh forbartha laistigh d'Inbhear na Sionainne deartha chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú, cibé uair is féidir, trí dhrochthionchar ar ghnáthóga reatha a íoslaghdú agus tríbheartamaolaitheagus/nócúitimha chur sanáireamh, mar is cuí, a chinnteoidh go ndéanfar an bhithéagsúlacht agus tréithe dentírdhreachagusden mhuirdhreach, a chothabháil.

SIFP ENV 1.12

Speicis Ionracha & Choimhthíocha

Tacú le bearta a dhéanfaidh rialú agus bainistiú ar láithreacht speiceas coimhthíoch/ionracha agus fiailíar an talamh agus sa timpeallacht mhuiríi gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Iascaigh Intíre na hÉireann agus na bearta sin a chur chun cinn.

5.10.4.7 SEANDÁLAÍOCHT AGUS OIDHREACHT CHULTÚRTHA

Tá Inbhear na Sionainne agus an chúlchríoch máguaird ina limistéar seanbhunaithe le haghaidh lonnaíochta, mar bhealach mór cumarsáide agus iompair agus le haghaidh gníomhaíochtaí eile de a nonnaleis na míltebliain. Tá oidhreacht chultúrtha shaibhir sa cheantar dá réir sin, le cuid mhaith caisleán agus daingean, crannóga, imfháluithe, seandálaíocht thionsclaíocha agus láithreáin chráifeacha cóngarach don chladach agus arna hoileáin a bhfuil cuid mhaith díobh ar fud an Inbhir.

Tá leithdháileadh na dtaifead seandálaíochta scaipthe feadh dhá thaobh an Inbhir ach tá dhá bhraisle ar fiú aird a tharraing tor thu b'fhéidir; ceann ar an gcladach ó theas timpeall ar Fhaing agus Eachinis, an ceann eile ar an gcladach ó thuaidh timpeall ar Bhá Chluain Idir Dhá Lá. Sa dá chás, tá fairsinge mhór de réileáin láibe fós ann, agus comparáid idiriad agus an cineál tírdhreacha in abhfuarthas ant-ábharsaibhir seandálaíocht acheana féin ag béal na Máighe le hais Carrigdirty ar an taobh ó dheas den Inbhear, agus feadh Abhainn an Fhorghais agus Abhainn Ó gCearnaigh ar an taobh ó thuaidh. Tá fairsinge bheag de hríodairbhog asan Inbhear Íochtair, ag Oileán na Carraige/Béal Átha Longfoirt ar an gcladach ó theas, agus ag Poll na nOisrí ar an gcladach ó thuaidh, ara ghaidh an láithreáin luath-eaglasta cháiliúil Inis Cathaigh.

Tá suíomh na séadchomharthaí ar fad atá ar eolas taifeadta sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP). Tá cosaint ag suíomhanna seandálaíochta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004. Tá an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta freagrach as an oidhreacht seandálaíochta a chosaint.

I suirbhéanna seandálaíochta a rinneadh le déanaí ar limistéir idirthaoideacha in Inbhear na Sionainne arna gcoimisiúnú don SIFP, aimsíodh raidhse ábhar seandálaíochta lena n-áirítear fianaise de lonnaíocht réamhstairiúil ag dul siar go 7000 RC. Tá ocht gcinn de láithreacha foraoise faoi uisce, a léiríonn coillearnach iarmharach atá báite ag leibhéil uisce ag ardú agus a d'fhéadfadh dul siar i bhfad sa réamhstair.

Sa bhunachar sonraí in abhfuil Liosta de Longbhristeacha na hÉireann, atá i seilbh Aonad Seandálaíochta faoi Uisce sa tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta, tá lear mór ábhar ar longbhristeacha ó réigiún na Sionainne.

Déantar tagairt sa Liosta do 127 eachtra inar tharla longbhriseadh idir an sé haois déag agus go luath san fhichiú haois déag. Mar sin féin, níféidir teacht go cruinn achar 16 láthair longbhriste. Is beag is féidir a dhéanamh amach ón gcaoi a bhfuil siad scaipthe ar fud an Inbhir, seachas fócas beag ag an bpointe a gcaolaíonn an taobh farraige den Inbhear idir Pointe Chill Chonnla ar thaobh Chiarraí, agus Pointe Chill Choradáin ó thuaidh ar thaobh an Chláir.

Tá cosaint ag gach longbhriseadh os cionn 100 bliain d'aois faoi Acht na Séadchomhartha Náisiúnta (Leasú), 1987 agus níor chóir turraing ná díobháil a dhéanamh dóibh ná cur isteach orthu. Is gá ceadúnas a fháil ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chun tumadóireacht a dhéanamh ar bháid bhriste den sórt sin nó chun gairis bhraite a úsáid ag láithreáin longbhristeacha den sórt sin.

Bearta Maolaithe SEA & AA – Seandálaíocht & Oidhreacht Chultúrtha

Beart Maolaithe	Tagairt (Imleabhar II, Aguisíní)*
Beart Maolaithe Uileghabhálach	BFF MM 1-10 & 32-40, CAAH MM 1, PHH MM 1-2, MA MM 1-2, W MM 1-5 & 27-30
Bearta Maolaithe de réir Téama	ACH MM 1-7

Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP ACH 1.1:
Leasanna Seandálaíochta a Chosaint

Láithreáin agus gnéithe spéise seandálaíochta a chosaint.

SIFP ACH 1.2:

Láithreáin a Chaomhnú

Gach láithreán atá areolas a bhfuil leas seandálaíochta agus stairiúil ag baint leis a dhaingniú in situ nó go heisceachtúil trí thaifead de réir chomhairle agus mholtaí na Seirbhíse Séadchomhartha Náisiúnta agus gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha eile

SIFP ACH 1.3:

Aird a Thabhairt ar Leasanna Seandálaíochta

Aird chuí a thabhairt ar ábhar imní faoi chúrsaí seandálaíochta nuair a bhítear ag meas gach togra forbartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar leas stairiúil agus seandálaíochta agus bearta maolaithe iomchuí a lorg de réir mar is gá, de réir chomhairle agus mholtaí na Seirbhíse Séadchomhartha Náisiúnta agus gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha eile.

SIFP ACH 1.4:

Láithreáin Faoi Uisce a Chosaint

Sláine seandálaíochta láithreán seandálaíochta faoi uisce agus gnéithe sna timpeallachtaí idirthaoideacha agus fothaoidmheara a chosaint agus a chaomhnú.

SIFP ACH 1.5:

An Acmhainn Eolais a Chomhordú

Tógáil ar an mbunachar sonraí a cuireadh ar bun mar chuid den SIFP maidir leis an gcumas Seandálaíochta agus Oidhreachta Cultúrtha trí thacaíocht a thabhairt do chomhordú agus d'fhorbairt fheabhsaithe an fhardail le haghaidh láithreán agus gnéithe leasa seandálaíochta atá lonnaithe laistigh de limistéiri idirthaoideacha agus fothaoidmheara an Inbhir

SIFP ACH 1.6:

Seandálaíocht Thionsclaíoch a Chosaint

Luach seandálaíochta suíomhanna tionsclaíocha a chosaint agus a chaomhnú lena n-áirítear muilte, tithe solais, agus cuanta. Beidh tograíd'oibreacha athchóirithe ar na suíomhanna seo, nó d'athfhorbairt/chaomhnú na suíomhanna seo, faoi réir measúnú iomlán ailtireachta agus seandálaíochta.

SIFP ACH 1.7:

Feasacht a Spreagadh

Feasacht phoiblí mhéadaithe a chur chun cinn maidir le hoidhreacht seandálaíochta agus stairiúil Inbhear na Sionainne agus caomhnú, comhdhlúthú agus cur i

láthair feabhsaithe suíomhanna a spreagadh mar is cuí, agus faoi réir chomhairle agus threoir na Seirbhíse Séadchomharthaí Náisiúnta agus gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha eile.

5.10.4.8 TUILE

Ceapadh Oifig na nOibreacha Poiblí mar an phríomhghníomhaireachtle haghaidh bainistiú riosca tuilte in Éirinn agus í ar an údarás náisiúnta inniúil don Treoir ón AE maidir le measúnú agus bainistiú rioscaí tuilte [2007/60/CE], ar a dtugtar an Treoir um 'Thuilte' freisin. Is Creat-Treoir é a éilíonn ar Bhallstáit próiseas ar leith a chomhlíonadh:

- Tabhairt faoi Réamh-mheasúnú Riosca ar Thuile (PFRA) faoin 22 Nollaig 2011, d'fhonn limistéir ina bhfuil nó ina bhféadfadh riosca mór tuile a bheith ag baint leo amach anseo (ar a dtugtar 'Limistéir le haghaidh Measúnú Breise, nó 'AFAnna') a shainaithint;
- Léarscáileanna rioscaí agus guaise tuile a ullmhú maidir leis na AFAnna faoin 22 Nollaig 2013; agus
- Pleanannabainistíochtaarrioscatuilteaullmhúfaoin 22Nollaig2015,inaleagfaramachcuspóirí chunan rioscatuilteabhainistiúlaistighdenaAFAnnaagus sraithbeartaleaganamachadtabharfartosaíocht dóibh chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

D'fhonn an Treoir a chur i bhfeidhm, tá aibhneacha agusimeallbhoirdsanntamarAonaidBhainistíochtanó CeantairAbhantraíldirnáisiúnta(IRBDanna).TáInbhear na Sionainne istigh in IRBD na Sionainne. Forbraíodh an Clár Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAM) chun riachtanais na Treorach ón AE maidir le 'Tuilte' a chomhlíonadh agus cuireadh ar bun é in Éirinn in 2011.

Is iad cuspóirí an Staidéir CFRAM:

- nalimistéirlenambaineannguaisagusrioscatuilte atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann amachanseoashainaithintagusamhapáillaistigh den Limistéar Staidéir;
- anbunacharfaisnéisestraitéiseachafhorbairtchun cinntíeolasachaadhéanamhmaidirlerioscatuilte a bhainistiú;
- bearta agus roghanna struchtúracha agus neamhstruchtúracha inmharthana a shainaithint chunnarioscaítuilteabhainistiúilimistéirinabhfuil rioscamóráitiúilaguslaistighdendobharcheantar ina iomláine; agus
- Plean(anna) Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair a ullmhú don cheantar, agus Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta gaolmhar, ina leagtar amach bearta agus beartais a mbeidh tosaíocht acu, agus ar chóir don Oifig na nOibreacha Poiblí, d'Údaráis Áitiúla agus do pháirtithe leasmhara eile iad a shaothrú chun an bhainistíocht is éifeachtúla ó thaobh costais agus isinbhuanaitheadhéanamharrioscatuiltelaistigh den Limistéar Staidéir.

Áirítear trí phríomhchéim comhairliúcháin sa Chlár CFRAM:

- 2011: Réamh-mheasúnuithe ar an Riosca Tuilte
- 2013: Mapáil ar Ghuais Tuilte
- 2015: Pleananna Bainistíochta Riosca Tuilte

Sainaithníodh roinnt príomhláithreán sa PFRA atá timpeall ar Inbhear na Sionainne mar Limistéir Measúnaithe Breise (AFA) nó mar Ghabhdóirí Riosca Aonair (IRR). Tá imlíne díobh sin i Léaráid 2.0 thíos:

Is ionann Limistéir Measúnaithe Breise (AFA) agus limistéir ina dteastaíonn, bunaithe ar an Réamh-mheasúnúarRioscaTuilteagusarnarioscaíabhaineann le tuile mhór, breis measúnaithe níos mionsonraithe chun an leibhéal riosca ó thuilte a chinneadh, agus bearta a fhorbairt chun an riosca ó thuilte a bhainistiú agus a laghdú. Beidh breis tograí forbartha ag teastáil chun cuntas iomchuí a thabhairt ar na torthaí a tháinig chun cinn ón Staidéar CFRAM ar an tSionainn.

D'eisighanRoinnComhshaoil,PobailagusRialtaisÁitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí treoirlínte dar teideal 'AnCórasPleanálaagusBainistíochtRioscaTuile',imína Samhna 2009. Iarrtar sna treoirlínte go dtabharfaí faoi mheasúnú ar an riosca tuilte mar chuid d'ullmhú agus d'athbhreithniúleanúnachpleanannaforbarthaagus pleanannalimistéiráitiúil,agusnachmórmeasúnuithe arrioscatuilteabheithaggabháillehiarrataisphleanála a fhaightear tar éis fhoilsiú na dtreoirlínte nuair is gá. Faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, iarrtar ar údaráis phleanála agus ar an mBord Pleanála aird chuí a thabhairt ar phrionsabail agus ar nósanna imeachta na dtreoirlínte sin agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna.

Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP FR 1.1:

Treoirlínte an Rialtais a Chomhlíonadh

Aird chuí a thabhairt ar an treoir agus ar na gníomhartha atá leagtha amach i dTreoirlínte DoECLG agus Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le bainistíocht rioscaí tuilte agus an t-ardú a thuartar a thiocfaidh ar leibhéal na farraige a chur san áireamh sa mheasúnú ar fhorbairtí beartaithe feadh an Inbhir

SIFP FR 1.2:

Measúnú Riosca ar Thuile

Iarraidh go ndéanfaí measúnú riosca ar thuile i ngach iarratas ar thograí forbartha, i limistéir atá i mbaol tuilte, agus aird chuí a thabhairt ar Threoirlínte Oifig na nOibreacha Poiblí agus DoECLG, Treoirlínte um Chóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte.

Suíomh	Uimh. Aitheantais	RBD	Contae	Stádas Deiridh
Eas Géitine	240365	Sionainn	Luimneach	AFA
Baile Átha Longfoirt	240370	Sionainn	Ciarraí	AFA
Faing	240383	Sionainn	Luimneach	AFA
Bun Raite	270471	Sionainn	An Clár	AFA
Inis	270474	Sionainn	An Clár	AFA
Cill Rois	270476	Sionainn	An Clár	AFA
Cathair Luimnigh & Purláin	270477	Sionainn	CathairLuimnigh	AFA
Sionainn	270481	Sionainn	An Clár	AFA
1Cumhacht_Tairbeart	240363	Sionainn	Ciarraí	IRR
Aerfort Idirnáisiúnta na Sionna	275484	Sionainn	An Clár	IRR

Tábla 1.0

5.10.4.9 CREIMEADH AGUS BAINISTÍOCHT AN CHÓSTA

Tá imeallbhord atá thart ar 1000 km (mórthír) agus 178 km (Oileáin) in Inbhear na Sionainne, a fhreastalaíonn arúsáidíéagsúlalenan-áirítearlonnaíochtaítraidisiúnta, calafoirt agus cuanta, úsáidí áineasa, fóillíochta, iascaireacht, dobharshaothrúagusbonneagar. Táluach intreach áineasa speisialta agus nádúrtha ag baint leis an gcrios cósta agus roinnt limistéar ann atá ainmnithe ar leibhéal Eorpach, Náisiúnta agus Contae chun luach caomhnaithe na ngnáthóg agus na speiceas flóra agus fána faoi leith atá taobh istigh díobh a chosaint nó mar gheall ar an mian atá ann limistéir ina bhfuil tírdhreach fisiceach ar ardchaighdeán a chaomhnú. Measadh riamh gur áit dheas é an cósta le maireachtáil ann. Le gairid anuas tá limistéir chósta ag teacht faoi bhrú mór ó fhorbairt ina bhfuil iarracht ar bun leas a bhaint as mar acmhainn shóisialta, gheilleagrach agus áineasa agus tá brú freisin ag teacht ó phróisis creimthe cósta (Grianghraf 60).

Issócmhainnriachtanachachíogairéancrioscóstanach bhfuil aige ach cumas teoranta le haghaidh forbartha. Ní mór bainistiú cúramach a dhéanamh ar chineál agus ar scála na forbartha d'fhonn inbhuanaitheacht fadtéarmach a chinntiú ina gcuirtear cosc ar dhíobháil mhórdocháilíochtaíagusd'ábharspéisedúchasachan cheantair a fhágann gur sócmhainn mhór é do réigiún na Sionainne.

Tá freagrachtaí ag raon leathan gníomhaireachtaí éagsúla i réimse bhainistíocht an chósta. Ina measc sin tá údaráis áitiúla, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. I roinnt cásanna, tá cuspóirí agus freagrachtaí ag na gníomhaireachtaí sin a thagann salach ar a chéile, rud a threisíonn an tábhacht atá le cur chuige comhtháite maidir le bainistiú limistéir chósta.

Aibhsíodh i staidéar an Choimisiúin Eorpaigh ar Chreimeadh, 'Living with Coastal Erosion in Europe' (Ag Maireachtáil le Creimeadh Cósta san Eoraip) (2004), na rioscaí a bhaineann le dul i ngleic leis an tsaincheist sin go héifeachtach, agus ina measc sin tá roinnt idirghabhálacha, cé go réitíonn siad fadhbanna atá le creimeadh go háitiúil, a chuireann le creimeadh cósta in áiteanna eile nó a chruthaíonn fadhbanna eile comhshaoil.

Aibhsítear freisin sa staidéar sin an coincheap maidir le 'brú cósta' a tharlaíonn i limistéir ina bhfuil talamh íseal agus limistéiridirthaoideachaad'athródhgonádúrtha leisanathrúarleibhéilfarraige,stoirmeachaagustaoidí murachsin,achnachbhfuilinannésinadhéanamhmar gheallarthógáilballaífarraigeagussriantacóstaeileatá dolúbtha. Is é an toradh a bhíonn leis ná go gcailltearderéir a chéile áilleacht na trá agus na gnáthóige.

Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP CMR 1.1:

Monatóireacht agus Measúnú

Tuiscint fheabhsaithe ar shaincheisteanna creimthe cósta a éascú laistigh d'Inbhear na Sionainne trí mhonatóireacht agus measúnú leanúnach ar phróisis creimthe cósta san Inbhear.

SIFP CMR 1.2:

A chinntiú nach dtarlaíonn creimeadh cósta mar gheall ar fhorbairt

Gan forbairt a cheadú ach amháin i gcás go léirítear go réasúnta nach mbeidh méadú ar chreimeadh cósta mar gheall ar an bhforbairt ag an láthair atá i gceist nó in aon áit eile san Inbhear.

SIFP CMR 1.3:

Forbairt atá i mbaol Creimeadh Cósta

Gan forbairt a cheadú ach amháin i gcás nach mbeidh sé i mbaol creimeadh cósta.

SIFP CMR 1.4:

Oibreacha Cosanta Cósta a Mheas

Gan oibreacha cosanta cósta a cheadú ach amháin nuair atá dearadh oibreacha den sórt sin measta go cuí maidir leis an tionchar is dóigh a bheidh acu ar an timpeallacht mhara agus chósta.

Grianghraf 60 Cosaint Cósta feadh Bhóthar an Chósta, an Leacht

5.10.4.10 AN TÍRDHREACH

Tá raon gnéithe difriúla i dtírdhreach Inbhear na Sionainne achiséantInbhearféinantréithtírdhreachais suntasaíarfad.DéantarcursíossnaPleanannaForbartha Contae(CDPanna)ábharthaarantírdhreacharbhealaí difriúla. Déanann Plean Forbartha Chontae an Chláir 2011-2017 an tírdhreach a aicmiú mar mheascán de ThírdhreachOidhreachtaagusTírdhreachOibríochta. TagraítearibPleanForbarthaChontaeLuimnigh2010-2016doThírdhreachChriosCósta na Sionainne, agus i CDP Chiarraí 2009-2015, aicmítear an talamh timpeall ar an Inbhear i dtéarmaí na príomhúsáide a bhaintear aisti, tréithe an tírdhreacha ann agus a leochaileachta i ndáil le brú ó fhorbairtí.

Is sócmhainn réigiúnach agus náisiúnta é tírdhreach InbhearnaSionainne.AithnítearsnaCDPannagobhfuil gá amhairc agus radhairc in aice le bóithre poiblí a chosaint timpeall ar an Inbhear le haghaidh na nglún amach anseo.

Tá gá tréithe an tírdhreacha seo a chaomhnú lena n-áirítearséadchomharthaíagusagcuidsuíomhanna, limistéirnádúrtha,foirgnimhaguslonnaíochtaíagusa gcomhthéacsanna níos leithne.

Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP LDS 1.1:

An Tírdhreach Luachmhar a Chaomhnú

Saintréithaguscáilíochtspeisialtaarleiththírdhreach agusmhuirdhreachanInbhirachaomhnú,agusnuairis féidir, a fheabhsú.

SIFP LDS 1.2:

Aird chuí ar Cháilíocht an Tírdhreacha agus an Muirdhreacha

A chinntiú go gcuirtear san áireamh i ngach togra forbartha cáilíocht speisialta thírdhreach agus mhuirdhreach Inbhear na Sionainne, agus bearta iomchuíaghlacadhchuntioncharamhaircdíobhálach a íoslaghdú.

5.10.4.11 SEVESO

Tugtar Seveso II nó an Treoir COMAH ar Threoir COMAH 96/82/CE ón gCoimisiún Eorpach, arna leasú leTreoir 2003/105/CE. Cuireadh an Treoir i bhfeidhm in Éirinn mar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí a bhaineann le Substaintí Contúirteacha) 2006.

Is é aidhm na Rialachán a áirithiú, in áiteanna ina bhfuil substaintí contúirteacha áláimhseáilí gcainníochtaíos cionn na dtairseacha sonraithe; go mbeidh leibhéal ard cosanta ann do dhaoine, do mhaoin agus don timpeallacht. Déanfar é sin ach:

- an riosca go dtarlóidh mórthionóisc a chosc nó a íoslaghdú, agus
- na bearta go léir is gá a ghlacadh chun iarmhairtí tionóisce den sórt sin a theorannú, i gcás go dtarlaíonn sé.

Ainmníodh an HSA mar an tÚdarás Inniúil Lárnach chun na Rialacháin a fhorfheidhmiú agus tá foráil ann chun údaráis phoiblí a cheapadh mar údaráis inniúla áitiúla (LCAnna) ar mhaithe le pleanáil éigeandála.

Ní mór don chóras pleanála trí bheartas úsáide talún cuimhneamh ar an ngá atá le fad oiriúnach a choimeád idir bunaíochtaí guaiseacha mórthionóiscí agus limistéir chónaithe, foirgnimh agus limistéir a bhíonn in úsáid ag an bpobal, mórbhealaí iompair chomhfadaa agus isféidir, limistéir áineasa agus limistéir ina bhfuil íogaireacht nó spéis nádúrtha faoi leith, agus, i gcás bunaíochtaí atá ann cheana, an gá atá le bearta teicniúla breise ionas nach méadófar na rioscaí do dhaoine.

Socraíonn an HSA fad comhairliúcháin maidir le gach bunaíocht agus cuireann sé comhairle ar an údarás pleanála ábhartha maidir le gach iarratas pleanála laistigh den achar comhairliúcháin.

Aicmítear suíomhanna mar shuíomhanna Sraithe Íochtaraí nó Sraithe Uachtaraí ag brath ar cibé an sáraítear antairseachíostanóuasta. Is gádo shuíomhanna Sraithe Uachtaraí an pobal a chur ar an eolas laistigh de

Áis	Seoladh	Contae / Cathair	Sraith	Fad Comhairliúcháin (méadair)
Grassland Fertilizers Ltd	Bóthar an Duga, Cathair Luimnigh	Cathair Luimnigh	Íochtarach	200
Topaz Energy Ltd	Bóthar na Cúirte Brice, Luimneach	Cathair Luimnigh	Íochtarach	200
Gouldings Chemicals Ltd	Muireagán Theas, Eas Géitine	Co. Luimnigh	Uachtarach	360
Irish Bulk Storage Ltd	Cuan Fhainge, Luimneach	Co. Luimnigh	Íochtarach	300
Atlantic Fuel Supply Company Ltd	Cuan Fhainge, Luimneach	Co. Luimnigh	Uachtarach	400
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta	Mainland Tank Farm, Tairbeart	Co. Chiarraí	Uachtarach	300
Enva Ireland Ltd	Eastát Tionsclaíochta Bhaile Átha an Ghabhann, Sionainn	Co. an Chláir	Íochtarach	200
Tarbert Thermal Power Plant	Tairbeart	Co. Chiarraí	Uachtarach	300
UCB Manufacturing Irl Ltd	Eastát Tionsclaíochta na Sionna, Sionainn,	Co. an Chláir	Íochtarach	200
Roche Ireland Ltd	Droichead an Chláir	Co. an Chláir	Íochtarach	1000
Shannon Aviation Fuels – Aer Rianta	Fuel Farm Road, Aerfort na Sionainne	Co. an Chláir	Uachtarach	300
BSL, Gob na Muine	Cill Rois	Co. an Chláir	Uachtarach	300

Tábla 2

limistéar sonraithe, tuarascáil sábháilteachta a ullmhú agus dul i mbun idirchaidrimh leis na húdaráis inniúla áitiúla agus plean éigeandála seachtrach a ullmhú.

Taispeántar na saoráidí ábharthain Inbhear na Sionainne i dTábla 2.

Is iad na Cuspóirí Forbartha:

SIFP SVO 1.1:

Comhairliúchán maidir le Tograí a mbíonn tionchar acu ar Shuíomhanna SEVESO

Dul i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le gach togra forbartha, le n-áirítear leathnú ar ghníomhaíochtaí reatha agus ar fhorbairtí nua, laistigh de chrios comhairliúcháin na suíomhanna atá ainmnithe faoi Threoir SEVESO II ón gCoimisiún Eorpach agus Rialacháin ghaolmhara, d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoi na rioscaí agus na hiarmhairtí féidearthaa agus aird ar chuspóirí na Treorach.

SIFP SVO 1.2:

Faisnéis maidir le Forbairt ag Suíomhanna SEVESO

A chinntiú go dtugtar dóthain faisnéise maidir le gach togra forbartha, ar dóigh go gcomhlíonfaidh siad na tairseacha sonraithe le haghaidh substaintí guaiseacha ainmnithe faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí a bhaineann le Substaintí Contúirteacha), le na n-áirítear forbairt nua nó leathnú gníomhaíochtaí reatha, ionas go bhféadfaidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta measúnú stuama a dhéanamh,

na leibhéil riosca a aithint agus na hiarmhairtí féidearthaa don chomhshaol agus do ghabhdóirí íogaire mórthimpeall, d'fhonn measúnú a ar an leibhéal comhlíontachta le cuspóirí Threoir SEVESO II a mheas.

SIFP SVO 1.3:

Comhairliúchán maidir le Tograí ag Suíomhanna SEVESO

Luathchomhairliúchán a spreagadh leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le gach togra is dóigh a chomhlíonfaidh na tairseacha sonraithe le haghaidh substaintí guaiseacha ainmnithe faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí a bhaineann le Substaintí Contúirteacha), le na n-áirítear forbairt nua nó leathnú gníomhaíochtaí reatha, atá beartaithe laistigh de chrios comhairliúcháin suímh atá ainmnithe faoi láthair faoi Threoir CE SEVESO d'fhonn an méid faisnéise a theastóidh chun meastóireacht stuama a dhéanamh ar na comhrioscaí agus na hiarmhairtí féidearthaa don chomhshaol agus do ghabhdóirí íogaire timpeall air a shainaithint.

5.10.4.12 MEASÚNÚ STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA

Rinneadh trasuí ar an Treoir Eorpach (2001/42/CE) maidir le Measúnú ar an Tionchar a bhíonn ag Pleananna agus Cláir ar leith ar an gComhshaol sa reachtaíocht náisiúnta in Éirinn le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) 2004, (I.R 435/2004) agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004, (I.R. 436/2004). Chomh maith le trasuí na Treorach seo tá dhá rialachán leasaithe a síníodh i ndlí na hÉireann an 3 Bealtaine 2011:

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) (Leasú) 2011, (I.R. Uimh. 200 de 2011) lena leasaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) 2004 (I.R. Uimh. 435 de 2004), agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnú Straitéiseach Timpeallachta) (Leasú) 2011, (I.R. Uimh. 201 de 2011), lena leasaítear Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004, (I.R. Uimh. 436 de 2004).

Is próiseas é Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA) chun measúnú a dhéanamh, ag an gcéim oiriúnach is túisce, ar cháilíocht comhshaoil agus ar iarmhairtí tionscnaimh Beartais, Pleananna nó Cláir a bhíonn ag comhlachtaí reachtúla. Is é is aidhm leis a chinntiú go ndéantar measúnú ar iarmhairtí comhshaoil pleananna agus clár le linn a bheith á n-ullmhú agus sula nglactar leo agus d'fhéadfaí clár monatóireachta a áireamh leis

sin freisin.

Tugann an próiseas SEA deis freisin do pháirtithe leasmhara tuairimatha bhaint faoi thionchar comhshaoil an phlean nó an chláir atá beartaithe agus iad a choinneáil ar an eolas le linn an phróisis cinnteoireachta.

Iarrann an Treoir SEA go mbeadh Pleananna agus Cláir áirithe, ar an n-ullmhúchán comhlachtaí reachtúla agus ar dóigh go mbeidh tionchar mór acu ar an gcomhshaol, faoi réir an phróisis SEA. Cuimsítear na céimeanna seo a leanas sa phróiseas SEA:

- Scagadh: Cinneadh ar cibé an bhfuil gá le SEA a dhéanamh ar Phlean/Chlár;
- Scópáil: Comhairliúchán leis na comhlachtaí reachtúla sainithe maidir le scóip agus an leibhéal sonraí a chuirfear san áireamh sa mheasúnú;
- Measúnú Timpeallachta: Measúnú ar an tionchar is dóigh ar an gcomhshaol mar thoradh ar an bPlean nó ar an gClár;
- Tuarascáil Chomhshaoil;
- Comhairliúchán maidir leis an dréacht-Phlean/dréacht-Chlár agus Tuarascáil Chomhshaoil ghaolmhar;
- Meastóireachtar na haighneachtaí agus na tuairimí a rinneadh maidir leis an dréacht-Phlean/dréacht-Chlár agus an Tuarascáil Chomhshaoil; agus
- Ráiteas SEA a eisiúint (ag aithint an dóigh a ndearnadh cúrsaí comhshaoil agus comhairliúchán a chomhtháthú isteach sa Phlean/Chlár Deiridh)
- Monatóireacht/Prótacal leanúnach
- An plean agus SEA agus AA gaolmhar a thabhairt chun dáta i bhfianaise pleananna amach anseo a fhorbrófar sna blianta amach romhainn e.g. CFRAMS na Sionainne, Plean Bainistíochta Caomhnaithe Inbhear na Sionainne Íochtaraí agus pleananna caomhnaithe Natura 2000 eile laistigh de limistéar spéise an phlean.

Is iad na cuspóirí forbartha:

SIFP SEA 1.1:

SEA & HDA a Úsáid i gCúrsaí Cinnteoireachta

Úsáid iomlánaíoch an Mheasúnaithe Straitéisigh Timpeallachta agus an Mheasúnaithe ar an Treoir maidir le Gnáthóga a spreagadh mar uirlis optamaithe chun acmhainní criticiúla comhshaoil a chosaint, coimhlintí féideartha a réiteach, luach a chur leis agus cinnteoireacht inbhuanaithe, bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn.

SIFP SEA 1.2:

SEA ar Phleananna & Cláir Ina Dhiaidh Sin

A chinntiú go mbaintear leas as Measúnú Straitéiseach Timpeallachta nuair atá pleananna agus cláirán-ullmhú ag comhlachtaí reachtúla, ar dóigh go mbeidh tionchar mór acu ar an gcomhshaol, i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) (Leasú) 2011 agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnú Straitéiseach Timpeallachta) 2011 (nó ar na leasú amach anseo) le na chinntiú go mbeidh cúrsaí comhshaoil mar chuid lárnach den phróiseas déanta pleananna ón tús ar fad

SIFP SEA 1.3:

Tograí don Todhchaí a Mheas faoi HDA

A chinntiú go mbeidh gach togra pleanála amach anseo, le na n-áirítear pleanáil agus criosú úsáide talún, agus tograí forbartha, faoi réir chomhlíonadh chuspóirí agus phrionsabail na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, na Creat-Treorach Uisce, agus gach Treoir ábhartha eile ón AE, d'fhonn a chinntiú go ndéantar measúnú iomchuí ar an tionchar/éifeachtaí féideartha ar shláine an ghréasáin Natura 2000 agus go ndéantar iad a mhaolú, nuair is cuí.

5.10.4.13 PLEAN BAINISTÍOCHTA COMHTHÁITE COMHSHAOIL

Tá go leor údaráis éagsúla freagrach as feidhmeanna éagsúla in Inbhear na Sionainne. Déanann codanna difriúla de na heagraíochtaí sin na feidhmeanna sin a chur i bhfeidhm nó a bhainistiú, agus gan acu go minic ach acmhainní teoranta. Le bainistíocht chomhtháite comhshaoil (IEM) tá uirlis ann chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a fheabhsú idir comhlachtaí difriúla tharfhreagrachtaí éagsúla, agus sin á dhéanamh ó pheirspictíocht chomhshaoil de. Ina theannta sin, is bealach é chun an éifeachtacht lena gcuirtear na freagrachtaí sin i bhfeidhm a uasmhéadú, ta obh istigh den bhuiséad atá ar fáil. Tairgteartrédhearcachtníosmó leis freisin ó thaobh forbairt beartais de agus spreagtar rannpháirtíocht agus glacadh níos mó ón bpobal.

Tá bainistíocht chomhtháite comhshaoil ag teacht go hiomlán le Straitéis Liospóin maidir le nuálaíocht, iomaíochas, fás agus fostaíocht agus léirítear le taithí nuair a bhunaítear córas IEM go gcuidíonn sé chun cuspóirí maidir le hinbhuanaitheacht a chur chun cinn. Chinnteodh Plean Bainistíochta Comhtháite Comhshaoil go mbeadh tuiscint ar na hiarmhairtí comhshaoil a bheadh ag tograí forbartha agus go gcuirfí san áireamh iad sa phróiseas pleanála agus chun aon tionchar diúltach a réiteach nó a mhaolú go hiomchuí agus gnéithe dearfacha tograí forbartha a fheabhsú.

D'fhéadfadh an IEM an cur chuige comhtháite arna ghlacadh ag an SIFP a leanúint, agus tógáil ar an méid eolais atá bailithe agus an taithí atá faighte le linn phróiseas ullmhúcháin an Phlean, agus an measúnú a rinneadh trí SEA agus an Measúnú Cuí. D'fhéadfadh sé modh costas-éifeachtach a thabhairt freisin chun sonraí bonnlíne agus faisnéis suirbhéa shainaithint agus a bhailiú, ar fud an Inbhir go léir, d'fhonn cur le bearnaí i sonraí bithéagsúlachta, cuidiúl le monatóireacht rialta, agus cabhrú le hatriallta den SIFP amach anseo.

D'fhéadfaí roinnt de na topaicí seo a leanas nó iad ar fad a áireamh sna saincheisteanna a d'fhéadfaí a chur le cur chuige comhtháite:

- Monatóireacht Comhshaoil
- Caighdeán an uisce a fheabhsú
- Bainistíocht dramhaíola a fheabhsú
- Éifeachtacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú
- Astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú

- Caighdeán an aeir taobh amuigh a fheabhsú
- Iompar uirbeach a fheabhsú
- Torann choscagus a laghdú agus ceantair chiúine a chosaint
- Rialachas áitiúil níos fear
- Pleanáil agus úsáid talún níos fearr
- Bithéagsúlacht agus spás glas a mhéadú
- Rioscaí comhshaoil a laghdú

Ní liosta uileghabhálach é an liosta, ach léirítear ann na téamaí dea-chleachtais laistigh de bhainistíocht chomhtháite comhshaoil. Ba chóir an topaicí agus na saincheisteanna a chuirfear sa náireamh a chomhaontú le príomhpháirtithe leasmhara nuair a thosaítear ag ullmhú an IEM.

SIFP SEA 1.4:

Plean Bainistíochta Comhtháite Comhshaoil

Tacú le hullmhú Plean Bainistíochta Comhtháite Comhshaoil d'Inbhear na Sionainne agus é sin a éascú, inar chóir go gcuimseofaí raonstaidéar bonnlíne/faisnéis suirbhé, clár monatóireachta agus athbhreithnithe rialta, agus cur chuige comhordaithe ó gach páirtí leasmhar i dtaca le cothromaíocht a bhaint amach sna príomhéilimh ar acmhainní.

Cuid 6.0 SEA agus HDA

Eocharphrionsabal 3

Cosaint agus bainistíocht comhshaoil trí leas a bhaint as an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus as an Treoir maidir le Gnáthóga, mar uirlisí a ceapadh chun torthaí optamacha a fháil, leasanna criticiúla comhshaoil a shlánú, coinbhleachtaí a réiteach, breisluach a sholáthar agus cinnteoireacht inbhuanaithe a chur chun cinn.

6.1 RÉAMHRÁ

Leis an bPlean, moltar cur chuige comhtháite agus inbhuanaithe d'fhorbairt laistigh d'Inbhear na Sionainne agus i ngar dó, cur chuige a bhfuil próisis an Mheasúnaithe Straitéisigh Comhshaoil (SEA) agus an mheasúnaithe ar an Treoir maidir le Gnáthóga (HDA) mar bhonn leis, mar thionchar air agus mar fhoinse choigeartaithe air. Rinneadh na measúnuithe sin san am céanna is a rinneadh an Plean a ullmhú. Is é an coimpléacs inbhir is mó in Éirinn inbhir na Sionainne agus an Fhorghais. Is é an suíomh bogaigh cósta is tábhachtaí in Éirinn d'éin atá ann chomh maith. De bharr ilghnéitheacht an éiceachórais agus an iliomad gnáthóg agus speiceas atá ann, mar aon leis na gnéithe oidhreachta, tírdhreacha agus seandálaíocha, tá ardriosca tionchar díreach agus indíreach ag baint le forbairt todhchaí. Tá fachtóirí comhshaoil i gcroílár an phróisis chun straitéis iomlán a fhorbairt agus cuspóirí a ullmhú chun forbairt a threorú in Inbhear na Sionainne sa todhchaí.

Ós rud é gur baineadh leas as an bpróiseas SEA agus HDA ón tús, scrúdaíodh fachtóirí comhshaoil ag gach céim den phróiseas. Agus na cuspóirí forbartha á bhforbairt, agus Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach á n-aithint agus á roghnú, aithníodh ábhair, tionchair agus cineálacha leochaileachta comhshaoil ionchasacha. Léirítear an próiseas sin i Léaráid 1 i gCuid 1.0 den tuarascáil seo. De bharr gur aithníodh fadhbanna go luath, laghdaíodh torthaí diúltacha i measúnú an SIFP. Toisc gur glacadh le cur chuige éiceachórais le linn an phróisis chun na tograí spásúla a ullmhú, tugadh deis na héifeachtaí carnacha agus comhéifeachtaí a mhionscrúdú tríd an SEA agus an HDA.

Tugtar breac-chuntas ar thorthaí an SEA agus an HDA in Imleabhar II: Aguisíní. Leagtar amach próiseas, measúnú agus torthaí an SEA go mionsonraithe sa Tuarascáil Chomhshaoil SEA a ghabhann leis an SIFP. Tugtar cuntas mionsonraithe ar an Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga lena ngabhann an Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura, a ghabhann leis an SIFP chomh maith. Déantar achoimre ar an dá thuarascáil sa chuid seo.

6.2 MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

Is modh córasach é an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) chun an tionchar comhshaoil suntasach ar dóigh a bhainfidh le plean nó le clár a bhreithniú trí fhachtóirí comhshaoil a thabhairt isteach i bhforbairt an Phlean agus sna próisis cinnteoireachta lena mbaineann, chomh luath agus is féidir. Is é cuspóir Airteagal 1 de Threoir an SEA ardleibhéal cosanta a sholáthar don chomhshaol agus cur le himeascadh na bhfachtóirí comhshaoil agus pleananna agus cláir á n-ullmhú agus á nglacadh d'fhonn fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

Ach an SEA a fhorbairt ag an am céanna leis an bplean, fuarthas léargas tábhachtach agus uirlis chun na saincheisteanna comhshaoil is tábhachtaí a aithint, coinbhleachtaí féideartha a réiteach nó a aithint, agus bunús do chinntí pleanála spásúla, ar bhealach inbhuanaithe. Tá an mheastóireacht agus torthaí an mheasúnaithe maidir leis na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an gcomhshaol a bhaineann le cur chun feidhme an SIFP i dTuarascáil Chomhshaoil an SEA. Déantar tuairisc ar na hathruithe a rinneadh ar na cuspóirí molta (rianaigh athruithe a úsáideadh), tar éis an mheasúnaithe, agus na bearta maolaithe a d'eascair as an measúnú, nach mór a léamh in éineacht le Cuspóirí an Phlean, a bhfuil tuairisc orthu i gCaibidil 6 den SEA.

6.2.1 SAINCHEISTEANNA COMHSHAOIL A AITHINT

Agus an plean á chur le chéile, rinne an SEA scrúdú ar an gcomhshaol bonnlíne, agus aithníodh ceisteanna tábhachtacha comhshaoil agus fadhbanna laistigh den Inbhear agus na tailte ina thimpeall. Áirítear na ceisteanna SEA seo a leanas: an flóra, an fána, an bhithéagsúlacht, sláinte an duine, uisce, an t-aer, agus an tírdhreach, i measc ceisteanna eile. Trí dhul i gcomhairle le gníomhaireachtaí reachtúla, comhaltaí tofa agus an pobal i gcoitinne, fuarthas léargas breise ar na saincheisteanna tábhachtacha comhshaoil: i dteannta leis an anailís bonnlíne, tá an méid sin mar bhonn leis na cuspóirí, na spriocanna agus na táscairí straitéiseacha comhshaoil. Agus an Plean á ullmhú, bhí na nithe sin mar bhonn le haidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha an Phlean, chomh maith leis an bhFís agus an Straitéis lena mbaineann. Socraíodh na Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil chun tionchar an SIFP ar an gcomhshaol a mheas. Léiríonn na cuspóirí sin na saincheisteanna comhshaoil a bhí ann cheana sa limistéar staidéir agus spreagadh chun dul i dtreo nua inmhianaithe. Baineadh leas as na cuspóirí sin chun éifeachtaí dóchúla na gcuspóirí forbartha ar a ndéantar tuairisc sa Phlean comhshaoil a mheas. Chomh maith leis sin, úsáideadh na cuspóirí chun Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach agus Limistéir Deiseanna a aithint, chun bearta maolaithe cuí a fhorbairt, agus chun clár monatóireachta a sholáthar mar thaca le cur ar fáil agus cur chun feidhme an SIFP.

6.2.2 MEASÚNÚ AR NA CUSPÓIRÍ FORBARTHA

I dteannta a chéile, cuirtear creat foriomlán comhtháite ar fáil san SIFP d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn in Inbhear na Sionainne. Tá an ceantar sin ainmnithe mar limistéar ainmnithe Natura 2000 nó limistéar a bhfuil tábhacht radharcra nó seandálaíochta ag baint leis, i measc fachtóirí eile. Mar sin, rinneadh anailís ar na cuspóirí d'fhonn an tionchar féideartha ar an gcomhshaol a mheas. Sa tuarascáil chomhshaoil, rinneadh gach cuspóir a mheas de réir na gcuspóirí/dtáscairí straitéiseacha tábhachtacha comhshaoil, agus maitrísí measúnachta in úsáid, agus measúnú bonnlíne mar thaca leo i gcásanna áirithe. Cuireadh cuspóirí ar dócha go bhfuil tionchar dearfach acu as an áireamh, agus rinneadh tuilleadh measúnaithe ar chuspóirí ar dócha go bhfuil tionchar diúltach acu, agus rinneadh moltaí le haghaidh leagan nua ina bhfuil bearta maolaithe. Déantar tuairisc ar na bearta maolaithe ar na cuspóirí agus leasuithe comhaontuithe i gCuid 5.0 den Phlean agus tugtar sonraí breise ina leith in Imleabhar II: Aguisíní. Déantar tuairisc orthu i gCaibidil 8 den Tuarascáil Chomhshaoil SEA (a ghabhann leis an bPlean seo).

6.2.3 MEASÚNÚ AR LÁITHREACHA UM FHORBAIRT STRAITÉISEACH

Is ríthábhachtach iad na dálaí comhshaoil chun na Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach agus Limistéir Deiseanna a aithint, mar thaca leis an bPlean Spásúil Téamach. Is é is aidhm leis sin na suíomhanna is mó a d'fhéadfadh tairbhe gheilleagrach a bheith i gceist leo, agus an tionchar is lú ar an gcomhshaol – gnáthóga, speicis, tírdhreach agus seandálaíocht, i measc nithe eile – a chur san áireamh. Déantar tuairisc ar an gcur

chuige chun na suíomhanna sin a aithint in Imleabhar II: Aguisíní, agus tugtar cuntas mionsonraithe ar na fachtóirí comhshaoil agus na cuspóirí ag gach céim den phróiseas roghnúcháin, agus na cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha comhshaoil mar bhonn leis.

Tá anailís agus comhairle maidir leis an SEA mar bhonn le rogha an tsuímh ón tús: Rinneadh limistéir gnáthóga tosaíochta a sheachaint, chomh maith leis na cuanta agus góilíní atá ríthábhachtach don SPA amhail Inbhear an Fhorghais agus Abhainn Bhaile Riobaird, chomh maith le gnáthóga tosaíochta amhail murlaigh cósta agus coillearnaí gláracha agus deiseanna forbartha á n-aithint. Tar éis na deiseanna a aithint, mar chuid de na mhaitrísí sa Tábla Réamhscagtha (PST), rinneadh staidéar ardleibhéil comhshaoil (an SEA mar bhonn leis) chun na suíomhanna a aithint a bhféadfadh forbairt suíomhanna straitéiseacha tionchar níos mó a bheith aici ar an gcomhshaol, chomh maith le critéir chun saincheisteanna teicniúla, sóisialta agus pleanála a mheas. Ar an mbonn sin, roghnaíodh na deiseanna agus malairt roghanna is mó a d'fhéadfadh acmhainn forbartha a bheith i gceist leo agus an tionchar is lú acu ar an gcomhshaol chun tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu. Tugtar tuairisc ar gach limistéar spéise in Aguisín D de Thuarascáil Chomhshaoil an SEA (a ghabhann leis an bPlean seo).

Tar éis gearrliosta a chur le chéile, tháinig na limistéir spéise is fearr chun cinn, agus cuireadh faoi bhreithmheas iad mar chuid de mhaitrís Anailíse Ilchritéir (MCA). Tá gnéithe Sóisialta agus Comhshaoil an SEA ina gcritéir ríthábhachtacha den mhaitrís chun saincheisteanna, gnéithe agus dálaí a aithint, agus oiriúnacht an limistéir a chur san áireamh mar Láthair um Fhorbairt Straitéiseach (SDL). Déantar mionanailís ar na suíomhanna sin agus na limistéir deiseanna in Aguisín E a ghabhann le Tuarascáil Chomhshaoil an SEA (a ghabhann leis an bPlean). Cuireadh na SDLanna leis an bPlean, agus déantar tuairisc orthu i gCuid 5.0 den Phlean. Tacaítear leo ar fad le prionsabail threoracha agus bearta maolaithe, atá tar éis athrú, mar chomaoineacha tábhachtach, mar thoradh ar an measúnú seo, agus áirítear gnéithe tábhachtacha agus ceisteanna comhshaoil a bhfuil tuilleadh measúnaithe ag teastáil ina dtaobh ar Leibhéal an Phlean. Cuirtear an fhaisnéis sin ar fáil in Imleabhar II: Aguisíní.

Ar bhonn an MCS, moladh tuilleadh bearta maolaithe i dTuarascáil Chomhshaoil an SEA i gcás gach SDL agus Limistéir Deiseanna a aithníodh i gCuid 5.0, nuair a mheastar gur gá é sin a dhéanamh de bharr tionchar diúltach ionchais. Tugtar tuairisc orthu sin in Imleabhar II: Aguisíní, mar thaca leis na prionsabail threoracha.

6.2.4 MAOLÚ AGUS MONATÓIREACHT

Ní mór a thabhairt faoi deara go mbeidh am ag teastáil chun an Plean a chur chun feidhme trí Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach a fhorbairt. B'fhéidir nach gcuirfear na Limistéir Deiseanna i gcrích láithreach ach ba cheart faisnéis thábhachtach bhonnlíne a fháil idir an dá linn le húsáid i gcomhair an tsuímh, measúnuithe tionscadail nó Plean Bainistíochta Comhtháite Comhshaoil. I gcomhthéacs an SIFP, moltar bearta maolaithe chun éifeachtaí diúltacha suntasacha ar an gcomhshaol a chosc, a laghdú agus a chúiseamh, a mhéad agus is féidir ach an plean a chur chun feidhme. Socraítear na cuspóirí sin ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe tionchair agus éascaíonn siad tabhairt isteach thorthaí an SEA agus an AA sa togra. Tá trí chineál birt ghinearálta mhaolaithe ann, a rangaítear mar seo a leanas:

- Na héifeachtaí dóchúla aitheanta a sheachaint – cuspóirí an Phlean a bhfuil tionchar acu ar an gcomhshaol a scriosadh a bhíonn i gceist de ghnáth
- Méid, réim, dóchúlacht nó déine na n-éifeachtaí ionchais a laghdú – athscríobh fhoclaíocht chuspóirí an Phlean a bhíonn i gceist de ghnáth
- Éifeachtaí atá tar éis dul i bhfeidhm a chúiseamh – bearta dearfacha a chumadh chun an tionchar ar an mbithéagsúlacht de bharr gníomhaíochtaí dosheachanta (i bhfianaise ráitis don IROPI, de ghnáth) a chúiseamh. Meastar gur beart ceartaitheach í an rogha seo, go pointe áirithe.

I gCaibidil 7 de Thuarascáil Chomhshaoil an SEA, déantar measúnú ar chuspóirí an Phlean agus ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an gcomhshaol in Inbhear na Sionainne Íochtaraí trí ghnéithe an SIFP a chur chun feidhme. Tá táblaí Aonad Measúnaithe an SEA ann freisin, lena ndéantar gach SDL a mheas agus trína gcuirtear maolú sonrach ar fáil nuair is gá, de bharr éifeachtaí féideartha diúltacha.

Léiríonn an Tuarascáil Chomhshaoil na héifeachtaí dóchúla dearfacha agus diúltacha is suntasaí ar an gcomhshaol a ghabhann le chur chun feidhme an Phlean sa todhchaí (éifeachtaí carnacha san áireamh). Is iad na bearta maolaithe (atá liostaithe i dTábla 11.2 de

Thuarascáil Chomhshaoil an SEA) na bearta maolaithe uileghabhálacha a eascraíonn as an bpróiseas SEA nach mór cloí leo sula ndéanfar Láthair um Fhorbairt Straitéiseach nó Limistéar Deiseanna a fhorbairt, agus le linn na forbartha sin. Chomh maith leis sin, tá na bearta maolaithe a aithníodh agus a moladh ar bhonn anailís mhionsonraithe ar na Táblaí Measúnaithe ar SDLanna/ Limistéir Deiseanna i gCaibidil 7, agus a ndéantar achoimre orthu i dTábla 11.3, mar chuid den SIFP, sa chuspóir SIFP MRI 1.2 go sonrach.

Is dócha go mbeidh bearta maolaithe mionsonraithe de bhreis ar na bearta sa Phlean agus san SEA ag teastáil i gcomhair tionscadal aonair, e.g. suirbhé gnáthóige agus speicis, Measúnú Tionchair Éiceolaíochta agus Measúnaithe ar an Treoir maidir le Gnáthóga. Beidh athbhreithniú, meastóireacht agus comhtháthú sa Tuarascáil Chomhshaoil ag teastáil i leith aon athruithe breise ar an bPlean. Le linn shaolré an Phlean agus na sé athbhreithniú bhliantúla, ní mór aird a thabhairt ar reachtaíocht, ar bheartais agus ar threoirlínte sa todhchaí.

In Airteagal 10 de Threoir an SEA, éilítear monatóireacht a dhéanamh chun éifeachtaí diúltacha gan choinne ar an gcomhshaol a aithint, agus an Plean á chur chun feidhme, d'fhonn bearta ceartaitheacha a ghlacadh. Molann an SEA clár monatóireachta, a chuirfear i gcrích in éineacht le cur chun feidhme an SIFP. Ag brath ar thorthaí na monatóireachta seo, d'fhéadfadh coigeartú a bheith ag teastáil ar na spriocanna agus ar na táscairí a socraíodh go luath sa tionscadal, d'fhonn cosaint éifeachtach agus optamach don chomhshaol a chinntiú. Déantar tuairisc ar an gclár monatóireachta i gCaibidil 10 de Thuarascáil Chomhshaoil an SEA lena ngabhann.

6.3 MEASÚNÚ AR AN TREOIR MAIDIR LE GNÁTHÓGA

Éilítear Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga (HDA) faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga (92/43/ CEE) i leith aon phlean nó tionscadal a bhfuil éifeacht shuntasach dhóchúil aige ar shuíomh a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta i leith chosaint an dúlra ag gabháil leis. I measc na suíomhanna a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leo, tá Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) agus Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC), ar limistéir iad atá le chéile ina líonra limistéar faoi chosaint Natura 2000, agus a chlúdaíonn cuid mhaith d'Inbhear na Sionainne. Is é Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga is bonn leis an measúnú sin.

Próiseas céimnithe atá ann chun éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le deiseanna forbartha agus beartais a mholtar san SIFP ar shláine SAC na Sionainne Íochtaraí agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) an Fhorghais a scrúdú. Tá an measúnú ar an SIFP bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr, ar an tionchar a bheadh ag an gcreat straitéiseach ar chuspóirí caomhnaithe de chuid suíomh Natura 2000 ar bith agus bearta maolaithe nó seachanta a fhorbairt, nuair is gá, d'fhonn éifeachtaí diúltacha a chosc.

Tá an próiseas AA lán-chomhtháite leis an SIFP, agus cuireadh i bhfeidhm é in éineacht le céimeanna éagsúla ullmhúcháin an SIFP lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag impleachtaí éiceolaíochta ar shuíomhanna ainmnithe Natura 2000. Leis an bpróiseas AA, tugadh treoir don phróiseas pleanála, agus mionchoigeartú agus rinneadh soiléiriú ar an bpróiseas chun chuspóirí a shocrú agus suíomhanna a roghnú. Glacadh cur chuige cuimsitheach réamhchúraim, bunaithe ar fhianaise, le linn an phróisis pleanála, agus chuimsigh an SIFP leasuithe ar chuspóirí agus bearta maolaithe a bhaineann leis an bpróiseas AA, d'fhonn tionchar ar an líonra Natura 2000 a sheachaint nó a mhaolú.

6.3.1 CÉIM 1: SCÁTHÚ

Le Céim 1: Scáthú AA, léiríodh go bhféadfadh éifeachtaí fadtéarmacha díreacha agus neamhdhíreacha ar chosaint agus caomhnú suíomhanna Natura 2000 a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme an SIFP, in éagmais maolú, agus mura gcuirfí beartais agus cuspóirí áirithe leis an bplean. Dá bhrí sin, léiríodh gá do mheasúnú Chéim 2.

6.3.2 CÉIM 2: MEASÚNÚ

Le linn an SIFP a ullmhú, rinneadh cosaint suíomhanna Natura 2000 a bhreithniú go cúramach. Ag tús an mheasúnaithe, aithníodh Cuspóirí Caomhnaithe mionsonraithe do na suíomhanna Natura 2000 faoi bhreithniú, agus aithníodh gnéithe den SIFP a d'fhéadfadh dul i gcion ar na Cuspóirí sin (in éineacht nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile). Aithníodh roinnt éifeachtaí diúltacha suntasacha ar na SACanna agus SPAnna, laistigh agus cóngarach do limistéar Staidéir an SIFP, lena n-áirítear:

- Caillteanas díreach, scoilteadh agus díghrádú gnáthóige;
- Athrú ar chaighdeán nó cainníocht an uisce;
- Suaitheadh;
- Tionchair charnacha.

Éilíonn Airteagal 6(3) na héifeachtaí suntasacha sin a mheas de réir chuspóirí caomhnaithe an tsuímh.

Ba chritéir ríthábhachtacha iad na suimeanna cáilitheacha agus suimeanna speisialta caomhantais chun Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach agus Limistéir Deiseanna a aithint, de bharr go bhféadfadh éifeachtaí diúltacha a bheidh acu, chomh maith le héifeachtaí carnacha agus i gcomhcheangal ar shuíomhanna Natura 2000. Ba é b'aidhm leis an bpróiseas seo na suíomhanna is mó a d'fhéadfadh tairbhe gheilleagrach a bheith i gceist leo, agus is lú drochthionchair ar ghnéithe cáilithe an líonra Natura, a thabhairt chun cinn. Déantar achoimre ar an gcur chuige ar bhonn fianaise i gCuid 5.0 den SIFP, agus déantar tuairisc mhionsonraithe air in Imleabhar II: Aguisíní. Déantar miontuairisc ar na fachtóirí comhshaoil agus na gnéithe cáilitheachta ag gach céim den phróiseas roghnúcháin.

Ag tús an phróiseas chun suíomh a roghnú, chuir an AA leis an gcur chuige foriomlán trína chinntiú go gcuirtí ceisteanna san áireamh chomh luath agus ab fhéidir. Seachnaíodh limistéir tosaíochta de chuid an SPA agus SAC, a measadh go bhfuil an-tábhacht ag baint leo i leith na ngnéithe cáilitheacha suimeanna, agus deiseanna forbartha á sainaithint. I ndiaidh raon deiseanna a shainaithint ar fud shuíomhanna an Inbhir, measadh go mbeadh éifeachtaí suntasacha ar na cuspóirí caomhnaithe ag raon na ndeiseanna a sainaithníodh i suíomhanna Natura 2000 an Inbhir ar mhórán cúiseanna.

I dteannta leis an SEA agus measúnú ar mhalairt roghanna

ar bhonn na maitrísí PST, ní dhearnadh staidéar breise ach ar na limistéir spéise is mó a d'fhéadfadh acmhainn forbartha a bheith i gceist leo agus is lú tionchair ar an gcomhshaol. Glacadh le cur chuige réamhchúraim mar phrionsabal treorach don mhaitrís measúnaithe tosaigh, cur chuige a measadh a bheith riachtanach chun sláine na suíomhanna Natura 2000 laistigh den limistéar staidéir a chosaint agus chun an prionsabal 'ní ghlacfar le glanchaillteanas' chun an éiceachóras a chosaint ina iomláine.

Tháinig na limistéir spéise is fearr chun cinn, agus cuireadh faoi bhreithmheas ardleibhéil iad mar chuid de mhaitrís Anailíse Ilchritéir (MCA), agus aithníodh Láithreacha um Fhorbairt Straitéiseach áirithe. Déantar tuairisc ar an athbhreithniú tosaigh ar gach ceantar spéise (PST) agus an MCA in Aguisíní D agus in Aguisín E de Thuarascáil Chomhshaoil an SEA (a ghabhann leis an bplean seo).

Tar éis an PST agus an Anailís Ilchritéir a chur i gcrích, rinneadh measúnú mionsonraithe cuí ar gach suíomh straitéiseach. Féachadh leis seo le tionchair aitheanta a d'fhéadfadh tarlú ar leibhéal straitéiseach agus athruithe ar na limistéir shainaitheanta a aithint a d'fhéadfadh gnéithe cáilitheacha áirithe a sheachaint dá leasófaí iad. Mar sin, ní bheadh féidearthacht go dtarlódh tionchar díreach i gceist ná gá le bearta maolaithe a aithint a chúiteodh éifeachtaí féidearthа.

Tá na táblaí AA grúpáilte de réir téama agus déantar measúnú ar an tionchar féidearthа, bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil maidir leis na gnéithe spéise cáilitheacha de na suíomhanna Natura 2000. Is é is aidhm leis an measúnú forbairt an tsuímh amach anseo a shocrú, ó thaobh na nithe nach mór a sheachaint, na measúnaithe a bheidh de dhíth sa todhchaí, na bearta maolaithe mionsonraithe atá le glacadh d'fhonn éifeachtaí suntasacha a sheachaint agus comhlíonadh Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga a chinntiú. Leagtar amach táblaí an AA i gCaibidil 3 den Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura (a ghabhann leis an bPlean).

6.3.3 ÉIFEACHTAÍ CARNACHA AGUS COMHÉIFEACHTAÍ

Déantar tagairt d'éifeachtaí carnacha i ndoiciméid threoracha an SEA agus tugtar sainmhíniú orthu i Seicliosta Próisis SEA an EPA (2011) mar "na héifeachtaí ar an gcomhshaol a eascraíonn as athruithe breisíocha mar thoradh ar an ngníomh straitéiseach in éineacht le gníomhartha eile ón am atá caite, ón am i láthair agus a bheidh ann amach anseo. Is féidir leis na héifeachtaí seo eascairt as mionghníomhartha aonaracha ach ar gníomhartha suntasacha iad i dteannta a chéile a thiteann amach thar am nó spás".
Dá bhrí sin, bagairt thromchúiseach atá sa ghníomhaíocht dhaonna iomlán don chomhshaol. Fiú mura bhfuil éifeacht shuntasach ag baint leis na héifeachtaí sin ina n-aonar, d'fhéadfadh díghrádú ar acmhainní comhshaoil leochaileacha a bheith mar thoradh orthu le himeacht ama, go carnach, agus ó fhoinsí éagsúla.

Dá bhrí sin, tugadh aghaidh ar an gceist sin san SEA agus sa Mheasúnú ar Roghanna Eile agus cuireadh na suíomhanna is straitéisí don chéad timthriall phleanála seo leis an bPlean. Mar sin, rinneadh an tionchar carnach a laghdú agus comhlánaíodh riachtanais de chuid Threoir an SEA a trí ardleibhéal cosanta a chur ar fáil don chomhshaol. Is fachtóir thábhachtach iad ceisteanna comhshaoil chun SDLanna agus Limistéir Deiseanna a thacaíonn leis an bPlean Spásúil Téamach a aithint.

Is é is aidhm leis an gcur chuige ar bhonn faisnéise na suíomhanna is mó a d'fhéadfadh tairbhe gheilleagrach a bheith i gceist leo, agus is lú a bhfuil tionchar ar an gcomhshaol acu i dtéarmaí gnáthóg, speiceas, an tírdhreacha agus na seandálaíochta, i measc nithe eile. Déantar miontuairisc ar an gcur chuige ar bhonn fianaise in Imleabhar II: Aguisíní, agus déantar cur síos ar na fachtóirí agus cuspóirí comhshaoil a cuireadh san áireamh ag gach céim den phróiseas roghnúcháin, ar bhonn na gcuspóirí agus spriocanna comhshaoil straitéiseacha. Ba cheart torthaí na measúnuithe carnacha agus na gcomh-mheasúnaithe a rinneadh mar chuid den SEA (Caibidil 10) agus den phróiseas HDA (Caibidil 5) a chur san áireamh ar leibhéal na dtionscadal. Tá an dá thuarascáil sin ag gabháil leis an bPlean.

6.3.4 BEARTA MAOLAITHE

Aithníonn an chuid seo den mheasúnú raon beart chun na héifeachtaí diúltacha ar dóigh a bheidh mar thoradh ar na tograí san SIFP a mhaolú. Moladh na bearta seo chun éifeachtaí diúltacha suntasacha measta ar an gcomhshaol de bharr chur chun feidhme an Phlean a chosc, a laghdú agus a mhéad agus is féidir a seach-chur.

Bhí ceithre chéim measúnaithe ag gabháil leis an bpróiseas measúnaithe chuí chun na bearta maolaithe a fhorbairt. Glacadh na bearta sin mar chuid den phróiseas measúnaithe chuí agus déantar tuairisc orthu sa Tuarascáil ar an Tionchar ar Natura. Aon fhorbairt

Cuid 7.0 Athbhreithniú agus Monatóireacht

Eochairphrionsabal 4

Cur Chuige Stuama i leith Athbhreithniú agus Monatóireachta a Shocrú

7.1 RÉAMHRÁ

Sa Chreatphlean Comhtháite Straitéiseach (SIFP), leagtar amach straitéis uileghabhálach um fhás agus fhorbairt inbhuanaithe chuí i réigiún Inbhear na Sionainne le haghaidh na 30 bliain amach anseo. Rinneadh na beartais agus na cuspóirí a fhorbairt de réir thréithe uathúla an Inbhir, an timpeallacht talún agus muirí, agus i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara sa réigiún. Sa creat ar a ndéantar tuairisc sna codanna roimhe seo, leagtar amach an Fhís don réigiún, chun leas geilleagrach, sóisialta agus comhshaoil na ndaoine atá ag maireachtáil, ag obair, nó a thugann cuairt ar an réigiún a fheabhsú, trí leas iomlán a bhaint as na deiseanna atá sa réigiún uathúil seo, chun infheistíocht, fostaíocht agus caomhnú inbhuanaithe na n-acmhainní is luachmhaire sa réigiún a spreagadh.

Ní mór don Phlean a bheith in ann freagairt do dhálaí a d'fhéadfadh athrú teacht orthu feadh na saolré 30 bliain. Is tábhachtach í monatóireacht rialta a dhéanamh ar an ngaol idir an Plean agus na hathruithe ar beartais an AE agus beartais náisiúnta, brúnna forbartha agus tosaíochtaí athraitheacha áitiúla le héifeachtacht agus ábharthacht na mbeartas agus na gcuspóirí i gcaitheamh shaolré an Phlean a chinntiú. Le himeacht ama, tiocfaidh athruithe ar bheartais an rialtais náisiúnta, agus ar na beartais a rialaíonn na réigiúin agus ceantair áitiúla. Bíonn réigiún an Inbhir de shíor ag athrú agus ag forbairt ó thaobh an daonra, stíleanna maireachtála agus aidhmeanna don todhchaí de. Ach athbhreithnithe rialta a chur i gcrích, cinnteofar go bhfreagraíonn an SIFP le hathruithe a d'fhéadfadh teacht.

7.2 ATHBHREITHNIÚ

Is doiciméad treorach agus dea-acmhainn cumasaithe é an SIFP. Beidh an SIFP mar chuid den Phlean Forbartha Contae agus Cathrach do Chontae an Chláir, do Chontae Luimnigh agus do Chontae Chiarraí, chomh maith le Cathair Luimnigh, agus bainfear amach fís agus cuspóirí an phlean trí ghníomhaíochtaí agus beartais na nÚdarás Áitiúil. Ní mór do na geallsealbhóirí tábhachtacha atá i nGrúpa Stiúrtha SIFP ról tábhachtach a ghlacadh chun na hÚdaráis a threorú, a chuidiú agus a éascú chun an fhís a bhaint amach agus a chur i ngníomh.

Moltar don Ghrúpa Stiúrtha dul i mbun athbhreithniú ar an SIFP uair amháin gach sé bliain. Cuirfear tús leis an gcéad tréimhse athbhreithnithe in 2019. Mar

chuid den athbhreithniú sin, ba cheart meastóireacht mhionsonraithe a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh i dtaobh an Fhís a bhaint amach agus chuspóirí forbartha an Phlean a shlánú. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar gach cuspóir agus an staid reatha, an dul chun cinn atá déanta, aon mheicníochtaí soláthair a theastaíonn, na baic ar chur chun feidhme, agus oiriúnacht na cuspóra don am i láthair a mheas.

Moltar stádas na Suíomhanna Forbartha Straitéisí agus na Limistéar Deiseanna a athbhreithniú agus a nuashonrú chomh maith. Mar chuid den obair sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhthéacs beartais, an stádas pleanála, tograí forbartha ceadaithe/ar feitheamh, agus pléití nó srianta a thagann chun cinn le linn thréimhse an athbhreithnithe. Is príomhghnéithe den straitéis foriomlán iad sin, agus cuid thábhachtach chun an straitéis sin a chur i ngníomh.

Glacfar an SIFP mar chuid de na Pleananna Forbartha Contae cuí trí athruithe foirmiúla a dhéanamh ar na Pleananna. Mar sin, is iad na hÚdaráis Áitiúla a ghabhfaidh cur chun feidhme agus cur i ngníomh na bPleananna de láimh. Ansin, de réir mar a thuairiscítear i gCuid 5.0, measadh go gcuirfear na Suíomhanna Forbartha Straitéisí (SDL) faoin bpróiseas foirmiúil do phleananna forbartha, agus go gcuirfear gach SDL leis an bplean forbartha, mar chriosú úsáide talún. Déanfaidh gach Údarás Áitiúil anailís bhreise agus rachadh siad i mbun comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí cuí, chun teorainn talún a aithint le haghaidh criosaithe cuí talún, mura bhfuil a leithéid ann nó más gá criosú a leathnú. Meastar go nglacfar leis an gcinneadh criosaithe sin sa Phlean Forbartha Contae, tríd an bpróiseas athraithe reachtúil, mar bhunús le pleanáil forbartha amach anseo. Níl aon údarás díreach reachtúil ag an SIFP ar uiscí muirí. Mar sin, ní bheidh an criosú talún i bhfeidhm ach amháin ar an timpeallacht talún.

Cuirfidh gach údarás áitiúil a chuid acmhainní féin leis, nuair is féidir, d'fhonn tograí a chur i ngníomh agus cuspóirí an SIFP a bhaint amach. Is iad na beartais Bainistíochta Forbartha sna Pleananna Forbartha, mar aon le dea-phleanáil, prionsabail comhshaoil agus na hinbhuanaitheachta, a bheidh mar bhunús leis an straitéis agus na cuspóirí, agus a chabhróidh le cur chun feidhme an SIFP.

Tar éis éagsúlú reachtúil a chur i bhfeidhm, ba cheart do gach Údarás Áitiúil athbhreithniú a dhéanamh ar gach Plean Ceantair Áitiúil agus Plean Baile, chun comhsheasmhacht agus comhlíonadh an SIFP agus Pleananna Ceantair Áitiúil a chinntiú, de réir fhorálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010.

Leanfaidh comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha de ról tábhachtach a bheith acu chun an fhís a bhaint amach, an straitéis iomlán a chur chun feidhme agus cuspóirí forbartha an réigiúin a chur i ngníomh, faoi réir na bhforálacha reachtúla. Leanfaidh an Grúpa Stiúrtha de bheith ag obair mar chomhpháirtí tábhachtach ag tacú leis na húdaráis áitiúla, agus ag cabhrú leis na cuspóirí a chur chun cinn agus a chur i ngníomh, ar feadh thréimhse an Phlean. Cé nach mbeadh aon údarás díreach reachtúil ag an SIFP i leith na n-uiscí muirí, is tábhachtach é go gcinntíonn an Grúpa Stiúrtha go mbainfear leas as torthaí agus cuspóirí an SIFP chun beartais agus cuspóirí forbartha amach anseo don limistéar muirí a threorú. Chomh maith leis sin, foinse fhóinteach a beidh sa doiciméad i gcomhair cleachtas pleanála spásúil amach anseo.

I dteannta na saincheisteanna tábhachtacha sin, ba cheart na codanna seo a leanas den SIFP a scrúdú le linn na tréimhse athbhreithnithe.

7.3 COMHTHÉACS BEARTAIS AGUS REACHTAÍOCHTA

Ullmhaíodh an SIFP sa chomhthéacs reatha reachtaíochta agus beartais, lena dtugtar treoir d'fhorbairt agus caomhnú an chomhshaoil ar talamh agus sa cheantar muirí in Éirinn (achoimre i gCuid 2.0). De réir mar a dhéanfar dul chun cinn ar an bPlean, tiocfaidh athruithe ar an gcomhthéacs náisiúnta, straitéiseach agus réigiúnach, agus leis na hathbhreithnithe todhchaí, ní mór a chinntiú go bhfuil an Fhís, na Cuspóirí agus treoir bheartais an SIFP ag teacht leis an gcomhthéacs beartais agus reachtaíochta.

Mar shampla, san SIFP, tugtar aird ar an Acht um Pleanáil agus Imeall Trá atá le foilsiú go luath; is dócha go leagfar amach cur chuige níos comhtháite agus comhsheasmhaí i leith pleanála don todhchaí agus forbartha idir comhshaol talún agus muirí. Dá bhrí sin, soláthrófar an comhthéacs agus na meicníochtaí chun cuid de na cuspóirí de chuid an SIFP a chur i ngníomh. Ní mór beartais agus cuspóirí Pleananna Forbartha Contae a athbhreithniú gach sé bliain, agus is bunphointe tagartha iad aon athruithe orthu sin nó ar an gcroístraitéis lena chinntiú go mbeidh beartais agus cuspóirí an SIFP fós

ag comhlíonadh agus ag teacht le treoracha forbartha inbhuanaithe cuí de chuid na nÚdarás Áitiúil is ábhartha.

Tá staidéar Measúnaithe Chuí ar bun ag Foras na Mara faoi láthair laistigh de chuanta Inbhear na Sionainne (measúnú ar gach cuan i ndiaidh a chéile) chun saincheisteanna agus éifeachtaí tábhachtacha a aithint, a bhaineann le cleachtais dobharshaothraithe laistigh den ghréasán Natura 2000. Is tábhachtach iad torthaí agus moltaí an staidéir sin i gcomhthéacs ionchas féideartha an dobharshaothraithe mar ghníomhaíocht gheilleagrach laistigh den limistéar muirí amach anseo, agus ábharthacht na gcuspóirí forbartha.

7.4 COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

Bíonn réigiún Inbhear na Sionainne de shíor i mbun athrú agus forbartha ó thaobh an daonra de, stíleanna maireachtála agus aidhmeanna don todhchaí. Ba cheart na hathruithe sin a chur san áireamh in athbhreithnithe ar an bPlean, agus comhairliúchán poiblí a chur i gcrích le linn thréimhse an athbhreithnithe, lena chinntiú go léiríonn an SIFP na hathruithe a d'fhéadfadh tarlú. Gealltanas tábhachtach a dhéanann gach ceann de na húdaráis áitiúla is ea seirbhís ar ardchaighdeán ar chur ar fáil do chustaiméirí agus saoránaigh.

7.5 RIALACHAS

Ullmhaíodh an SIFP i gcomhthéacs na socruithe rialachais atá i bhfeidhm tráth an fhoilsithe. Ós rud é gur príomhspreagthóirí iad na hÚdaráis Áitiúla agus a gcomhpháirtithe chun an SIFP a chur i ngníomh agus a chur chun feidhme, is ríthábhachtach é aon athrú ar struchtúr, ar fhreagrachtaí nó ar chuspóirí beartais na gcomhlachas sin a bhreithniú le linn na tréimhse athbhreithnithe, chun tionchar ar straitéis an Phlean a scrúdú.

I bPlean Gníomhaíochta an Rialtais um athchóiriú an rialtais áitiúil, 'Tús áite don duine', tugtar isteach na hathruithe is tábhachtaí ar an rialtas áitiúil ó bunaíodh an Stát idir an leibhéal réigiúnach agus contae agus an leibhéal rialachais bardasach. Sa chlár gníomhaíochta sin, dírítear ar struchtúir an rialtais áitiúil a athchóiriú chun éifeachta, athruithe ar mhaoiniú, socruithe freagrachta agus rialachais, agus ról níos tábhachtaí do thacaíocht i gcomhair forbairt agus fiontraíocht gheilleagrach trí Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Geilleagracha (SESanna), i measc tionscnamh eile. Beidh NSS nua ag teastáil chun treoir a thabhairt do SESanna agus Treoracha an AE a ghlacfar amach anseo, agus atá le tabhairt isteach i reachtaíocht gheilleagrach, shóisialta, chomhshaoil agus phleanála na hÉireann.

Tá tús curtha leis an bpróiseas chun Comhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh a chumasc, mar aon le Gníomhaireachtaí Athfhoráis Luimnigh, agus measfar go gcuirfear i gcrích é i Meitheamh 2014. Cuspóir thábhachtach de chuid an chumaisc é forbairt gheilleagrach Luimnigh agus réigiún an Iarthair-Láir a bharrfheabhsú, agus Plean Forfheidhmithe um Fhorbairt Gheilleagrach agus Spásúil a ullmhú, chun infheistíocht dhíreach eachtrach agus deiseanna breise fostaíochta a éascú. Chomh maith leis sin, má dhéantar athruithe ar rialachas Aerfort na Sionainne, agus má ainmnítear an tÚdarás Forbartha Tionscail agus Fiontraíocht Éireann chun an ról forbartha geilleagraí a ghlacadh in ionad Fhorbairt na Sionainne, d'fhéadfadh athruithe nó modhnuithe teacht ar an ról agus na cuspóirí ginearálta in Inbhear na Sionainne agus i Réigiún an Iarthair Láir i gcoitinn. Ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an méid sin le linn na tréimhse Athbhreithnithe. D'fhéadfadh athruithe teacht ar ghníomhaireachtaí rialtais agus gníomhaireachtaí leathstáit le linn thréimhse an Phlean, agus ba cheart na hathruithe sin a scrúdú d'fhonn an tionchar ar an straitéis SIFP a mheas.

7.6 MEICNÍOCHTAÍ LE HAGHAIDH MONATÓIREACHT, ATHBHREITHNIÚ AGUS MEASTÓIREACHT RIALTA A CHRUTHÚ

San SIFP, leagtar amach na beartais agus na tograí uile chun forbairt laistigh d'Inbhear na Sionainne a threorú as seo go ceann 30 bliain. Ní mór don Ghrúpa Stiúrtha cur chun feidhme na nithe sin a chinntiú d'fhonn an fhís agus na tosaíochtaí don todhchaí a bhaint amach. Moltar cruinnithe a reáchtáil dhá uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus bunachar sonraí trasghníomhaireachta agus trasúdaráis a chur ar bun chun an cur chun cinn agus na tosaíochtaí a athbhreithniú. Ba cheart fardal a dhéanamh ar shonraí comhshaoil GIS san idirthréimhse, chomh maith le catalóg tuarascálacha agus staidéar a rinneadh sa limistéar staidéir. Bhí dhéantar an méid sin, feidhm athbhreithnithe ar an dréacht-SIFP a dhéanamh go héifeachtúil agus go

stuama.

Tar éis ghlacadh an SIFP, ba cheart don Ghrúpa Stiúrtha cuimhneamh ar na riachtanais sonraí bonnlíne a chur in ord tosaíochta agus tograí monatóireachta a roghnú, de réir mar a mholtar san SEA. Ina theannta sin, ba cheart don ghrúpa na tairbhí a bhaineann le clár monatóireachta brú i dteannta monatóireacht dhírithe bhitheach a bhreith d'fhonn meath ar ghnáthóga nó caillteanas speicis i gcás gabhdóir brú a mhíniú agus an gaol idir an dá cheann acu a aimsiú.

Má chuirtear tús leis, ba cheart tosaíocht a thabhairt do na heasnaimh sonraí is suntasaí – suirbhéanna éin (limistéir chothaithe idirthaoideacha, geimhridh agus imircthe) ar scála cuí spásúil agus ama mar aon le monatóireacht céiticeach suas an sruth le Tairbeart.

D'fhéadfaí na bearta sin a mholadh ar leithligh, nó mar chuid de Phlean Comhtháite Bainistíochta Comhshaoil d'Inbhear na Sionainne. Is é is aidhm leis sin an fhaisnéis agus an struchtúr atá ann cheana agus a bailíodh agus a bunaíodh tríd an bpróiseas SIFP a úsáid agus a shaibhriú. Is moladh é sin de chuid Thuarascáil Chomhshaoil an SEA, a rinneadh a thrasuíomh mar Chuspóir SIFP 1.4 den Phlean.

Moltar bunachar sonraí comhroinnte GIS a bhreithniú, lena dtacaítear le faisnéis chomhshaoil agus córas monatóireachta stuama don Inbhear, d'fhonn bunús láidir a chur le cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe. Ba cheart tosú leis na scaireanna GIS a bailíodh mar chuid den phróiseas SIFP agus a forbraíodh lena n-úsáid sa Phlean, san SEA agus san AA. De réir mar a thagann faisnéis nua chun cinn ó fhoinsí éagsúla sna blianta amach romhainn, mar shampla, mapaí mionsonraithe riosca tuilte, cuspóirí mionsonraithe caomhnaithe agus mapáil, ba cheart na sonraí sin a chomhtháthú nuair is féidir i gcóras den sórt sin.

Aon athbhreithniú a dhéantar ar an bPlean, ba cheart Measúnú Straitéiseach Comhshaol agus Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga a bheith ag gabháil leis d'fhonn treoir agus bunús a thabhairt d'athchóiriú agus leasuithe ar an bPlean, ó thaobh ceisteanna comhshaoil de.

7.7 MONATÓIREACHT

Is cuid thábhachtach den phróiseas pleanála í an mhonatóireacht, chun cur chun cinn aidhmeanna agus chuspóirí an phlean a scrúdú, agus a n-éifeachtacht a mheas agus iad á gcur chun feidhme. Éilítear monatóireacht leanúnach ar an SIFP lena chinntiú go bhfuil na cuspóirí agus beartais forbartha ag feidhmiú i gceart, agus lena chinntiú go bhfuil an Fhís agus an Straitéis fhoriomlán oiriúnach d'Inbhear na Sionainne. Is tábhachtach é an fhaisnéis san SIFP a choinneáil chun dáta. Léirítear réimsí an Phlean a bhfuil athbhreithniú ag teastáil ina leith tríd an bpróiseas monatóireachta, agus cé acu an bhfuil aidhmeanna an Phlean á mbaint amach nó nach bhfuil.

Ullmhaíodh Measúnú Straitéiseach Comhshaoil in éineacht leis an SIFP, chun éifeachtaí dóchúla na mbeartas agus na gcuspóirí, agus a gcur chun feidhme le linn thréimhse an Phlean, a mheas. Gabhann Tuarascáil Chomhshaoil an SEA leis an bPlean. Leis an Treoir SEA, éilítear monatóireacht a dhéanamh chun éifeachtaí diúltacha de bharr chur chun feidhme an Phlean nach raibh súil leo a aithint go luath, d'fhonn bearta ceartaitheacha a ghlacadh má aithnítear éifeachtaí diúltacha trí mhonatóireacht.

Rinneadh clár monatóireachta comhshaoil a fhorbairt mar chuid den SEA. Tá an clár sin bunaithe ar tháscairí comhshaoil a forbraíodh chun athruithe a bhaineann leis an bPlean a thaispeáint, agus a roghnaíodh chun taifead a choinneáil ar an gcur chun cinn a dhéanfar chun cuspóirí straitéiseacha comhshaoil agus spriocanna a bhaint amach. Leis na táscairí comhshaoil sin, is féidir tionchair dhearfacha agus dhiúltacha ar an gcomhshaol a thomhas. Éilítear ar gach Údarás Áitiúil agus Grúpa Stiúrtha monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an bPlean, de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar an bPlean. Ag brath ar thorthaí na monatóireachta, d'fhéadfadh coigeartú ar spriocanna agus táscairí a bheith de dhíth d'fhonn éifeachtúlacht an chláir monatóireachta a chinntiú don todhchaí, agus an leibhéal is fearr cosanta comhshaoil a chinntiú.

Gluais Téarmaí / Acrainmneacha

Speiceas ionrach	Is é is speiceas ionrach plandaí nó ainmhithe neamhdhúchasacha a bhunaíonn iad féin i ngnáthóga uisceacha agus imeallacha agus a dhéanann damáiste dár bhflóra agus dár bhfána nádúrtha.
Measúnú Cuí (AA):	Measúnú ar éifeachtaí plean nó tionscadail ar ghréasán Natura 2000. Áiríonn gréasán Natura 2000 Limistéar faoi Chosaint Speisialta faoin Treoir maidir le hÉin, Limistéir Chaomhantais Speisialta faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus suíomhanna Ramsar a shainítear faoi Choinbhinsiún Ramsar (tagraítear dóibh le chéile mar shuíomhanna Eorpacha).
Uiscígh:	Cloch uiscíoch a sheolann uisce go héasca chuig toibreacha agus fuaráin.
Comhshaol bonnlíne:	Cur síos ar staid reatha an chomhshaoil i limistéar an Phlean.
Bithéagsúlacht:	Focal a úsáidtear go coitianta i gcomhair éagsúlacht bhitheolaíoch agus a shainmhínítear mar chluichreán d'orgánaigh bheo ó gach gnáthóg, lena n-áirítear éiceachórais talún, mhara, agus éiceachórais eile uisceacha agus na coimpléisc éiceolaíochta lena mbaineann siad.
An Treoir maidir le hÉin:	Treoir ón gComhairle an 2 Aibreán 1979 maidir le caomhnú éin fhiáine (79/409/CEE).
Uiscí Cósta:	An píosa sin d'uisce dromchla ar an taobh urthrá de líne, a bhfuil gach pointe de ar fad míle loinge ar an taobh chun farraige ón bpointe is gaire den bhonnlíne óna dtomhaistear leithead na n-uiscí críche, ag síneadh nuair is cuí suas go dtí teorainn lasmuigh na n-uiscí idirchreasa.
Éifeachtaí carnacha:	Na héifeachtaí ar an gcomhshaol a eascraíonn as athruithe breisíocha mar thoradh ar an ngníomh straitéiseach in éineacht le gníomhartha eile ón am atá caite, ón am i láthair agus a bheidh ann amach anseo. Is féidir leis na héifeachtaí seo eascairt as mionghníomhartha aonaracha ach ar gníomhartha suntasacha iad i dteannta a chéile a thiteann amach le himeacht ama nó thar spás faoi leith.
Údarás sainithe:	Eagraíocht a gcaithfear dul i gcomhairle leis de réir Rialacháin SEA.
Éiceolaíocht:	An staidéar ar an gcaidreamh i measc orgánach agus idir na horgánaigh sin agus a gcomhshaol neamhbheo.
Éiceachóras:	Pobal orgánach idirspleách mar aon leis an gcomhshaol ina gcónaíonn siad agus lena ndéanann siad idirghníomhú, agus atá éagsúil ó phobail agus ó chomhshaoil chóngaracha.
Stádas éiceolaíochta:	Is léiriú é seo ar struchtúr agus ar fheidhmiú na n-éiceachóras uisceach a bhaineann le huiscí dromchla. Rangaítear go bhfuil stádas maith éiceolaíochta ag uiscí dá leithéid nuair a shásaíonn siad riachtanais na Treorach.
Measúnú comhshaoil:	Tuarascáil chomhshaoil a réiteach, sainchomhairliúcháin a dhéanamh, an tuarascáil chomhshaoil agus torthaí na sainchomhairliúchán a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta agus faisnéis a sholáthar ar an gcinneadh (de réir airteagail 4 go 9 den Treoir SEA).
Táscaire comhshaoil:	Is tomhas ar athraitheach comhshaoil le himeacht ama é an táscaire comhshaoil, a úsáidtear chun baint amach cuspóirí agus spriocanna comhshaoil a thomhas.
Cuspóir comhshaoil:	Prionsabail leathana, uileghabhálacha iad cuspóirí comhshaoil agus ba cheart go sonrófaí iontu treo inmhianaithe an athraithe comhshaoil.
Tuarascáil Chomhshaoil (ER):	Cáipéis a theastaíonn ón Treoir SEA mar chuid de mheasúnú comhshaoil straitéiseach a shainaithníonn, a dhéanann cur síos agus a dhéanann measúnú ar an tionchar suntasach dóchúil ar an gcomhshaol de bharr plean nó clár a fhorfheidhmiú.

An Treoir maidir le Gnáthóga: Treoir ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus flóra agus fána fhiáin (92/43/EEC).

Grádlathas pleananna: Plean ardleibhéil agus ag leibhéal níos ísle ábhartha don Phlean atá á mheas.

Príomh-shaincheisteanna comhshaoil: Na saincheisteanna comhshaoil sin a bhfuil ábharthacht agus suntasacht ar leith ag baint leo laistigh de cheantar PLEAN agus/nó crios tionchair an Phlean sin. Ba cheart go sainaithneofaí na saincheisteanna seo i rith phróiseas Scópála SEA.

Bearta maolaithe: Bearta chun aon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol, mar thoradh ar Phlean a fhorfheidhmiú, a sheachaint/a chosc, a íoslaghdú/a laghdú, nó a mhéad agus is féidir, a sheachaint/a chúiteamh.

Monatóireacht: Measúnú leanúnach ar choinníollacha comhshaoil ag an bplean nó ag an gclár, agus ina dtimpeall. Cinneann sé seo an dtarlaíonn tionchar mar a thuartar nó má fhanann oibríochtaí laistigh de theorainneacha inghlactha, agus an bhfuil bearta maolaithe chomh héifeachtach is a thuartar. Is é príomhaidhm na monatóireachta na tionchair chomhshaoil shuntasacha a eascraíonn le linn na céime forfheidhmithe a shainaithint ina n-aghaidh siúd a tuaradh ag céim réitithe an phlean.

MCA: Anailís Ilchritéar

MWRA: Údarás Réigiúnach an Mheán-Iarthair

MWASP: Mid-West Area Strategic Plan

Ceantar Oidhreachta Nádúrtha (NHA): Ceantar a mheastar a bheith tábhachtach do na gnáthóga atá ann nó a bhfuil speiceas nó plandaí agus ainmhithe ann a dteastaíonn cosaint óna ngnáthóg.

NDP: Plean Forbartha Náisiúnta

PST: Táblaí Réamhscagtha

Suíomhanna Ramsar: Suíomhanna sainithe mar ghnáthóga bogaigh a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo faoin gCoinbhinsiún ar Bhogaigh ag a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta (1976) (Coinbhinsiún Ramsar).

Abhantrach: An limistéar talún óna sreabhann gach uisce dromchla, trí shraith sruthanna, aibhneacha agus lochanna isteach san fharraige ag béal abhann, Inbhear nó deilt aonair.

Réigiúin Abhantraí (RBD): Ceantair riaracháin i gcomhair bainistiú uisce comhordaithe agus iad comhdhéanta d'abhantracha (nó dobharcheantair) éagsúla. Sanntar abhantracha trasteorann (i.e. iad siúd a chlúdaíonn críoch níos mó ná Ballstát amháin) do RBD idirnáisiúnta.

Scópáil: An próiseas a bhaineann le cinneadh a dhéanamh faoi ábhar agus faoi leibhéal mionsonraithe SEA, lena n-áirítear príomh-shaincheisteanna comhshaoil, ar dóchúil go mbeidís suntasach agus malairtí is gá a bhreith, na modhanna measúnaithe atá le húsáid, agus struchtúr agus ábhair na Tuarascála Comhshaoil.

Scagadh: An cinneadh an mbeadh tionchar comhshaoil suntasach ag PLEAN a fhorfheidhmiú ar an gcomhshaol. An próiseas maidir le cinneadh an dteastaíonn SEA ó PHLEAN.

Treoir SEA: Treoir 2001/42/CE 'ar mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol'.

Ráiteas SEA: Ráiteas ina ndéantar achoimre:

- ar an gcaoi ar comhtháthaíodh breithnithe comhshaoil sa PHLEAN
- ar an gcaoi ar cuireadh an ER, tuairimí an phobail agus na n-údarás sainithe, agus torthaí na sainchomhairliúchán trasteorann san áireamh
- ar na cúiseanna ar roghnaíodh an PLEAN amhail a ghlacadh, in áit réiteach réasúnta eile.

Tionchar suntasach: Tionchar ar an gcomhshaol, lena n-áirítear saincheisteanna cosúil le bithéagsúlacht, daonra, sláinte an duine, fána, flóra, ithir, uisce, aer, tosca aeráide, sócmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha lena n-áirítear oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta, tírdhreach agus an t-idirchaidreamh idir na tosca thuasluaite.

Limistéar Caomhantais Speisialta

(SAC):	Suíomh sainithe de réir na treorach maidir le gnáthóga.
Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA):	Limistéar sainithe faoi threoir an Aontas Eorpaigh ar Chaomhnú Éan Fiáine
SIFP:	Creatphlean Comhtháite Straitéiseach
Údarás reachtúil:	An t-údarás a réitíonn an plean nó an clár nó a réitítear an plean nó clár ar a shon.
Ionstraim Reachtúil:	Aon ordú, rialachán, riail, scéim nó fodhlí a dhéantar i bhfeidhmiú cumhachta arna thabhairt dóibh le reacht.
SWRA:	Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt
Uiscí idirchreasa:	Dobharlaigh d'uisce dromchla i gcóngaracht béil abhann a bhfuil roinnt uisce sáile iontu mar thoradh ar a gcóngaracht d'uiscí cósta, ach a bhfuil tionchar suntasach ag sreafaí fionnuisce orthu.
Dobharlach:	Gné scoite agus shuntasach d'uisce dromchla cosúil le habhainn, loch nó taiscumar, nó méid ar leith screamhuisce laistigh d'uiscíoch.
An Chreat-treoir Uisce:	Píosa nua reachtaíochta ón Eoraip atá sa Chreat-treoir Uisce a chothaíonn cur chuige nua i leith bainistiú uisce trí phleanáil abhantraí. Téann an reachtaíocht i ngleic le huiscí dromchla intíre, le huiscí inbhearacha, le huiscí cósta agus le screamhuisce.